

# Iris Oifigiúil

## an Aontais Eorpaigh

# L 139



An t-eagrán Gaeilge

## Reachtaíocht

Imleabhar 65

18 Bealtaine 2022

Clár

### II Gníomhartha neamhrechtacha

#### RIALACHÁIN

- ★ Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/759 ón gCoimisiún an 14 Nollaig 2021 lena leasaítear Iarscríbhinn VII a ghabhann le Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le modheolaíocht chun méid an fhuinnimh in-athnuaite a úsáidtear le haghaidh an fhuaraithe agus fuarú ceantair a ríomh ..... 1
- ★ Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/760 ón gCoimisiún an 8 Aibreán 2022 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2306 a mhéid a bhaineann leis na forálacha idirthréimhseacha le haghaidh deimhnithe cigireachta a eisítear san Úcráin ..... 13
- ★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/761 ón gCoimisiún an 13 Bealtaine 2022 lena bhformheastar leasú nach mion ar shonraíocht ainm a iontráladh sa chlár um shonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint agus um thásca geografacha faoi chosaint, is é sin (“Agneau du Périgord” (TGFC)) ..... 15

#### CINNÍ

- ★ Cinneadh (AE) 2022/762 ón gComhairle an 12 Bealtaine 2022 maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste um Rialú Stáit ar Chalafoirt den Mheabhrán Comhthuisceana Pháras um Rialú Stáit ar Chalafoirt a mhéid a bhaineann le ballraíocht Chónaidhm na Rúise i Meabhrán Comhthuisceana Pháras ..... 16
- ★ Cinneadh (AE) 2022/763 ón gCoimisiún an 21 Nollaig 2021 maidir leis an státchabhair SA.60165-2021/C (ex 2021/N) a bhfuil sé beartaithe ag an bPortaingéil í a chur chun feidhme le haghaidh SGPS TAP (a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhoiciméad C(2021)9941) (¹) ..... 19
- ★ Cinneadh (AE) 2022/764 ón gCoimisiún an 13 Aibreán 2022 maidir le comhsheasmhacht na spriocanna feidhmíochta atá sa dréachtphlean feidhmíochta a chuir an Chróit isteach de bhun Rialachán (CE) Uimh. 549/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais i leith an tríú tréimhse tagartha (a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhoiciméad C(2022) 2284) (¹) ..... 72

(¹) Téacs atá ábhartha maidir le LEE.

# GA

Tagraíonn gníomhartha a bhfuil a dteidil i gcló éadrom do bhainistiú cúrsaí talmhaíochta ó lá go lá agus go ginearálta bíonn tréimhse theoranta bailíochta i gceist leo.

Tá teidil na gníomhartha eile i gcló trom agus tagann réiltín rompu.

★ Cinneadh (AE) 2022/765 ón gCoimisiún an 13 Aibreán 2022 maidir le comhsheasmhacht na spriocanna feidhmíochta atá sa dréachtphlean feidhmíochta a chuir an Fhionlainn isteach de bhun Rialachán (CE) Uimh. 549/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais i leith an tríú tréimhse thagartha (a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhoiciméad C(2022) 2285) <sup>(1)</sup> .....	81
★ Cinneadh (AE) 2022/766 ón gCoimisiún an 13 Aibreán 2022 maidir le comhsheasmhacht na spriocanna feidhmíochta atá sa dréachtphlean feidhmíochta a chuir Éire isteach de bhun Rialachán (CE) Uimh. 549/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais don tríú tréimhse thagartha (a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhoiciméad C(2022) 2287) <sup>(1)</sup> .....	89
★ Cinneadh (AE) 2022/767 ón gCoimisiún an 13 Aibreán 2022 maidir le comhsheasmhacht na spriocanna feidhmíochta atá sa dréachtphlean feidhmíochta a chuir an Phortaingéil isteach de bhun Rialachán (CE) Uimh. 549/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais i leith an tríú tréimhse thagartha (a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhoiciméad C(2022) 2288) (Is é an téacs sa Phortaingéilis amháin atá barántúil).....	97
★ Cinneadh (AE) 2022/768 ón gCoimisiún an 13 Aibreán 2022 maidir le comhsheasmhacht na spriocanna feidhmíochta atá sa dréachtphlean feidhmíochta a chuir an tSlóvaic isteach de bhun Rialachán (CE) Uimh. 549/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais i leith an tríú tréimhse thagartha (a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhoiciméad C(2022) 2289) <sup>(1)</sup> .....	107
★ Cinneadh (AE) 2022/769 ón gCoimisiún an 13 Aibreán 2022 maidir le comhsheasmhacht na spriocanna feidhmíochta atá sa dréachtphlean feidhmíochta a chuir an Liotuáin isteach de bhun Rialachán (CE) Uimh. 549/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais i leith an tríú tréimhse thagartha (a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhoiciméad C(2022) 2290) <sup>(1)</sup> .....	116
★ Cinneadh (AE) 2022/770 ón gCoimisiún an 13 Aibreán 2022 maidir le comhsheasmhacht na spriocanna feidhmíochta atá sa dréachtphlean feidhmíochta a chuir an Danmhairg isteach de bhun Rialachán (CE) Uimh. 549/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais i leith an tríú tréimhse thagartha (a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhoiciméad C(2022) 2291) <sup>(1)</sup> .....	124
★ Cinneadh (AE) 2022/771 ón gCoimisiún an 13 Aibreán 2022 maidir le comhsheasmhacht na spriocanna feidhmíochta atá sa dréachtphlean feidhmíochta a chuir an Eastóin isteach de bhun Rialachán (CE) Uimh. 549/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais i leith an tríú tréimhse thagartha (a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhoiciméad C(2022) 2292) <sup>(1)</sup> .....	133
★ Cinneadh (AE) 2022/772 ón gCoimisiún an 13 Aibreán 2022 maidir le comhsheasmhacht na spriocanna feidhmíochta atá sa dréachtphlean feidhmíochta a chuir Poblacht na Seice isteach de bhun Rialachán (CE) Uimh. 549/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais i leith an tríú tréimhse thagartha (a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhoiciméad C(2022) 2293) <sup>(1)</sup> .....	143
★ Cinneadh (AE) 2022/773 ón gCoimisiún an 13 Aibreán 2022 maidir le comhsheasmhacht na spriocanna feidhmíochta atá sa dréachtphlean feidhmíochta a chuir an Iodáil isteach de bhun Rialachán (CE) Uimh. 549/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais i leith an tríú tréimhse thagartha (a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhoiciméad C(2022) 2294) <sup>(1)</sup> .....	153
★ Cinneadh (AE) 2022/774 ón gCoimisiún an 13 Aibreán 2022 maidir le comhsheasmhacht na spriocanna feidhmíochta atá sa dréachtphlean feidhmíochta a chuir an Ostair isteach de bhun Rialachán (CE) Uimh. 549/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais i leith an tríú tréimhse thagartha (a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhoiciméad C(2022)2297) <sup>(1)</sup> .....	162
★ Cinneadh (AE) 2022/775 ón gCoimisiún an 13 Aibreán 2022 maidir le comhsheasmhacht na spriocanna feidhmíochta atá sa dréachtphlean feidhmíochta a chuir an Ungáir isteach de bhun Rialachán (CE) Uimh. 549/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais i leith an tríú tréimhse thagartha (a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhoiciméad C(2022) 2298) <sup>(1)</sup> .....	172

<sup>(1)</sup> Téacs atá ábhartha maidir le LEE.

- ★ Cinneadh (AE) 2022/776 ón gCoimisiún an 13 Aibreán 2022 maidir le comhsheasmhacht na spriocanna feidhmíochta atá sa dréachtphlean feidhmíochta a chuir an Spáinn isteach de bhun Rialachán (CE) Uimh. 549/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais i leith an tríú tréimhse tagartha (a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhoiciméad C(2022) 2300) <sup>(1)</sup> ..... 182
- ★ Cinneadh (AE) 2022/777 ón gCoimisiún an 13 Aibreán 2022 maidir le comhsheasmhacht na spriocanna feidhmíochta atá sa dréachtphlean feidhmíochta a chuir an tSlóivéin isteach de bhun Rialachán (CE) Uimh. 549/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais i leith an tríú tréimhse tagartha (a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhoiciméad C(2022) 2302) <sup>(1)</sup> ..... 191
- ★ Cinneadh (AE) 2022/778 ón gCoimisiún an 13 Aibreán 2022 maidir le comhsheasmhacht na spriocanna feidhmíochta atá sa dréachtphlean feidhmíochta a chuir an Bhulgáir isteach de bhun Rialachán (CE) Uimh. 549/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais i leith an tríú tréimhse tagartha (a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhoiciméad C(2022) 2303) <sup>(1)</sup> ..... 199
- ★ Cinneadh (AE) 2022/779 ón gCoimisiún an 13 Aibreán 2022 maidir le comhsheasmhacht na spriocanna feidhmíochta atá sa dréachtphlean feidhmíochta a chuir an Pholainn isteach de bhun Rialachán (CE) Uimh. 549/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais i leith an tríú tréimhse tagartha (a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhoiciméad C(2022) 2304) <sup>(1)</sup> ..... 208
- ★ Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/780 ón gCoimisiún an 13 Aibreán 2022 maidir le neamhréireacht spriocanna feidhmíochta áirithe a áirítear sa dréachtphlean feidhmíochta bloic feidhme aerspáis a chuir an Eilvéis isteach de bhun Rialachán (CE) Uimh. 549/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le spriocanna feidhmíochta uile-Aontais le haghaidh an tríú tréimhse thagartha agus lena leagtar amach moltaí chun na spriocanna sin a athbhreithniú (a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhoiciméad C(2022)2313) <sup>(1)</sup> ..... 218

---

<sup>(1)</sup> Téacs atá ábhartha maidir le LEE.



## II

(Gníomhartha neamhrechtacha)

## RIALACHÁIN

## RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2022/759 ÓN gCOIMISIÚN

an 14 Nollaig 2021

**lena leasaítear Iarscríbhinn VII a ghabhann le Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le modheolaíocht chun méid an fhuinnimh in-athnuaithe a úsáidtear le haghaidh an fhuaraithe agus fuarú ceantair a ríomh**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaithe a chur chun cinn <sup>(1)</sup>, agus go háirithe Airteagal 7(3), an cúigiú fomhír di,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) In Iarscríbhinn VII a ghabhann le Treoir (AE) 2018/2001, cuirtear modheolaíocht ar fáil chun fuinneamh in-athnuaithe ó theaschaidéil a úsáidtear le haghaidh an téimh a ríomh, ach ní rialaítear leis conas fuinneamh in-athnuaithe a ríomh ó theaschaidéil a úsáidtear le haghaidh an fhuaraithe. De dheasca an easpa modheolaíochta san Iarscríbhinn sin chun fuinneamh in-athnuaithe a ríomh ó theaschaidéil a úsáidtear le haghaidh an fhuaraithe, cuirtear bac ar earnáil an fhuaraithe rannchuidiú le sprioc fhoriomlán an Aontais maidir le fuinneamh in-athnuaithe a leagtar síos in Airteagal 3 de Threoir (AE) 2018/2001 agus is deacra dá dheasca do na Ballstáit, go háirithe na Ballstáit a bhfuil sciar ard fuaraithe acu ina dtomhaltas fuinnimh, chun an sprioc téimh agus fuaraithe agus na spriocanna téimh agus fuaraithe ceantair a bhaint amach faoi Airteagail 23 agus 24 den Treoir sin, faoi seach.
- (2) Dá bhrí sin, ba cheart modheolaíocht maidir leis an bhfuarú in-athnuaithe, lena n-áirítear fuarú ceantair, a thabhairt isteach in Iarscríbhinn VII a ghabhann le Treoir (AE) 2018/2001. Tá gá le modheolaíocht den sórt sin chun a áirithiú go ríomhtar an sciar den fhuinneamh in-athnuaithe ón bhfuarú ar bhealach comhchuibhithe sna Ballstáit uile agus chun a áirithiú gur féidir comparáid iontaoifa a dhéanamh idir na córais fuaraithe uile maidir le hiad a bheith i gcumas fuinneamh in-athnuaithe a úsáid le haghaidh an fhuaraithe.
- (3) Ba cheart íosfhachtóirí feidhmíochta séasúracha (SPF) a chur san áireamh sa mhodheolaíocht le haghaidh teaschaidéil a oibríonn i modh droim ar ais i gcomhréir le hAirteagal 7(3), an séú fomhír de Threoir (AE) 2018/2001. Ós rud é gur féidir gach córas fuaraithe ghníomhaigh a mheas mar theaschaidéil atá ag obair i modh droim ar ais, ar féidir “modh fuaraithe” a thabhairt air freisin, ba cheart feidhm a bheith ag íosfhachtóirí feidhmíochta séasúracha maidir le gach córas fuaraithe. Is riachtanach sin de bharr go ndéanann teaschaidéil teas a bhaint ó shuíomh amháin agus a aistriú go suíomh eile. I gcás an fhuaraithe, is é rud a bhaineann teaschaidéil an teas as spás nó próiseas go ndíchuireann siad sa chomhshaol é (aer, uisce nó talamh). Is é an teas a bhaint bunbhrí an fhuaraithe agus croifheidhm teaschaidéil. Ós rud é go bhfuil an bhaint sin in aghaidh dhul nádúrtha an fhuinnimh, a théann ón teas chun an fhuachta, bíonn ionchur fuinnimh de dhíth ar an teaschaidéal le haghaidh baint den sórt sin, rud a fheidhmíonn mar ghineadóir fuaraithe.
- (4) Déantar íosfhachtóirí feidhmíochta séasúracha a chuimsiú go héigeantach sa mhodheolaíocht toisc an tábhacht a bhaineann le héifeachtúlacht fuinnimh chun láithreach agus úsáid fuinnimh in-athnuaithe i dteaschaidéil a shuí. Is é an fhoinsé in-athnuaithe fuachta an fuinneamh in-athnuaithe i gcás an fhuaraithe, agus is féidir léi éifeachtúlacht an phróisis fuaraithe a mhéadú, agus ardaíonn sí fachtóir feidhmíochta séasúrach an fhuaraithe. Tá fachtóirí feidhmíochta séasúracha arda ina dtáscaire éifeachtúlachta fuinnimh, agus feidhmíonn siad amhail agus dá mbeadh foinsé fuachta in-athnuaithe ann agus in úsáid san fhuarú.

<sup>(1)</sup> IO L 328, 21.12.2018, lch. 82

- (5) Feidhmíonn an fhoinsé fuachta mar a bheadh slogaide theasa ann san fhuarú mar go n-ionsúnn sí an teas a tharraingíonn agus a dhíchuireann an teaschaidéil lasmuigh den spás nó den phróiseas atá le fuarú. Braitheann cainníocht an fhuaraithe in-athnuaithe ar éifeachtúlacht an phróisis fuaraithe, agus is ionann í agus an méid teasa a ionsúnn an tslogaide theasa. Is ionann é sin iarbhrí agus an méid acmhainne fuaraithe a sholáthraítear leis an bhfoinsé fuachta.
- (6) Is féidir gur fuinneamh comhthimpeallach nó fuinneamh geoiteirmeach atá san fhoinsé fuachta. Tá fuinneamh comhthimpeallach i láthair san aer comhthimpeallach (ar a dtugtaí aeraiteirmeach roimhe seo) agus san uisce comhthimpeallach (ar a dtugtaí hidriteirmeach roimhe seo), agus tagann fuinneamh geoiteirmeach ón talamh faoi dhromchla an domhain sholadaigh. Maidir le fuinneamh comhthimpeallach agus fuinneamh geoiteirmeach a úsáidtear le haghaidh an fhuaraithe trí bhíthin teaschaidéal agus córais fuaraithe ceantair, ba cheart iad a chur san áireamh chun críocha sciar an fhuinnimh in-athnuaithe a ríomh in olltomhaltas deiridh an fhuinnimh, ar choinníoll gur mó i bhfad an t-aschur deiridh fuinnimh ná an t-ionchur fuinnimh phríomhúil is gá chun na teaschaidéil a oibriú. An ceanglas sin, a leagtar síos in Airteagal 7(3), an tríú fómhír de Threoir (AE) 2018/2001, is féidir é a chomhlíonadh le fachtóirí feidhmíochta séasúracha atá iomchuí ard mar a shainmhínítear sa mhodheolaíocht.
- (7) I bhfianaise éagsúlacht na réiteach fuaraithe, is gá a shainiú cé na réitigh fuaraithe ba cheart a bheith faoi raon feidhme na modheolaíochta agus cé na réitigh fuaraithe ba cheart a eisiáimh. Fuarú éighníomhach is ea an fuarú trí shreabhadh nádúrtha fuinnimh theirmigh gan feiste fuaraithe a bheith i gceist agus ba cheart, dá bhrí sin, é a eisiáimh ó raon feidhme an ríomha i gcomhréir le hAirteagal 7(3), an ceathrú fómhír de Threoir (AE) 2018/2001.
- (8) Bíodh gur fiúntach an laghdú ar an ngá le fuarú de thairbhe dearadh foirgnimh, amhail insliú foirgneamh, díon glas, balla faoi ghlasra, agus scáthú nó mais tógála mhéadaithe, is féidir é a mheas mar fuarú éighníomhach agus níor cheart, dá bhrí sin, é a áireamh i raon feidhme ríomh an fhuaraithe in-athnuaithe.
- (9) Aeráil (nádúrtha nó bhrúite), arb é is aidhm di ardcháilíocht an aeir laistigh a áirithiú trí aer comhthimpeallach a thabhairt isteach i spás, meastar gur fuarú éighníomhach í agus níor cheart, dá bhrí sin, í a áireamh i raon feidhme ríomh an fhuaraithe in-athnuaithe. Ba cheart an t-eisiáimh sin a choinneáil fiú nuair a thugtar isteach aer fuar comhthimpeallach mar thoradh ar aeráil agus nuair a laghdaíonn ar an soláthar fuaraithe dá bhrí sin i dtréimhsí áirithe den bhliain; go deimhin, ní hé an fuarú sin an phríomhfhéidhm agus d'fhéadfadh an aeráil cur leis an aer a théamh agus méadú ar an ualach fuaraithe dá bhrí sin sa samhradh. Dá ainneoin sin, i gcás ina n-úsáidtear aer aerála mar mheán iompartha teasa le haghaidh an fhuaraithe, ba cheart a mheas gur fuarú gníomhach é an soláthar fuaraithe comhfhreagrach, ar féidir é a sholáthar le gineadóir fuaraithe nó le fuarú saor. I gcásanna ina méadaítear an sreabhadh aeir aerála de bhreis ar riachtanais aerála chun críocha an fhuaraithe, ba cheart an soláthar fuaraithe mar gheall ar an sreabhadh aeir breise sin a áireamh i ríomh an fhuaraithe in-athnuaithe.
- (10) Cuimsítear gaothrán agus mótar leictreach i dtáirgí gaothráin compoird. Bogann gaothráin chompoird an t-aer agus tá siad ina bhfoinsé chompoird sa samhradh trí tuilleadh siúil a chur faoin aer timpeall chorp an duine go mothaítear fionnuaire teirmí. Murab ionann is aeráil, ní bhíonn aon aer comhthimpeallach á thabhairt isteach i gcás gaothráin chompoird; an t-aer istigh amháin a bhogann gaothráin chompoird. Dá bhrí sin, ní ag fuarú an aeir istigh atá siad ach á théamh (i ndeireadh na dála is mar theas sa seomra ina n-úsáidtear an gaothrán compoird a scaoiltear an leictreachas go léir a ídítear). Ní réitigh fuaraithe iad gaothráin chompoird agus, dá bhrí sin, ba cheart iad a bheith lasmuigh de raon feidhme ríomh an fhuaraithe in-athnuaithe.
- (11) Is iondúil go soláthraíonn an t-inneall iompair ionchur fuinnimh an chórais fuaraithe i modhanna iompair (amhail gluaisteáin, trucaí, longa). Tá úsáid fuinnimh in-athnuaithe san fhuarú neamhchónaitheach mar chuid de ríomh na sprice iompair in-athnuaithe de bhun Airteagal 7(1), pointe (c) de Threoir (AE) 2018/2001 agus níor cheart, dá bhrí sin, í a theacht faoi raon feidhme ríomh an fhuaraithe in-athnuaithe.
- (12) Is idir 0 °C agus 30 °C atá raon teochta an tsoláthair fuaraithe inar féidir le foinsí in-athnuaithe fuachta an úsáid fuinnimh ag gineadóir fuaraithe a mhéadú, a laghdú nó a dhíláithriú. Tá an raon teochta sin ar cheann de na paraiméadair ba cheart a úsáid chun scagadh a dhéanamh ar earnálacha agus feidhmchláir fhéideartha fuaraithe próisis atá le cur san áireamh i raon feidhme ríomh an fhuaraithe in-athnuaithe.
- (13) Maidir le fuarú próisis lena ngabhann teocht soláthair fuaraithe íseal agus an-íseal, is tearc faille atá aige mórán foinsí in-athnuaithe fuachta a úsáid agus oibrítear é den chuid is mó le cuisniú leictreach. Is trína ionchur fuinnimh is mó a dhéantar trealamh in-athnuaithe de threalamh cuisnithe. Nuair is in-athnuaithe atá trealamh cuisnithe leictreach, is amhlaidh a chuirtear san áireamh cheana féin é sna scaireanna leictreachais in-athnuaithe faoi Threoir (AE) 2018/2001. Maidir leis an acmhainneacht feabhsaithe éifeachtúlachta, cumhdaítear cheana féin í le creat éicidhearth-óireachta agus lipéadaithe an Aontais. Dá bhrí sin, ní bheadh aon tairbhe ann trealamh cuisnithe a chur san áireamh faoi raon feidhme ríomh an fhuaraithe in-athnuaithe.

- (14) Maidir le fuarú próisis ardteochta, tá deis ann dramhtheas a aisghabháil in aon phróiseas gléasra cumhachta teirmí, dócháin agus ardteochta eile. Is ag teacht salach ar bhunphrionsabal “na héifeachtúlachta fuinnimh” agus ar chosaint an chomhshaoil a bheifí ach dreasachtaí a thabhairt as dramhtheas ardteochta a scaoileadh amach sa chomhshaoil gan teas a aisghabháil leis an bhfuarú in-athnuaite. I bhfianaise an mhéid sin, ní leor teorainn teochta 30 °C chun idirdhealú a dhéanamh ar na próisis sin; leoga, i ngléasra cumhachta gaile, d’fhéadfadh comhdhlúthú a bheith ann ar 30 °C nó níos ísle ná sin. Córas fuaraithe an ghléasra cumhachta, d’fhéadfadh sé fuarú a sholáthar ar theocht ab ísle ná 30 °C.
- (15) Chun a áirithiú go socrófar an raon feidhme go soiléir, ba cheart liosta próiseas a chuimsiú sa mhodheolaíocht, próisis inar cheart tosaíocht a thabhairt d’aisghabháil nó do sheachaint dramhtheasa in áit dreasachtaí a thabhairt as fuarú a úsáid. I measc earnálacha ina gcuirtear seachaint agus aisghabháil dramhtheasa chun cinn trí Threoir 2012/27/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(2)</sup> tá gléasraí giniúna cumhachta, lena n-áirítear comhghiniúint, agus próisis lena dtáirgtear sreabháin theo ó dhóchán nó ó imoibriú ceimiceach eisiteirmeach. I measc próisis eile ina bhfuil seachaint agus aisghabháil dramhtheasa tábhachtach tá stroighin, monaraíocht iarainn agus cruach, ionaid cóireáilte fuíolluisce, saoráidí teicneolaíochta faisnéise, amhail lárionaid sonraí, saoráidí tarchurtha agus dáilte cumhachta, chomh maith le bonneagair chréamtha agus iompair, áit nár cheart an fuarú a chur chun cinn chun dramhtheas ó na próisis sin a mhaolú.
- (16) Maidir leis an bhfachtóir feidhmíochta séasúrach a ríomhtar ina fhuinneamh príomhúil agus a shonraítear mar SPF<sub>p</sub>, is paraiméadar lárnach é le haghaidh na ríomhanna fuinnimh in-athnuaite ó theaschaidéil a úsáidtear le haghaidh fuarú. Is cóimheas é SPF<sub>p</sub> lena léirítear éifeachtúlacht na gcóras fuaraithe i rith shéasúr an fhuaraithe. Ríomhtar é leis an méid fuaraithe a tháirgtear a roinnt ar an ionchur fuinnimh. Dá airde SPF<sub>p</sub> is amhlaidh is fearr é, toisc gur mó an fuarú a tháirgtear as an ionchur céanna fuinnimh.
- (17) Chun cainníocht an fhuinnimh in-athnuaite ón bhfuarú a ríomh, is gá an sciar den soláthar fuaraithe is féidir a mheas a bheith in-athnuaite a shainiú. Sonraítear an sciar sin in s<sub>SPF<sub>p</sub></sub>. Is é atá in s<sub>SPF<sub>p</sub></sub> feidhm luach tairisí íseal agus ard SPF<sub>p</sub>. Ba cheart luach tairisí íseal SPF<sub>p</sub> a shocrú leis an modheolaíocht, tairseach faoina bhun is nialas an fuinneamh in-athnuaite ó chóras fuaraithe. Ba cheart go leagfaí amach sa mhodheolaíocht freisin luach tairisí ard SPF<sub>p</sub>, tairseach os a cionn a áirítear mar fuarú in-athnuaite an soláthar fuaraithe iomlán a tháirgeann córas fuaraithe. An chuid den soláthar fuaraithe atá ag dul i méid go líneach, cuid is féidir a áireamh mar fhuinneamh in-athnuaite ó chórais fuaraithe lena ngabhann luachanna SPF<sub>p</sub> atá idir tairseacha ísle agus arda SPF<sub>p</sub>, ba cheart í a ríomh de thairbhe modh ríomha céimnithe.
- (18) Ba cheart a áirithiú leis an modheolaíocht, i gcomhréir leis an dara fómhír d’Airteagal 7(1), an dara fómhír de Threoir (AE) 2018/2001, nach measfar ach uair amháin gás, leictreachas agus hidrigin ó fhoinsí in-athnuaite chun an sciar d’olltomhaltas deiridh fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite a ríomh.
- (19) Chun an chobhsaíocht agus an intuathacht a áirithiú ó chur i bhfeidhm na modheolaíochta le haghaidh earnáil an fhuaraithe, ba cheart luachanna tairisí ísle agus arda SPF a ríomhtar ina dtéarmaí fuinnimh phríomhúil a shocrú trí úsáid a bhaint as an gcomhéifeacht réamhshocráithe, ar a dtugtar fachtóir fuinnimh phríomhúil freisin, mar a leagtar amach i dTreoir 2012/27/AE.
- (20) Is iomchúí idirdhealú a dhéanamh ar chineálacha éagsúla cur chuige maidir leis an bhfuarú in-athnuaite a ríomh de réir infhaighteacht luachanna caighdeánacha na bparaiméadar is gá sa ríomh, amhail fachtóirí caighdeánacha feidhmíochta séasúracha nó uaireanta lánlóid oibríochta coibhéiseacha.
- (21) Is iomchúí gur féidir, de bharr na modheolaíochta, úsáid a bhaint as cur chuige simplithe staidrimh bunaithe ar luachanna caighdeánacha i gcás suiteálacha ar lú ná 1,5 MW a n-acmhainn ainmniúil. I gcás nach mbeidh luachanna caighdeánacha ar fáil, ba cheart a bheith in ann, de bharr na modheolaíochta, sonraí tomhaiste a úsáid ionas go bhféadfaidh córais fuaraithe tairbhe a bhaint as modheolaíocht ríofa an fhuinnimh in-athnuaite ón bhfuarú. Ba cheart feidhm a bheith ag an gcur chuige tomhais maidir le córais fuaraithe a bhfuil toilleadh ainmniúil os cionn 1,5 MW acu, maidir le fuarú ceantair agus maidir le córais bheaga ina n-úsáidtear teicneolaíochtaí nach bhfuil luachanna caighdeánacha ar fáil ina leith. D’ainneoin luachanna caighdeánacha a bheith ar fáil, féadfaidh na Ballstáit sonraí tomhaiste a úsáid le haghaidh gach córais fuaraithe.

<sup>(2)</sup> Treoir 2012/27/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le héifeachtúlacht fuinnimh, lena leasaítear Treoracha 2009/125/CE agus 2010/30/AE agus lena n-aisghairtear Treoracha 2004/8/CE agus 2006/32/CE (IO L 315, 14.11.2012, lch. 1).

- (22) Ba cheart cead a bheith ag na Ballstáit a ríomhanna agus a suirbhéanna féin a dhéanamh chun cruinneas an staidrimh náisiúnta a fheabhsú thar a bhfuil indéanta leis an modheolaíocht a leagtar amach sa Rialachán seo.
- (23) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn VII a ghabhann le Treoir (AE) 2018/2001 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Leasú**

Cuirtear an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn VII a ghabhann le Treoir (AE) 2018/2001.

*Airteagal 2*

**Athbhreithniú**

Déanfaidh an Coimisiún an Rialachán seo a athbhreithniú i bhfianaise dul chun cinn teicneolaíoch agus nuálaíochta, cur chun feidhme stoic, agus a thionchair ar spriocanna fuinnimh in-athnuaite.

*Airteagal 3*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 14 Nollaig 2021.

*Thar ceann an Choimisiúin*  
*An tUachtarán*  
Ursula VON DER LEYEN



## IARSCRÍBHINN

## "IARSCRÍBHINN VII

## CUNTASAÍOCHT AR FHUINNEAMH IN-ATHNUAITE A ÚSÁIDTEAR LE HAGHAIDH AN TÉIMH AGUS AN FHUARAITHE

## CUID A: CUNTASAÍOCHT AR FHUINNEAMH IN-ATHNUAITE Ó THEASCHAIÉIL A ÚSÁIDTEAR LE HAGHAIDH AN TÉIMH

Déanfar méid an fhuinnimh aeraitermigh, gheoiteirmigh nó hidriteirmigh arna ghabháil ag teaschaidéil atá le meas mar fhuinnimh ó fhoinsí in-athnuaithe fuinnimh chun críochea na Treorach seo,  $E_{RES}$ , a ríomh i gcomhréir leis an bhfoirmle seo a leanas:

$$E_{RES} = Q_{inúsáidte} * (1 - 1/SPF)$$

i gcás inarb é

—	$Q_{inúsáidte}$	=	an teas inúsáidte iomlán measta arna sholáthar ag teaschaidéil lena gcomhlíontar na critéir dá dtagraítear in Airteagal 7(4), le cur chun feidhme mar a leanas: Ní chuirfear san áireamh ach teaschaidéil ag a bhfuil $SPF > 1,15 * 1/\eta$ ,
—	SPF	=	meán-chomhéifeacht feidhmiúcháin shéasúraigh mheasta na dteaschaidéal sin,
—	$\eta$	=	an cóimheas idir an t-olltáirgeadh iomlán leictreachais agus an tomhaltas fuinnimh phríomhúil chun leictreachais a tháirgeadh agus déanfar í a ríomh mar mheán de chuid an Aontais Eorpaigh bunaithe ar shonraí Eurostat.

## CUID B: CUNTASAÍOCHT AR FHUINNEAMH IN-ATHNUAITE A ÚSÁIDTEAR LE HAGHAIDH AN FHUARAITHE

## 1. SAINMHÍNITHE

Agus an fuinneamh in-athnuaithe a úsáidtear le haghaidh an fhuaraithe á ríomh, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

- (1) ciallaíonn “fuarú” teas a bhaint as spás faoi iamh nó as spás istigh (feidhm chompoird) nó as próiseas chun teocht an spáis nó an phróisis a laghdú go teocht shonraithe (pointe socraithe), nó í a choimeád ar an teocht sin (pointe socraithe); an teas a bhaintear i gcás córais fuaraithe, díchuirtear amach san aer comhthimpeallach, san uisce comhthimpeallach nó sa talamh é áit a n-ionsúitear é, agus áit a mbíonn an comhshaol (aer, talamh agus uisce) mar a bheadh slogaide teasa ann le haghaidh an teas a bhaintear agus dá bhrí sin feidhmíonn sé mar fhoinsé fuachta;
- (2) ciallaíonn “córas fuaraithe” cóimeáil de chomhpháirteanna arb é atá inti córas bainte teasa, feistí fuaraithe amháin nó níos mó ná sin agus córas díchurtha teasa, a chomhlánaítear i gcás fuarú gníomhach le meán fuaraithe i bhfoirm sreabháin, a oibríonn le chéile chun aistriú sonraithe teasa a ghiniúint agus, dá bhrí sin, teocht riachtanach a áirithiú;
  - (a) i gcás fuarú spáis, is féidir gur córas fuaraithe shaoir nó córas fuaraithe ina bhfuil gineadóir fuaraithe ann an córas fuaraithe, agus an fuarú ar cheann de na príomhfheidhmeanna aige;
  - (b) i gcás fuarú próisis, cuimsíonn an córas fuaraithe gineadóir fuaraithe, agus an fuarú ar cheann de na príomhfheidhmeanna aige;
- (3) ciallaíonn “fuarú saor” córas fuaraithe ina n-úsáidtear foinse fuachta nádúrtha chun teas a bhaint as an spás nó as an bpróiseas atá le fuarú trí chaidéal/chaidéil agus/nó gaothrán/gaothráin a bheith ag iompar sreabháin/sreabhán, fuarú nach gá gineadóir fuaraithe a úsáid lena aghaidh;
- (4) ciallaíonn “gineadóir fuaraithe” an chuid de chóras fuaraithe a ghineann difríocht teochta ar féidir teas a bhaint as an spás nó as an bpróiseas atá le fuarú dá tairbhe, trí thimthriall comhbhrúite gailé, timthriall síúite nó arna thiomáint le timthriall teirmidinimice eile, a úsáidtear nuair nach bhfuil foinse an fhuachta ar fáil nó nuair nach leor é;
- (5) ciallaíonn “fuarú gníomhach” teas a bhaint as spás nó próiseas, a bhfuil gá le hionchur fuinnimh lena aghaidh chun freastal ar an éileamh fuaraithe, fuarú a úsáidtear nuair nach bhfuil sreabhadh nádúrtha an fhuinnimh ar fáil nó nuair nach leor é agus is féidir fuarú gníomhach a bheith ann le gineadóir fuaraithe nó gan gineadóir fuaraithe;

- (6) ciallaíonn “fuarú éighníomhach” teas a bhaint trí shreabhadh nádúrtha an fhuinnimh trí sheoladh, comhiompar, radaíocht nó traschur maise gan gá le sreabhán fuaraithe a bhogadh chun teas a bhaint agus a dhíchur nó chun teocht is ísle a ghiniúint le gineadóir fuaraithe, lena n-áirítear laghdú ar an ngá atá le fuarú trí ghnéithe dearaidh tógála amhail insliú foirgnimh, díon glas, balla faoi ghlasra, scáthú nó mais tógála méadaithe, trí aeráil nó trí ghaothráin chompoird a úsáid;
- (7) ciallaíonn “aeráil” gluaiseacht nádúrtha nó brúite aer chun aer comhthimpeallach a thabhairt isteach i spás agus chun cáilíocht iomchuí aer istigh a áirithiú, lena n-áirítear an teocht;
- (8) ciallaíonn “gaothrán compoird” táirge a chuimsíonn gaothrán agus cóimeáil móitair leictirigh chun aer a bhogadh le bheith ina fhoinsé chompoird sa samhradh trí tuilleadh siúil a chur faoin aer timpeall chorp an duine go mothaítear fionnuaire teirmí;
- (9) ciallaíonn “cainníocht fuinnimh in-athnuaite le haghaidh an fhuaraithe” an soláthar fuaraithe a gineadh le héifeachtúlacht fuinnimh shonraithe arna shloinneadh ina Chomhéifeacht Feidhmiúcháin Shéasúraigh arna ríomh ina fuinneamh príomhúil;
- (10) ciallaíonn “slogaíde theasa” nó “foinsé fuachta” linn nádúrtha sheachtrach ina n-aistrítear an teas a bhaintear as an spás nó as an bpróiseas; is féidir gur aer comhthimpeallach, uisce comhthimpeallach i bhfoirm dobharlaigh nádúrtha nó shaorga agus foirmíochtaí geoiteirmeacha faoi dhromchla an domhain sholadaigh í;
- (11) ciallaíonn “córas bainte teasa” feiste a bhaineann teas as an spás nó as an bpróiseas atá le fuarú, amhail galaitheoir i dtimthriall comhbhrúite gaile;
- (12) ciallaíonn “feiste fuaraithe” gaireas atá ceaptha chun fuarú gníomhach a dhéanamh;
- (13) ciallaíonn “córas díchurtha teasa” an fheiste ina dtarlaíonn an t-aistriú teasa deiridh ón meán fuaraithe go dtí an tslogaíde theasa, amhail an comhdhlúthadán aer go cuisneán i dtimthriall comhbhrúite gaile aer-fhuaraithe;
- (14) ciallaíonn “ionchur fuinnimh” an fuinneamh is gá chun an sreabhán a iompar (fuarú saor), nó an fuinneamh is gá chun an sreabhán a iompar agus chun an gineadóir fuaraithe a oibriú (fuarú gníomhach le gineadóir fuaraithe);
- (15) ciallaíonn “fuarú ceantair” dáileadh fuinnimh theirmigh i bhfoirm leachtanna fuaraithe, as foinsí láraithe nó díláraithe táirgthe trí líonra chuig foirgnimh nó suíomhanna éagsúla le haghaidh fuarú spáis nó próisis;
- (16) ciallaíonn “príomh-chomhéifeacht feidhmiúcháin shéasúraigh” méadracht éifeachtúlacht phríomhúil tiontaithe fuinnimh an chórais fuaraithe;
- (17) ciallaíonn “uaireanta lánlód coibhéiseacha” líon na n-uaireanta an chloig a bhíonn córas fuaraithe á oibriú faoi lánlód chun an méid fuaraithe a tháirgeann sé iarbhir i rith bliana a tháirgeadh ach le lóid éagsúla;
- (18) Ciallaíonn “Laethanta Céime Fuaraithe” na luachanna aeráide a ríomhtar ag glacadh mar bhonn 18 °C a úsáidtear mar ionchur chun uaireanta lánlód coibhéiseacha a chinneadh.

## 2. RAON FEIDHME

1. Agus méid an fhuinnimh in-athnuaite a úsáidtear le haghaidh an fhuaraithe á ríomh acu, áireoidh na Ballstáit fuarú gníomhach, lena n-áirítear fuarú ceantair, gan beann ar cé acu fuarú saor nó gineadóir fuaraithe a úsáidtear.
2. Ní áireoidh na Ballstáit:
  - (a) fuarú éighníomhach, ach i gcás ina n-úsáidtear aer aerála mar mheán iompartha teasa le haghaidh an fhuaraithe, is cuid den ríomh fuaraithe in-athnuaite é an soláthar fuaraithe comhfhreagrach, rud is féidir é a sholáthar le gineadóir fuaraithe nó trí fuarú saor.
  - b) na teicneolaíochtaí nó na próisis fuaraithe seo a leanas:
    - (i) an fuarú i modhanna iompair <sup>(1)</sup>;
    - (ii) córais fuaraithe arb é a bpríomhfheidhm ábhair mheatacha a tháirgeadh nó a stóráil ar teochtaí sonraithe (cuisniúcháin agus reo);
    - (iii) córais fuaraithe a bhfuil pointí socraithe teochta is ísle ná 2 °C acu le haghaidh fuarú spáis nó próisis;
    - (iv) córais fuaraithe a bhfuil pointí socraithe teochta is airde ná 30 °C acu le haghaidh fuarú spáis nó próisis;

<sup>(1)</sup> Is le fuarú cónaitheach amháin a bhaineann an sainmhíniú ar an bhfuarú in-athnuaite.

- (v) dramhtheas mar thoradh ar ghiniúint fuinnimh, próisis thionsclaíocha agus an earnáil threasach (dramhtheas) a fhuarú <sup>(?)</sup>.
- (c) fuinneamh a úsáidtear le haghaidh an fhuaraithe i ngléasraí ginte cumhachta; monaraíocht stroighne, iarainn agus cruach; ionaid cóireáilte fuolluisce; saoráidí teicneolaíochta faisnéise (amhail ionaid sonraí); saoráidí tarchurtha agus dáilte cumhachta; agus bonneagair iompair.

Féadfaidh na Ballstáit tuilleadh catagóirí córas fuaraithe a eisiáimh ó ríomh an fhuinnimh in-athnuaite a úsáidtear le haghaidh fuaraithe chun foinsí fuachta nádúrtha a chaomhnú i limistéir gheografacha shonracha ar chúiseanna cosanta comhshaoil. Is sampla de sin, aibhneacha nó lochanna a chosaint ar bhaol a róthéite.

### 3. MODHEOLAÍOCHT MAIDIR LE CUNTASAÍOCHT A DHÉANAMH AR FHUINNEAMH IN-ATHNUAITE LE HAGHAIDH FUARÚ AONAIR AGUS FUARÚ CEANTAIR

Ní mheasfar fuinneamh in-athnuaite a bheith á tháirgeadh ach ag córais fuaraithe a fheidhmíonn os cionn an íoscheanglais éifeachtúlachta arna shloinneadh ina phríomh-Chomhéifeacht Feidhmiúcháin Shéasúraigh (SPF<sub>p</sub>) i roinn 3.2, an dara mír.

#### 3.1. Cainníocht fuinnimh in-athnuaite le haghaidh an fhuaraithe

Déanfar an chainníocht fuinnimh in-athnuaite le haghaidh an fhuaraithe ( $E_{RES-C}$ ) a ríomh leis an bhfoirmle seo a leanas:

$$E_{RES-C} = (Q_{C_{Source}} - E_{INPUT}) \times S_{SPF_p} = Q_{C_{Supply}} \times S_{SPF_p}$$

i gcás inarb é:

Is é  $Q_{C_{Source}}$  an méid teasa a scaoiltear amach san aer comhthimpeallach, san uisce comhthimpeallach nó sa talamh ag an gcóras fuaraithe <sup>(?)</sup>;

Is é  $E_{INPUT}$  tomhaltas fuinnimh an chórais fuaraithe, lena n-áirítear tomhaltas fuinnimh na gcóras cúnta i gcás córais thomhaiste, amhail fuarú ceantair;

Is é  $Q_{C_{Supply}}$  an fuinneamh fuaraithe a sholáthraíonn an córas fuaraithe <sup>(4)</sup>;

Sainmhínítear  $S_{SPF_p}$  ar leibhéal an chórais fuaraithe mar sciar an tsoláthair fuaraithe is féidir a mheas mar fhoinsí in-athnuaite de réir cheanglais SPF, arna shloinneadh ina chéatadán. Bunaítear SPF gan cuntas a thabhairt i gcaillteanais dáileacháin. Maidir le fuarú ceantair, ciallaíonn sin gur in aghaidh an ghineadóir fuaraithe a bhunaítear SPF, nó ag leibhéal an chórais fuaraithe shaoir. Maidir le córais fuaraithe inar féidir feidhm a bheith ag SPF caighdeánach, ní úsáidtear comhéifeachtaí F(1) agus F(2) de réir Rialachán (AE) 2016/2281 ón gCoimisiún <sup>(?)</sup> agus an Teachtaireacht ón gCoimisiún <sup>(6)</sup> atá ceangailte mar fhachtóirí ceartúcháin.

Maidir le fuarú 100 % in-athnuaite arna thiomáint le teas (ionsú agus asúchán), ba cheart an fuarú a fhaightear a mheas mar fhuarú atá in-athnuaite go hiomlán.

Na céimeanna ríomha is gá le haghaidh  $Q_{C_{Supply}}$  agus  $S_{SPF_p}$ , mínítear iad i Ranna 3.2 go 3.4.

<sup>(?)</sup> Sainmhínítear an dramhtheas in Airteagal 2(9) den Treoir seo. Is féidir dramhtheas a chur san áireamh chun críocha Airteagail 23 agus 24 den Treoir seo.

<sup>(?)</sup> Freagraíonn méid na foinsí fuachta don chainníocht teasa a ionsúnn aer comhthimpeallach, uisce comhthimpeallach agus an talamh mar shlogaíde theasa. Freagraíonn aer comhthimpeallach agus uisce comhthimpeallach d'fhuinneamh comhthimpeallach mar a shainmhínítear in Airteagal 2(2) den Treoir seo. Freagraíonn an talamh d'fhuinneamh geoteirmeach mar a shainmhínítear in Airteagal 2(3) den Treoir seo.

<sup>(4)</sup> Ó thaobh na teirmidinimice de, freagraíonn an soláthair fuaraithe do chuid den teas a scaoileann córas fuaraithe amach san aer comhthimpeallach, san uisce comhthimpeallach nó sa talamh, a fheidhmíonn mar shlogaíde theasa nó mar fhoinsí fuachta. Freagraíonn aer comhthimpeallach agus uisce comhthimpeallach d'fhuinneamh comhthimpeallach mar a shainmhínítear in Airteagal 2(2) den Treoir seo. Freagraíonn feidhm shlogaíde teasa nó foinsí fuachta na talún d'fhuinneamh geoteirmeach mar a shainmhínítear in Airteagal 2(3) den Treoir seo.

<sup>(6)</sup> Rialachán (AE) 2016/2281 ón gCoimisiún an 30 Samhain 2016 lena gcuirtear chun feidhme Treoir 2009/125/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear creat chun ceanglais éicidhearthóireachta a leagan amach do tháirgí a bhaineann le fuinneamh, i ndáil le ceanglais éicidhearthóireachta maidir le táirgí téamh aer, táirgí fuaraithe, fuarthóirí próisis ardteochta agus aonaid ghaothráin agus chorna (IO L 346, 20.12.2016, lch. 1).

<sup>(6)</sup> [https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=uriserv:OJ.C\\_.2017.229.01.0001.01.ENG&toc=OJ:C:2017:229:TOC](https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=uriserv:OJ.C_.2017.229.01.0001.01.ENG&toc=OJ:C:2017:229:TOC)

### 3.2. **Sciar na Comhéifeachta Feidhmiúcháin Shéasúraigh atá incháilithe mar fhuinneamh in-athnuaite a ríomh** – $S_{SPF_p}$

is é  $S_{SPF}$  sciar an tsoláthair fuaraithe is féidir a áireamh mar fhoinsí in-athnuaite. Méadaíonn ar  $S_{SPF_p}$  de réir mar a mhéadaíonn ar luachanna  $SPF_p$ . Sainmhínítear  $SPF_p$  <sup>(7)</sup> mar a thuairiscítear i Rialachán (AE) 2016/2281 ón gCoimisiún agus i Rialachán (AE) Uimh. 206/2012 ón gCoimisiún <sup>(8)</sup>, ach amháin gur nuashonraíodh an fachtóir fuinnimh phríomhúil réamhshocraithe le haghaidh an leictreachais go 2.1 i dTreoir 2012/27/AE (arna leasú le Treoir (AE) 2018/2002 <sup>(9)</sup>) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. Úsáidfead coinníollacha teorann ó chaighdeán EN14511.

Is é 1.4 ( $SPF_{p\_LOW}$ ) ar a laghad a bheidh in íoscheanglas éifeachtúlachta an chórais fuaraithe arna shloinneadh ina príomh-chomhéifeacht feidhmiúcháin shéasúraigh. Is é 6 ( $SPF_{p\_HIGH}$ ) ar a laghad a bheidh in íoscheanglas éifeachtúlachta an chórais fuaraithe le gurb ionann  $S_{SPF_p}$  agus 100 %. I gcás na gcórais fuaraithe go léir eile, cuirfead an ríomh seo a leanas i bhfeidhm:

$$S_{SPF_p} = \frac{SPF_p - SPF_{p\_LOW}}{SPF_{p\_HIGH} - SPF_{p\_LOW}} \%$$

is é  $SPF_p$  éifeachtúlacht an chórais fuaraithe arna sloinneadh ina príomh-chomhéifeacht feidhmiúcháin shéasúraigh;

is é  $SPF_{p\_LOW}$  an chomhéifeacht feidhmiúcháin shéasúraigh íosta arna sloinneadh ina fuinneamh príomhúil agus bunaithe ar éifeachtúlacht na gcórais fuaraithe caighdeánach (íoscheanglais éicidhearthóireachta);

is é  $SPF_{p\_HIGH}$  an tairseach uachtair le comhéifeacht feidhmiúcháin shéasúraigh arna sloinneadh ina fuinneamh príomhúil agus bunaithe ar dhea-chleachtais maidir le fuarú saor a úsáidtear i bhfuarú ceantair <sup>(10)</sup>.

### 3.3. **$SPF_p$ caighdeánach agus tomhaiste a úsáid chun cainníocht fuinnimh in-athnuaite le haghaidh an fhuaraithe a ríomh**

#### *SPF caighdeánach agus tomhaiste*

Tá luachanna caighdeánaithe  $SPF$  ar fáil maidir le gineadóirí fuaraithe combhbrúite gaile leictreacha agus maidir le gineadóirí fuaraithe combhbrúite gaile innill dócháin toisc na gceanglas éicidhearthóireachta i Rialachán (AE) Uimh. 206/2012 agus (AE) 2016/2281. Tá luachanna ar fáil maidir leis na gineadóirí fuaraithe sin suas le 2 MW le haghaidh fuarú compoird agus suas le 1,5 MW le haghaidh fuarú próisis. Níl luachanna caighdeánacha ar fáil maidir le teicneolaíochtaí eile agus scálaí acmhainne. Maidir le fuarú ceantair, níl luachanna caighdeánacha ar fáil ach tá fáil ar thomhais agus úsáidtear iad; is féidir luachanna  $SPF$  a ríomh ar bhonn bliantúil ar a laghad dá mbarr.

Chun cainníocht an fhuaraithe in-athnuaite a ríomh, is féidir luachanna caighdeánacha  $SPF$  a úsáid ach iad a bheith ar fáil. I gcás nach bhfuil luachanna caighdeánacha ar fáil nó i gcás inar gnáthchleachtas é an tomhas, úsáidfead luachanna tomhaiste  $SPF$  atá á ndeighilt ag tairseacha acmhainne fuaraithe. Maidir le gineadóirí fuaraithe a bhfuil acmhainn fuaraithe faoi bhun 1,5 MW acu, is féidir  $SPF$  caighdeánach a úsáid, agus úsáidfead  $SPF$  tomhaiste le haghaidh fuarú ceantair, i gcás gineadóirí fuaraithe a bhfuil acmhainn fuaraithe is airde ná 1,5 MW acu nó cothrom leis sin agus i gcás gineadóirí fuaraithe nach bhfuil luachanna caighdeánacha ar fáil ina leith.

Ina theannta sin, i gcás gach chórais fuaraithe gan  $SPF$  caighdeánach, lena n-áirítear gach réiteach fuaraithe shaoir agus gach gineadóir fuaraithe teasghníomhachtaithe, leagfar síos  $SPF$  tomhaiste chun leas a bhaint as an modheolaíocht ríomha le haghaidh an fhuaraithe in-athnuaite.

<sup>(7)</sup> I gcás ina mbeidh fiordhálaí oibriúcháin na ngineadóirí fuaraithe ina siocair le luachanna  $SPF$  i bhfad níos ísle ná mar a bhí beartaithe faoi choinníollacha caighdeánacha mar gheall ar fhorálacha suiteála éagsúla, féadfaidh na Ballstáit na córais sin a eisiáil ó raon feidhme an tsainmhínithe ar an bhfuarú in-athnuaite (e.g. gineadóirí fuaraithe uiscefhuaraithe ina n-úsáidtear fuaraitheoir tirim in ionad túr fuaraithe chun teas a scaoileadh amach san aer comhthimpeallach).

<sup>(8)</sup> Rialachán (AE) Uimh. 206/2012 ón gCoimisiún an 6 Márta 2012 lena gcuirtear chun feidhme Treoir 2009/125/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle i ndáil le ceanglais éicidhearthóireachta le haghaidh aerchóiritheoirí agus gaiothrán compoird (IO L 72, 10.3.2012, lch. 7).

<sup>(9)</sup> Treoir (AE) 2018/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 lena leasaítear Treoir 2012/27/AE maidir le héifeachtúlacht fuinnimh (IO L 328, 21.12.2018, lch. 210).

<sup>(10)</sup> ENER/C1/2018-493, *Renewable cooling under the revised Renewable Energy Directive* [An fuarú in-athnuaite faoin Treoir athbheithnithe maidir le Fuinneamh In-athnuaite], TU-Wien, 2021.

### Sainmhíniú ar luachanna caighdeánacha SPF

Sloinntear luachanna SPF i dtéarmaí éifeachtúlachta fuinnimh phríomhúil arna ríomh trí úsáid a bhaint as fachtóirí fuinnimh phríomhúil de réir Rialachán (AE) 2016/2281 chun éifeachtúlacht fuaraithe spáis na gcineálacha éagsúla gineadóirí fuaraithe a chinneadh <sup>(1)</sup>. Déanfar an fachtóir fuinnimh phríomhúil i Rialachán (AE) 2016/2281 a ríomh mar  $1/\eta$ , i gcás inarb é  $\eta$  an meánchóimheas idir olltáirgeadh iomlán an leictreachais in aghaidh an tomhaltais fuinnimh phríomhúil le haghaidh táirgeadh leictreachais san Aontas ina iomláine. Leis an leasú ar an bhfachtóir fuinnimh phríomhúil réamhshocráithe le haghaidh an leictreachais, dá ngairtear comhéifeacht i bpointe (1) den Iarscríbhinn a ghabhann le Treoir (AE) 2018/2002 lena leasaítear fonóta (3) in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Treoir 2012/27/AE, déanfar fachtóir fuinnimh phríomhúil 2.5 i Rialachán (AE) 2016/2281 a ionadú le 2.1 agus luachanna SPF á ríomh.

Nuair a úsáidtear iompróirí fuinnimh phríomhúil, amhail an teas nó gás mar ionchur fuinnimh chun an gineadóir fuaraithe a oibriú, is é 1 an fachtóir réamhshocráithe fuinnimh phríomhúil ( $1/\eta$ ), lena léirítear an easpa claochlaithe fuinnimh  $\eta = 1$ .

Sainítear na coinníollacha oibriúcháin caighdeánacha agus na paraiméadair eile is gá chun SPF a chinneadh i Rialachán (AE) 2016/2281 agus (AE) Uimh. 206/2012, de réir chatagóir an ghineadóir fuaraithe. Na coinníollacha teorann atá ann, is iad na coinníollacha teorann a shainítear i gcaighdeán EN14511 iad.

I gcás gineadóirí fuaraithe in-aisiompaithe (teaschaidéil in-aisiompaithe), a eisiatar ó raon feidhme Rialachán (AE) 2016/2281 toisc go gcumhdaítear a bhfeidhm téimh le Rialachán (AE) Uimh. 813/2013 ón gCoimisiún <sup>(2)</sup> i ndáil le ceanglais éicidhearthóireachta le haghaidh téitheoirí spáis agus comhthéitheoirí, úsáidfean an ríomh céanna SPF a shainmhínítear le haghaidh gineadóirí fuaraithe neamh-aisiompaithe comhchosúla i Rialachán (AE) 2016/2281.

Mar shampla, i gcás gineadóirí fuaraithe combhhrúite gaile leictreacha, saineofar  $SPF_p$  mar a leanas (úsáidtear an t-innéacs  $p$  chun a shoiléiriú go sainítear SPF i dtéarmaí fuinnimh phríomhúil):

$$\text{— Le haghaidh fuarú spáis: } SPF_p = \frac{SEER}{\frac{1}{\eta}} - F(1) - F(2)$$

$$\text{— le haghaidh fuarú próisis: } SPF_p = \frac{SEPR}{\frac{1}{\eta}} - F(1) - F(2)$$

I gcás inar:

— comhéifeachtaí feidhmiúcháin shéasúraigh iad SEER agus SEPR <sup>(3)</sup> (seasann SEER do “Chóimheas Éifeachtúlachta Fuinnimh Shéasúraigh”, seasann SEPR do “Chóimheas Feidhmíochta Fuinnimh Shéasúraigh”) i dtaca leis an bhfuinneamh críochnaitheach a shainmhínítear de réir Rialachán (AE) 2016/2281 agus (AE) 206/2012;

— is é  $\eta$  an meánchóimheas idir an t-olltáirgeadh iomlán leictreachais in aghaidh an tomhaltais fuinnimh phríomhúil le haghaidh táirgeadh leictreachais san Aontas Eorpach ( $\eta = 0,475$  agus  $1/\eta = 2,1$ ).

Is fachtóirí ceartúcháin iad  $F(1)$  agus  $F(2)$  de réir Rialachán (AE) 2016/2281 agus an Teachtaireacht ón gCoimisiún atá ceangailte. Níl feidhm ag na comhéifeachtaí sin maidir le fuarú próisis i Rialachán (AE) 2016/2281 toisc go mbaintear feidhm dhíreach as méadracht fuinnimh deiridh SEPR. In éagmais luachanna oiriúnaithe, na luachanna céanna a úsáidtear le haghaidh thiontú SEER, úsáidfean le haghaidh thiontú SEPR iad.

### Coinníollacha teorann SPF

Chun SPF an ghineadóir fuaraithe a shainiú, úsáidfean coinníollacha teorann SPF a shainítear i Rialachán (AE) Uimh. 2281/2016 agus i Rialachán (AE) Uimh. 206/2012. I gcás gineadóirí fuaraithe uisce go haer agus uisce go huisce, is trí fhachtóir ceartúcháin  $F(2)$  a áirítear an t-ionchur fuinnimh atá ag teastáil chun an fhoinsé fuachta a chur ar fáil. Taispeántar coinníollacha teorann SPF i bhFíor 1. Beidh feidhm ag na coinníollacha teorann sin maidir le gach córas fuaraithe, bíodh córais fuaraithe shaoir ann nó córais ina bhfuil gineadóirí fuaraithe.

<sup>(1)</sup> Is ionann  $SPF_p$  agus  $\eta_{s,c}$  a shainmhínítear i Rialachán (AE) Uimh. 2281/2016.


<sup>(2)</sup> Rialachán (AE) Uimh. 813/2013 ón gCoimisiún an 2 Lúnasa 2013 lena gcuirtear chun feidhme Treoir 2009/125/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle i ndáil le ceanglais éicidhearthóireachta le haghaidh téitheoirí spáis agus comhthéitheoirí (IO L 239, 6.9.2013, lch. 136)

<sup>(3)</sup> I gCuid 1 de staidéar ENER/C1/2018-493 *Cooling Technologies Overview and Market Share* [Forbhreathnú ar Theicneolaíochtaí Fuaraithe agus Sciar den Mhargadh] tugtar sainmhínte is mionsonraithe agus cothromóidí na méadrachtaí sin i gcaibidil 1.5 *Energy efficiency metrics of state-of-the-art cooling systems* [Méadrachtaí éifeachtúlachta fuinnimh na gcóras fuaraithe úrscóthach].

Na coinníollacha teorann sin, tá siad comhchosúil leis na coinníollacha le haghaidh teaschaidéal (a úsáidtear sa mhodh téimh) i gCinneadh 2013/114/AE ón gCoimisiún <sup>(14)</sup>. Is é an difríocht nach ndéantar an tomhaltas leictreachais a fhreagraíonn do thomhaltas cumhachta cúnta (mód teirmeastait as, mód fuireachais, mód as, téitheoir cáis cromáin) a chur san áireamh chun SPF a mheas. Mar sin féin, dála mar atá i gcás an fhuaraithe, úsáidfeadh luachanna caighdeánacha SPF agus SPF tomhaiste araon, agus ós rud é go gcuirtear tomhaltas cúnta SPF tomhaiste san áireamh, is gá tomhaltas cumhachta cúnta a áireamh sa dá chás.

Maidir le fuarú ceantair, ní áireofar cailteanais fuachta mar gheall ar dháileachán agus tomhaltas leictreach caidéal dáileacháin idir an gléasra fuaraithe agus fostáisiún an chustaiméara agus meastachán ar SPF á dhéanamh.

I gcás córais fuaraithe aerbhunaithe lena n-áirithítear an fheidhm aerála freisin, ní chuirfeadh an soláthar fuaraithe mar gheall ar shreabhadh air aerála sa chuntas. Déanfar an chumhacht ghaothráin atá ag teastáil maidir leis an aeráil a fhágáil as an gcuntas freisin i gcomhréir le cóimheas an tsreafa air aerála leis an sreabhadh air fuaraithe.



Fíor 1 Léiriú ar choinníollacha teorann SPF le haghaidh gineadóir fuaraithe a úsáideann fuarú caighdeánach SPF agus fuarú ceantair (agus córais fuaraithe mhóra eile a úsáideann SPF tomhaiste), i gcás inarb é  $E_{\text{INPUT\_AUX}}$  an t-ionchur fuinnimh chuig an ngaothrán agus/nó caidéal agus i gcás inarb é  $E_{\text{INPUT\_CG}}$  an t-ionchur fuinnimh chuig an ngineadóir fuaraithe

I gcás córais fuaraithe aerbhunaithe a ngabhann aisghabháil inmheánach fuachta leo, ní chuirfeadh an soláthar fuaraithe mar gheall ar aisghabháil na fuachta sa chuntas. Déanfar an chumhacht ghaothráin atá ag teastáil maidir leis an aisghabháil fuachta arna déanamh ag an teasmhalartóir a fhágáil as an gcuntas i gcomhréir le cóimheas na gcaillteanas brú mar gheall ar an teasmhalartóir aisghabhála fuachta le cailteanais bhrú iomlána an chórais fuaraithe aerbhunaithe.

### 3.4. Ríomh trí bhíthin luachanna caighdeánacha

Féadfar modh simplithe a úsáid le haghaidh córais fuaraithe aonair a bhfuil acmhainn is lú ná 1,5 MW acu, agus a bhfuil luach caighdeánach SPF ar fáil ina leith, chun meastachán a dhéanamh ar an bhfuinneamh fuaraithe iomlán a sholáthraítear.

Faoin modh simplithe, is é an fuinneamh fuaraithe a sholáthraíonn an córas fuaraithe ( $Q_{\text{supply}}$ ) an acmhainn fuaraithe ainmniúil ( $P_C$ ) arna iolrú faoi líon na n-uaireanta lánlód coibhéseacha (EFLH). Féadfar luach amháin Laethanta Céime Fuaraithe (CDD) a úsáid le haghaidh tír iomlán, nó luachanna ar leith le haghaidh criosanna aeráide éagsúla ar choinníoll go bhfuil acmhainní ainmniúla agus SPFanna ar fáil maidir leis na criosanna aeráide sin.

Féadfar na modhanna réamhshocraithe seo a leanas a úsáid chun EFLH a ríomh:

- le haghaidh fuarú spáis san earnáil cónaithe:  $EFLH = 96 + 0,85 * CDD$
- le haghaidh fuarú spáis san earnáil threasach:  $EFLH = 475 + 0,49 * CDD$
- le haghaidh fuarú próisis:  $EFLH = \tau_s * (7300 + 0,32 * CDD)$

<sup>(14)</sup> Cinneadh ón gCoimisiún an 1 Márta 2013 lena mbunaítear na treoirlínte do na Ballstáit maidir le fuinneamh in-athnuaite ó theaschaidéil a ríomh ó theicneolaíochtaí éagsúla teaschaidéil de bhun Airteagal 5 de Threoir 2009/28/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 62, 6.3.2013, lch. 27).

I gcás inar:

fachtóir gníomhaíochta é  $\tau_s$  chun cuntas a thabhairt in am oibriúcháin na bpróiseas sonracha (e.g. an bhliain ar fad  $\tau_s = 1$ , gan baint don deireadh seachtaine  $\tau_s = 5/7$ ). Níl aon luach réamhshocráithe ann.

#### 3.4.1. Ríomh trí bhíthin luachanna tomhaiste

Maidir le córais nach bhfuil aon luach caighdeánach ar fáil ina leith, chomh maith le córais fuaraithe a bhfuil acmhainn is mó ná 1,5 MW acu agus córais fuaraithe ceantair, déanfar a bhfuair in-athnuaite a ríomh bunaithe ar na tomhais seo a leanas:

*Ionchur fuinnimh tomhaiste:* Áirítear san ionchur fuinnimh tomhaiste gach foinse fuinnimh le haghaidh an chórais fuaraithe, lena n-áirítear aon ghineadóir fuaraithe, i.e. leictreachas, gás, teas etc. Áirítear ann freisin caidél chúnta agus gaothráin a úsáidtear sa chóras fuaraithe ach ní chun fuarú a dháileadh ar fhoirgneamh nó ar phróiseas. I gcás an fhuaraithe aerbhunaithe a bhfuil feidhm aerála aige, ní chuimseofar in ionchur fuinnimh an chórais fuaraithe ach an t-ionchur breise fuinnimh mar gheall ar an bhfuair.

*Soláthar fuinnimh fuaraithe tomhaiste:* Déanfar an soláthar fuinnimh fuaraithe a thomhas mar an t-aschur ón gcóras fuaraithe agus dealófar aon chaillteanas fuachta uaidh chun meastachán a dhéanamh ar an nglansoláthar fuinnimh fuaraithe don fhoirgneamh nó don phróiseas arb é úsáideoir deiridh an fhuaraithe é. I measc na gcaillteanas fuachta tá cailleanais i gcóras fuaraithe ceantair agus sa chóras dáilte fuaraithe i bhfoirgneamh nó i suíomh tionsclaíoch. Beidh an soláthar fuinnimh fuaraithe glan ar an éifeacht a bhaineann le haer úr a thabhairt isteach chun críoch aerála i gcás an fhuaraithe aerbhunaithe a bhfuil feidhm aerála aige.

Ní mór na tomhais a dhéanamh maidir leis an mbliain shonrach atá le tuairisciú i.e. an t-ionchur fuinnimh uile agus an soláthar fuinnimh fuaraithe uile maidir leis an mbliain ar fad.

#### 3.4.2. Fuarú ceantair: Ceanglais bhreise

I gcás córais fuaraithe ceantair, déanfar an glansoláthar fuaraithe ar leibhéal an chustaiméara a chuntas agus an glansoláthar fuaraithe á shainiú, arna chur in iúl mar  $Q_{C\_Supply\_net}$ . Déanfar cailleanais theirmeacha a tharlaíonn sa líonra dáileacháin ( $Q_{C\_LOSS}$ ) a bhaint as an ollsoláthar fuaraithe ( $Q_{C\_Supply\_gross}$ ) mar a leanas:

$$Q_{C\_Supply\_net} = Q_{C\_Supply\_gross} - Q_{C\_LOSS}$$

##### 3.4.2.1. Roinnt ina bhfóchárais

Is féidir córais fuaraithe ceantair a roinnt ina bhfóchárais, ina bhfuil ar a laghad gineadóir fuaraithe amháin nó córas fuaraithe shaoir. Chuige sin, ní mór an soláthar fuinnimh fuaraithe agus an t-ionchur fuinnimh le haghaidh gach fóchárais a thomhas chomh maith le leithdháileadh cailleanas fuachta in aghaidh an fhóchárais mar a leanas:

$$Q_{C\_Supply\_net\_i} = Q_{C\_Supply\_gross\_i} \times \left( 1 - \frac{Q_{C\_LOSS}}{\sum_{i=1}^n Q_{C\_Supply\_gross\_i}} \right)$$

##### 3.4.2.2. Gabhálais

Agus córas fuaraithe á roinnt ina fhóchárais, cuirfear nithe cunta (e.g. rialuithe, caidél agus gaothráin) an ghineadóira fuaraithe/na ngineadóirí fuaraithe agus/nó cúntóirí an chórais fuaraithe shaoir/na gcóras fuaraithe shaoir san áireamh san fhócháras céanna/sna fóchárais céanna. Ní thugtar cuntas i bhfuinneamh cunta a chomhfhreagraíonn do dháileadh fuaraithe laistigh den fhoirgneamh, e.g. caidél thánaisteacha agus aonaid losa (e.g. aonaid gaothráin agus chorna, gaothráin in aonaid láimhseála air).

I gcás nithe cunta nach féidir a leithdháileadh ar fhócháras sonracha, mar shampla caidél líonra fuaraithe ceantair lena soláthraítear an fuinneamh fuaraithe a sholáthraíonn na gineadóirí fuaraithe uile, leithdháilfear a dtomhaltas fuinnimh phríomhúil ar gach fócháras fuaraithe i gcion an fhuinnimh fuaraithe a sholáthraíonn na gineadóirí fuaraithe agus/nó córais fuaraithe shaoir gach fóchárais, ar an mbealach céanna a dhéantar le cailleanais fuachta sa líonra, mar a leanas

$$E_{INPUT\_AUX\_i} = E_{INPUT\_AUX1\_i} + E_{INPUT\_AUX2} * \frac{Q_{C\_Supply\_net\_i}}{\sum_{i=1}^n Q_{C\_Supply\_net\_i}}$$

i gcás inarb é:

$E_{INPUT\_AUX1\_i}$  an tomhaltas cunta fuinnimh atá ag fócháras "i";

$E_{INPUT\_AUX2}$  an tomhaltas cunta fuinnimh atá ag an gcóras fuaraithe ina iomláine, tomhaltas nach féidir a leithdháileadh ar fhócháras fuaraithe sonracha.

**3.5. Cainníocht fuinnimh in-athnuaite le haghaidh an fhuaraithe a ríomh maidir leis na scaireanna in-athnuaite foriomlána agus maidir leis na scaireanna fuinnimh in-athnuaite le haghaidh an téimh agus an fhuaraithe**

Chun scaireanna foriomlána an fhuinnimh in-athnuaite a ríomh, cuirfear cainníocht an fhuinnimh in-athnuaite le haghaidh an fhuaraithe leis an uimhreoir “olltomhaltas deiridh fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite” agus leis an ainmneoir “olltomhaltas deiridh fuinnimh” araon.

Chun scaireanna an fhuinnimh in-athnuaite le haghaidh an téimh agus an fhuaraithe a ríomh, cuirfear cainníocht an fhuinnimh in-athnuaite le haghaidh an fhuaraithe leis an uimhreoir “olltomhaltas deiridh fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite le haghaidh an téimh agus an fhuaraithe” agus leis an ainmneoir “olltomhaltas deiridh fuinnimh le haghaidh an téimh agus an fhuaraithe” araon.

**3.6. Treoir maidir le modheolaíochtaí agus ríomhanna níos cruinne a fhorbairt**

Beartaítear agus spreagtar go ndéanfaidh na Ballstáit a meastacháin féin le haghaidh SPF agus EFLH araon. Ba cheart chuir chuige náisiúnta/réigiúnacha ar bith den sórt a bhunú ar thoirimhí cruinne, samplaí ionadaíocha de mhéid leordhóthanach, arbh é a bheadh mar thoradh orthu meastachán maidir le fuinneamh in-athnuaite atá feabhsaithe go suntasach i gcomparáid le meastachán a gheofaí tríd an modheolaíocht a leagtar amach sa Ghníomh Tarmlichte seo a úsáid. Féadfar na modheolaíochtaí feabhsaithe sin a bhunú ar ríomh mionsonraithe bunaithe ar shonraí teicniúla lena gcuirfear san áireamh, i measc nith eile, bliain na suiteála, caighdeán na suiteála, cineál an chomhbhrúiteora agus méid an innill, an modh oibríochta, an líonra dáileacháin, carnadh gineadóirí agus an aeráid réigiúnach. Déanfaidh na Ballstáit a úsáidfidh modheolaíochtaí malartacha agus/nó luachanna na modheolaíochtaí agus na luachanna sin a chur faoi bhráid an Choimisiúin mar aon le tuarascáil lena mínítear an modh agus na sonraí a úsáidtear. Déanfaidh an Coimisiún, más gá, na doiciméid a aistriú agus iad a fhoilsiú ar a chlár oibre trédhearcachta.”

---



**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2022/760 ÓN gCOIMISIÚN**  
**an 8 Aibreán 2022**

**lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2306 a mhéid a bhaineann leis na forálacha idirthréimhseacha le haghaidh deimhnithe cigireachta a eisítear san Úcráin**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le táirgeadh orgánach agus lipéadú táirgí orgánacha agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle <sup>(1)</sup>, agus go háirithe Airteagal 38(8), pointe (a)(ii), Airteagal 46(7), pointe (b), agus Airteagal 57(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2306 ón gCoimisiún <sup>(2)</sup> leagtar síos rialacha maidir leis na rialuithe oifigiúla i leith táirgí orgánacha agus táirgí atá á dtiontú a bheartaítear a allmhairiú isteach san Aontas agus maidir leis an deimhniú cigireachta.
- (2) I gcomhréir le hAirteagal 5(3), an chéad fhomhír, de Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2306, tá an deimhniú cigireachta le heisiúint in TRACES agus tá ríomhshéala cáilithe le gabháil leis. Foráiltear leis an bhforáil idirthréimhseach a leagtar síos in Airteagal 11(1) den Rialachán sin, de mhaolú ar Airteagal 5(3), an chéad fhomhír, den Rialachán sin, go dtí an 30 Meitheamh 2022, go bhféadfar an deimhniú cigireachta a eisiúint ar pháipéar tar éis a bheith líonta isteach in TRACES agus priontáilte. Tá an próiseas maidir le clárú na n-údarás rialaithe agus na gcomhlachtaí rialaithe le haghaidh an ríomhshéala cháilithe ar siúl faoi láthair.
- (3) Is é atá in ionradh na Rúise ar an Úcráin an 24 Feabhra 2022 dúshlán eisceachtúil do na húdaráis rialaithe agus do na comhlachtaí rialaithe a aithníodh chun táirgí orgánacha a onnmhairiú ón Úcráin chuig an Aontas, dúshlán nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe. San Úcráin, tá cur isteach ar na seirbhísí poist freisin.
- (4) Mar sin, duine údaraithe atá lonnaithe san Úcráin de chuid údarás rialaithe nó comhlachta rialaithe nach bhfuil ríomhshéala leictreonach aige, ní féidir leis deimhnithe cigireachta leictreonacha a eisiúint go fóill i gcomhréir le hAirteagal 5(3), an chéad fhomhír, de Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2306. Ar an taobh eile, ní féidir leis an duine údaraithe sin úsáid a bhaint as an bhféidearthacht an deimhniú cigireachta a eisiúint ar pháipéar, i gcomhréir leis an bhforáil idirthréimhseach in Airteagal 11(1) den Rialachán sin ach an oiread, i bhfianaise go bhfuil cur isteach ar sheirbhísí poist san Úcráin faoi láthair.
- (5) Sa chomhthéacs sin, is gá dá bhrí sin a cheadú do dhuine údaraithe atá lonnaithe san Úcráin de chuid údarás rialaithe nó comhlachta rialaithe nach bhfuil ríomhshéala leictreonach aige go fóill, an deimhniú cigireachta a tháirgeadh agus a chur isteach in TRACES i bhformáid leictreonach gan ríomhshéala leictreonach a chur i bhfeidhm i mbosca 18 den deimhniú sin. Ar an gcuma chéanna, is gá a cheadú do na húdaráis inniúla sna Ballstáit ag na poist rialaithe teorann nó ag na pointí scaoilte i saorchúrsaíocht rialaithe allmhairithe a dhéanamh ar dheimhnithe cigireachta den sórt sin agus iad a fhormhuiniú in TRACES le ríomhshéala cáilithe nó ar pháipéar le síniú lámhscríofa an duine údaraithe tar éis a bheith líonta isteach in TRACES agus priontáilte.
- (6) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2306 a leasú dá réir sin.
- (7) Mar gheall ar ionradh na Rúise ar an Úcráin agus ar an bhfreagairt láithreach a bhí riachtanach, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo go haisghníomhach ón 24 Feabhra 2022,

<sup>(1)</sup> IO L 150, 14.6.2018, lch. 1.

<sup>(2)</sup> Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2306 ón gCoimisiún an 21 Deireadh Fómhair 2021 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha maidir leis na rialuithe oifigiúla i leith coinsíneachtaí de tháirgí orgánacha agus táirgí atá á dtiontú a bheartaítear a allmhairiú isteach san Aontas agus maidir leis an deimhniú cigireachta (IO L 461, 27.12.2021, lch. 13).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Leasuithe ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2306**

Leasaítear Airteagal 11 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2306 mar a leanas:

(1) cuirtear an mhír 1a seo a leanas isteach:

“1a. De mhaolú ar Airteagal 5(3), an chéad fhomhír, go dtí an 30 Meitheamh 2022, féadfaidh duine údaraithe atá lonnaithe san Úcráin de chuid údaráis rialaithe nó comhlachta rialaithe nach bhfuil ríomhshéala leictreonach aige an deimhniú cigireachta a tháirgeadh agus a chur isteach in TRACES i bhformáid leictreonach gan ríomhshéala leictreonach a chur i bhfeidhm i mbosca 18 de. Eiseofar deimhniú den sórt sin sula bhfágann an choinsíneacht lena mbaineann sé an tríú tír is onnmhaireoir nó an tríú tír tionscnaimh.”;

(2) i mír 2, cuirtear an pointe (c) a leanas isteach:

“(c) i gcás ina ndéantar an deimhniú cigireachta a tháirgeadh agus a chur isteach in TRACES i bhformáid leictreonach i gcomhréir le mír 1a, formhuineofar an deimhniú sin in TRACES le ríomhshéala cáilithe nó ar pháipéar le síniú lámhscríofa dhuine údaraithe an údaráis inniúil ag an bpost rialaithe teorann nó ag an bpointe scaoilte i saorchúrsaíocht, i mboscaí 23, 25 agus 30, de réir mar is iomchuí, tar éis a bheith líonta isteach in TRACES agus priontáilte.”.

*Airteagal 2*

**Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 24 Feabhra 2022.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 8 Aibreán 2022.

*Thar ceann an Choimisiúin*

*An tUachtarán*

Ursula VON DER LEYEN

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/761 ÓN gCOIMISIÚN**  
**an 13 Bealtaine 2022**

**lena bhformheastar leasú nach mion ar shonraíocht ainm a iontráladh sa chlár um shonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint agus um thásca geografacha faoi chosaint, is é sin (“Agneau du Périgord” (TGFC))**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Samhain 2012 maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí <sup>(1)</sup>, agus go háirithe Airteagal 52(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) I gcomhréir le hAirteagal 53(1), an chéad fhomhír, de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012, tá scrúdú déanta ag an gCoimisiún ar iarratas na Fraince ar fhormheas ar leasú ar shonraíocht an táisc gheografacha faoi chosaint “Agneau du Périgord” atá cláraithe faoi Rialachán (AE) Uimh. 1163/2010 ón gCoimisiún <sup>(2)</sup>.
- (2) Ós rud é gur leasú nach mion atá sa leasú i gceist de réir bhrí Airteagal 53(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012, d’fhoilsigh an Coimisiún an t-iarratas ar leasú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* <sup>(3)</sup> mar a cheanglaítear le hAirteagal 50(2)(a) den Rialachán sin.
- (3) Ós rud é nach bhfuair an Coimisiún aon ráiteas freasúra faoi Airteagal 51 de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012, ba cheart an leasú ar an tsonraíocht a fhormheas,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

An leasú ar an tsonraíocht a foilsíodh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* maidir leis an ainm “Agneau du Périgord” (TGFC), is leasú é atá formheasta anois.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 13 Bealtaine 2022.

*Thar ceann an Choimisiúin,*  
*Ar son an Uachtaráin,*  
Janusz WOJCIECHOWSKI  
*Comhalta den Choimisiún*

<sup>(1)</sup> IO L 343, 14.12.2012, lch. 1.

<sup>(2)</sup> Rialachán (AE) Uimh. 1163/2010 ón gCoimisiún an 9 Nollaig 2010 lena gcláraítear ainm sa chlár um shonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint agus um thásca geografacha faoi chosaint [Agneau du Périgord (TGFC)] (IO L 326, 10.12.2010, lch. 64).

<sup>(3)</sup> IO C 42, 27.1.2022, lch. 3.

# CINNÍ

## CINNEADH (AE) 2022/762 ÓN gCOMHAIRLE

an 12 Bealtaine 2022

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste um Rialú Stáit ar Chalafóirt den Mheabhrán Comhthuisceana Pháras um Rialú Stáit ar Chalafóirt a mhéid a bhaineann le ballraíocht Chónaidhm na Rúise i Meabhrán Comhthuisceana Pháras**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 100(2) de, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Síníodh Meabhrán Comhthuisceana um Rialú Stáit ar Chalafóirt (“Meabhrán Comhthuisceana Pháras”) i bPáras an 26 Eanáir 1982 agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Iúil 1982. Tá 27 údarás muirí mar chomhalta ag Meabhrán Comhthuisceana Pháras, eadhon, an Bheilg, an Bhulgáir, Ceanada, an Chróit, an Chipir, an Danmhairg, an Eastóin, an Fhionlainn, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Ghréig, an Íoslainn, Éire, an Iodáil, an Laitvia, an Liotuáin, Málta, an Ísiltír, an Iorua, an Pholainn, an Phortaingéil, an Rómáin, Cónaidhm na Rúise, an tSlóivéin, an Spáinn, an tSualainn agus an Ríocht Aontaithe. Níl an tAontas ina chomhalta de Mheabhrán Comhthuisceana Pháras.
- (2) Le Treoir 2009/16/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(1)</sup> leagtar amach córas dlí an Aontais maidir le rialú Stáit ar chalafóirt, lena ndéantar athfhoirmlíú agus treisiú ar ghníomhartha dlí a bhí ag an Aontas sa réimse seo roimhe seo, agus atá i bhfeidhm ó 1995 i leith. Tá córas dlí an Aontais maidir le rialú stáit ar chalafóirt bunaithe ar Mheabhrán Comhthuisceana Pháras.
- (3) A mhéid a bhaineann leis na Ballstáit, le Treoir 2009/16/CE, tugtar nósanna imeachta, uirlisí agus gníomhaíochtaí Mheabhrán Comhthuisceana Pháras, go héifeachtach, faoi raon feidhme dhlí an Aontais. De bhua na Treorach sin, tiocfaidh cinntí áirithe arna nglacadh ag an gCoiste um Rialú Stáit ar Chalafóirt (“PSCC”) arna bhunú de bhun Roinn 7.1 de Mheabhrán Comhthuisceana Pháras chun a bheith ceangailteach ar na Ballstáit.
- (4) Sna conclúidí uathí an 24 Feabhra 2022, cháin an Chomhairle Eorpach go géar an fogha míleata gan chúis gan údar a thug Cónaidhm na Rúise faoin Úcráin. Sna conclúidí uathí an 24-25 Márta 2022, dhearbhaigh an Chomhairle Eorpach go bhfuil an dlí idirnáisiúnta á shárú go mór ag cogadh foghach Chónaidhm na Rúise i gcoinne na hÚcráine agus d’éiligh sí go gcuirfeadh Cónaidhm na Rúise stop láithreach leis an bhfogha atá á tabhairt aici faoi chríoch na hÚcráine.
- (5) I gcomhthéacs an fhogha mhíleata a thug Cónaidhm na Rúise faoin Úcráinan, an 14 Márta 2022 fuair Rúnáíocht Mheabhrán Comhthuisceana Pháras litir ó Aire Bonneagair na hÚcráine. Sa litir sin, iarradh ar Mheabhrán Comhthuisceana Pháras gan soithí a bhfuil bratach na hÚcráine ar foluain acu a choinneáil go míchuí i ndiaidh cigireachtaí maidir le rialú Stáit ar chalafóirt, Cónaidhm na Rúise a eisiáimh ó Mheabhrán Comhthuisceana Pháras agus gan deimhnithe arna n-eisiúint thar ceann Údarás Muirí Chónaidhm na Rúise a aithint.

<sup>(1)</sup> Treoir 2009/16/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 maidir le rialú stáit ar chalafóirt (IO L 131, 28.5.2009, lch. 57).

- (6) Maidir leis an iarraidh gan soithí na hÚcráine a choinneáil go míchuí, an 2 Márta 2022 d'eisigh Meabhrán Comhthuisceana Pháras PSCircular 101 (Treoir maidir le hAisdúichiú Maraithe mar gheall ar an staid san Úcráin) ina dtugtar aghaidh ar an ábhar sin. Cuireann PSCircular 101 na húdaráis comhaltaí ar an eolas go bhfuil gá le solúbthacht a chur i bhfeidhm agus cúrsaí mar atá i láthair na huair, lena n-áirítear i leith aisdúichiú maraithe, an Coinbhinsiún Oibreachais Mhuirí, 2006, deimhnithe arna n-eisiúint faoin gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta maidir le Caighdeáin Oiliúna, Deimhniúcháin agus Faire do Mharaithe, 1978 agus teastais leighis. Is féidir le Meabhrán Comhthuisceana Pháras tuilleadh coigeartuithe a mheas ar PSCircular 101, i gcás ina bhféadfaidh forbairtí gur gá é sin a dhéanamh. Ba cheart an seasamh sin a chur in iúl d'údaráis na hÚcráine.
- (7) I ndáil leis an iarraidh maidir le ballraíocht Chónaidhm na Rúise i Meabhrán Comhthuisceana Pháras, ba cheart a thabhairt faoi deara go ndearnadh Cónaidhm na Rúise a eisiáimh ó rochtain ar uirlis spriocdhírthe maidir le rialú Stáit ar chalafoirt "THETIS" agus óna húsáid, agus ón mbunachar sonraí cigireachta dá bhforáiltear faoi Airteagal 24 de Threoir 2009/16/CE. Ciallaíonn sé sin go bhfuil srian mór curtha cheana féin ar rannpháirtíocht Chónaidhm na Rúise in obair Mheabhrán Comhthuisceana Pháras agus, gan rochtain aici ar an mbunachar sin, nach féidir le Cónaidhm na Rúise a cuid oibleagáidí a chomhlíonadh go héifeachtach faoi Mheabhrán Comhthuisceana Pháras.
- (8) Níl aon nós imeachta ná sásra i Meabhrán Comhthuisceana Pháras ná in aon cheann de na treoracha beartais chun comhaltaí a bhaint de Mheabhrán Chomhthuisceana Pháras. Seachas ball a eisiáimh ó Mheabhrán Chomhthuisceana Pháras, is rogha eile é ballraíocht a chur ar fionraí go dtí go bhfógrófar a mhalairt. Cé go mbeadh an éifeacht láithreach na fionraíochta cosúil le héifeacht an eisiaimh, níl sé chomh buan céanna. Mar sin féin, níor cuireadh aon fhoráil i Meabhrán Comhthuisceana Pháras maidir le ballraíocht a chur ar fionraí ach oiread. Dá gcuirfí ballraíocht Chónaidhm na Rúise ar fionraí, bheadh an deis ann tuilleadh machnaimh a dhéanamh ar an ngá atá ann í a eisiáimh go hiomlán ó Mheabhrán Chomhthuisceana Pháras, agus d'fhéadfaí é a fhreaschur dá dtiocfadh athrú ar na cúinsí.
- (9) Tá an tAontas, mar ghníomhaí domhanda, i gcroílár iarrachtaí na Náisiún Aontaithe agus fóram agus próiseas iltaobhacha eile chun go mbeidh Cónaidhm na Rúise cuntasach as an bhfogha míleata gan chúis gan údar a thug sí faoin Úcráin, chun stop a chur leis an bhfogha míleata atá á thabhairt aici faoi chríoch na hÚcráine agus chun a áirithiú go n-urramófar go hiomlán arís ceannasacht, neamhspleáchas agus iomláine chríochach na hÚcráine laistigh de na teorainneacha dá cuid a aithnítear go hidirnáisiúnta. An fogha míleata gan chúis gan údar a thug Cónaidhm na Rúise faoin Úcráin, is sárú tromchúiseach ar Airteagal 2(4) de Chairt na Náisiún Aontaithe é, lena gcuirtear toirmeasc ar bhagairt nó ar úsáid fornirt i gcoinne iomláine chríochach nó neamhspleáchas polaitiúil aon Stáit.
- (10) I bhfianaise a bhfuil thuas, agus i bhfianaise a thromchúisí atá an staid agus fad nach gcloíonn Cónaidhm na Rúise le prionsabail Chairt na Náisiún Aontaithe agus nach gcomhlíonann sí a hoibleagáidí idirnáisiúnta, is iomchuí ballraíocht Chónaidhm na Rúise i Meabhrán Comhthuisceana Pháras a chur ar fionraí i gcomhréir le hAirteagal 62(3) de Choinbhinsiún Vín maidir le Dlí na gConarthaí.
- (11) Tá comhar sa PSC le comhaltaí eile tríú tíortha Mheabhrán Comhthuisceana Pháras, eadhon, (Ceanada, an Íoslainn, an Iorua agus an Ríocht Aontaithe) riachtanach chun teacht ar chinneadh maidir le ballraíocht Chónaidhm na Rúise i Meabhrán Comhthuisceana Pháras a chur ar fionraí.
- (12) Maidir leis an iarraidh gan teastais arna n-eisiúint ag Riarachán Muirí Chónaidhm na Rúise a aithint, eisítear na deimhnithe den sórt sin i gcomhréir leis na coinbhinsiúin idirnáisiúnta. Ós rud é go bhfuil Cónaidhm na Rúise fós ina comhalta den Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta, níl inniúlacht ag Meabhrán Comhthuisceana Pháras teastais den sórt sin a dhí-aithint. Ba cheart an seasamh sin a chur in iúl d'údaráis na hÚcráine.
- (13) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa PSC a bhunú a mhéid a bhaineann le ballraíocht Chónaidhm na Rúise i Meabhrán Comhthuisceana Pháras toisc go bhféadfaidh na cinntí tionchar a imirt ar dhlí an Aontais, eadhon Treoir 2009/16/CE.
- (14) Ba cheart do Bhallstáit an Aontais atá ina gcomhaltaí de Mheabhrán Comhthuisceana Pháras, ag gníomhú dóibh go comhpháirteach chun leas an Aontais, seasamh an Aontais a chur in iúl,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste um Rialú Stáit ar Chalafoirt (“PSCC”) den Mheabhrán Comhthuisceana Pháras um Rialú Stáit ar Chalafoirt (“Meabhrán Comhthuisceana Pháras”) a mhéid a bhaineann le ballraíocht Chónaidhm na Rúise i Meabhrán Comhthuisceana Pháras, leagtar amach é mar seo a leanas:

- (a) comhaontú leis an gcur chuige a leagtar amach i mír 5 de dhoiciméad PSCC PSCC55/11.1 i ndáil le coinneáil soithí faoi bhratach na hÚcráine i gcalafoirt Mheabhrán Comhthuisceana Pháras;
- (b) tacú ar bhonn gníomhach Cónaidhm na Rúise a chur ar fionraí ó Mheabhrán Comhthuisceana Pháras tar éis an fhogha mhíleata gan chúis gan údar a thug sí faoin Úcráin;
- (c) gach iarracht a dhéanamh teacht ar chomhthoil idir comhaltaí Mheabhrán Comhthuisceana Pháras seachas Cónaidhm na Rúise maidir le Cónaidhm na Rúise a chur ar fionraí ó Mheabhrán Comhthuisceana Pháras go dtí go bhfógrófar a mhalairt;
- (d) comhaontú leis an gcur chuige a leagtar amach i mír 7 de dhoiciméad PSCC PSCC55/11.1 i ndáil le dí aithint deimhnithe reachtúla arna n-eisiúint ag Cónaidhm na Rúise.

*Airteagal 2*

Tá an seasamh dá dtagraítear in Airteagal 1 le cur in iúl ag Ballstáit an Aontais atá ina gcomhaltaí de Mheabhrán Comhthuisceana Pháras, ag gníomhú go comhpháirteach dóibh chun leas an Aontais.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 12 Bealtaine 2022.

*Thar ceann na Comhairle*  
*An tUachtarán*  
J.-Y. LE DRIAN

---

**CINNEADH (AE) 2022/763 ÓN gCOIMISIÚN****an 21 Nollaig 2021****maidir leis an státchabhair SA.60165-2021/C (ex 2021/N) a bhfuil sé beartaithe ag an bPortaingéil í a chur chun feidhme le haghaidh SGPS TAP***(a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhoiciméad C(2021)9941)***(Is ag an téacs sa Bhéarla a bheidh an t-údarás agus aige sin amháin)****(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe an chéad fhomhír d'Airteagal 108(2) de,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, agus go háirithe Airteagal 62(1)(a) de,

Ag féachaint don chinneadh lenar chinn an Coimisiún an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 108(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a thionscnamh, i ndáil le cabhair SA.60165 (2021/C) <sup>(1)</sup>,Tar éis a iarraidh ar na páirtithe leasmhara a gcuid barúlacha a thíolacadh de bhun na forála thuasluaite <sup>(2)</sup> agus ag féachaint dá gcuid barúlacha,

De bharr an mhéid seo a leanas:

**1. NÓS IMEACHTA**

- (1) An 10 Meitheamh 2021, thug an Phortaingéil fógra faoina pleananna chun státchabhair EUR 3.2 billiún, mar chabhair um athstruchtúrú, a dheonú don aonad eacnamaíoch faoi na Treoirlínte maidir le Státchabhair chun gnóthais neamhairgeadais atá i gcruachás a tharrtháil agus a athstruchtúrú ("Treoirlínte R&R") <sup>(3)</sup> don aonad eacnamaíoch, atá faoi rialú aonair faoi láthair ag Stát na Portaingéile, lena gcuimsítear Transportes Aéreos Portugueses SGPS S.A. ("TAP SGPS") agus a chomhchuideachta reatha Transportes Aéreos Portugueses, S.A., lena n-áirítear a bhfochuideachtaí rialaithe (TAP SGPS). Tugadh an fógra sular tugadh iasacht tarrthála EUR 1.2 billiún do TAP SGPS, agus níor chuir an Coimisiún aon agóid ina coinne i gcinneadh an 10 Meitheamh 2020 ("an cinneadh tosaigh cúnamh tarrthála") <sup>(4)</sup>. Chuir an Phortaingéil an chabhair tarrthála i bhfeidhm agus d'eisíoc sí í chuig TAP SGPS i mí Iúil 2020 agus thíolaic sí plean athstruchtúraithe le haghaidh TAP SGPS an 10 Nollaig 2020. Leagan nuashonraithe den phlean athstruchtúraithe agus doiciméid tacaíochta eile a bhí ag gabháil leis an bhfógra.
- (2) An 19 Bealtaine 2021, chuir an Chúirt Ghinearálta an chéad chinneadh maidir le cúnamh tarrthála ar neamhniú ach chuir sí éifeachtaí an neamhniú ar fionraí go dtí go nglacfaidh an Coimisiún cinneadh nua <sup>(5)</sup>. An 16 Iúil 2021, ghlac an Coimisiún cinneadh nua nach ndearna aon agóid in aghaidh an chúnamh tarrthála <sup>(6)</sup> a tharraing caincean eile chun an cúnamh a neamhniú <sup>(7)</sup>.

<sup>(1)</sup> Cinneadh C(2021) 5278 final ón gCoimisiún an 16 Iúil 2021 i gcás SA.60165 (IO C 317, 6.8.2021, lch. 13).

<sup>(2)</sup> IO C 317, 6.8.2021, lch. 13.

<sup>(3)</sup> Communication from the Commission – Guidelines on State aid for rescuing and restructuring non-financial undertakings in difficulty [Teachtairéacht ón gCoimisiún – Treoirlínte maidir le státchabhair chun teacht i gcabhair ar ghnóilachtaí neamhairgeadais atá i gcruachás agus athstruchtúrú a dhéanamh orthu (IO C 249, 31.7.2014, lch. 1).

<sup>(4)</sup> Cinneadh ón gCoimisiún an 10 Meitheamh 2020 i gcás SA.57153 (2020/N) COVID-19 – Cúnamh do Lufthansa (IO C 228, 10.7.2020, lch. 1).

<sup>(5)</sup> Breithiúnas an 19 Bealtaine 2021, Ryanair DAC v an Coimisiún, T-465/20, EU:T:2021:284. Chinn an Chúirt Ghinearálta gur theip ar an gCoimisiún cúiseanna a lua i gcomhréir le hAirteagal 296 CFAE ina chéad chinneadh maidir le cabhair tarrthála, go háirithe gan a chur in iúl ar bhain TAP SGPS le grúpa de réir bhrí phointe 22 de Threoirlínte R&R. D'ordaigh an Chúirt Ghinearálta go ndéanfaí éifeachtaí neamhniú an chinnidh sin a chur ar fionraí ar feadh tréimhse nach faide ná 2 mhí ó dháta an bhreithiúnais má chinn an Coimisiún cinneadh nua a ghlacadh faoi Airteagal 108(3) CFAE, agus ar feadh tréimhse réasúnta breise más rud é gur chinn an Coimisiún nós imeachta a thionscnamh faoi Airteagal 108(2) CFAE.

<sup>(6)</sup> Cinneadh ón gCoimisiún an 16 Iúil 2021 i gcás SA 57369 – Cúnamh tarrthála do TAP SGPS (IO C 345, 27.8.2021, lch. 1).

<sup>(7)</sup> Cás T-743/21 Ryanair v an Coimisiún, ar feitheamh faoi láthair os comhair na Cúirte Ginearálta.

- (3) I litir dar dáta an 16 Iúil 2021, chuir an Coimisiún in iúl don Phortaingéil go raibh cinneadh déanta aige tús a chur leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 108(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (“CFAE”) i dtaca leis an gcabhair um athstruchtúrú (“an cinneadh oscailte”). Thug an Phortaingéil barúlacha maidir leis an gcinneadh sin i litreacha dar dáta an 19 Lúnasa agus an 27 Lúnasa 2021.
- (4) Foilsíodh an cinneadh ón gCoimisiún tús a chur leis an nós imeachta in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* <sup>(8)</sup>. D'iarr an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara a gcuid barúlacha a chur isteach laistigh de mhí amháin tar éis a bhfoilsithe.
- (5) Fuair an Coimisiún 39 tuairim ó pháirtithe leasmhara laistigh den teorainn ama a chuaigh in éag an 6 Meán Fómhair 2021. Chuir sí ar aghaidh chuig an bPortaingéil iad, a raibh an deis aici freagra a thabhairt uirthi. I litir dar dáta an 5 Deireadh Fómhair 2021, thíolaic an Phortaingéil barúlacha maidir leis na barúlacha ó na páirtithe leasmhara.
- (6) D'iarr an Coimisiún tuilleadh faisnéise faoin bplean athstruchtúrúcháin agus tacaíocht a thabhairt do chabhair agus cistiú don athstruchtúrú i litir dar dáta an 29 Deireadh Fómhair 2021, ar thug an Phortaingéil freagra uirthi an 16 Samhain 2021. D'iarr an Coimisiún agus údarais na Portaingéile físchomhdhálacha maidir leis na bearta iomaíochta atá beartaithe san fhógra agus d'iarr an Coimisiún freisin faisnéis bhreise ar struchtúr iomaíoch an mhargaidh le haghaidh seirbhísí aeriompair paisinéirí go dtí aerfort Liospóin agus uaidh an 25 Deireadh Fómhair 2021, lena n-áirítear faisnéis nuashonraithe faoi shealúchais sliotán na n-aeriompróirí atá ag oibriú ag an aerfort. Thug an Phortaingéil freagra an 2 agus an 8 Samhain 2021 agus chuir sí tuilleadh faisnéise isteach an 16, 25, 27, an 30 Samhain 2021 agus, faoi dheireadh, an 3 Nollaig 2021.
- (7) Chomhaontaigh an Phortaingéil, ar bhonn eisceachtúil, na cearta a eascraíonn as Airteagal 342 CFAE a tharscaoileadh i gcomhar le hAirteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 1/1958 <sup>(9)</sup> agus go ndéanfar an cinneadh sin a ghlacadh agus a chur in iúl i mBéarla de bhun Airteagal 297 CFAE.

## 2. TUAIRISC AR AN gCABHAIR

### 2.1. Tairbhí: Struchtúr úinéireachta agus fochuideachtaí oibriúcháin

- (8) Is é tairbhí na cabhrach um athstruchtúrú an t-aonad eacnamaíoch, atá faoi rialú aonair faoi láthair ag Stát na Portaingéile (aithrisí (11) agus (12)), a chuimsíonn TAP SGPS agus a chomhchuideachta reatha TAP Air Portugal, lena n-áirítear a bhfochuideachtaí rialaithe go léir. Is cuideachta shealbháíochta í TAP SGPS a corpraíodh in 2003, agus cruthaíodh TAP Air an Phortaingéil in 1945 mar aerlíne shuaitheanta na Portaingéile. Faoi 2017, bhí TAP SGPS faoi chomhrialtas ag Parpública – Participações Públicas, SGPS, S.A. (“Parpública”), ag gnóthas poiblí a bhainistíonn sealúchais de chuid Stát na Portaingéile, agus ag dhá chuideachta, HPGB SGPS, S.A. <sup>(10)</sup> (“HPGB”) agus ag Corparáid DGN (“DGN”), an dá cheann dheireanacha atá ag feidhmiú trí chuibhreas Gateways Atlantach SGPS, Lda. (“AGW”) <sup>(11)</sup>. Nuair a ghlac an Coimisiún an cinneadh tosaigh maidir le cúnamh tarrthála, bhí 50 % agus AGW 45 % de scaireanna TAP SGPS ag Parpública, agus bhí an 5 % eile de na scaireanna i seilbh fostaithe TAP SGPS. Tháinig athrú ar an staid úinéireachta sin i gcomhthéacs chur chun feidhme phróiseas tarrthála agus athstruchtúrú rianúcháin TAP SGPS.
- (9) Nuair a cuireadh tús le próiseas tarrthála agus athstruchtúrúcháin TAP SGPS, bhí TAP Air Portugal faoi lánúinéireacht ag TAP SGPS agus ba í a fochomhlacht ba mhó, agus ba é sin tuairim is 98 % de láimhdeachas TAP SGPS. Mhínigh údarais na Portaingéile nach rabhtas ag súil le hathruithe ar struchtúr scairshealbhóirí TAP SGPS go dtí mí an Mheithimh 2020, toisc gur chomhaontaigh scairshealbhóirí uile an tairbhí go raibh gá le cúnamh tarrthála chun gníomhaíocht TAP Air na Portaingéile a choimeád agus chun inmharthanacht TAP SGPS a choinneáil san fhadtéarma.

<sup>(8)</sup> Féach fonóta 1.

<sup>(9)</sup> Rialachán Uimh. 1 ón gComhairle an 15 Aibreán 1958 lena gcinntear na teangacha a úsáidfeair i gComhphobal Eacnamaíochta na hEorpa (IO 17, 6.10.1958, lch. 385).

<sup>(10)</sup> Tá HPGB, SGPS, S.A. lonnaithe i Liospóin agus tá sé mar chuid de Thionscal na gCuideachtaí agus na bhFiontar a Bhainistiú. HPGB, SGPS, S.A. Tá [...] fostaithe ag an suíomh seo. Tá [...] cuideachtaí sa HPGB, SGPS, S.A. teaghlach corparáideach.

<sup>(11)</sup> Chun tuilleadh sonraí a fháil maidir le HPGB, DGN agus an cuibhreas AGW, féach aithrisí 11 go 15 den chinneadh ón gCoimisiún an 16 Iúil 2021 i gcás SA.57369, dá dtagraítear san fhonóta 6.



- (10) Níor bhreithnigh údaráis na Portaingéile an tsaincheist maidir le rialú TAP SGPS go luath i mí Iúil 2020, i gcomhthéacs dúsháinn sa chaibidlíocht leis an AGW maidir le cur chun feidhme an chomhaontaithe iasachta tarrthála. [...]. I bhfianaise chliseadh airgeadais TAP SGPS, a bhí ag tathant ar chur chun feidhme an chúnaimh tarrthála, chinn údaráis na Portaingéile comhaontú príobháideach a thabhairt i gcrích le scairshealbhóirí AGW chun scairshealbha DGN a cheannach amach, [...]. [...], fuair Aireacht an Státchiste na Portaingéile (Direcção-Geral do Tesouro e Finanças ("DGTF")) scaireanna TAP SGPS go díreach arb ionann iad agus 22,5 % de scairchaipiteal TAP SGPS a bhí i seilbh an AGW roimhe sin. Mar thoradh air sin, glacann Stát na Portaingéile leis inniu, go díreach agus go hindíreach, seasamh tromlaigh arb ionann é agus 72,5 % den scairchaipiteal agus de chearta eacnamaíochta TAP SGPS (50 % trí Párpública agus 22,5 % trí DGTF). Bhí baint ag HPGB roimhe seo sa chuibhreannas AGW, ní go díreach in TAP SGPS, ach tar éis dó bun AGW a fháil, tá baint dhíreach ag HPGB go díreach i láthair na huaire i dtaca le FPA SGPS.
- (11) Dearbhaíonn údaráis na Portaingéile, de réir an chomhaontaithe scairshealbhaíochta a rinne Poblacht na Portaingéile trí ASAF, [...]. [...] <sup>(12)</sup>, [...] <sup>(13)</sup>. Leis an rialú ar 7,5 % den scairchaipiteal, [...], is ar Stát na Portaingéile amháin a thugtar smacht ar TAP SGPS.
- (12) Ar an gcuma chéanna, ó deonaíodh an chabhair tarrthála, tháinig athrú ar scairshealúchas TAP SGPS in TAP Air Portugal nuair a shínigh Stát na Portaingéile trí DGTF le hardú caipitil TAP Air Portugal de EUR 462 mhilliún <sup>(14)</sup>. Ón 24 Bealtaine 2021 amach, tá thart ar 92 % de scairchaipiteal TAP Air Portugal ag an Stát trí DGTF. Tá an 8 % eile fós ag tap SGPS. Tap Aeir an Phortaingéil an scairshealbhóir aonair de Réitigh Lóistíochta TAP, S.A., cuideachta corpraithe ar an 30 Nollaig 2019 chun gníomhaíochtaí lasta agus poist a oibriú.
- (13) Is leis an SGPS leas a bhaint as na cuideachtaí seo a leanas atá gníomhach i soláthar seirbhísí aeriompair sa Phortaingéil agus i dtíortha eile:
- 100 % i bPortugáil Airlines- Companhia Portuguesa de Transportes Aéreos, S.A. ("Portugalia");
  - 100 % in U.C.S.– Cuidados Integrados de Saúde, S.A., cuideachta atá gníomhach i seirbhísí cúraim sláinte, arb é TAP Air Portugal an príomhchliant atá aici freisin;
  - 100 % in TAPGER Sociedade de Gestão e Serviços, S.A. agus 99,83 % in AeroPar Participações Lda., an dá cheann acu ag feidhmiú mar ghabháiltais;
  - 78,72 % in TAP Manutenção e Engenharia Brasil, S.A ("M&E Brasil"), gníomhach i gcothabháil aerárthaí do TAP Air Portugal agus do thrú páirtithe;
  - 49 % (43,9 % go díreach agus 5,1 % tríd an bPortaingéil) in SPdH-Serviços Portugueses de Handling, S.A. (ar a dtugtar Groundforce Portugal freisin), cuideachta atá ag oibriú in earnáil an aerfoirt láimhseála ar an talamh sa Phortaingéil; agus
  - 51 % in CATERINGPOR- Catering de Portugal, S.A., atá gníomhach i soláthar lónadóireachta don eitlíocht, arb é TAP Air Portugal an príomhchliant di.
- (14) Maidir leis na hathruithe thuasluaite ar a dtugtar tuairisc ar an rialú le linn an phróisis tarrthála agus athstruchtúrúcháin, tá siad d'ainneoin go n-áirítear, chun críocha an Chinnidh seo, le haon tagairt don ghnóthas is tairbhí a bhfuil an chabhair um athstruchtúrú chun tairbhe dó, TAP SGPS agus a fhochuideachtaí go léir nuair a cuireadh tús lena phróiseas tarrthála agus athstruchtúrúcháin ó Mheitheamh 2020, lena n-áirítear TAP Air Portugal, mura sonraítear a mhalairt. Áirítear in aon tagairt d'Aeriompar TAP Air Portugal gach fochuideachta aeriompair de TAP SGPS, lena n-áirítear Portugáil, mura sonraítear a mhalairt.

<sup>(12)</sup> [...].

<sup>(13)</sup> [...].

<sup>(14)</sup> Cinneadh C(2021) 2991 final ón gCoimisiún an 23 Aibreán 2021 i gcás SA.62304 (2021/N) – an Phortaingéil – COVID 19: Cúiteamh damáiste don Phortaingéil (IO C 240, 18.6.2021, lch. 1).

## 2.2. Tairbhí: Na príomhghníomhaíochtaí in earnáil na heitlíochta

- (15) Laistigh den aonad eacnamaíoch is tairbhí, tá TAP Air an Phortaingéil gníomhach in aeriompar paisinéirí agus lastais. In 2019, sular athstruchtúró é, d'oibrigh TAP Air Portugal flí 108 aerárthach, lena n-áirítear aerárthaí a bhí á n-oibriú faoi chomhaontuithe léasa fhliuch, agus d'fhóin sé 92 cinn scríbe i 38 tír, a thug os cionn 17 milliún paisinéir ar bord agus d'oibrigh sí breis agus 130 000 eitilt. Bhí na heitiltí sin go háirithe ar bhealaí rialta ó aerfoirt amháil Liospóin, Porto, Faro agus ceithre oileán sna hAsóir agus i Maidéara agus freisin chuig cinn scríbe idirnáisiúnta, lena n-áirítear [...] aerfoirt san Eoraip (lasmuigh den Phortaingéil), [...] cinn scríbe sa Bhrasaíl <sup>(15)</sup>, [...] san Afraic <sup>(16)</sup> agus [...] i Meiriceá Thuaidh in 2019 <sup>(17)</sup>. TAP Air Portugal is mó a rinne struchtúró ar a hoibríochtaí timpeall aerfort Liospóin, aerfort atá mar phríomhchol aici.
- (16) Cuireann an Phortaingéil isteach gur soláthróir mór nascachta do phaisinéirí agus lasta í TAP Air Portugal chuig an bPortaingéil, ón bPortaingéil agus laistigh di. In 2019, ba í Air an Phortaingéil an t-aon aerlíne amháin a bhí ag oibriú [...] ar a [...] bhealaí i séasúr an tsamhraidh agus [...] as na bealaí [...] amach as séasúr an gheimhridh. Go háirithe, tá ról rithábhachtach ag TAP Air an Phortaingéil i dtaca le nascacht na Portaingéile agus na dtíortha leis an diaspóra a labhraíonn an Phortaingéilis. Meastar freisin gur colún de gheilleagar na Portaingéile é TAP Air na Portaingéile, go háirithe mar gheall ar an méid a chuireann sí le forbairt thionscal na turasóireachta sa Phortaingéil.
- (17) Cuireann aerlínte eile, aerlínte Eorpacha go háirithe, seirbhísí iompair paisinéirí air nó seirbhísí lastais ar fáil don Phortaingéil, amháil Ryanair mar an dara aerlíne is mó a oibríonn sa Phortaingéil, Wizzair agus easyJet, aerlínte Ghrúpa Lufthansa (lena n-áirítear Aerlínte na Bruiséile agus Aerlínte na hOstaire), Air France-KLM, Finnair, agus aerlínte IAG (go háirithe, Vueling agus Iberia).

## 2.3. Bunús na ndeacrachtaí atá ag an tairbhí agus staid airgeadais

- (18) Is iad saincheistanna sócmhainneachta agus leachtachta araon is cúis le staid reatha na deacrachta a bhaineann leis an tairbhí, agus géarghéarchéim leachtachta ann a spreag paindéim COVID-19.
- (19) Ar an gcéad dul síos, idir 2006 agus 2015, thiomsaigh SGPS TAP EUR [...] milliún [...]. Agus tábhacht ghnó na haerlíne ar ioncam TAP SGPS á chur san áireamh, [...].
- (20) Tabhaíodh costais neamhghnácha i ndáil le suaitheadh oibríochtúil le blianta beaga anuas freisin le tap SGPS, costais a chuir bac ar fhás brabúsachta agus iomaíochais. [...] EUR [...] milliún [...] <sup>(18)</sup> [...], [...] EUR [...] milliún [...], bunaithe ar leibhéal ard moilleanna eitilte agus cealuithe, chomh maith le neamhchosaint an-ard ar mhalairt airgeadra eachtraigh i ngeall ar ghnó sa Bhrasaíl agus in Angóla.
- (21) Ar an dara dul síos, ós rud é gur thuill TAP Air Portugal thart ar [...] % d'ioncam TAP SGPS, bhí tionchar mór ag feidhmíocht aeriompróra ar staid fhoriomlán airgeadais a máthairchuideachta sealbhaíochta. Tar éis phríobháidíú TAP SGPS in 2015 <sup>(19)</sup>, sheol TAP Air an Phortaingéil próiseas claochlaithe agus bhí sé ar chonair fáis i dtéarmaí oibríochtúla ina raibh fás ioncaim [...] % go dtí 2019. An próiseas claochlaithe dírithe ar [...].
- (22) Rinneadh na gníomhaíochtaí a bhaineann leis an bpróiseas claochlaithe den chuid is mó in 2018 agus in 2019, is é sin le rá aerárthaí A339 atá éifeachtúil ó thaobh breosla de a sheachadadh agus ina dhiaidh sin táirgí, díolacháin agus uirlisí a chlaohlú, soláthar agus córais a fheabhsú. Ó thaobh na hoibríochta de, mhéadaigh TAP Air Portugal a cuid oibríochtaí ar mhargaí ardluacha, amháil an Bhrasaíl agus Meiriceá Thuaidh. Chuidigh an próiseas claochlaithe, go háirithe céimniú isteach nua an chabhlaigh agus céimniú amach na gcabhlach go dtí 2019, le laghdú ar an gcostas foriomlán i gCilléad an tSuíocháin ar Fáil (CASK) <sup>(20)</sup>. Mar sin féin, bhí costais arda aonuaire ann a bhain le [...]. Ina theannta sin, lean TAP Air Portugal de bheith níos neamhiomaíoch ná a piaraí ó thaobh costais saothair agus éifeachtúlachta de.

<sup>(15)</sup> [...].

<sup>(16)</sup> [...].

<sup>(17)</sup> [...].

<sup>(18)</sup> Aithníonn aerlíne nó láimhseálaí ar an talamh atá ag gníomhú thar ceann aerlíne Costais Oibríochtaí Neamhrialta nuair a chuireann cur isteach ar lá an taistil nó ar an lá roimh an taisteal ar chumas an chustaiméara gan úsáid a bhaint as an eitilt nó as na heitiltí atá ticéadaithe.

<sup>(19)</sup> Cuireadh príobháidíú 61 % de scairchaipiteal TAP SGPS chun críche in 2015. In 2017, d'athcheannaigh Stát na Portaingéile cuid den scairchaipiteal ón AGW, rud a mhéadaigh a rannpháirtíocht go 50 %.

<sup>(20)</sup> Úsáidtear an costas a bhaineann le Suíocháin ar Fáil chun an costas aonaid a thomhas, arna shloinneadh mar luach airgid thirim [EUR cent an suíochán] chun gach suíochán a oibriú do gach ciliméadar.

- (23) An 2 Nollaig 2019, dhún TAP Air Portugal tairiscint de EUR 375 mhilliún de bhannaí sinsearacha neamhurratithe le haibíocht 5 bliana ag freastal ar chúpóin bhliantúla rialta 5,625 % agus ús éifeachtach 5,75 % <sup>(21)</sup>. Eisiúint atá dírithe ar an gcaiteachas corparáideach ginearálta a chomhlíonadh agus ar fhiachas a aisíoc go páirteach agus ar an meánaibíocht a shíneadh. Mheall an eisiúint réamhrátuithe BB- (Caighdeán & Poor's) agus B2 (Moody's), i.e., faoin rátáil "grád infheistíochta". Roinnt míonna roimhe sin, an 24 Meitheamh 2019, d'eisigh TAP Air Portugal EUR 200 milliún de bhannaí le haibíocht ceithre bliana ag freastal ar chúpóin bhliantúla rialta 4,375 % <sup>(22)</sup>. Cé go bhfuil méideanna agus coinníollacha an dá eisiúint éagsúil i mí an Mheithimh agus i mí na Nollag 2019, léiríonn an leas a léirítear sna heisiúintí sin go bhféadfadh an tairbhí rochtain a fháil ar mhaoiniú ar an margadh roimh ráig COVID-19 ar choinníollacha réasúnta.
- (24) Cuireadh isteach ar an bpróiseas claochlaithe mar thoradh ar phaindéim dhomhanda COVID-19 agus ar an ngéarchéim eacnamaíoch a tháinig ina dhiaidh sin, tráth nach raibh TAP Air Portugal in ann a costais a laghdú go suntasach go fóill, go háirithe costais saothair, i gcomparáid le hiomaitheoirí, go háirithe aerlínte ar chostas íseal.
- (25) Mar thoradh air sin, i bhfianaise na srianta taistil rialtais agus na n-orduithe coraintín nach bhfacthas a leithéid riamh cheana de bharr ráig COVID-19, an 20 Márta 2020, laghdaigh Caighdeán & Deimhneacht na gníomhaireachta rátála rátáil TAP Air Portugal go dtí rátáil fhadtéarmach B agus tuar ar rátáil leachtachta ghearrthéarmach CCC+. San fhógra céanna, ionchais téarnaimh sannta Caighdeán & Poor de 45 % don eisiúint bannaí EUR 375 mhilliún. An 19 Márta 2020, d'ísligh Moody an ghníomhaireacht rátála Moody an dóchúlacht mainneachtana agus rátálacha corparáideacha de TAP Air Portugal go Caa1-PD agus Caa1, faoi seach. An 28 Bealtaine 2020, ba é 9,45 % toradh bliantúil (Nollaig 2024) na nótaí sinsearacha EUR 375 milliún a eisíodh i mí na Nollag 2019 ar an margadh tánaisteach. Is é sin le rá, ag an gcéim sin, theastaigh lascaire ar luach ainmniúil an urrúis ó cheannaitheoirí na mbannaí sin arna n-eisiúint ag TAP Air Portugal, ionas go bhfaighidís tuairisceán 9,45 %, chun glacadh le haibíocht na mbannaí sin. An fhaisnéis arna soláthar ag údarais na Portaingéile lena gcomhthacaíonn [...] staid airgeadais TAP Air Portugal agus an tairbhí [...] <sup>(23)</sup>, [...].
- (26) Chuimsigh na deacrachtaí a bhain le TAP SGPS agus le TAP Air Portugal agus tháinig meath mór ar an suíomh cothromais dá bharr. Faoi dheireadh 2019, chláraigh SGPS TAP EUR [...] milliún de chothromas diúltach, a mhéadaigh go EUR [...] billiún in 2020. Bhí suíomh cothromais diúltach ag baint le TAP Air Portugal in 2020 freisin (EUR [...] billiún).

#### 2.4. Tuairisc ar an bplean athstruchtúraithe agus ar an gcabhair um athstruchtúrú

- (27) Tacaíonn an chabhair um athstruchtúrú le cur chun feidhme an phlean athstruchtúraithe a chumhdaíonn an tréimhse ó 2020 go dtí deireadh 2025 ("an tréimhse athstruchtúrtha"). Clúdaíonn an plan an t-aonad eacnamaíoch, atá faoi rialú aonair faoi láthair ag Stát na Portaingéile (aithrisí (11) agus (12)), ina bhfuil TAP SGPS agus a chomhchuideachta reatha TAP Air Portugal, lena n-áirítear a bhfochuideachtaí rialaithe go léir.

##### 2.4.1. Athstruchtúrú oibríochtaí

- (28) Tá sé mar aidhm ag an bplean athstruchtúraithe aghaidh a thabhairt ar bhunchúiseanna deacrachtaí TAP SGPS agus aghaidh a thabhairt ar an gcuideachta faoi 2025. Mar gheall ar ualach TAP Air Portugal i gclár comhardaithe TAP SGPS nuair a chuaigh sí faoi dheacrachtaí do na gníomhaíochtaí a chumhdaítear leis an bplean athstruchtúraithe, tagraíonn formhór na mbeart um athstruchtúrú oibríochtaí lena laghdaítear costais agus lena neartaítear ioncam agus réamh-mheastacháin dá bhforáiltear sa phlean athstruchtúraithe do TAP Air Portugal. Áirítear sa phlean athstruchtúraithe bearta ar cuireadh tús leo ó mhí an Mheithimh 2020 nó a chuirfear chun feidhme agus a bhaineann le ceithre cholún: (i) díriú ar chroístraitéis (ii) coigeartú acmhainne; (iii) costais oibríochta a fheabhsú agus (iv) ioncam a fheabhsú. I bhfo-ailt 2.4.1.1 go 2.4.1.4, tugtar tuairisc ar gach colún de phlean athstruchtúrúcháin TAP mar a nuashonraíodh go deireanach é.

<sup>(21)</sup> Ráiteas: "Fógraíonn CTAP praghsáil nótaí sinsearacha EUR 375 mhilliún 5,625 % atá dlite do 2024" an 22.11.2019. Leis an éileamh ó infheistíochtaí, bhíodas in ann níos mó airgid a bhailiú (EUR 75 milliún os cionn EUR 300 ar dtús) agus níos lú praghsála (20 bp) ná mar a bhí beartaithe ar dtús.

<sup>(22)</sup> Tagairt ISIN PTTAPBOM0007, TAP-SGPS 19/23.

<sup>(23)</sup> Tuilleamh roimh ús, cánacha, dímhéas, amúchadh, agus athstruchtúrú nó costais chiosa. Is méadrach é EBITDAR a úsáidtear go príomha chun anailís a dhéanamh ar shláinte airgeadais agus ar fheidhmíocht cuideachtaí a chuaigh trí athstruchtúrú le bliain anuas.

## 2.4.1.1. Fócas ar an gcroístraitéis

- (29) Is é loighic an phlean athstruchtúraithe díriú ar an bpríomhghníomhaíocht, eadhon an gnó eitlíochta a dhéantar trí TAP Air Portugal agus Portugalia, agus san am céanna imeacht ó ghnólachtaí nach croí-lárnach iad agus na gnólachtaí sin a dhífheistiú. Laistigh den loighic sin, tá sé beartaithe sa phlean athstruchtúraithe go dtréigfear de réir a chéile, de réir a chéile, na gníomhaíochtaí seirbhíse ginte ioncaim eile a bhí á soláthar aige ar an margadh trí dhíol, trí dhífheistiú nó trí scór de thrí líne ghnó, mar a leanas. Ar an gcéad dul síos, tá sé beartaithe ag TAP SGPS a gheall a dhífheistiú i bhfocuideachta cothabhála aerárthaí na Brasaíle, M&E Brasil, [...]. Baineann an dara dhífheistiú leis an [...] soláthraí seirbhíse láimhseála ar an talamh Groundforce, [...]. Ar an tríú dul síos, tá sé beartaithe ag TAP SGPS a bhaint den soláthraí seirbhíse lónadóireachta, Lónadóireacht, [...].

## 2.4.1.2. Acmhainn a choigeartú

- (30) Is é atá go príomha i gceist le bearta arb é is aidhm dóibh acmhainn TAP Air Portugal a choigeartú ná cabhlach ceartmhéide TAP Air Portugal a choigeartú agus barrfheabhas a chur ar líonra TAP Air Portugal. Beartaítear leis an bplean cabhlaigh [...]. Ar an iomlán, in 2025, beidh comhdhéanamh cabhlaigh níos aonchineálaí agus laghdú ar chostais oibríúcháin mar thoradh ar phlean cabhlaigh TAP Air Portugal, i ngeall ar an laghdú ar ídiú breosla agus ar cheanglais cothabhála na n-aerárthaí nua.
- (17) Is iad seo a leanas na dréachtspríocanna feidhmíochta i bpríomhréimse feidhmíochta an chomhshaoil a mholann an Chróit, mar aon leis na luachanna tagartha náisiúnta comhfhreagracha i leith TT3 ó phlean feabhsúcháin líonra aerbhealaí na hEorpa, agus iad sloinnte mar mheánéifeachtúlacht chothrománach eiltile faoi bhealach an ruthaig eiltile iarbhír:

	2021	2022	2023	2024
<b>Dréachtspríocanna comhshaoil faoi bhealach na Cróite</b> , agus iad sloinnte mar mheánéifeachtúlacht chothrománach eiltile faoi bhealach an ruthaig eiltile iarbhír	1,46 %	1,46 %	1,46 %	1,46 %
Luachanna tagartha le haghaidh na Cróite	1,46 %	1,46 %	1,46 %	1,46 %

- (18) Tugann an Coimisiún faoi deara gurb ionann na dréachtspríocanna comhshaoil a mholann an Chróit agus na luachanna tagartha náisiúnta comhfhreagracha i gcás gach bliana féilire ó 2021 go 2024.
- (19) Maidir le pointe 2.1(a) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, tugann an Coimisiún dá aire go bhfuil bearta curtha i láthair ag an gCróit ina dréachtphlean feidhmíochta chun na spríocanna áitiúla comhshaoil a bhaint amach, lena n-áirítear tuilleadh comhair trasteorann leis an mBoisnia agus an Heirseagaivéin laistigh d'Aerspás Saorbhealaigh South East Common Sky Initiative (SECSI FRA), an loingseoireacht fheidhmíocht bhunaithe a thabhairt isteach, agus bearta chun úsáid sholúbtha an aerspáis a fheabhsú a thuilleadh. Thairis sin, tugann an Coimisiún dá aire go bhfuil an t-aerspás saorbhealaigh curtha chun feidhme ag an gCróit cheana laistigh de Réigiún Faisnéise Eiltile Shágrab ó leibhéal eiltile 205 ó bhí mí Feabhra 2018 ann.
- (20) Ar bhonn na dtorthaí a leagtar amach in aithrisí (18) agus (19), ba cheart a mheasúnú go bhfuil na dréachtspríocanna i ndréachtphlean feidhmíochta na Cróite comhsheasmhach leis na spríocanna feidhmíochta uile-Aontais i bpríomhréimse feidhmíochta an chomhshaoil.

### Measúnú ar na dréachtspríocanna feidhmíochta i bpríomhréimse feidhmíochta na hacmhainneachta

- (21) Maidir le príomhréimse feidhmíochta na hacmhainneachta, rinneadh measúnú ar chomhsheasmhacht na spríocanna a chuir an Chróit isteach maidir leis an meánmhoill i mbainistiú na sreibe aerthráchta ("ATFM") faoi bhealach in aghaidh na heiltile, ar bhonn an chritéir a leagtar síos i bpointe 1.3 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317. Dá réir sin, cuireadh na spríocanna a mholtar i ndréachtphlean feidhmíochta na Cróite i gcomparáid leis na luachanna tagartha ábhartha a leagtar amach sa Phlean Oibríochta Gréasáin a bhí ar fáil nuair a glacadh na spríocanna feidhmíochta athbhreithnithe uile-Aontais i leith TT3, eadhon an 2 Meitheamh 2021. Cuireadh na himthosca áitiúla san áireamh agus an measúnú sin á dhéanamh, agus comhlánaíodh an measúnú le hathbhreithniú ar na bearta atá beartaithe chun na spríocanna acmhainneachta a bhaint amach faoi phointe 2.1(a) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317.
- (22) I gcás bhliain féilire 2020, ní dhearnadh athbhreithniú le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/891 ar an spríoc feidhmíochta uile-Aontais i leith TT3 i bpríomhréimse feidhmíochta na hacmhainneachta, spríoc a leagadh amach i dtosach i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/903, toisc go raibh an tréimhse le haghaidh chur i bhfeidhm na sprice sin imithe in éag agus, dá bhrí sin, go raibh sí curtha chun feidhme go críochnaitheach cheana, rud a d'fhág nárbh fhéidir coigeartuithe cúlghabhálacha a dhéanamh. Dá réir sin, níor iarradh ar na Ballstáit athbhreithniú a dhéanamh ar a spríocanna áitiúla feidhmíochta i leith bhliain féilire 2020 i bpríomhréimse feidhmíochta na hacmhainneachta sna dréachtphleananna feidhmíochta a bhí le cur isteach faoin 1 Deireadh Fómhair 2021. Dá bhrí sin, an measúnú ar chomhsheasmhacht na spríocanna áitiúla feidhmíochta acmhainneachta leis na spríocanna feidhmíochta comhfhreagracha uile-Aontais, ba cheart é a dhéanamh i leith bhlianta féilire 2021, 2022, 2023 agus 2024.
- (23) Is iad seo a leanas na dréachtspríocanna acmhainneachta i leith eiltí faoi bhealach a mholann an Chróit i leith TT3, arna sloinneadh mar nóiméid mhoille ATFM in aghaidh na heiltile, mar aon leis na luachanna tagartha comhfhreagracha ón bPlean Oibríochta Gréasáin:

	2021	2022	2023	2024
<b>Dréachtspríocanna acmhainneachta na Cróite i leith eitiltí faoi bhealach i nóiméid mhóille ATFM in aghaidh na heitilte</b>	<b>0,09</b>	<b>0,16</b>	<b>0,17</b>	<b>0,17</b>
Luachanna tagartha le haghaidh na Cróite	0,09	0,16	0,17	0,17

- (24) Tugann an Coimisiún faoi deara gurb ionann na dréachtspríocanna acmhainneachta a mholann an Chróit agus na luachanna tagartha náisiúnta comhfhreagracha i gcás gach bliana féilire ó 2021 go 2024.
- (25) Maidir le pointe 2.1(a) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, tugann an Coimisiún dá aire go bhfuil raon beart curtha i láthair ag an gCróit sa dréachtphlean feidhmíochta chun na spríocanna áitiúla acmhainneachta i leith eitiltí faoi bhealach a bhaint amach. Áirítear ar na bearta sin roinnt uasghráduithe ar an gcóras bainistíochta aerthráchta (BAT), limistéarú úr ar an aerspás, agus méaduithe suntasacha ar an líon coibhéise lánaimseartha de rialtóirí aerthráchta atá beartaithe le linn bhlianta féilire 2022 go 2024.
- (26) Ar bhonn na dtorthaí a leagtar amach in aithrisí (24) agus (25), ba cheart a mheasúnú go bhfuil na dréachtspríocanna i ndréachtphlean feidhmíochta na Cróite comhsheasmhach leis na spríocanna feidhmíochta uile-Aontais i bpríomhréimse feidhmíochta na hacmhainneachta.

#### Measúnú ar na dréachtspríocanna feidhmíochta i bpríomhréimse feidhmíochta na costéifeachtúlachta

- (27) Maidir le príomhréimse feidhmíochta na costéifeachtúlachta, rinneadh measúnú ar chomhsheasmhacht na spríocanna a chuir an Chróit isteach maidir leis na costais aonaid arna shuíomh ("CAAS") le haghaidh seirbhísí aerloingseoireachta faoi bhealach, ar bhonn na gcritéar a leagtar síos i bpointí 1.4(a), (b) agus (c) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317. Is iad na critéir sin an treo CAAS le linn TT3, an treo fhadtéarmach CAAS le linn an dara tréimhse tagartha (TT2) agus TT3 (2015-2024), agus luach bonnlíne CAAS ar leibhéal an limistéir muirearaithe i gcomparáid le meánluach na limistéar muirearaithe a bhfuil timpeallacht oibríochtúil agus eacnamaíoch chomhchosúil ag soláthraithe seirbhísí aerloingseoireachta iontu.
- (28) Cuireadh na himthosca áitiúla san áireamh agus measúnú á dhéanamh ar na spríocanna costéifeachtúlachta i leith eitiltí faoi bhealach. Comhlánaíodh an measúnú le hathbhreithniú ar na príomhfhachtóirí agus na príomhpharaiméadair is bunús leis na spríocanna sin, mar a shonraítear i bpointe 2.1(d) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317.
- (29) Is iad seo a leanas na dréachtspríocanna costéifeachtúlachta i leith eitiltí faoi bhealach a mholann an Chróit i leith TT3:

Limistéar muirearaithe faoi bhealach na Cróite	Luach bonnlíne 2014	Luach bonnlíne 2019	2020 –2021	2022	2023	2024
<b>Dréachtspríocanna costéifeachtúlachta i leith eitiltí faoi bhealach</b> arna sloinneadh mar chostas aonaid faoi bhealach arna shuíomh (i dtéarmaí réadacha ar phraghsanna 2017)	<b>HRK 377,6</b>	<b>HRK 300,8</b>	<b>HRK 518,3</b>	<b>HRK 398,1</b>	<b>HRK 345,4</b>	<b>HRK 305,0</b>
	EUR 50,61	EUR 40,31	EUR 69,46	EUR 53,35	EUR 46,29	EUR 40,87

- (30) Maidir leis an gcritéar a leagtar síos i bpointe 1.4(a) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, tugann an Coimisiún faoi deara gur fearr treo CAAS faoi bhealach na Cróite ar leibhéal an limistéir muirearaithe le linn TT3, mar atá, +0,3 %, ná an treo uile-Aontais le linn na tréimhse céanna, mar atá, +1,0 %.



- (31) Maidir leis an gcritéar a leagtar síos i bpointe 1.4(b) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, tugann an Coimisiún faoi deara gur fearr treocht fhadtéarmach CAAS faoi bhealach na Cróite le linn TT2 agus TT3 ar leibhéal an limistéir muirearaithe, mar atá, -2,3 %, ná an treocht uile-Aontais le linn na tréimhse céanna, mar atá, -1,3 %.
- (32) Maidir leis an gcritéar a leagtar síos i bpointe 1.4(c) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, tugann an Coimisiún faoi deara go bhfuil luach bonnlíne CAAS na Cróite, mar atá, EUR 40,31 i dtéarmaí réadacha ar phraghsanna 2017 ("EUR2017"), 3,2 % níos airde ná meánluach bonnlíne an ghrúpa comparáide ábhartha, mar atá, EUR 39,05 in EUR2017. Tugann an Coimisiún dá aire, áfach, go mbeidh costas aonaid faoi bhealach na Cróite arna shuíomh -1,8 % faoi bhun mheán an ghrúpa comparáide in 2024.
- (33) Mar a leagtar amach in aithrisí (30) agus (31), is léir gur fearr feidhmíocht na Cróite ná an treocht CAAS uile-Aontais i leith TT3 agus gur fearr i bhfad í ná an treocht fhadtéarmach CAAS uile-Aontais. Thairis sin, tá CAAS na Cróite i leith 2024 níos ísle ná luach bonnlíne 2014 agus tá sé cobhsaí i gcomparáid le luach bonnlíne 2019. Léiríonn an méid sin go bhfuil gnóthachain chostéifeachtúlachta bainte amach ag an gCróit san fhadtéarma, agus tá tuilleadh tacaíochta leis siúd sa toradh a léiríonn go bhfuil CAAS na Cróite i leith 2024 faoi bhun mheán an ghrúpa comparáide. Ag féachaint do na breithnithe thuasluaite, tá forbairt costéifeachtúlachta léirithe ag an gCróit atá níos fearr na na treochtaí uile-Aontais, rud is leor mar bhunús chun an chomhsheasmhacht a shuí leis na spriocanna feidhmíochta costéifeachtúlachta uile-Aontais i leith TT3.
- (34) Ar bhonn na dtorthaí a leagtar amach in aithrisí (30) go (33), ba cheart a mheasúnú go bhfuil na dréachtspríocanna i ndréachtphlean feidhmíochta na Cróite comhsheasmhach leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais i bpríomhréimse feidhmíochta na costéifeachtúlachta.

## CONCLUÍDÍ

- (35) Ar bhonn an mheasúnaithe a leagtar amach in aithrisí (10) go (34), tá sé suite ag an gCoimisiún go bhfuil na spriocanna feidhmíochta atá sa dréachtphlean feidhmíochta a chuir an Chróit isteach comhsheasmhach leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais.
- (36) Tugann an Coimisiún dá aire go bhfuil sé tugtha le fios ag roinnt Ballstát go bhfuil sé i gceist acu ítimí costais a bhaineann le ladrainn a bhrath ag na haerfoirt a chur lena mbonn costais i leith TT3. Ní raibh an Coimisiún in ann a shuí go beacht, ar bhonn na n-eilimintí atá sna dréachtphleananna feidhmíochta, cé mhéad a chuir na Ballstáit costais shuite den chineál sin lena mbonn costais i leith TT3, ná, i gcásanna inar chuir, cé mhéad a thabhaítear iad i ndáil le soláthar na seirbhísí aerloingseoireachta, rud a d'fhágfadh gurbh fhéidir a mheas gur costais incháilithe iad faoin scéim feidhmíochta agus muirearaithe. Tá iarraidh *ad hoc* ar fhaisnéis curtha ag seirbhísí an Choimisiúin chuig na Ballstáit uile chun faisnéis ábhartha a bhailiú, agus déanfaidh siad tuilleadh scrúdaithe ar na costais a thuairiscítear maidir le ladrainn a bhrath ag na haerfoirt i gcomhthéacs comhlíontacht na rátaí aonaid a fhíorú. Tá an Cinneadh seo gan dochar do thorthaí ná do chonclúidí an Choimisiúin maidir le costais braite na ladrann.
- (37) Mar fhreagairt ar ionsaí míleata na Rúise ar an Úcráin, a thosaigh an 24 Feabhra 2022, tá bearta sriantacha glactha ag an Aontas lena gcuirtear toirmeasc ar aeriompróirí Rúiseacha, ar aon aerárthach atá cláraithe sa Rúis agus ar aon aerárthach nach bhfuil cláraithe sa Rúis ach atá faoi úinéireacht, ar chairtfhostú, nó faoi rialú ar shlí eile ag aon duine nádúrtha nó dlítheanach Rúiseach nó ag aon eintiteas nó comhlacht Rúiseach tuirlingt i gcríoch an Aontais, éirí de thalamh uaithi, nó eitil thairsti. Tá laghdú ag teacht ar an aerthrácht san aerspás os cionn chríoch an Aontais i ngeall ar na bearta sin. Níor cheart, ámh, go mbeadh an tionchar ar an leibhéal uile-Aontais inchoimparáide leis an laghdú ar an aerthrácht de dheasca ráig phaindéim COVID-19 i mí an Mhárta 2020. Dá bhrí sin, is iomchuí na bearta agus na próisis atá ann faoi láthair le haghaidh chur chun feidhme na scéime feidhmíochta agus muirearaithe le linn TT3 a choinneáil ar bun.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

### Airteagal 1

Na spriocanna feidhmíochta atá sa dréachtphlean feidhmíochta a chuir an Chróit isteach de bhun Rialachán (CE) Uimh. 549/2004 agus a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo, tá siad comhsheasmhach leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais i leith an tréimhse tagartha a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/891.

*Airteagal 2*

Dírítear an Cinneadh seo chuig Poblacht na Cróite.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 13 Aibreán 2022.

*Thar ceann an Choimisiúin*  
Adina VĂLEAN  
*Comhalta den Choimisiún*

---

## IARSCRÍBHINN

Na spriocanna feidhmíochta atá san áireamh sa dréachtphlean feidhmíochta a chuir an Chróit isteach de bhun Rialachán (CE) Uimh. 549/2004 agus a fuarthas go bhfuil siad comhsheasmhach leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais le haghaidh an tríú tréimhse thagartha.

## PRÍOMHRÉIMSE FEIDHMÍOCHTA SÁBHÁILTEACHTA

## Éifeachtacht na bainistíochta sábháilteachta

an Chróit	Spriocanna maidir le héifeachtacht na bainistíochta sábháilteachta, arna sloinneadh mar leibhéal cur chun feidhme, ó leibhéal EASA A go D				
An soláthraí seirbhísí aerloingseoireachta lena mbaineann	Cuspóir na bainistíochta sábháilteachta	2021	2022	2023	2024
Croatia Control	Beartas agus cuspóirí sábháilteachta	B	B	B	C
	Bainistíocht riosca sábháilteachta	C	C	C	D
	Dearbhú sábháilteachta	C	C	C	C
	Cur chun cinn na sábháilteachta	C	C	C	C
	Cultúr sábháilteachta	C	C	C	C

## PRÍOMHRÉIMSE FEIDHMÍOCHTA AN CHOMHSHAOIL

## Meánéifeachtúlacht chothrománach eitile faoi bhealach an ruthaig eitile iarbhír

	2021	2022	2023	2024
<b>Dréacht de spriocanna comhshaoil faoi bhealach na Cróite</b> , arna sloinneadh mar mheánéifeachtúlacht chothrománach faoi bhealach an ruthaig eitile iarbhír	<b>1,46 %</b>	<b>1,46 %</b>	<b>1,46 %</b>	<b>1,46 %</b>
Luachanna tagartha don Chróit	1,46 %	1,46 %	1,46 %	1,46 %

## PRÍOMHRÉIMSE FEIDHMÍOCHTA ACMHAINNEACHTA

## Meánmhoill ATFM eitile faoi bhealach i nóiméid in aghaidh na heitile

	2021	2022	2023	2024
<b>Dréacht de spriocanna acmhainneachta faoi bhealach na Cróite</b> , i nóiméid ar mhoill ATFM in aghaidh na heitile	<b>0,09</b>	<b>0,16</b>	<b>0,17</b>	<b>0,17</b>
Luachanna tagartha don Chróit	0,09	0,16	0,17	0,17

**PRÍOMHRÉIMSE FEIDHMÍOCHTA COSTÉIFEACHTÚLACHTA**

**Costas aonaid cinnte le haghaidh seirbhísí aerloingseoireachta faoi bhealach**

<b>Limistéar muirearaithe faoi bhealach na Cróite</b>	<b>Luach bonnlíne 2014</b>	<b>Luach bonnlíne 2019</b>	<b>2020 -2021</b>	<b>2022</b>	<b>2023</b>	<b>2024</b>
<b>Dréacht de spriocanna costéifeachtúlachta faoi bhealach, arna sloinneadh mar chostas aonaid cinnte faoi bhealach (i dtéarmaí réadacha ag praghsanna 2017)</b>	<b>377,6 HRK</b>	<b>300,8 HRK</b>	<b>518,3 HRK</b>	<b>398,1 HRK</b>	<b>345,4 HRK</b>	<b>305,0 HRK</b>
	EUR 50,61	EUR 40,31	EUR 69,46	EUR 53,35	EUR 46,29	EUR 40,87

**CINNEADH (AE) 2022/765 ÓN gCOIMISIÚN**  
**an 13 Aibreán 2022**

**maidir le comhsheasmhacht na spriocanna feidhmíochta atá sa dréachtphlean feidhmíochta a chuir an Fhionlainn isteach de bhun Rialachán (CE) Uimh. 549/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais i leith an tríú tréimhse thagartha**

*(a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhoiciméad C(2022) 2285)*

**(Is iad na téacsanna san Fhionlainnis agus sa tSualainnis amháin atá barántúil)**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 549/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Márta 2004 lena leagtar síos an creat chun aerospás Eorpach aonair a chruthú (an creat-Rialachán)<sup>(1)</sup>, agus go háirithe Airteagal 11(3), pointe (c), an chéad fhomhír, de,

Ag féachaint do Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317 ón gCoimisiún an 11 Feabhra 2019 lena leagtar síos scéim feidhmíochta agus muirearaithe san aerospás Eorpach aonair<sup>(2)</sup>, agus go háirithe Airteagal 14(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

**BREITHNITHE GINEARÁLTA**

- (1) De bhun Airteagal 11 de Rialachán (CE) Uimh. 549/2004, tá scéim feidhmíochta le haghaidh seirbhísí aerloingseoireachta agus feidhmeanna líonra aerloingseoireachta le bunú. Thairis sin, de bhun Airteagal 10 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, tá na Ballstáit le spriocanna feidhmíochta ceangailteacha a tharraingt suas, ar an leibhéal náisiúnta nó ar leibhéal na mbloc feidhme aerospáis, i leith gach tréimhse tagartha den scéim feidhmíochta le haghaidh seirbhísí aerloingseoireachta agus feidhmeanna líonra aerloingseoireachta. Ní mór na spriocanna feidhmíochta sin a bheith comhsheasmhach leis na spriocanna uile-Aontais arna nglacadh ag an gCoimisiún i leith na tréimhse tagartha lena mbaineann. Is é an Coimisiún atá freagrach as measúnú a dhéanamh an bhfuil na spriocanna feidhmíochta molta atá sna dréachtphleananna arna dtarraingt suas ag na Ballstáit comhsheasmhach leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais, agus na critéir mheasúnaithe a leagtar amach in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317 á úsáid aige.
- (2) Ón gcéad ráithe de bhliain féilire 2020, bhí tionchar mór ag ráig phaindéim COVID-19 ar an earnáil aeriompair agus d'fhág sé gur tháinig laghdú suntasach ar an méid aerthráchta i gcomparáid leis na leibhéil roimh an bpaindéim, de bharr na mbearta a rinne na Ballstáit agus tríú tíortha chun srian a choinneáil ar an bpaindéim.
- (3) Leagadh spriocanna feidhmíochta uile-Aontais i leith an tríú tréimhse thagartha ("TT3") síos i dtosach i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/903 ón gCoimisiún<sup>(3)</sup>. Maidir leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais sin agus na dréachtphleananna feidhmíochta i leith TT3 a chuir na Ballstáit isteach ina ndiaidh siúd, ós rud é gur tarraingíodh suas iad sular tharla ráig phaindéim COVID-19, ní fhéadfaí an t-athrú suntasach a tháinig ar na dálaí aeriompair de dheasca na paindéime a chur san áireamh iontu.

<sup>(1)</sup> IO L 96, 31.3.2004, lch. 1.

<sup>(2)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317 ón gCoimisiún an 11 Feabhra 2019 lena leagtar síos scéim feidhmíochta agus muirearaithe san aerospás Eorpach aonair agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 390/2013 agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 391/2013 (IO L 56, 25.2.2019, lch. 1).

<sup>(3)</sup> Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/903 ón gCoimisiún an 29 Bealtaine 2019 lena leagtar síos spriocanna feidhmíochta ar fud an Aontais le haghaidh an líonra um bainistíocht aerthráchta i ndáil leis an tríú tréimhse thagartha dar tús an 1 Eanáir 2020 agus dar críoch an 31 Nollaig 2024 (IO L 144, 3.6.2019, lch. 49).

- (4) Mar fhreagairt ar thionchar phaindéim COVID-19 ar sholáthar na seirbhísí aerloingseoireachta, leagadh amach bearta eisceachtúla i leith an tríú tréimhse thagartha, de mhaolú ar fhorálacha Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1627 ón gCoimisiún <sup>(4)</sup>. De bhun Airteagal 2(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1627, ghlac an Coimisiún, an 2 Meitheamh 2021, Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/891 <sup>(5)</sup> lena leagtar spriocanna feidhmíochta athbhreithnithe uile-Aontais amach i leith TT3.
- (5) Tugann an Coimisiún dá aire gurb é a thuairtar le réamhaisnéis tráchta bhonnlíne Sheirbhís Staidrimh agus Réamhaisnéise Eurocontrol (“STATFOR”) ó mhí Dheireadh Fómhair 2021 go sroichfidh an t-aerthrácht ar an leibhéal uile-Aontais na leibhéil ar a raibh sé roimh an bpaindéim le linn 2023 agus go sáróidh sé na leibhéil sin in 2024. Mar sin féin, tá leibhéal ard éiginnteachta fós ag baint le forbairt an tráchta mar gheall ar na rioscaí a bhaineann le forbairt staid eipidéimeolaíoch COVID-19. Tugann an Coimisiún dá aire, freisin, go meastar go dtiocfaidh téarnamh míchothrom ar an aerthrácht sna Ballstáit éagsúla.
- (6) Tá dréacthphleananna feidhmíochta, agus spriocanna áitiúla feidhmíochta iontu i leith TT3, forbartha agus glactha ag na Ballstáit uile, agus cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin iad lena measúnú faoin 1 Deireadh Fómhair 2021. Tar éis a fhíorú don Choimisiún gurbh iomlán do na dréacthphleananna feidhmíochta sin, d'iarr sé ar Bhallstáit dréacthphleananna feidhmíochta athbhreithnithe a chur faoina bhráid faoin 17 Samhain 2021. An measúnú ón gCoimisiún a chuirtear i láthair sa Chinneadh seo, is ar an dréacthphlean feidhmíochta athbhreithnithe a chuir an Fhionlainn isteach atá sé bunaithe.
- (7) Tá tuarascáil curtha faoi bhráid an Choimisiúin ag an gcomhlacht um athbhreithniú ar an bhfeidhmíocht a thugann cúnaimh don Choimisiún maidir le cur chun feidhme na scéime feidhmíochta de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (CE) Uimh. 549/2004, agus sa tuarascáil sin ón gcomhlacht tá comhairle maidir leis an measúnú ar na dréacthphleananna feidhmíochta i leith TT3.
- (8) I gcomhréir le hAirteagal 14(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, tá measúnú déanta ag an gCoimisiún ar chomhsheasmhacht na spriocanna áitiúla feidhmíochta a mholann an Fhionlainn, ar bhonn na gcritéar measúnaithe a leagtar síos i bpointe 1 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin, agus na himthosca áitiúla á gcur san áireamh aige. Chomhlánaigh an Coimisiún an measúnú, i leith gach príomhréimse feidhmíochta agus na spriocanna feidhmíochta a bhaineann leis, trí athbhreithniú a dhéanamh ar na dréacthphleananna feidhmíochta i leith na n-eilimintí a leagtar amach i bpointe 2 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin.

## MEASÚNÚ ÓN gCOIMISIÚN

### Measúnú ar na dréacthspríocanna feidhmíochta i bpríomhréimse feidhmíochta na sábháilteachta

- (9) Maidir le príomhréimse feidhmíochta na sábháilteachta, rinne an Coimisiún measúnú ar chomhsheasmhacht na spriocanna a chuir an Fhionlainn faoina bhráid maidir lena éifeachtaí a dhéanann soláthraithe na seirbhísí aerloingseoireachta bainistíocht ar an tsábháilteacht, ar bhonn an chritéir a leagtar síos i bpointe 1.1 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317. Cuireadh na himthosca áitiúla san áireamh agus an measúnú sin á dhéanamh, agus comhlánaíodh an measúnú le hathbhreithniú ar na bearta atá beartaithe chun na spriocanna sábháilteachta a bhaint amach i leith na n-eilimintí a leagtar amach i bpointe 2.1.(a) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317.
- (10) Is iad seo a leanas na dréacthspríocanna feidhmíochta i bpríomhréimse feidhmíochta na sábháilteachta a mholann an Fhionlainn i leith éifeachtacht na bainistíochta sábháilteachta, arna miondealú de réir na gcuipóirí bainistíochta sábháilteachta agus arna sloinneadh mar leibhéil cur chun feidhme:

<sup>(4)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1627 ón gCoimisiún an 3 Samhain 2020 maidir le bearta eisceachtúla i ndáil leis an tríú tréimhse thagartha (2020-2024) den scéim feidhmíochta agus muirearaithe san aerspás Eorpach aonair de dheasca phaindéim COVID-19 (IO L 366, 4.11.2020, lch. 7).

<sup>(5)</sup> Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/891 ón gCoimisiún an 2 Meitheamh 2021 lena leagtar síos spriocanna feidhmíochta athbhreithnithe ar fud an Aontais Eorpaigh le haghaidh an líonra um bainistíocht aerthráchta i ndáil leis an tríú tréimhse thagartha (2020-2024) agus lena n-aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/903 (IO L 195, 3.6.2021, lch. 3).

an Fhionlainn	Spriocanna le haghaidh éifeachtacht na bainistíochta sábháilteachta, sloinnte mar leibhéal cur chun feidhme i raon idir leibhéal A agus D de chuid EASA				
An soláthraí seirbhísí aerloingseoireachta lena mbaineann	An cuspóir bainistíochta sábháilteachta	2021	2022	2023	2024
ANS Finland	Beartas sábháilteachta agus cuspóirí	C	C	C	C
	Bainistiú riosca sábháilteachta	C	C	C	D
	Dearbhú sábháilteachta	C	C	C	C
	Cur chun cinn na sábháilteachta	C	C	C	C
	Cultúr sábháilteachta	C	C	C	C

- (11) Maidir leis na dréachtspríocanna sábháilteachta a mhol an Fhionlainn le haghaidh an tsoláthraí seirbhísí aerloingseoireachta (ANS Finland), is é conclúid an Choimisiúin go bhfuil sé beartaithe leibhéal na sprice feidhmíochta uile-Aontais a bhaint amach in 2024 i gcás chuspóir bhainistiú an riosca sábháilteachta, agus, i gcás na gcuspóirí bainistíochta sábháilteachta eile, go gcomhlíonann na spriocanna áitiúla feidhmíochta leibhéal na sprice feidhmíochta uile-Aontais i leith gach bliana féilire ó 2021 go 2024.
- (12) Tugann an Coimisiún dá aire go leagtar amach, sa dréachtphlean feidhmíochta a chuir an Fhionlainn faoina bhráid, bearta lena ndéanamh ag ANS Finland chun na cuspóirí áitiúla sábháilteachta a bhaint amach, amhail bearta a chomhlíonann Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/373 ón gCoimisiún <sup>(6)</sup> a chur chun feidhme go leanúnach, formhaoirseacht leanúnach ó na bainisteoirí sábháilteachta ar na spriocanna feidhmíochta sábháilteachta, agus infheistíochtaí córaí a chur ar bun lena ndéanfar barrfheabhsú ar bhainistíocht an aerspáis agus na n-acmhainní chun an tsábháilteacht agus soláthar dinimiciúil costéifeachtach na seirbhísí trasteorann a fheabhsú.
- (13) Ar bhonn na dtorthaí a leagtar amach in aithris (11) agus aithris (12), agus de bhrí nach mór na spriocanna feidhmíochta sábháilteachta uile-Aontais a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/891 a bhaint amach faoi bhliain dheireanach TT3, eadhon 2024, ba cheart a mheasúnú, maidir leis na dréachtspríocanna atá i ndrúachtphlean feidhmíochta na Fionlainne, go bhfuil siad comhsheasmhach leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais i bpríomhréimse feidhmíochta na sábháilteachta.

#### Measúnú ar na dréachtspríocanna feidhmíochta i bpríomhréimse feidhmíochta an chomhshaoil

- (14) Maidir le príomhréimse feidhmíochta an chomhshaoil, rinneadh measúnú ar chomhsheasmhacht na spriocanna a chuir an Fhionlainn isteach maidir le meánéifeachtúlacht chothrománach eiltle faoi bhealach an ruthaig eiltle iarbhíre, ar bhonn an chritéir a leagtar síos i bpointe 1.2 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317. Dá réir sin, cuireadh na spriocanna a mholtar i ndrúachtphlean feidhmíochta na Fionlainne i gcomparáid leis na luachanna tagartha ábhartha le haghaidh éifeachtúlacht chothrománach na heiltle faoi bhealach a leagtar amach i bplean feabhsúcháin líonra aerbhealaí na hEorpa a bhí ar fáil nuair a glacadh na spriocanna feidhmíochta athbhreithnithe uile-Aontais i leith TT3, eadhon an 2 Meitheamh 2021. Cuireadh na himthosca áitiúla san áireamh agus an measúnú sin á dhéanamh, agus comhlánaíodh an measúnú le hathbhreithniú ar bhearta atá beartaithe chun na spriocanna acmhainneachta a bhaint amach faoi phointe 2.1(a) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317.
- (15) I gcás bhliain féilire 2020, ní dhearnadh athbhreithniú le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/891 ar an sprioc feidhmíochta uile-Aontais i leith TT3 i bpríomhréimse feidhmíochta an chomhshaoil, sprioc a leagadh amach i dtosach i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/903, toisc go raibh an tréimhse le haghaidh chur i bhfeidhm na sprice sin imithe in éag agus, dá bhrí sin, go raibh sí curtha chun feidhme go críochnaitheach cheana, rud a d'fhág nárbh fhéidir coigeartuithe cúlghabhálacha a dhéanamh. Dá réir sin, níor iarradh ar na Ballstáit athbhreithniú a dhéanamh ar a spriocanna áitiúla feidhmíochta i leith bhliain féilire 2020 i bpríomhréimse feidhmíochta an chomhshaoil sna dréachtphleananna feidhmíochta a bhí le cur isteach faoin 1 Deireadh Fómhair 2021. Dá bhrí sin, an measúnú ar chomhsheasmhacht na spriocanna áitiúla feidhmíochta comhshaoil leis na spriocanna feidhmíochta comhfheagracha uile-Aontais, ba cheart é a dhéanamh i leith bhlianta féilire 2021, 2022, 2023 agus 2024.

<sup>(6)</sup> IO L 62, 8.3.2017, lch. 1.

- (16) Is iad seo a leanas na dréachtspríocanna feidhmíochta i bpríomhréimse feidhmíochta an chomhshaoil a mholann an Fhionlainn, mar aon leis na luachanna tagartha náisiúnta comhfhreagracha i leith TT3 ó phlean feabhsúcháin líonra aerbhealaí na hEorpa, agus iad sloinnte mar mheánéifeachtúlacht chothrománach eitilte faoi bhealach an ruthaig eitilte iarbhrí:

	2021	2022	2023	2024
<b>Dréachtspríocanna comhshaoil faoi bhealach na Fionlainne,</b> agus iad sloinnte mar mheánéifeachtúlacht chothrománach eitilte faoi bhealach an ruthaig eitilte iarbhrí	<b>0,88 %</b>	<b>0,88 %</b>	<b>0,88 %</b>	<b>0,88 %</b>
Luachanna tagartha le haghaidh na Fionlainne	0,88 %	0,88 %	0,88 %	0,88 %

- (17) Tugann an Coimisiún faoi deara gurb ionann na dréachtspríocanna comhshaoil a mholann an Fhionlainn agus na luachanna tagartha náisiúnta comhfhreagracha i gcás gach bliana féilire ó 2021 go 2024.
- (18) Maidir le pointe 2.1(a) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, tugann an Coimisiún dá aire go bhfuil bearta curtha i láthair ag an bhFionlainn ina dréachtphlean feidhmíochta chun na spríocanna áitiúla comhshaoil a bhaint amach, lena n-áirítear cur chun feidhme leanúnach an aerspáis saorbhealaigh idir leibhéal eitilte 095 agus leibhéal eitilte 660. Tugann an Coimisiún dá aire, thairis sin, go bhfuil an Fhionlainn rannpháirteach cheana i dtionscnamh Aerspás Saorbhealaigh Thuaisceart na hEorpa (NEFRA) idir Ballstáit Bhloc Feidhme Aerspáis an Oirthuaiscirt ("NE FAB") agus Bhloc Feidhme Aerspáis na Danmhairge agus na Sualainne ("DK-SE FAB").
- (19) Ar bhonn na dtorthaí a leagtar amach in aithris (17) agus aithris (18), ba cheart a mheasúnú go bhfuil na dréachtspríocanna i ndréachtphlean feidhmíochta na Fionlainne comhsheasmhach leis na spríocanna feidhmíochta uile-Aontais i bpríomhréimse feidhmíochta an chomhshaoil.

#### **Measúnú ar na dréachtspríocanna feidhmíochta i bpríomhréimse feidhmíochta na hacmhainneachta**

- (20) Maidir le príomhréimse feidhmíochta na hacmhainneachta, rinneadh measúnú ar chomhsheasmhacht na spríocanna a chuir an Fhionlainn isteach maidir leis an meánmhoill i mbainistíú na sreibe aerthráchta ("ATFM") faoi bhealach in aghaidh na heitilte, ar bhonn an chritéir a leagtar síos i bpointe 1.3 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317. Dá réir sin, cuireadh na spríocanna a mholtar i ndréachtphlean feidhmíochta na Fionlainne i gcomparáid leis na luachanna tagartha ábhartha a leagtar amach sa Phlean Oibríochta Gréasáin a bhí ar fáil nuair a glacadh na spríocanna feidhmíochta athbhreithnithe uile-Aontais i leith TT3, eadhon an 2 Meitheamh 2021. Cuireadh na himthosca áitiúla san áireamh agus an measúnú sin á dhéanamh, agus comhlánaíodh an measúnú le hathbhreithniú ar na bearta atá beartaithe chun na spríocanna acmhainneachta a bhaint amach faoi phointe 2.1(a) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317.
- (21) I gcás bhliain féilire 2020, ní dheanadh athbhreithniú le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/891 ar an spríoc feidhmíochta uile-Aontais i leith TT3 i bpríomhréimse feidhmíochta na hacmhainneachta, spríoc a leagadh amach i dtosach i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/903, toisc go raibh an tréimhse le haghaidh chur i bhfeidhm na spríce sin imithe in éag agus, dá bhrí sin, go raibh sí curtha chun feidhme go críochnaitheach cheana, rud a d'fhág nárbh fhéidir coigeartuithe cúlghabhálacha a dhéanamh. Dá réir sin, níor iarradh ar na Ballstáit athbhreithniú a dhéanamh ar a spríocanna áitiúla feidhmíochta i leith bhliain féilire 2020 i bpríomhréimse feidhmíochta na hacmhainneachta sna dréachtphleananna feidhmíochta a bhí le cur isteach faoin 1 Deireadh Fómhair 2021. Dá bhrí sin, an measúnú ar chomhsheasmhacht na spríocanna áitiúla feidhmíochta acmhainneachta leis na spríocanna feidhmíochta comhfhreagracha uile-Aontais, ba cheart é a dhéanamh i leith bhlianta féilire 2021, 2022, 2023 agus 2024.
- (22) Is iad seo a leanas na dréachtspríocanna acmhainneachta i leith eitiltí faoi bhealach a mholann an Fhionlainn i leith TT3, arna sloinneadh mar nóiméid mhoille ATFM in aghaidh na heitilte, mar aon leis na luachanna tagartha comhfhreagracha ón bPlean Oibríochta Gréasáin:

	2021	2022	2023	2024
<b>Dréachtspríocanna acmhainneachta na Fionlainne i leith eitiltí faoi bhealach</b> i nóiméid mhoille ATFM in aghaidh na heitilte	<b>0,03</b>	<b>0,05</b>	<b>0,05</b>	<b>0,05</b>
Luachanna tagartha le haghaidh na Fionlainne	0,03	0,05	0,05	0,05



- (23) Tugann an Coimisiún faoi deara gurb ionann na dréachtspríocanna acmhainneachta a mholann an Fhionlainn agus na luachanna tagartha náisiúnta comhfhreagracha i gcás gach bliana féilire ó 2021 go 2024.
- (24) Maidir le pointe 2.1(a) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, tugann an Coimisiún dá aire go bhfuil raon beart curtha i láthair ag an bhFionlainn sa dréachtphlean feidhmíochta chun na spriocanna áitiúla acmhainneachta i leith eitiltí faoi bhealach a bhaint amach. Áirítear ar na bearta sin nasc sonraí a chur chun feidhme ar leibhéal eitilte 195 agus os a chionn, an t-aimsíú suímh hipearbóileach limistéir fhairsing, agus limistéarú dinimiciúil trasteorann i gcreat FINEST, ar tionscnamh trasteorann é idir soláthraithe seirbhísí aerloingseoireachta na Fionlainne (ANS Finland) agus na hEastóine (EANS) d'fhonn go bhféadfar seirbhísí rialaithe aerthráchta faoi bhainistíocht dhinimiciúil a chur ar fáil idir lárionaid rialaithe limistéir Heilsincí agus Thailinn. Thairis sin, tugann an Coimisiún faoi deara go bhfuil sé beartaithe ag an bhFionlainn roinnt uasghráduithe ar an gcóras bainistíochta aerthráchta a chur chun úsáide le linn TT3, lena n-áirítear córas comhchoiteann próiseála sonraí tráchta leis an Eastóin chun an comhar trasteorann a mhéadú, chomh maith le huasghrádú ar an gcóras cumarsáide gutha.
- (25) Tugann an Coimisiún faoi deara freisin go bhfuil sé beartaithe ag an bhFionlainn an líon coibhéise lánaimseartha de rialtóirí aerthráchta a mhéadú beagán ó 2022 agus uainchláir agus pleanáil comhchoiteann leis an Eastóin le haghaidh na rialtóirí aerthráchta a thabhairt isteach.
- (26) Ar bhonn na dtorthaí a leagtar amach in aithrisí (23) go (25), ba cheart a mheasúnú go bhfuil na dréachtspríocanna i ndréachtphlean feidhmíochta na Fionlainne comhsheasmhach leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais i bpríomhréimse feidhmíochta na hacmhainneachta.

#### **Athbhreithniú ar na dréachtspríocanna acmhainneachta le haghaidh seirbhísí aerloingseoireachta críochfoirt**

- (27) Maidir leis na haerfoirt a thagann faoi raon feidhme Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317 mar a leagtar amach in Airteagal 1(3) agus (4) den Rialachán sin, chomhlánaigh an Coimisiún a mheasúnú ar na dréachtspríocanna acmhainneachta i leith eitiltí faoi bhealach le hathbhreithniú ar na dréachtspríocanna acmhainneachta le haghaidh seirbhísí aerloingseoireachta críochfoirt i gcomhréir le pointe 2.1(b) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317. Ní bhfuarthas ábhar inmí sna dréachtspríocanna sin i gcás na Fionlainne.

#### **Measúnú ar na dréachtspríocanna feidhmíochta i bpríomhréimse feidhmíochta na costéifeachtúlachta**

- (28) Maidir le príomhréimse feidhmíochta na costéifeachtúlachta, rinneadh measúnú ar chomhsheasmhacht na spriocanna a chuir an Fhionlainn isteach maidir leis an gcostas aonaid arna shuíomh ("CAAS") le haghaidh seirbhísí aerloingseoireachta faoi bhealach, ar bhonn na gcritéar a leagtar síos i bpointí 1.4(a), (b) agus (c) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317. Is iad na critéir sin an treo CAAS le linn TT3, an treo fhadtéarmach CAAS le linn an dara tréimhse thagartha (TT2) agus TT3 (2015-2024), agus luach bonnlíne CAAS ar leibhéal an limistéir muirearaithe i gcomparáid le meánluach na limistéar muirearaithe a bhfuil timpeallacht oibríochtúil agus eacnamaíoch chomhchosúil ag soláthraithe seirbhísí aerloingseoireachta iontu.
- (29) Cuireadh na himthosca áitiúla san áireamh agus measúnú á dhéanamh ar na spriocanna costéifeachtúlachta i leith eitiltí faoi bhealach. Comhlánaíodh an measúnú le hathbhreithniú ar na príomhfhachtóirí agus na príomhpharaiméadair is bunús leis na spriocanna sin, mar a shonraítear i bpointe 2.1(d) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317.
- (30) Is iad seo a leanas na dréachtspríocanna costéifeachtúlachta i leith eitiltí faoi bhealach a mholann an Fhionlainn i leith TT3:

Limistéar muirearaithe faoi bhealach na Fionlainne	Luach bonnlíne 2014	Luach bonnlíne 2019	2020-2021	2022	2023	2024
<b>Dréachtspríocanna costéifeachtúlachta i leith eitiltí faoi bhealach</b> arna sloinneadh mar chostas aonaid faoi bhealach arna shuíomh (i dtéarmaí réadacha ar phragsanna 2017)	EUR 55,87	EUR 40,70	EUR 81,42	EUR 48,63	EUR 41,43	EUR 40,22

- (31) Maidir leis an gcritéar a leagtar síos i bpointe 1.4(a) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, tugann an Coimisiún faoi deara gur fearr treocht CAAS faoi bhealach na Fionlainne ar leibhéal an limistéir muirearaithe le linn TT3, mar atá, - 0,3 %, ná an treocht uile-Aontais le linn na tréimhse céanna, mar atá, + 1,0 %.
- (32) Maidir leis an gcritéar a leagtar síos i bpointe 1.4(b) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, tugann an Coimisiún faoi deara gur fearr treocht fhadtéarmach CAAS faoi bhealach na Fionlainne le linn TT2 agus TT3 ar leibhéal an limistéir muirearaithe, mar atá, - 3,6 %, ná an treocht uile-Aontais le linn na tréimhse céanna, mar atá, - 1,3 %.
- (33) Maidir leis an gcritéar a leagtar síos i bpointe 1.4(c) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, tugann an Coimisiún faoi deara go bhfuil luach bonnlíne CAAS na Fionlainne, mar atá, EUR 40,70 i dtéarmaí réadacha ar phraghsanna 2017 ("EUR2017"), 17,4 % níos ísle ná meánluach bonnlíne an ghrúpa comparáide ábhartha, mar atá, EUR 49,28 in EUR2017. Tugann an Coimisiún dá aire go bhfuil costas aonaid na Fionlainne arna shuíomh fós níos ísle ná meán an ghrúpa comparáide le linn TT3 ar fad, agus go bhfuil sé 13,6 % níos ísle ná an meán sin i leith 2024.
- (34) Ar bhonn na dtorthaí a leagtar amach in aithrisí (31) go (33), ba cheart a mheasúnú go bhfuil na dréachtspríocanna i ndruchtphlean feidhmíochta na Fionlainne comhsheasmhach leis na spríocanna feidhmíochta uile-Aontais i bpríomhréimse feidhmíochta na costéifeachtúlachta.

#### **Athbhreithniú ar na dréachtspríocanna costéifeachtúlachta le haghaidh seirbhísí aerloingseoireachta críochfoirt**

- (35) Maidir leis na haerfoirt a thagann faoi raon feidhme Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317 mar a leagtar amach in Airteagal 1(3) agus (4) den Rialachán sin, chomhlánaigh an Coimisiún a mheasúnú ar na dréachtspríocanna costéifeachtúlachta i leith eitiltí faoi bhealach le hathbhreithniú ar na dréachtspríocanna costéifeachtúlachta le haghaidh seirbhísí aerloingseoireachta críochfoirt i gcomhréir le pointe 2.1(c) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317. Ní bhfuarthas ábhar inní sna dréachtspríocanna sin i gcás na Fionlainne.

#### **Athbhreithniú ar na scéimeanna dreasachtaí dá dtagraítear in Airteagal 11 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317 mar chomhlánú ar mheasúnú an Choimisiúin ar na dréachtspríocanna acmhainneachta**

- (36) I gcomhréir le pointe 2.1(f) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, i dtaca leis an measúnú ar na dréachtspríocanna acmhainneachta, chomhlánaigh an Coimisiún an measúnú sin le hathbhreithniú ar na dréachtscéimeanna dreasachtaí dá dtagraítear in Airteagal 11 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317. I ndáil leis sin, scrúdaigh an Coimisiún an gcomhlíonann na dréachtscéimeanna dreasachtaí na ceanglais shubstainteacha a leagtar amach in Airteagal 11(1) agus (3) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317. Fuarthas ábhar inní sna dréachtscéimeanna atá i ndruchtphlean feidhmíochta na Fionlainne.
- (37) Tugann an Coimisiún faoi deara, maidir leis an scéim dreasachtaí le haghaidh acmhainneacht faoi bhealach a mholtar i ndruchtphlean feidhmíochta na Fionlainne, go gcuimsíonn sí uas-mhíbhuntáiste airgeadais is ionann agus 0,50 % de na costais arna suíomh agus uasbhuntáiste airgeadais is ionann agus 0,0 % de na costais arna suíomh.
- (38) Tugann an Coimisiún faoi deara, maidir leis an scéim dreasachtaí le haghaidh acmhainneacht faoi bhealach a mholtar i ndruchtphlean feidhmíochta na Fionlainne, go gcuimsíonn sí uas-mhíbhuntáiste airgeadais is ionann agus 0,25 % de na costais arna suíomh agus uasbhuntáiste airgeadais is ionann agus 0,0 % de na costais arna suíomh.
- (39) Maidir leis na scéimeanna dreasachtaí sin, tá an Coimisiún go mór in amhras, ar bhonn comhairle shaineolach a sholáthair an comhlacht um athbhreithniú ar an bhfeidhmíocht, an imreodh na huas-mhíbhuntáistí airgeadais a mholtar, arb ionann iad agus 0,50 % agus 0,25 % de na costais arna suíomh faoi seach, aon tionchar ábhartha ar an ioncam atá i mbaol, mar a cheanglaítear de bhun Airteagal 11(3), pointe (a), de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317.
- (40) Ba cheart don Fhionlainn, dá bhrí sin, i dtaca le glacadh a phlean feidhmíochta chríochnaigh i gcomhréir le hAirteagal 16(a) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, athbhreithniú a dhéanamh ar a scéimeanna dreasachtaí chun na spríocanna acmhainneachta i leith eitiltí faoi bhealach agus acmhainneachta críochfoirt a bhaint amach sa chaoi go socrófar na huas-mhíbhuntáistí de bhun na scéimeanna dreasachtaí sin ar leibhéal a imreoidh tionchar ábhartha ar an ioncam atá i mbaol, mar a cheanglaítear go sonrath faoi Airteagal 11(3), pointe (a), de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, agus is é an tuairim ón gCoimisiún gur cheart go socrófaí, mar thoradh air sin, an t-uas-mhíbhuntáiste airgeadais ar leibhéal is ionann agus 1 % de na costais arna suíomh nó níos airde ná sin.

## CONCLUÍDÍ

- (41) Ar bhonn an mheasúnaithe a leagtar amach in aithrisí (10) go (40), tá sé suite ag an gCoimisiún go bhfuil na spriocanna feidhmíochta atá sa dréachtphlean feidhmíochta a chuir an Fhionlainn isteach comhsheasmhach leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais.
- (42) Tugann an Coimisiún dá aire go bhfuil sé tugtha le fios ag roinnt Ballstát go bhfuil sé i gceist acu ítimí costais a bhaineann le ladraínn a bhrath ag na haerfoirt a chur lena mbonn costais i leith TT3. Ní raibh an Coimisiún in ann a shuí go beacht, ar bhonn na n-eilimintí atá sna dréachtphleananna feidhmíochta, cé mhéad a chuir na Ballstáit costais shuite den chineál sin lena mbonn costais i leith TT3, ná, i gcásanna inar chuir, cé mhéad a thabhaítear iad i ndáil le soláthar na seirbhísí aerloingseoireachta, rud a d'fhágfadh gurbh fhéidir a mheas gur costais incháilithe iad faoin scéim feidhmíochta agus muirearaithe. Tá iarraidh *ad hoc* ar fhaisnéis curtha ag seirbhísí an Choimisiúin chuig na Ballstáit uile chun faisnéis ábhartha a bhailiú, agus déanfaidh siad tuilleadh scrúdaithe ar na costais a thuairiscítear maidir le ladraínn a bhrath ag na haerfoirt i gcomhthéacs comhlíontacht na rátaí aonaid a fhíorú. Tá an Cinneadh seo gan dochar do na torthaí ná do na conclúidí ón gCoimisiún maidir le costais braite na ladraínn.
- (43) Mar fhreagairt ar ionsaí míleata na Rúise ar an Úcráin, a thosaigh an 24 Feabhra 2022, tá bearta sriantacha glactha ag an Aontas lena gcuirtear toirmeasc ar aeriompróirí Rúiseacha, ar aon aerárthach atá cláraithe sa Rúis agus ar aon aerárthach nach bhfuil cláraithe sa Rúis ach atá faoi úinéireacht, ar chairtfhostú, nó faoi rialú ar shlí eile ag aon duine nádúrtha nó dlítheanach Rúiseach nó ag aon eintiteas nó comhlacht Rúiseach tuirlingt i gcríoch an Aontais, éirí de thalamh uaithe, nó eitilt thairsti. Tá laghdú ag teacht ar an aerthrácht san aerspás os cionn chríoch an Aontais i ngeall ar na bearta sin. Níor cheart, ámh, go mbeadh an tionchar ar an leibhéal uile-Aontais inchoimparáide leis an laghdú ar an aerthrácht de dheasca ráig phaindéim COVID-19 i mí an Mhárta 2020. Dá bhrí sin, is iomchuí na bearta agus na próisis atá ann faoi láthair le haghaidh chur chun feidhme na scéime feidhmíochta agus muirearaithe le linn TT3 a choinneáil ar bun,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

### *Airteagal 1*

Na spriocanna feidhmíochta atá sa dréachtphlean feidhmíochta a chuir an Fhionlainn isteach de bhun Rialachán (CE) Uimh. 549/2004 agus a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo, tá siad comhsheasmhach leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais i leith an tríú tréimhse thagartha a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/891.

### *Airteagal 2*

Dírítear an Cinneadh seo chuig Poblacht na Fionlainne.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 13 Aibreán 2022.

*Thar ceann an Choimisiúin*  
Adina VĂLEAN  
*Comhalta den Choimisiún*

## IARSCRÍBHINN

Na spriocanna feidhmíochta atá san áireamh sa dréachtphlean feidhmíochta a chuir an Fhionlainn isteach de bhun Rialachán (CE) Uimh. 549/2004 agus a fuarthas go bhfuil siad comhsheasmhach leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais le haghaidh an tríú tréimhse thagartha.

## PRÍOMHRÉIMSE FEIDHMÍOCHTA SÁBHÁILTEACHTA

## Éifeachtacht na bainistíochta sábháilteachta

an Fhionlainn	Spriocanna maidir le héifeachtacht na bainistíochta sábháilteachta, arna sloinneadh mar leibhéal cur chun feidhme, ó leibhéal EASA A go D				
An soláthraí seirbhísí aerloingseoireachta lena mbaineann	Cuspóir na bainistíochta sábháilteachta	2021	2022	2023	2024
ANS Finland	Beartas agus cuspóirí sábháilteachta	C	C	C	C
	Bainistíocht riosca sábháilteachta	C	C	C	D
	Dearbhú sábháilteachta	C	C	C	C
	Cur chun cinn na sábháilteachta	C	C	C	C
	Cultúr sábháilteachta	C	C	C	C

## PRÍOMHRÉIMSE FEIDHMÍOCHTA AN CHOMHSHAOIL

## Meánéifeachtúlacht chothrománach eitile faoi bhealach an ruthaig eitile iarbhír

	2021	2022	2023	2024
Dréacht de spriocanna comhshaoil faoi bhealach na Fionlainne, arna sloinneadh mar mheánéifeachtúlacht chothrománach faoi bhealach an ruthaig eitile iarbhír	0,88 %	0,88 %	0,88 %	0,88 %
Luachanna tagartha don Fhionlainn	0,88 %	0,88 %	0,88 %	0,88 %

## PRÍOMHRÉIMSE FEIDHMÍOCHTA ACMHAINNEACHTA

## Meánmhoill ATFM eitile faoi bhealach i nóiméid in aghaidh na heitile

	2021	2022	2023	2024
Dréacht de spriocanna acmhainneachta faoi bhealach na Fionlainne, i nóiméid ar mhoill ATFM in aghaidh na heitile	0,03	0,05	0,05	0,05
Luachanna tagartha don Fhionlainn	0,03	0,05	0,05	0,05

## PRÍOMHRÉIMSE FEIDHMÍOCHTA COSTÉIFEACHTÚLACHTA

## Costas aonaid arna shuíomh le haghaidh seirbhísí aerloingseoireachta faoi bhealach

Limistéar muirearaithe faoi bhealach na Fionlainne	Luach bonnlíne 2014	Luach bonnlíne 2019	2020-2021	2022	2023	2024
Dréacht de spriocanna costéifeachtúlachta faoi bhealach, arna sloinneadh mar chostas aonaid faoi bhealach arna shuíomh (i dtéarmaí réadacha ag praghsanna 2017)	EUR 55,87	EUR 40,70	EUR 81,42	EUR 48,63	EUR 41,43	EUR 40,22

**CINNEADH (AE) 2022/766 ÓN gCOIMISIÚN****an 13 Aibreán 2022****maidir le comhsheasmhacht na spriocanna feidhmíochta atá sa dréachtphlean feidhmíochta a chuir Éire isteach de bhun Rialachán (CE) Uimh. 549/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais don tríú tréimhse thagartha***(a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhoiciméad C(2022) 2287)***(Is ag na téacsanna sa Bhéarla agus sa Ghaeilge a bheidh an t – údarás agus acu siúd amháin)****(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 549/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Márta 2004 lena leagtar síos an creat chun aerspás Eorpach aonair a chruthú (an creat-Rialachán) <sup>(1)</sup>, agus go háirithe Airteagal 11(3), pointe (c), an chéad mhír, de,

Ag féachaint do Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317 ón gCoimisiún an 11 Feabhra 2019 lena leagtar síos scéim feidhmíochta agus muirearaithe san aerspás Eorpach aonair <sup>(2)</sup>, agus go háirithe Airteagal 14(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

**BREITHNITHE GINEARÁLTA**

- (1) De bhun Airteagal 11 de Rialachán (CE) Uimh. 549/2004, bunófar scéim feidhmíochta le haghaidh seirbhísí aerloingseoireachta agus feidhmeanna líonra. Thairis sin, de bhun Airteagal 10 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, tarraingeadh na Ballstáit suas, ar an leibhéal náisiúnta nó ar leibhéal na mbloc feidhme aerspáis ('FABanna'), spriocanna feidhmíochta ceangailteacha do gach tréimhse thagartha de chuid na scéime feidhmíochta le haghaidh seirbhísí aerloingseoireachta agus feidhmeanna líonra. Ní mór na spriocanna feidhmíochta sin a bheith comhsheasmhach leis na spriocanna uile-Aontais arna nglacadh ag an gCoimisiún don tréimhse thagartha lena mbaineann. Is é an Coimisiún atá freagrach as measúnú a dhéanamh an bhfuil na spriocanna feidhmíochta atá beartaithe sna dréachtphleananna feidhmíochta arna dtarraingt suas ag na Ballstáit comhsheasmhach leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais agus úsáid á baint as na critéir mheasúnaithe a leagtar amach in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317.
- (2) Ó bhí an chéad ráithe den bhliain féilire 2020 ann, bhí tionchar suntasach ag ráig phaindéim COVID-19 ar earnáil an aeriompair agus tá méid an aerthráchta laghdaithe go mór i gcomparáid leis na leibhéil roimh an bpaindéim, mar gheall ar na bearta a rinne na Ballstáit agus tríú tíortha chun an phaindéim a shrianadh.
- (3) Leagadh amach spriocanna feidhmíochta uile-Aontais don tríú tréimhse thagartha ('RP3') ar dtús i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/903 ón gCoimisiún <sup>(3)</sup>. Maidir leis na spriocanna feidhmíochta sin ar fud an Aontais agus na dréachtphleananna feidhmíochta RP3 a chuir na Ballstáit isteach, ós rud é gur tarraingíodh suas iad sular tharla ráig phaindéim COVID-19, ní fhéadfaí an t-athrú suntasach a tháinig ar na dálaí aeriompair de dheasca na paindéime a chur san áireamh iontu.

<sup>(1)</sup> IO L 96, 31.3.2004, lch. 1.

<sup>(2)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317 ón gCoimisiún an 11 Feabhra 2019 lena leagtar síos scéim feidhmíochta agus muirearaithe san aerspás Eorpach aonair agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 390/2013 agus (AE) Uimh. 391/2013 (IO L 56, 25.2.2019, lch. 1).

<sup>(3)</sup> Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/903 ón gCoimisiún an 29 Bealtaine 2019 lena leagtar síos spriocanna feidhmíochta ar fud an Aontais le haghaidh an líonra um bainistíocht aerthráchta i ndáil leis an tríú tréimhse thagartha dar tús an 1 Eanáir 2020 agus dar críoch an 31 Nollaig 2024 (IO L 144, 3.6.2019, lch. 49).

- (4) Mar fhreagairt ar thionchar phaindéim COVID-19 ar sholáthar seirbhísí aerloingseoireachta, leagadh amach bearta eisceachtúla le haghaidh an tríú tréimhse thagartha, de mhaolú ar Rialachán (AE) 2019/317, i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1627 ón gCoimisiún<sup>(4)</sup>. De bhun Airteagal 2(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1627, ghlac an Coimisiún, an 2 Meitheamh 2021, Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/891<sup>(5)</sup> lena leagtar síos spriocanna feidhmíochta uile-Aontais athbhreithnithe do RP3.
- (5) Tugann an Coimisiún dá aire go mbeidh an t-aerthrácht ar leibhéal an Aontais i rith na bliana 2023 níos airde ná na leibhéil sin in 2024 i gcás na dtionscadal de chuid Sheirbhís Staidrimh agus Réamhaisnéise Eurocontrol ('STATFOR') i mí Dheireadh Fómhair 2021. Mar sin féin, tá leibhéal na neamhchinnteachta maidir le forbairt tráchta fós an-ard i ngeall ar na rioscaí a bhaineann le héabhlóid staid eipidéimeolaíoch COVID-19. Tugann an Coimisiún dá aire freisin go meastar nach mbeidh an téarnamh tráchta cothrom ar fud na mBallstát.
- (6) Tá dréachtphlean feidhmíochta forbartha agus glactha ag gach Ballstát ina bhfuil spriocanna feidhmíochta áitiúla athbhreithnithe do RP3, a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin lena measúnú faoin 1 Deireadh Fómhair 2021. Tar éis iomláine na ndréachtphleananna feidhmíochta sin a fhíorú, d'iarr an Coimisiún ar na Ballstáit dréachtphleananna feidhmíochta nuashonraithe a chur isteach faoin 17 Samhain 2021. Tá an measúnú ón gCoimisiún a chuirtear i láthair sa Chinneadh seo bunaithe ar an bplean feidhmíochta nuashonraithe a chuir Éire isteach.
- (7) Chuir an comhlacht athbhreithnithe feidhmíochta, a thugann cúnamh don Choimisiún i gcur chun feidhme na scéime feidhmíochta de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (CE) Uimh. 549/2004, tuarascáil faoi bhráid an Choimisiúin ina bhfuil a chomhairle faoin measúnú ar dhréachtphleananna feidhmíochta RP3.
- (8) I gcomhréir le hAirteagal 14(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, rinne an Coimisiún measúnú ar chomhsheasmhacht na spriocanna feidhmíochta áitiúla atá beartaithe ag Éirinn ar bhonn na gcritéar measúnaithe a leagtar síos i bpointe 1 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin, agus cúinsí áitiúla á gcur san áireamh. Maidir le gach príomhréimse feidhmíochta agus maidir leis na spriocanna feidhmíochta gaolmhara, rinne an Coimisiún an measúnú a chomhlánú trí athbhreithniú a dhéanamh ar an dréachtphlean feidhmíochta i ndáil leis na heilimintí a leagtar amach i bpointe 2 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin.

## MEASÚNÚ ÓN GCOIMISIÚN

### Measúnú ar dhréachtspriocanna feidhmíochta sa phríomhréimse feidhmíochta sábháilteachta

- (9) Maidir leis an bpríomhréimse feidhmíochta sábháilteachta, rinne an Coimisiún measúnú ar chomhsheasmhacht na spriocanna arna gcur isteach ag Éirinn maidir le héifeachtacht bainistithe sábháilteachta soláthraithe seirbhísí aerloingseoireachta bunaithe ar an gcritéar a leagtar síos i bpointe 1.1 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317. Rinneadh an measúnú sin agus cúinsí áitiúla á gcur san áireamh agus rinneadh é a chomhlánú leis an athbhreithniú ar bhearta atá beartaithe chun na spriocanna sábháilteachta a bhaint amach i ndáil leis na heilimintí a leagtar amach i bpointe 2.1.(a) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317.
- (10) Is iad seo a leanas na dréachtspriocanna feidhmíochta sa phríomhréimse feidhmíochta a mholann Éire maidir le héifeachtacht bainistíochta sábháilteachta, a mhiondealaítear de réir an chuspóra bainistíochta sábháilteachta agus a léirítear mar leibhéal cur i bhfeidhm:

<sup>(4)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1627 ón gCoimisiún an 3 Samhain 2020 maidir le bearta eisceachtúla i ndáil leis an tríú tréimhse thagartha (2020-2024) den scéim feidhmíochta agus muirearaithe san aerspás Eorpach de dheasca phaindéim COVID-19 (IO L 366, 4.11.2020, lch. 7).

<sup>(5)</sup> Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/891 ón gCoimisiún an 2 Meitheamh 2021 lena leagtar síos spriocanna feidhmíochta athbhreithnithe ar fud an Aontais Eorpaigh le haghaidh an líonra um bainistíocht aerthráchta i ndáil leis an tríú tréimhse thagartha (2020-2024) agus lena n-aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/903, IO L 195, 3.6.2021, lch. 3.

Éire	Spriocanna maidir le héifeachtacht na bainistíochta sábháilteachta, arna sloinneadh mar leibhéal cur chun feidhme, ó leibhéal EASA A go D				
Soláthraí seirbhísí aerloingseoireachta lena mbaineann	Cuspóir na bainistíochta sábháilteachta	2021	2022	2023	2024
IAA	Beartas agus cuspóirí sábháilteachta	C	C	C	<b>C</b>
	Bainistiú riosca cáilíochta	D	D	D	<b>D</b>
	Áirithiú sábháilteachta	C	C	C	<b>C</b>
	Cur chun cinn na sábháilteachta	C	C	C	<b>C</b>
	Cultúr na sábháilteachta	C	C	C	<b>C</b>

- (11) Chinn an Coimisiún go bhfuil na dréachtspriocanna sábháilteachta atá molta ag Éirinn don soláthraí seirbhísí aerloingseoireachta (IAA) comhionann leis na spriocanna sábháilteachta uile-Aontais do gach bliain féilire ó 2021 go 2024.
- (12) Tugann an Coimisiún dá aire go ndéantar tagairt sa dréachtphlean feidhmíochta a chuir Éire isteach do bhearta atá beartaithe ag IAA sa phlean gnó chun na spriocanna sábháilteachta áitiúla a bhaint amach. Áirítear ar na bearta cur chun feidhme na gceanglas a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme 2017/373 <sup>(6)</sup> ón gCoimisiún chomh maith le hinfeistíochtaí a bhaineann le sábháilteacht. Deir NSA go leanfaidh sé d'athbhreithniú bliantúil a dhéanamh ar thorthaí éifeachtachta cheistneoir an bhainistithe sábháilteachta agus go bhforchuirfidh sé bearta feabhais in aon réimse a bhaineann le neamhchomhlíontachta d'fhonn na spriocanna sábháilteachta áitiúla a bhaint amach.
- (13) Ar bhonn na dtorthaí a leagtar amach in aithrisí (11) agus (12), agus ós rud é nach mór na spriocanna feidhmíochta sábháilteachta uile-Aontais a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/891 a bhaint amach faoin mbliain dheireanach RP3, i.e. 2024, ba cheart na dréachtspriocanna a áirítear i ndréachtphlean feidhmíochta na hÉireann a mheas a bheith comhsheasmhach leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais i bpríomhréimse feidhmíochta na sábháilteachta.

### Measúnú ar dhréachtspriocanna feidhmíochta i bpríomhréimse feidhmíochta an chomhshaoil

- (14) Maidir le príomhréimse feidhmíochta an chomhshaoil, rinneadh measúnú ar chomhsheasmhacht na spriocanna arna gcur isteach ag Éirinn maidir le meánéifeachtúlacht chothrománach *faoi bhealach* na conaire iarbhrí ar bhonn na gcritéar a leagtar síos i bpointe 1.2 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317. Dá réir sin, cuireadh na spriocanna beartaithe atá i ndréachtphlean feidhmíochta na hÉireann i gcomparáid leis na luachanna tagartha ábhartha maidir le héifeachtúlacht eiltle *faoi bhealach* a leagtar amach sa Phlean Feabhsúcháin Líonra Bealaigh Eorpach (ERNIP) atá ar fáil tráth a ghlacadh na spriocanna feidhmíochta athbhreithnithe uile-Aontais do RP3, eadhon an 2 Meitheamh 2021. Rinneadh an measúnú sin agus cúinsí áitiúla á gcur san áireamh agus rinneadh é a chomhlánú leis an athbhreithniú ar bhearta atá beartaithe chun na spriocanna comhshaoil a bhaint amach faoi phointe 2.1(a) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317.
- (15) I ndáil leis an mbliain féilire 2020, níor athbhreithníodh an sprioc feidhmíochta uile-Aontais do RP3 i bpríomhréimse feidhmíochta an chomhshaoil, a leagadh amach ar dtús i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/903, le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/891, ós rud é go raibh an tréimhse ama do chur i bhfeidhm na spriocanna sin imithe in éag agus dá bhrí sin go raibh a chur chun feidhme críochnaitheach gan aon deis a bheith ann coigeartú aisghníomhach a dhéanamh. Dá réir sin, níor iarradh ar na Ballstáit athbhreithniú a dhéanamh, sna dréachtphleananna feidhmíochta arna gcur isteach faoin 1 Deireadh Fómhair 2021, ar a spriocanna feidhmíochta áitiúla don bhliain féilire 2020 i bpríomhréimse feidhmíochta an chomhshaoil. Dá bhrí sin, ba cheart measúnú a dhéanamh ar chomhsheasmhacht na spriocanna feidhmíochta comhshaoil áitiúla leis na spriocanna feidhmíochta comhfhreagracha uile-Aontais i ndáil leis na blianta féilire 2021, 2022, 2023 agus 2024.

<sup>(6)</sup> IO L 62, 8.3.2017, lch. 1.

- (16) Is iad seo a leanas na dréachtspríocanna feidhmíochta sa phríomhréimse feidhmíochta don chomhshaoil atá molta ag Éirinn agus na luachanna tagartha náisiúnta comhfhreagracha do RP3 ón ERNIP, arna sloinneadh mar mheánéifeachtúlacht chothrománach *faoi bhealach* na conaire iarbhrí:

	2021	2022	2023	2024
<b>Dréacht de spriocanna comhshaoil <i>faoi bhealach</i> na hÉireann, arna sloinneadh mar mheánéifeachtúlacht chothrománach eitlete <i>faoi bhealach</i> na conaire iarbhrí</b>	<b>1,13 %</b>	<b>1,13 %</b>	<b>1,13 %</b>	<b>1,13 %</b>
Luachanna tagartha d'Éirinn	1,13 %	1,13 %	1,13 %	1,13 %

- (17) Tugann an Coimisiún faoi deara go bhfuil na dréachtspríocanna comhshaoil atá molta ag Éirinn comhionann leis na luachanna tagartha náisiúnta comhfhreagracha do gach bliain féilire ó 2021 go 2024.
- (18) Maidir le pointe 2.1(a) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, tugann an Coimisiún dá aire gur chuir Éire roinnt beart i láthair sa dréachtphlean feidhmíochta chun spriocanna comhshaoil áitiúil a bhaint amach lena n-áirítear atheagrú a dhéanamh ar Réigiún Faisnéise Eitlete na Sionainne (FIR) chomh maith le plean trasdula loingseoireachta feidhmíocht bhunaithe (PBN) a chur i bhfeidhm.
- (19) Ina theannta sin, tugann an Coimisiún faoi deara go bhfuil aerspás saor bealaigh (FRA) curtha chun feidhme cheana féin ag Éirinn san aerspás uachtarach agus san aerspás níos ísle.
- (20) Ar bhonn na dtorthaí a leagtar amach sna haithrisí (17) go (19) a ghabhann leis an Rialachán seo, ba cheart na dréachtspríocanna a áirítear i ndréachtphlean feidhmíochta na hÉireann a mheasúnú a bheith comhsheasmhach leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais i bpríomhréimse feidhmíochta an chomhshaoil.

#### **Measúnú ar dhréachtspríocanna feidhmíochta sa phríomhréimse feidhmíochta acmhainneachta**

- (21) Maidir leis an bpríomhréimse feidhmíochta acmhainneachta, rinneadh measúnú ar chomhsheasmhacht na spriocanna a chuir Éire isteach maidir leis an meánmhoill bhainistíochta na sreibe aerthráchta *faoi bhealach* ('ATFM') in aghaidh na heitilte ar bhonn na gcrítear a leagtar síos i bpointe 1.3 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317. Dá réir sin, cuireadh na spriocanna beartaithe atá i ndréachtphlean feidhmíochta na hÉireann i gcomparáid leis na luachanna tagartha a leagtar amach sa Phlean Oibríochtaí Líonra a bhí ar fáil tráth a glacadh na spriocanna feidhmíochta athbhreithnithe uile-Aontais do RP3, is é sin an 2 Meitheamh 2021. Rinneadh an measúnú sin agus cúinsí áitiúla á gcur san áireamh agus rinneadh é a chomhlánú leis an athbhreithniú ar na bearta atá beartaithe chun na spriocanna acmhainneachta faoi phointe 2.1(a) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317 a bhaint amach.
- (22) I ndáil leis an mbliain féilire 2020, níor athbhreithníodh an sprioc feidhmíochta uile-Aontais do RP3 i bpríomhréimse feidhmíochta acmhainneachta, a leagadh amach ar dtús i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/903, le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/891, ós rud é go raibh an tréimhse ama do chur i bhfeidhm na sprice sin imithe in éag agus dá bhrí sin go raibh a chur chun feidhme críochnaitheach gan aon deis a bheith ann coigeartú aighníomhach a dhéanamh. Dá réir sin, níor iarradh ar na Ballstáit athbhreithniú a dhéanamh, sna dréachtphleananna feidhmíochta arna gcur isteach faoin 1 Deireadh Fómhair 2021, ar a spriocanna feidhmíochta áitiúla don bhliain féilire 2020 i bpríomhréimse feidhmíochta acmhainneachta. Dá bhrí sin, ba cheart measúnú a dhéanamh ar a chomhsheasmhaí atá na spriocanna feidhmíochta acmhainneachta áitiúla leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais i ndáil leis na blianta féilire 2021, 2022, 2023 agus 2024.
- (23) Is iad seo a leanas na dréachtspríocanna acmhainneachta *faoi bhealach* atá beartaithe ag Éirinn le haghaidh RP3, arna sloinneadh i nóiméid mhoill ATFM in aghaidh na heitilte, chomh maith leis na luachanna tagartha comhfhreagracha ó Phlean Oibríochtaí an Líonra:

	2021	2022	2023	2024
<b>Dréacht de spriocanna acmhainneachta <i>faoi bhealach</i> na hÉireann, i nóiméid mhoill ATFM in aghaidh na heitilte</b>	<b>0,01</b>	<b>0,03</b>	<b>0,03</b>	<b>0,03</b>
Luachanna tagartha d'Éirinn	0,01	0,03	0,03	0,03



- (24) Tugann an Coimisiún faoi deara go bhfuil na dréachtspríocanna acmhainneachta atá molta ag Éirinn comhionann leis na luachanna tagartha náisiúnta comhfhreagracha do gach bliain féilire ó 2021 go 2024.
- (25) Maidir le pointe 2.1(a) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, tugann an Coimisiún dá aire go bhfuil réimse beart curtha i láthair ag Éirinn sa dréachtphlean feidhmíochta chun na spriocanna acmhainneachta áitiúla *faoi bhealach* a bhaint amach. Áirítear ar na bearta sin earnáiliú aerspáis solúbtha, ilrátis rialtóirí aerthráchta (ATCOanna), ionad oibríochtaí teagmhais *faoi bhealach* d'Ionad Rialaithe Limistéir na Sionainne (ACC) agus tionscadail a dhíríonn ar acmhainní na hearnála a fheabhsú.
- (26) Ar bhonn na dtorthaí a leagtar amach in aithrisí (24) agus (25), ba cheart measúnú a dhéanamh ar na dréachtspríocanna a áirítear i ndréachtphlean feidhmíochta na hÉireann a bheith comhsheasmhach leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais sa phríomhréimse feidhmíochta acmhainneachta.

#### **Athbhreithniú ar dhréachtspríocanna acmhainneachta le haghaidh seirbhísí aerloingseoireachta críochfoirt**

- (27) Maidir le haerfoirt a thagann faoi raon feidhme Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317 mar a leagtar amach in Airteagal 1(3) agus (4) den Rialachán sin, rinne an Coimisiún a mheasúnú ar dhréachtspríocanna acmhainneachta *faoi bhealach* a chomhlánú trí athbhreithniú a dhéanamh ar na dréachtspríocanna acmhainneachta do sheirbhísí aerloingseoireachta críochfoirt i gcomhréir le pointe 2.1(b) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317. Suíodh go raibh na dréachtspríocanna ina n-ábhar inmí maidir le hÉirinn.
- (28) Chinn an Coimisiún go bhfuil na spriocanna atá beartaithe don RP3 don mheánmhoill sroichte ATFM idir 0,25 agus 0,20 nóiméad in aghaidh na heitilte do na blianta féilire 2021 go 2024 níos airde go mór ná feidhmíocht na moille ATFM a baineadh amach i rith na tréimhse uile ach in aon bhliain féilire amháin den dara tréimhse tagartha ('RP2'), agus moill ATFM ar an meán de thart ar 0,15 nóiméad in aghaidh na heitilte a breathnaíodh le linn na tréimhse sin.
- (29) Dá bhrí sin, measann an Coimisiún, i dtaca lena phlean deiridh feidhmíochta a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 16, pointe (a) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, gur cheart d'Éirinn údar breise a thabhairt leis na spriocanna acmhainneachta críochfoirt i bhfianaise na mbarúlacha a leagtar amach thuas, nó gur cheart di athbhreithniú a dhéanamh síos ar na dréachtspríocanna acmhainneacht do sheirbhísí aerloingseoireachta críochfoirt.

#### **Measúnú ar dhréachtspríocanna feidhmíochta sa réimse tábhachtach feidhmíochta a bhaineann le costéifeachtúlacht**

- (30) Maidir le príomhréimse feidhmíochta costéifeachtúlachta, rinneadh measúnú ar chomhsheasmhacht na spriocanna a chuir Éire isteach maidir leis an gcostas aonaid cinnte ('DUC') do sheirbhísí aerloingseoireachta *faoi bhealach* bunaithe ar na critéir a leagtar síos i bpointe 1.4(a), i bpointe (b) agus i bpointe (c) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317. Is éard atá sna critéir sin an treo DUC thar RP3, treo fhadtéarmach an DUC thar RP2 agus RP3 (2015-2024), agus an luach bonnlíne don DUC ar leibhéal an chreasa muirearaithe i gcomparáid le meánluach na gciosanna muirearaithe ina bhfuil timpeallacht oibríochtúil agus eacnamaíoch chomhchosúil ag soláthraithe seirbhísí aerloingseoireachta.
- (31) Rinneadh na spriocanna éifeachtúlachta costas *faoi bhealach* a mheasúnú agus cúinsí áitiúla á gcur san áireamh. Rinneadh é a chomhlánú leis an athbhreithniú ar na príomhfachtóirí agus na paraiméadair a thacaíonn leis na spriocanna sin mar a shonraítear i bpointe 2.1(d) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317.
- (32) Seo a leanas na dréachtspríocanna costéifeachtúlachta *faoi bhealach* atá beartaithe ag Éirinn do RP3:

Limistéar muirearaithe <i>faoi bhealach</i> na hÉireann	Luach bonnlíne 2014	Luach bonnlíne 2019	2020-2021	2022	2023	2024
<b>Dréacht de spriocanna costéifeachtúlachta <i>faoi bhealach</i>, arna sloinneadh mar aonad <i>faoi bhealach</i> (i ndearbhthéarmaí ag praghsanna 2017)</b>	EUR 26,36	EUR 25,03	EUR 47,25	EUR 29,84	EUR 25,01	EUR 24,66

- (33) Maidir leis an gcritéar a leagtar síos i bpointe 1.4(a) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, tugann an Coimisiún faoi deara go ndéantar an treocht ar fud an Aontais de +1,0 % le linn na tréimhse céanna a sháru le treocht DUC *faoi bhealach* in Éirinn ag leibhéal an chreasa muirearaithe de -0,4 % in aghaidh na bliana thar RP3.
- (34) Maidir leis an gcritéar a leagtar síos i bpointe 1.4(b) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, tugann an Coimisiún faoi deara go sáraíonn treocht fhadtéarmach *faoi bhealach* DUC in Éirinn ag leibhéal an chreasa muirearaithe ar RP2 agus RP3 de -0,7 % in aghaidh na bliana an treocht fhadtéarmach uile-Aontais de -1,3 % thar an tréimhse chéanna.
- (35) Maidir leis an gcritéar a leagtar síos i bpointe 1.4(c) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, tugann an Coimisiún faoi deara go bhfuil luach bonnlíne EUR 25.03 d'Éirinn i ndearbhthearmaí ag praghsanna 2017 ('EUR 2017') cothrom le 52,9 % níos ísle ná an meánluach bonnlíne EUR 53.20 in EUR 2017 den ghrúpa comparáide ábhartha. Tugann an Coimisiún dá aire go leanfaidh costas aonaid cinnte *faoi bhealach* na hÉireann don bhliain 2024 de bheith níos ísle de 51,1 % ná meán an ghrúpa chomparadóra.
- (36) Mar a shonraítear in aithris (33), is léir go sáraíonn treocht DUC in Éirinn thar RP3 treocht chomhfhreagrach uile-Aontais den chuid is mó. Ina theannta sin, tá DUC na hÉireann in 2024 níos ísle ná na luachanna bonnlíne do 2014 agus 2019, a léiríonn go mbaintear gnóthachain éifeachtacha costéifeachtúlachta amach sa mheántearma agus san fhadtéarma araon. Ar deireadh, ag tagairt d'aithris (35), léiríonn Éire feidhmíocht láidir costéifeachtúlachta i dtéarmaí leibhéal DUC, toisc go bhfuil an luach bunlíne do 2019 agus an DUC do 2024 in Éirinn i bhfad níos ísle (faoi os cionn 50 %) ná meánluachanna na ngrúpaí comparáide comhfhreagracha. Ag féachaint do na nithe sin roimhe seo, measann an Coimisiún nach gcoisctear, leis an imeacht ón treocht uile-Aontais fhadtéarmach maidir le DUC a fheictear san aithris (34), comhsheasmhacht a bhunú leis na spriocanna feidhmíochta costéifeachtúlachta uile-Aontais i ndáil le hÉirinn.
- (37) Ar bhonn na dtorthaí a leagtar amach sna haithrisí (33) go (36) a ghabhann leis an Rialachán seo, ba cheart measúnú a dhéanamh ar na dréachtspriocanna a áirítear i ndréachtphlean feidhmíochta na hÉireann a bheith comhsheasmhach leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais sa phríomhréimse feidhmíochta costéifeachtúlachta.

#### **Athbhreithniú ar dhréachtspriocanna costéifeachtúlachta le haghaidh seirbhísí aerloingseoireachta críochfoirt**

- (38) Maidir le haerfoirt a thagann faoi raon feidhme Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317 mar a leagtar amach in Airteagal 1(3) agus (4) den Rialachán sin, rinne an Coimisiún a mheasúnú ar dhréachtspriocanna costéifeachtúlachta *faoi bhealach* a chomhlánú leis an athbhreithniú ar na dréachtspriocanna costéifeachtúlachta do sheirbhísí aerloingseoireachta críochfoirt i gcomhréir le pointe 2.1(c) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317. Níor suíodh na dréachtspriocanna sin aon ábhar inní a bheith acu maidir le hÉirinn a chur in iúl.

#### **Athbhreithniú ar na scéimeanna dreasachta dá dtagraítear in Airteagal 11 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317 lena gcomhlánaítear measúnú an Choimisiúin ar dhréachtspriocanna acmhainneachta**

- (39) I gcomhréir le pointe 2.1(f) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, i ndáil le measúnú ar dhréachtspriocanna acmhainneachta, rinne an Coimisiún a mheasúnú a chomhlánú le hathbhreithniú ar na dréachtscéimeanna dreasachta dá dtagraítear in Airteagal 11 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317. I ndáil leis sin, scrúdaigh an Coimisiún an gcomhlíonann na dréacht-scéimeanna dreasachta na ceanglais shubstainteacha a leagtar amach in Airteagal 11(1) agus (3) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317. Suíodh na dréacht-scéimeanna dreasachta atá i ndréachtphlean feidhmíochta na hÉireann bheith ina n-ábhar inní.
- (40) Tugann an Coimisiún faoi deara go gcuimsíonn an scéim dreasachta acmhainneachta *faoi bhealach* agus an scéim dreasachta acmhainneachta críochfoirt atá molta i ndréachtphlean feidhmíochta na hÉireann araon míbhuntáiste uasta airgeadais arb ionann é agus 0,50 % de na costais shocraithe agus uasbhuntáiste airgeadais arb ionann é agus 0,0 % de na costais chinnte.
- (41) Maidir leis na scéimeanna dreasachta sin, tá an Coimisiún go mór in amhras, ar bhonn comhairle saineolaithe arna cur ar fáil ag an gcomhlacht athbhreithnithe feidhmíochta, an mbeadh aon tionchar ábhartha ar an ioncam i mbaol ag an míbhuntáiste uasta airgeadais atá beartaithe, arb ionann é agus 0,50 % de na costais arna gcinneadh, mar a cheanglaítear de bhun Airteagal 11(3), pointe (a) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317.

- (42) Dá bhrí sin, ba cheart d'Éirinn athbhreithniú a dhéanamh, maidir lena plean deiridh feidhmíochta a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 16(a) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, ar a scéimeanna dreasachta chun spriocanna acmhainneachta *faoi bhealach* agus críochfoirt a bhaint amach ionas go socrófar na míbhuntáistí uasta airgeadais a eascraíonn as na scéimeanna dreasachta sin ar leibhéal a bhfuil tionchar ábhartha acu ar an ioncam i mbaol, mar a cheanglaítear go sainráite faoi Airteagal 11(3), pointe (a) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, a mbeadh, dar leis an gCoimisiún, míbhuntáiste airgeadais uasta arna gcinneadh ag 1 % nó níos airde ná sin mar thoradh air.

### CONCLUÍDÍ

- (43) Ar bhonn an mheasúnaithe a leagtar amach sna haithrisí (9) go (42), chinn an Coimisiún go bhfuil na spriocanna feidhmíochta atá sa dréachtphlean feidhmíochta a chuir Éire isteach ag teacht leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais.
- (44) Tugann an Coimisiún dá aire go bhfuil sé curtha in iúl ag roinnt Ballstát go bhfuil sé ar intinn acu ítimí costais a bhaineann le brath drón aerfoirt a chur san áireamh ina mboinn chostais RP3. Ní rabhthas in ann a leagan síos go beacht, bunaithe ar na heilimintí atá sna dréachtphleananna feidhmíochta, a mhéid a chuir na Ballstáit na costais chinnte sin san áireamh ina mboinn chostais RP3 agus, i gcás inar cuireadh na costais sin san áireamh, a mhéid a thabhaítear iad i ndáil le soláthar seirbhísí aerloingseoireachta agus a mhéid a d'fhéadfaí iad a mheas, ar an gcaoi sin, a bheith incháilithe faoin scéim feidhmíochta agus muirearaithe. Chuir seirbhísí an Choimisiúin iarraidh *ad hoc* ar fhaisnéis chuig gach Ballstát chun faisnéis ábhartha a bhailiú, agus déanfaidh siad scrúdú breise ar na costais thuairiscithe a bhaineann le brath drón aerfoirt a bhrath i gcomhthéacs fíorú comhlíontachta ar ráta an aonaid. Tá an Cinneadh seo gan dochar do thorthaí agus do chonclúidí an Choimisiúin maidir le hábhar na gcostas chun dróin a bhrath.
- (45) Mar fhreagairt ar ionsaí míleata na Rúise ar an Úcráin, a thosaigh an 24 Feabhra 2022, tá bearta sriantacha glactha ag an Aontas lena gcuirtear cosc ar aeriompróirí na Rúise, ar aon aerárthach atá cláraithe ag an Rúis agus ar aon aerárthach nach aerárthaí de chuid na Rúise é atá cláraithe nó atá cairtfhostaithe, nó atá faoi rialú ar shlí eile ag aon duine nádúrtha nó dlítheanach Rúiseach, eintiteas nó comhlacht Rúiseach ó thuirlingt i gcríoch an Aontais, dul san aer uaithi nó eitilt thar a críoch. Tá laghdú ar aerthrácht san aerspás ar chríoch an Aontais mar thoradh ar na bearta sin. Níor cheart, áfach, go mbeadh an tionchar ar fud an Aontais incomparáide leis an laghdú ar aerthrácht a bhí mar thoradh ar phaindéim COVID-19 a bhris amach i mí an Mhárta 2020. Dá bhrí sin, is iomchuí na bearta agus na próisis atá ann cheana a choimeád ar bun chun an scéim feidhmíochta agus muirearaithe a chur chun feidhme i RP3.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

#### *Airteagal 1*

Tá na spriocanna feidhmíochta atá sa dréachtphlean feidhmíochta a chuir Éire isteach, de bhun Rialachán (CE) Uimh. 549/2004, agus a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo, comhsheasmhach leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais don tríú tréimhse thagartha a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/891.

#### *Airteagal 2*

Is chuig Éirinn a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 13 Aibreán 2022.

*Thar ceann an Choimisiúin*

Adina VĂLEAN

*Comhalta den Choimisiún*

## IARSCRÍBHINN

Na spriocanna feidhmíochta atá san áireamh sa dréachtphlean feidhmíochta a chuir Éire isteach de bhun Rialachán (CE) Uimh. 549/2004 agus a mheastar atá comhsheasmhach leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais don tríú tréimhse thagartha.

## PRÍOMHRÉIMSE FEIDHMÍOCHTA SÁBHÁILTEACHTA

## Éifeachtacht na bainistíochta sábháilteachta

Éire	Spriocanna maidir le héifeachtacht na bainistíochta sábháilteachta, arna sloinneadh mar leibhéal cur chun feidhme, ó leibhéal EASA A go D				
Soláthraí seirbhísí aerloingseoireachta lena mbaineann	Cuspóir na bainistíochta sábháilteachta	2021	2022	2023	2024
IAA	Beartas agus cuspóirí sábháilteachta	C	C	C	C
	Bainistiú riosca cáilíochta	D	D	D	D
	Áirithiú sábháilteachta	C	C	C	C
	Cur chun cinn na sábháilteachta	C	C	C	C
	Cultúr na sábháilteachta	C	C	C	C

## PRÍOMHRÉIMSE FEIDHMÍOCHTA SÁBHÁILTEACHTA AN CHOMHSHAOIL

## Meánéifeachtúlacht eitilte chothrománach faoi bhealach na conaire iarbhír

	2021	2022	2023	2024
<b>Dréachtde spriocanna comhshaoil na hÉireann faoi bhealach</b> , arna sloinneadh mar mheánéifeachtúlacht chothrománach faoi bhealach na conaire iarbhír	1,13 %	1,13 %	1,13 %	1,13 %
Luachanna tagartha d'Éirinn	1,13 %	1,13 %	1,13 %	1,13 %

## PRÍOMHRÉIMSE FEIDHMÍOCHTA ACMHAINNEACHTA

## Meánmhoill faoi bhealach ATFM i nóiméid in aghaidh na heitilte

	2021	2022	2023	2024
<b>Dréacht de spriocanna acmhainneachta faoi bhealach na hÉireann</b> , i nóiméid ar mhoill ATFM in aghaidh na heitilte	0,01	0,03	0,03	0,03
Luachanna tagartha d'Éirinn	0,01	0,03	0,03	0,03

## PRÍOMHRÉIMSE FEIDHMÍOCHTA COSTÉIFEACHTÚLACHTA

## Costas aonaid cinnte le haghaidh seirbhísí aerloingseoireachta faoi bhealach

Limistéar luchtaithe faoi bhealach na hÉireann	Luach bonnlíne 2014	Luach bonnlíne 2019	2020 -2021	2022	2023	2024
<b>Dréacht-de spriocanna cost-éifeachtúlachta faoi bhealach</b> , arna sloinneadh mar chostas aonaid chinnte faoi bhealach (i ndearbhtéarmaí ag praghsanna 2017)	EUR 26,36	EUR 25,03	EUR 47,25	EUR 29,84	EUR 25,01	EUR 24,66

**CINNEADH (AE) 2022/767 ÓN gCOIMISIÚN**  
**an 13 Aibreán 2022**

**maidir le comhsheasmhacht na spriocanna feidhmíochta atá sa dréachtphlean feidhmíochta a chuir an Phortaingéil isteach de bhun Rialachán (CE) Uimh. 549/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais i leith an tríú tréimhse tagartha**

*(a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhoiciméad C(2022) 2288)*

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

**(Is é an téacs sa Phortaingéilis amháin atá barántúil)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 549/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Márta 2004 lena leagtar síos an creat chun aerospás Eorpach aonair a chruthú (an creat-Rialachán)<sup>(1)</sup>, agus go háirithe Airteagal 11(3), pointe (c), an chéad mhír de,

Ag féachaint do Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317 ón gCoimisiún an 11 Feabhra 2019 lena leagtar síos scéim feidhmíochta agus muirearaithe san aerospás Eorpach aonair<sup>(2)</sup>, agus go háirithe Airteagal 14(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

**BREITHNITHE GINEARÁLTA**

- (1) De bhun Airteagal 11 de Rialachán (CE) Uimh. 549/2004, tá scéim feidhmíochta le haghaidh seirbhísí aerloingseoireachta agus feidhmeanna líonra aerloingseoireachta le bunú. Thairis sin, de bhun Airteagal 10 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, tá na Ballstáit le spriocanna feidhmíochta ceangailteacha a tharraingt suas, ar an leibhéal náisiúnta nó ar leibhéal na mbloc feidhme aerospáis, i leith gach tréimhse tagartha den scéim feidhmíochta le haghaidh seirbhísí aerloingseoireachta agus feidhmeanna líonra aerloingseoireachta. Ní mór na spriocanna feidhmíochta sin a bheith comhsheasmhach leis na spriocanna uile-Aontais arna nglacadh ag an gCoimisiún i leith na tréimhse tagartha lena mbaineann. Is é an Coimisiún atá freagrach as measúnú a dhéanamh an bhfuil na spriocanna feidhmíochta molta atá sna dréachtphleananna arna dtarraingt suas ag na Ballstáit comhsheasmhach leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais, agus na critéir mheasúnaithe a leagtar amach in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317 á úsáid aige.
- (2) Ón gcéad ráithe de bhliain féilire 2020, bhí tionchar mór ag ráig phaindéim COVID-19 ar an earnáil aeriompair agus d'fhág sé gur tháinig laghdú suntasach ar an méid aerthráchta i gcomparáid leis na leibhéil roimh an bpaindéim, de bharr na mbearta a rinne na Ballstáit agus tríú tíortha chun srian a choinneáil ar an bpaindéim.
- (3) Leagadh spriocanna feidhmíochta uile-Aontais i leith an tríú tréimhse thagartha ("TT3") síos i dtosach i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/903 ón gCoimisiún<sup>(3)</sup>. Maidir leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais sin agus na dréachtphleananna feidhmíochta a chuir na Ballstáit isteach ina ndiaidh siúd, ós rud é gur tarraingíodh suas iad sular tharla ráig phaindéim COVID-19, ní fhéadfaí an t-athrú suntasach a tháinig ar na dálaí aeriompair de dheasca na paindéime a chur san áireamh iontu.

<sup>(1)</sup> IO L 96, 31.3.2004, lch. 1.

<sup>(2)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317 ón gCoimisiún an 11 Feabhra 2019 lena leagtar síos scéim feidhmíochta agus muirearaithe san aerospás Eorpach aonair agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 390/2013 agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 391/2013 (IO L 56, 25.2.2019, lch. 1).

<sup>(3)</sup> Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/903 ón gCoimisiún an 29 Bealtaine 2019 lena leagtar síos spriocanna feidhmíochta ar fud an Aontais le haghaidh an líonra um bainistíocht aerthráchta i ndáil leis an tríú tréimhse thagartha dar tús an 1 Eanáir 2020 agus dar críoch an 31 Nollaig 2024 (IO L 144, 3.6.2019, lch. 49).

- (4) Mar fhreagairt ar thionchar phaindéim COVID-19 ar sholáthar na seirbhísí aerloingseoireachta, leagadh amach bearta eisceachtúla i leith an tríú tréimhse thagartha, de mhaolú ar Rialachán (AE) 2019/317, i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1627 ón gCoimisiún <sup>(4)</sup>. De bhun Airteagal 2(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1627, ghlac an Coimisiún, an 2 Meitheamh 2021, Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/891 <sup>(5)</sup> lena leagtar spriocanna feidhmíochta athbhreithnithe uile-Aontais amach i leith TT3.
- (5) Tugann an Coimisiún dá aire gurb é a thuartar le réamhaisnéis tráchta bhonnlíne Sheirbhís Staidrimh agus Réamhaisnéise Eurocontrol (“STATFOR”) ó mhí Dheireadh Fómhair 2021 go sroichfidh an t-aerthrácht ar an leibhéal uile-Aontais na leibhéil ar a raibh sé roimh an bpaindéim le linn 2023 agus go sáróidh sé na leibhéil sin in 2024. Mar sin féin, tá leibhéal ard éiginnteachta fós ag baint le forbairt an tráchta mar gheall ar na rioscaí a bhaineann le forbairt staid eipidéimeolaíoch COVID-19. Tugann an Coimisiún dá aire, freisin, go meastar go dtiocfaidh téarnamh míchothrom ar an aerthrácht sna Ballstáit éagsúla.
- (6) Tá dréachtphleananna feidhmíochta, agus spriocanna áitiúla feidhmíochta iontu i leith TT3, forbartha agus glactha ag na Ballstáit uile, agus cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin iad lena measúnú faoin 1 Deireadh Fómhair 2021. Tar éis a fhíorú don Choimisiún arbh iomlán do na dréachtphleananna feidhmíochta sin, d'iarr sé ar Bhallstáit dréachtphleananna feidhmíochta athbhreithnithe a chur faoina bhráid faoin 17 Samhain 2021. An measúnú ón gCoimisiún a chuirtear i láthair sa Chinneadh seo, is ar an dréachtphlean feidhmíochta athbhreithnithe a chuir an Phortaingéil isteach atá sé bunaithe.
- (7) Tá tuarascáil curtha faoi bhráid an Choimisiúin ag an gcomhlacht um athbhreithniú ar an bhfeidhmíocht a thugann cúnaimh don Choimisiún maidir le cur chun feidhme na scéime feidhmíochta de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (CE) Uimh. 549/2004, agus sa tuarascáil sin ón gcomhlacht tá comhairle maidir leis an measúnú ar na dréachtphleananna feidhmíochta i leith TT3.
- (8) I gcomhréir le hAirteagal 14(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, tá measúnú déanta ag an gCoimisiún ar chomhsheasmhacht na spriocanna áitiúla feidhmíochta a mholann an Phortaingéil, ar bhonn na gcrítéar measúnaithe a leagtar síos i bpointe 1 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin, agus na himthosca áitiúla á gcur san áireamh aige. Chomhlánaigh an Coimisiún an measúnú, i leith gach príomhréimse feidhmíochta agus na spriocanna feidhmíochta a bhaineann leis, trí athbhreithniú a dhéanamh ar na dréachtphleananna feidhmíochta i leith na n-eilimintí a leagtar amach i bpointe 2 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin.

## MEASÚNÚ ÓN gCOIMISIÚN

### Measúnú ar na dréachtspriocanna feidhmíochta i bpríomhréimse feidhmíochta na sábháilteachta

- (9) Maidir le príomhréimse feidhmíochta na sábháilteachta, rinne an Coimisiún measúnú ar chomhsheasmhacht na spriocanna a chuir an Phortaingéil faoina bhráid maidir lena héifeachtaí a dhéanann soláthraithe na seirbhísí aerloingseoireachta bainistíocht ar an tsábháilteacht, ar bhonn an chritéir a leagtar síos i bpointe 1.1 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317. Cuireadh na himthosca áitiúla san áireamh agus an measúnú sin á dhéanamh, agus comhlánaíodh an measúnú le hathbhreithniú ar na bearta atá beartaithe chun na spriocanna sábháilteachta a bhaint amach i leith na n-eilimintí a leagtar amach i bpointe 2.1.(a) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317.
- (10) Is iad seo a leanas na dréachtspriocanna feidhmíochta i bpríomhréimse feidhmíochta na sábháilteachta a mholann an Phortaingéil i leith éifeachtacht na bainistíochta sábháilteachta, arna miondealú de réir na gcuspóirí bainistíochta sábháilteachta agus arna sloinneadh mar leibhéil cur chun feidhme:

<sup>(4)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1627 ón gCoimisiún an 3 Samhain 2020 maidir le bearta eisceachtúla i ndáil leis an tríú tréimhse thagartha (2020-2024) den scéim feidhmíochta agus muirearaithe san aerspás Eorpach aonair de dheasca phaindéim COVID-19 (IO L 366, 4.11.2020, lch. 7).

<sup>(5)</sup> Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/891 ón gCoimisiún an 2 Meitheamh 2021 lena leagtar síos spriocanna feidhmíochta athbhreithnithe ar fud an Aontais Eorpaigh le haghaidh an líonra um bainistíocht aerthráchta i ndáil leis an tríú tréimhse thagartha (2020-2024) agus lena n-aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/903 (IO L 195, 3.6.2021, lch. 3).

an Phortaingéil	Spriocanna le haghaidh éifeachtacht na bainistíochta sábháilteachta, sloinnte mar leibhéal cur chun feidhme, i raon idir leibhéal A agus D de chuid EASA				
An soláthraí seirbhísí aerloingseoireachta lena mbaineann	An cuspóir bainistíochta sábháilteachta	2021	2022	2023	2024
NAV Portugal	Beartas sábháilteachta agus cuspóirí	C	C	C	C
	Bainistiú riosca sábháilteachta	C	C	C	D
	Dearbhú sábháilteachta	C	C	C	C
	Cur chun cinn na sábháilteachta	C	C	C	C
	Cultúr sábháilteachta	C	C	C	C

- (11) Maidir leis na dréachtspriocanna sábháilteachta a mhol an Phortaingéil le haghaidh an tsoláthraí seirbhísí aerloingseoireachta (NAV Portugal), is é conclúid an Choimisiúin go bhfuil sé beartaithe leibhéal na sprice feidhmíochta uile-Aontais a bhaint amach in 2024 i gcás chuspóir bhainistiú an riosca sábháilteachta, agus, i gcás na gcuspóirí bainistíochta sábháilteachta eile, go gcomhlíonann na spriocanna áitiúla feidhmíochta leibhéal na sprice feidhmíochta uile-Aontais i leith gach bliana féilire ó 2021 go 2024.
- (12) Tugann an Coimisiún dá aire go leagtar amach sa dréachtphlean feidhmíochta a chuir an Phortaingéil isteach bearta lena ndéanamh ag NAV Portugal chun na spriocanna áitiúla sábháilteachta a bhaint amach, amhail uasghrádú na n-uirlisí a úsáidtear faoi láthair, feabhsú ar an bpróiseas faireacháin le haghaidh na dtáscairí sábháilteachta agus ar an tuairisciú faoin gcultúr sábháilteachta, agus athbhreithniú ar an struchtúr oiliúna maidir le córas na bainistíochta sábháilteachta.
- (13) Ar bhonn na dtorthaí a leagtar amach in aithrisí (11) agus (12), agus de bhrí nach mór na spriocanna feidhmíochta sábháilteachta uile-Aontais a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/891 a bhaint amach faoi bhliain dheireanach TT3, eadhon 2024, ba cheart a mheasúnú, maidir leis na dréachtspriocanna atá i ndrúachtphlean feidhmíochta na Phortaingéile, go bhfuil siad comhsheasmhach leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais i bpríomhréimse feidhmíochta na sábháilteachta.

#### Measúnú ar na dréachtspriocanna feidhmíochta i bpríomhréimse feidhmíochta an chomhshaoil

- (14) Maidir le príomhréimse feidhmíochta an chomhshaoil, rinneadh measúnú ar chomhsheasmhacht na spriocanna a chuir an Phortaingéil isteach maidir le meánéifeachtúlacht chothrománach eiltile faoi bhealach an ruthaig eiltile iarbhír, ar bhonn an chritéir a leagtar síos i bpointe 1.2 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317. Dá réir sin, cuireadh na spriocanna a mholtar i ndrúachtphlean feidhmíochta na Phortaingéile i gcomparáid leis na luachanna tagartha ábhartha le haghaidh éifeachtúlacht chothrománach na heiltile faoi bhealach a leagtar amach i bplean feabhsúcháin líonra aerbhealaí na hEorpa a bhí ar fáil nuair a glacadh na spriocanna feidhmíochta athbhreithnithe uile-Aontais i leith TT3, eadhon an 2 Meitheamh 2021. Cuireadh na himthosca áitiúla san áireamh agus an measúnú sin á dhéanamh, agus comhlánaíodh an measúnú le hathbhreithniú ar na bearta atá beartaithe chun na spriocanna comhshaoil a bhaint amach faoi phointe 2.1(a) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317.
- (15) I gcás bhliain féilire 2020, ní dhearnadh athbhreithniú le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/891 ar an sprioc feidhmíochta uile-Aontais i leith TT3 i bpríomhréimse feidhmíochta an chomhshaoil, sprioc a leagadh amach i dtosach i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/903, toisc go raibh an tréimhse le haghaidh chur i bhfeidhm na sprice sin imithe in éag agus, dá bhrí sin, go raibh sí curtha chun feidhme go críochnaitheach cheana, rud a d'fhág nárbh fhéidir coigeartuithe cúlghabhálacha a dhéanamh. Dá réir sin, níor iarradh ar na Ballstáit athbhreithniú a dhéanamh ar a spriocanna áitiúla feidhmíochta i leith bhliain féilire 2020 i bpríomhréimse feidhmíochta an chomhshaoil sna dréachtphleananna feidhmíochta a bhí le cur isteach faoin 1 Deireadh Fómhair 2021. Dá bhrí sin, an measúnú ar chomhsheasmhacht na spriocanna áitiúla feidhmíochta comhshaoil leis na spriocanna feidhmíochta comhfhreagracha uile-Aontais, ba cheart é a dhéanamh i leith bhlianta féilire 2021, 2022, 2023 agus 2024.
- (16) Is iad seo a leanas na dréachtspriocanna feidhmíochta i bpríomhréimse feidhmíochta an chomhshaoil a mholann an Phortaingéil, mar aon leis na luachanna tagartha náisiúnta comhfhreagracha i leith TT3 ó phlean feabhsúcháin líonra aerbhealaí na hEorpa, agus iad sloinnte mar mheánéifeachtúlacht chothrománach eiltile faoi bhealach an ruthaig eiltile iarbhír:

	2021	2022	2023	2024
<b>Dréachtspríocanna comhshaoil faoi bhealach na Portaingéile, agus iad sloinnte mar mheánéifeachtúlacht chothrománach eiltile faoi bhealach an ruthaig eiltile iarbhír</b>	<b>1,80 %</b>	<b>1,80 %</b>	<b>1,80 %</b>	<b>1,80 %</b>
Luachanna tagartha le haghaidh na Portaingéile	1,80 %	1,80 %	1,80 %	1,80 %

- (17) Tugann an Coimisiún faoi deara gurb ionann na dréachtspríocanna comhshaoil a mholann an Phortaingéil agus na luachanna tagartha náisiúnta comhfhreagracha i gcás gach bliana féilire ó 2021 go 2024.
- (18) Maidir le pointe 2.1(a) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, tugann an Coimisiún dá aire go bhfuil roinnt beart curtha i láthair ag an bPortaingéil ina dréachtphean feidhmíochta chun na spriocanna áitiúla comhshaoil a bhaint amach, lena n-áirítear Limistéar Ainlithe Críochfoirt Mhaidéara a bharrfheabhsú agus a mhéadú, plean aistrithe a chur chun feidhme le haghaidh na loingseoireachta feidhmíochtbhunaithe (PBN), struchtúir nua in Cascais le haghaidh Imeacht Caighdeánach de réir Uirlisí (SID) agus Teacht Caighdeánach de réir Uirlisí (STAR), córas coinbhéirsithe ag pointe le haghaidh Limistéar Ainlithe Críochfoirt Liospóin, agus roinnt beart chun an comhar trasteorann leis an bhFrainc, an Spáinn agus Maracó a mhéadú.
- (19) Thairis sin, tugann an Coimisiún dá aire go bhfuil an t-aerspás saorbhealaigh curtha chun feidhme cheana ag an bPortaingéil ó leibhéal eiltile 245 i Réigiún Faisnéise Eiltile (FIR) Liospóin agus go bhfuil sé beartaithe aici é a leathnú go FIR Santa Maria ag deireadh 2024.
- (20) Ar bhonn na dtorthaí a leagtar amach in aithrisí (17) go (19), ba cheart a mheasúnú go bhfuil na dréachtspríocanna atá i ndrúachtphean feidhmíochta na Portaingéile comhsheasmhach leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais i bpríomhréimse feidhmíochta an chomhshaoil.

#### **Measúnú ar na dréachtspríocanna feidhmíochta i bpríomhréimse feidhmíochta na hacmhainneachta**

- (21) Maidir le príomhréimse feidhmíochta na hacmhainneachta, rinneadh measúnú ar chomhsheasmhacht na spriocanna a chuir an Phortaingéil isteach maidir leis an meánmhoill i mbainistiú na sreibe aerthráchta ("ATFM") faoi bhealach in aghaidh na heiltile, ar bhonn an chritéir a leagtar síos i bpointe 1.3 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317. Dá réir sin, cuireadh na spriocanna a mholtar i ndrúachtphean feidhmíochta na Portaingéile i gcomparáid leis na luachanna tagartha ábhartha a leagtar amach sa Phlean Oibríochta Gréasáin a bhí ar fáil nuair a glacadh na spriocanna feidhmíochta athbhreithnithe uile-Aontais i leith TT3, eadhon an 2 Meitheamh 2021. Cuireadh na himthosca áitiúla san áireamh agus an measúnú sin á dhéanamh, agus comhlánaíodh an measúnú le hathbhreithniú ar na bearta atá beartaithe chun na spriocanna acmhainneachta a bhaint amach faoi phointe 2.1(a) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317.
- (22) I gcás bhliain féilire 2020, ní dhearnadh athbhreithniú le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/891 ar an sprioc feidhmíochta uile-Aontais i leith TT3 i bpríomhréimse feidhmíochta na hacmhainneachta, sprioc a leagadh amach i dtosach i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/903, toisc go raibh an tréimhse le haghaidh chur i bhfeidhm na sprice sin imithe in éag agus, dá bhrí sin, go raibh sí curtha chun feidhme go críochnaitheach cheana, rud a d'fhág nárbh fhéidir coigeartúithe cúlghabhálacha a dhéanamh. Dá réir sin, níor iarradh ar na Ballstáit athbhreithniú a dhéanamh ar a spriocanna áitiúla feidhmíochta i leith bhliain féilire 2020 i bpríomhréimse feidhmíochta na hacmhainneachta sna dréachtpheananna feidhmíochta a bhí le cur isteach faoin 1 Deireadh Fómhair 2021. Dá bhrí sin, an measúnú ar chomhsheasmhacht na spriocanna áitiúla feidhmíochta acmhainneachta leis na spriocanna feidhmíochta comhfhreagracha uile-Aontais, ba cheart é a dhéanamh i leith bhlianta féilire 2021, 2022, 2023 agus 2024.
- (23) Is iad seo a leanas na dréachtspríocanna acmhainneachta i leith eiltí faoi bhealach a mholann an Phortaingéil i leith TT3, arna sloinneadh mar nóiméid mhoille ATFM in aghaidh na heiltile, mar aon leis na luachanna tagartha comhfhreagracha ón bPlean Oibríochta Gréasáin:

	2021	2022	2023	2024
<b>Dréachtspríocanna acmhainneachta na Portaingéile i leith eiltí faoi bhealach i nóiméid mhoille ATFM in aghaidh na heiltile</b>	<b>0,09</b>	<b>0,13</b>	<b>0,13</b>	<b>0,13</b>
Luachanna tagartha le haghaidh na Portaingéile	0,09	0,13	0,13	0,13



- (24) Tugann an Coimisiún faoi deara gurb ionann na dréachtspríocanna acmhainneachta a mholann an Phortaingéil agus na luachanna tagartha náisiúnta comhfhreagracha i gcás gach bliana féilire ó 2021 go 2024.
- (25) Maidir le pointe 2.1(a) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, tugann an Coimisiún dá aire go bhfuil raon beart curtha i láthair ag an bPortaingéil sa dréachtphlean feidhmíochta chun na spriocanna áitiúla acmhainneachta i leith eitiltí faoi bhealach a bhaint amach. Áirítear ar na bearta sin an t-aistriú go córas nua Bainistíochta Aerthráchta (BAT) agus seomra oibríochtaí nua, athruithe ar an aerspás lena n-áirítear tionscnaimh aerspáis saorbhealaigh trasteorann, nósanna imeachta feabhsaithe le haghaidh bhainistíocht na sreibe aerthráchta agus na hacmhainneachta aerthráchta, agus cur chun feidhme plean earcaíochta chun coibhéis lánaimseartha na rialtóirí aerthráchta a mhéadú go mór (+ 25 % faoi 2024 i gcoibhneas leibhéal 2024).
- (26) Ar bhonn na dtorthaí a leagtar amach in aithrisí (24) agus (25), ba cheart a mheasúnú go bhfuil na dréachtspríocanna i ndréachtphlean feidhmíochta na Portaingéile comhsheasmhach leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais i bpríomhréimse feidhmíochta na hacmhainneachta.

#### **Athbhreithniú ar na dréachtspríocanna acmhainneachta le haghaidh seirbhísí aerloingseoireachta críochfoirt**

- (27) Maidir leis na haerfoirt a thagann faoi raon feidhme Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317 mar a leagtar amach in Airteagal 1(3) agus (4) den Rialachán sin, chomhlánaigh an Coimisiún a mheasúnú ar na dréachtspríocanna acmhainneachta i leith eitiltí faoi bhealach le hathbhreithniú ar na dréachtspríocanna acmhainneachta le haghaidh seirbhísí aerloingseoireachta críochfoirt i gcomhréir le pointe 2.1(b) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317. Fuarthas ábhar inmí sna dréachtspríocanna sin i gcás na Portaingéile.
- (28) Nuair a chuirtear na dréachtspríocanna náisiúnta le haghaidh na meánmhoille ATFM isteach i gcomparáid, ar leibhéal na n-aerfort, leis an bhfeidhmíocht a bhí ag aerfoirt inchomparáide le linn TT2, tugann an Coimisiún faoi deara go meastar go mbeidh moilleanna ATFM níos faide ag aerfoirt Vín, Innsbruck agus Salzburg ná mar a thuarar le haghaidh aerfoirt inchomparáide.
- (29) Measann an Coimisiún, dá bhrí sin, gur cheart don Phortaingéil, i dtaca le glacadh a phlean feidhmíochta chríochnaithigh i gcomhréir le hAirteagal 16, pointe (a) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, breis údair a thabhairt maidir leis na spriocanna acmhainneachta críochfoirt i bhfianaise na mbreithnithe a leagtar amach thuas, sin nó ba cheart di na dréachtspríocanna acmhainneachta le haghaidh seirbhísí aerloingseoireachta críochfoirt a athbhreithniú anuas.

#### **Measúnú ar na dréachtspríocanna feidhmíochta i bpríomhréimse feidhmíochta na costéifeachtúlachta**

- (30) Maidir le príomhréimse feidhmíochta na costéifeachtúlachta, rinneadh measúnú ar chomhsheasmhacht na spriocanna a chuir an Phortaingéil isteach maidir leis na costais aonaid arna suíomh ("CAAS") le haghaidh seirbhísí aerloingseoireachta faoi bhealach, ar bhonn na gcritéar a leagtar síos i bpointí 1.4(a), (b) agus (c) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317. Is iad na critéir sin an treocht CAAS le linn TT3, an treocht fhadtéarmach CAAS le linn TT2 agus TT3 (2015-2024), agus luach bonnlíne CAAS ar leibhéal an limistéir muirearaithe i gcomparáid le meánluach na limistéar muirearaithe a bhfuil timpeallacht oibríochtúil agus eacnamaíoch chomhchosúil ag soláthraithe seirbhísí aerloingseoireachta iontu.
- (31) Cuireadh na himthosca áitiúla san áireamh agus measúnú á dhéanamh ar na spriocanna costéifeachtúlachta i leith eitiltí faoi bhealach. Comhlánaíodh an measúnú le hathbhreithniú ar na príomhfhachtóirí agus na príomhpharaiméadair is bunús leis na spriocanna sin, mar a shonraítear i bpointe 2.1(d) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317.
- (32) Is iad seo a leanas na dréachtspríocanna costéifeachtúlachta i leith eitiltí faoi bhealach a mholann an Phortaingéil i leith TT3:

Limistéar muirearaithe faoi bhealach na Portaingéile ilchríocháí	Luach bonnlíne 2014	Luach bonnlíne 2019	2020 –2021	2022	2023	2024
<b>Dréachtspríocanna costéifeachtúlachta i leith eitilí faoi bhealach</b> arna sloinneadh mar chostas aonaid faoi bhealach arna shuíomh (i dtéarmaí réadacha ar phraghsanna 2017)	EUR 36,13	EUR 34,88	EUR 65,82	EUR 40,78	EUR 40,37	EUR 37,87

- (33) Maidir leis an gcritéar a leagtar síos i bpointe 1.4(a) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, tugann an Coimisiún faoi deara gur measa treocht CAAS faoi bhealach na Portaingéile ar leibhéal an limistéir muirearaithe le linn TT3, mar atá, +2,1 % in aghaidh na bliana, ná an treocht uile-Aontais le linn na tréimhse céanna, mar atá, +1,0 %.
- (34) Maidir leis an gcritéar a leagtar síos i bpointe 1.4(b) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, tugann an Coimisiún faoi deara gur measa treocht fhadtéarmach CAAS faoi bhealach na Portaingéile le linn TT2 agus TT3 ar leibhéal an limistéir muirearaithe, mar atá, +0,5 % in aghaidh na bliana, ná an treocht uile-Aontais le linn na tréimhse céanna, mar atá, -1,3 %.
- (35) Ba cheart a chur san áireamh, áfach, agus comparáid á déanamh idir na treochta CAAS áitiúla agus uile-Aontais dá dtagraítear in aithrisí (33) agus (34), go dtuairt i réamhaisnéis STATFOR Eurostat gur lú go mór an fás a thioctaidh ar thrácht faoi bhealach na Portaingéile le linn TT3 ná an fás tráchta meánach ar an leibhéal uile-Aontais. Fágann sé sin gur deacra don Phortaingéil na treochta CAAS uile-Aontais sin a bhaint amach.
- (36) Maidir leis an gcritéar a leagtar síos i bpointe 1.4(c) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, tugann an Coimisiún faoi deara go bhfuil luach bonnlíne CAAS na Portaingéile, mar atá, EUR 34,88 i dtéarmaí réadacha ar phraghsanna 2017 ("EUR2017"), 12,2 % níos ísle ná meánluach bonnlíne an ghrúpa comparáide ábhartha, mar atá, EUR 39,73 in EUR2017. Tugann an Coimisiún dá aire, áfach, go mbeidh costas aonaid ar bhealach na Portaingéile arna shuíomh i leith 2024 fós 9,8 % níos ísle ná meán an ghrúpa comparáide.
- (37) Scrúdaigh an Coimisiún a thuilleadh an féidir a mheas gur gá agus gur comhréireach, faoi phointe 1.4(d) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, na diallais a thugtar faoi deara in aithrisí (33) agus (34), ar an gcoinníoll gur i ngeall ar chostais bhreise arna suíomh a bhaineann le bearta is gá chun na spriocanna feidhmíochta i bpríomhréimse feidhmíochta na hacmhainneachta, nó i ngeall ar bhearta athstruchtúraithe de réir bhrí Airteagal 2(18) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, agus i ngeall orthu siúd amháin, atá na diallais ón treocht uile-Aontais CAAS nó ón treocht fhadtéarmach uile-Aontais CAAS a thugtar faoi deara.
- (38) Maidir leis an gcritéar a shonraítear faoi phointe 1.4(d)(i) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, tugann an Coimisiún faoi deara go gcuireann an Phortaingéil, ina dréachtphean feidhmíochta, bearta agus infheistíochta i láthair a gcuirfidh an soláthraí seirbhísí aerloingseoireachta, eadhon NAV Portugal, i gcrích iad chun na spriocanna áitiúla acmhainneachta a bhaint amach.
- (39) Go háirithe, tá sé beartaithe ag an bPortaingéil córas BAT nua a chur chun úsáide, ós rud é go bhfuil deireadh a shaoilré bainte amach ag an gcóras atá in úsáid faoi láthair agus go gcaithfear ceann nua a chur ina ionad. Is deimhin gur gníomhaíocht thábhachtach é seo chun bheith in ann acmhainneacht leordhóthanach a sholáthar amach anseo, óir ba é an córas BAT atá ann faoi láthair a bhí freagrach as cuid mhór de na moilleanna ATFM a ghin NAV Portugal le linn TT2 sna himthosca a bhí ann roimh COVID-19. Leis an gcóras BAT nua, laghdófar ualach oibre na rialtóirí aerthráchta in aghaidh an aerárthaigh agus beifear in ann feidhmiúlachtaí nua a úsáid, rud a sholáthróidh gnóthachain oibríochtúla.
- (40) Thairis sin, tá sé beartaithe ag an bPortaingéil an líon rialtóirí aerthráchta de réir coibhéis lánaimseartha a mhéadú go mór i rith TT3. Is forbairt fhíor-riachtanach í sin chun gur féidir líon níos mó teascóg a oscailt in aerspás faoi bhealach na Portaingéile faoi dheireadh TT3, rud a chuirfidh feabhas ar an acmhainneacht a sholáthraítear.

- (41) Ar bhonn na hanailíse mionsonraithe ón gcomhlacht um athbhreithniú ar an bhfeidhmíocht, measann an Coimisiún go bhfuil fíorghá leis na bearta ábhartha a leagtar amach i ndrúchtphlean feidhmíochta na Portaingéile chun na spriocanna áitiúla acmhainneachta a bhaint amach. Thairis sin, agus ag féachaint don mheastóireacht a rinne an comhlacht um athbhreithniú ar an bhfeidhmíocht, is féidir a shuí gur mó costais bhreise na mbeart sin ná na diallais ón treo uile-Aontais CAAS agus ón treo fhadtearmach uile-Aontais CAAS dá dtagraítear in aithrisí (33) agus (34).
- (42) I bhfianaise na mbreithnithe in aithrisí (38) go (41), suíonn an Coimisiún dá bhrí sin go gcomhlíontar, i leith na Portaingéile, an critéar a leagtar amach i bpointe 1.4(d)(i).
- (43) De bhun na mbreithnithe thuasluaite is léir nach gá a scrúdú a thuilleadh an gcomhlíonfaí, i leith na Portaingéile, an critéar a leagtar amach faoi phointe 1.4(d)(ii).
- (44) Ar bhonn na dtorthaí a leagtar amach in aithrisí (33) go (43), ba cheart a mheasúnú go bhfuil na dréachtspriocanna i ndrúchtphlean feidhmíochta na Portaingéile comhsheasmhach leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais i bpríomhréimse feidhmíochta na costéifeachtúlachta.

#### **Athbhreithniú ar na dréachtspriocanna costéifeachtúlachta le haghaidh seirbhísí aerloingseoireachta críochfoirt**

- (45) Maidir leis na haerfoirt a thagann faoi raon feidhme Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317 mar a leagtar amach in Airteagal 1(3) agus (4) den Rialachán sin, chomhlánaigh an Coimisiún a mheasúnú ar na dréachtspriocanna costéifeachtúlachta i leith eiltí faoi bhealach le hathbhreithniú ar na dréachtspriocanna costéifeachtúlachta le haghaidh seirbhísí aerloingseoireachta críochfoirt i gcomhréir le pointe 2.1(c) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317. Ní bhfuarthas ábhar inmí sna dréachtspriocanna sin i gcás na Portaingéile.

#### **Athbhreithniú ar na scéimeanna dreasachtaí dá dtagraítear in Airteagal 11 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317 mar chomhlánú ar mheasúnú an Choimisiúin ar na dréachtspriocanna acmhainneachta**

- (46) I gcomhréir le pointe 2.1(f) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, i dtaca leis an measúnú ar na dréachtspriocanna acmhainneachta, chomhlánaigh an Coimisiún an measúnú sin le hathbhreithniú ar na dréachtscéimeanna dreasachtaí dá dtagraítear in Airteagal 11 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317. I ndáil leis sin, scrúdaigh an Coimisiún an gcomhlíonann na dréachtscéimeanna dreasachtaí na ceanglais shubstainteacha a leagtar amach in Airteagal 11(1) agus (3) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317. Fuarthas ábhar inmí sna dréachtscéimeanna atá i ndrúchtphlean feidhmíochta na Portaingéile.
- (47) Tugann an Coimisiún faoi deara, maidir leis an scéim dreasachtaí le haghaidh acmhainneacht faoi bhealach a mholtar i ndrúchtphlean feidhmíochta na Portaingéile agus leis an scéim dreasachtaí le haghaidh acmhainneacht chríochfoirt a mholtar ann araon, go gcuimsíonn siad uas-mhíbhuntáiste airgeadais is ionann agus 0,5 % de na costais arna suíomh agus uasbhuntáiste airgeadais is ionann agus 0,5 % de na costais arna suíomh.
- (48) Maidir leis na scéimeanna dreasachtaí sin, tá an Coimisiún go mór in amhras, ar bhonn comhairle shaineolach a sholáthair an comhlacht um athbhreithniú ar an bhfeidhmíocht, an imreodh an t-uas-mhíbhuntáiste airgeadais a mholtar, arb ionann é agus 0,5 % de na costais arna suíomh, aon tionchar ábhartha ar an ioncam atá i mbaol, mar a cheanglaítear de bhun Airteagal 11(3), pointe (a) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317.
- (49) Ba cheart don Phortaingéil, dá bhrí sin, i dtaca le glacadh a plean feidhmíochta chríochnaithigh i gcomhréir le hAirteagal 16, pointe (a) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, athbhreithniú a dhéanamh ar a scéimeanna dreasachtaí chun na spriocanna acmhainneachta i leith eiltí faoi bhealach agus acmhainneachta críochfoirt a bhaint amach sa chaoi go socrófar na huas-mhíbhuntáistí de bhun na scéimeanna dreasachtaí sin ar leibhéal a imreoidh tionchar ábhartha ar an ioncam atá i mbaol, mar a cheanglaítear go sonrach faoi Airteagal 11(3), pointe (a) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, agus is é tuairim an Choimisiúin gur cheart go socrófaí, mar thoradh air sin, an t-uas-mhíbhuntáiste airgeadais ar leibhéal is ionann agus 1 % de na costais arna suíomh nó níos airde ná sin.

#### **CONCLUÍDÍ**

- (50) Ar bhonn an mheasúnaithe a leagtar amach in aithrisí (9) go (49), tá sé suite ag an gCoimisiún go bhfuil na spriocanna feidhmíochta atá sa ndrúchtphlean feidhmíochta a chuir an Phortaingéil isteach comhsheasmhach leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais.

- (51) Tugann an Coimisiún dá aire go bhfuil sé tugtha le fios ag roinnt Ballstát go bhfuil sé i gceist acu ítimí costais a bhaineann le ladrainn a bhrath ag na haerfoirt a chur lena mbonn costais i leith TT3. Ní raibh an Coimisiún in ann a shuí go beacht, ar bhonn na n-eilimintí atá sna dréachtphleananna feidhmíochta, cé mhéad a chuir na Ballstáit costais shuite den chineál sin lena mbonn costais i leith TT3, ná, i gcásanna inar chuir, cé mhéad a thabhaítear iad i ndáil le soláthar na seirbhísí aerloingseoireachta, rud a d'fhágfadh gurbh fhéidir a mheas gur costais incháilithe iad faoin scéim feidhmíochta agus muirearaithe. Tá iarraidh *ad hoc* ar fhaisnéis curtha ag seirbhísí an Choimisiúin chuig na Ballstáit uile chun faisnéis ábhartha a bhailiú, agus déanfaidh siad tuilleadh scrúdaithe ar na costais a thuairiscítear maidir le ladrainn a bhrath ag na haerfoirt i gcomhthéacs comhlíontacht na rátaí aonaid a fhíorú. Tá an Cinneadh seo gan dochar do thorthaí ná do chonclúidí an Choimisiúin maidir le costais braite na ladrann.
- (52) Mar fhreagairt ar ionsaí míleata na Rúise ar an Úcráin, a thosaigh an 24 Feabhra 2022, tá bearta sriantacha glactha ag an Aontas lena gcuirtear toirmeasc ar aeriompróirí Rúiseacha, ar aon aerárthach atá cláraithe sa Rúis agus ar aon aerárthach nach bhfuil cláraithe sa Rúis ach atá faoi úinéireacht, ar chairtfhostú, nó faoi rialú ar shlí eile ag aon duine nádúrtha nó dlítheanach Rúiseach nó ag aon eintiteas nó comhlacht Rúiseach tuirlingt i gcríoch an Aontais, éirí de thalamh uaithi, nó eitilt thairsti. Tá laghdú ag teacht ar an aerthrácht san aerspás os cionn chríoch an Aontais i ngeall ar na bearta sin. Níor cheart, ámh, go mbeadh an tionchar ar an leibhéal uile-Aontais inchoimparáide leis an laghdú ar an aerthrácht de dheasca ráig phaindéim COVID-19 i mí an Mhárta 2020. Dá bhrí sin, is iomchuí na bearta agus na próisis atá ann faoi láthair le haghaidh chur chun feidhme na scéime feidhmíochta agus muirearaithe le linn TT3 a choinneáil ar bun.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Na spriocanna feidhmíochta atá sa dréachtphlean feidhmíochta a chuir an Phortaingéil isteach de bhun Rialachán (CE) Uimh. 549/2004 agus a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo, tá siad comhsheasmhach leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais i leith an tríú tréimhse tagartha a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/891.

*Airteagal 2*

Is chuig Poblacht na Portaingéile a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 13 Aibreán 2022.

*Thar ceann an Choimisiúin*  
Adina VĂLEAN  
*Comhalta den Choimisiún*

## IARSCRÍBHINN

Na spriocanna feidhmíochta atá san áireamh sa dréachtphlean feidhmíochta a chuir an Phortaingéil isteach de bhun Rialachán (CE) Uimh. 549/2004 agus a fuarthas go bhfuil siad comhsheasmhach leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais le haghaidh an tríú tréimhse thagartha.

## PRÍOMHRÉIMSE FEIDHMÍOCHTA SÁBHÁILTEACHTA

## Éifeachtacht na bainistíochta sábháilteachta

an Phortaingéil	Spriocanna maidir le héifeachtacht na bainistíochta sábháilteachta, arna sloinneadh mar leibhéal cur chun feidhme, ó leibhéal EASA A go D				
An soláthraí seirbhísí aerloingseoireachta lena mbaineann	Cuspóir na bainistíochta sábháilteachta	2021	2022	2023	2024
NAV Portugal	Beartas agus cuspóirí sábháilteachta	C	C	C	C
	Bainistíocht riosca sábháilteachta	C	C	C	D
	Dearbhú sábháilteachta	C	C	C	C
	Cur chun cinn na sábháilteachta	C	C	C	C
	Cultúr sábháilteachta	C	C	C	C

## PRÍOMHRÉIMSE FEIDHMÍOCHTA AN CHOMHSHAOIL

## Meánéifeachtúlacht chothrománach eitile faoi bhealach an ruthaig eitile iarbhír

	2021	2022	2023	2024
<b>Dréacht de spriocanna comhshaoil faoi bhealach na Portaingéile, arna sloinneadh mar mheánéifeachtúlacht chothrománach faoi bhealach an ruthaig eitile iarbhír</b>	<b>1,80 %</b>	<b>1,80 %</b>	<b>1,80 %</b>	<b>1,80 %</b>
Luachanna tagartha don Phortaingéil	1,80 %	1,80 %	1,80 %	1,80 %

## PRÍOMHRÉIMSE FEIDHMÍOCHTA ACMHAINNEACHTA

## Meánmhoill ATFM eitile faoi bhealach i nóiméid in aghaidh na heitile

	2021	2022	2023	2024
<b>Dréacht de spriocanna acmhainneachta faoi bhealach na Portaingéile, i nóiméid ar mhoill ATFM in aghaidh na heitile</b>	<b>0,09</b>	<b>0,13</b>	<b>0,13</b>	<b>0,13</b>
Luachanna tagartha don Phortaingéil	0,09	0,13	0,13	0,13

**PRÍOMHRÉIMSE FEIDHMÍOCHTA COSTÉIFEACHTÚLACHTA****Costas aonaid cinnte le haghaidh seirbhísí aerloingseoireachta faoi bhealach**

<b>Limistéar muirearaithe faoi bhealach na Portaingéile Ilchríochaí</b>	<b>Luach bonnlíne 2014</b>	<b>Luach bonnlíne 2019</b>	<b>2020-2021</b>	<b>2022</b>	<b>2023</b>	<b>2024</b>
<b>Dréacht de spriocanna costéifeachtúlachta faoi bhealach</b> , arna sloinneadh mar chostas aonaid cinnte faoi bhealach (i dtéarmaí réadacha ag praghsanna 2017)	<b>EUR 36,13</b>	<b>EUR 34,88</b>	<b>EUR 65,82</b>	<b>EUR 40,78</b>	<b>EUR 40,37</b>	<b>EUR 37,87</b>

**CINNEADH (AE) 2022/768 ÓN gCOIMISIÚN**  
**an 13 Aibreán 2022**

**maidir le comhsheasmhacht na spriocanna feidhmíochta atá sa dréachtphlean feidhmíochta a chuir an tSlóvaic isteach de bhun Rialachán (CE) Uimh. 549/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais i leith an tríú tréimhse tagartha**

*(a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhoiciméad C(2022) 2289)*

**(Is é an téacs sa tSlóvaicis amháin atá barántúil)**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 549/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Márta 2004 lena leagtar síos an creat chun aerospás Eorpach aonair a chruthú (an creat-Rialachán <sup>(1)</sup>), agus go háirithe Airteagal 11(3), pointe (c), an chéad mhír de,

Ag féachaint do Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317 ón gCoimisiún an 11 Feabhra 2019 lena leagtar síos scéim feidhmíochta agus muirearaithe san aerospás Eorpach aonair <sup>(2)</sup>, agus go háirithe Airteagal 14(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

**BREITHNITHE GINEARÁLTA**

- (1) De bhun Airteagal 11 de Rialachán (CE) Uimh. 549/2004, tá scéim feidhmíochta le haghaidh seirbhísí aerloingseoireachta agus feidhmeanna líonra aerloingseoireachta le bunú. Thairis sin, de bhun Airteagal 10 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, tá na Ballstáit le spriocanna feidhmíochta ceangailteacha a tharraingt suas, ar an leibhéal náisiúnta nó ar leibhéal na mbloc feidhme aerospáis, i leith gach tréimhse tagartha den scéim feidhmíochta le haghaidh seirbhísí aerloingseoireachta agus feidhmeanna líonra aerloingseoireachta. Ní mór na spriocanna feidhmíochta sin a bheith comhsheasmhach leis na spriocanna uile-Aontais arna nglacadh ag an gCoimisiún i leith na tréimhse tagartha lena mbaineann. Is é an Coimisiún atá freagrach as measúnú a dhéanamh an bhfuil na spriocanna feidhmíochta molta atá sna dréachtphleananna arna dtarraingt suas ag na Ballstáit comhsheasmhach leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais, agus na critéir mheasúnaithe a leagtar amach in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317 á úsáid aige.
- (2) Ón gcéad ráithe de bhliain féilire 2020, bhí tionchar mór ag ráig phaindéim COVID-19 ar an earnáil aeriompair agus d'fhág sé gur tháinig laghdú suntasach ar an méid aerthráchta i gcomparáid leis na leibhéil roimh an bpaindéim, de bharr na mbearta a rinne na Ballstáit agus tríú tíortha chun srian a choinneáil ar an bpaindéim.
- (3) Leagadh spriocanna feidhmíochta uile-Aontais i leith an tríú tréimhse thagartha ("TT3") síos i dtosach i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/903 ón gCoimisiún <sup>(3)</sup>. Maidir leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais sin agus na dréachtphleananna feidhmíochta a chuir na Ballstáit isteach ina ndiaidh siúd, ós rud é gur tarraingíodh suas iad sular tharla ráig phaindéim COVID-19, ní fhéadfaí an t-athrú suntasach a tháinig ar na dálaí aeriompair de dheasca na paindéime a chur san áireamh iontu.

<sup>(1)</sup> IO L 96, 31.3.2004, lch. 1.

<sup>(2)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317 ón gCoimisiún an 11 Feabhra 2019 lena leagtar síos scéim feidhmíochta agus muirearaithe san aerospás Eorpach aonair agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 390/2013 agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 391/2013 (IO L 56, 25.2.2019, lch. 1).

<sup>(3)</sup> Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/903 ón gCoimisiún an 29 Bealtaine 2019 lena leagtar síos spriocanna feidhmíochta ar fud an Aontais le haghaidh an líonra um bainistíocht aerthráchta i ndáil leis an tríú tréimhse thagartha dar tús an 1 Eanáir 2020 agus dar críoch an 31 Nollaig 2024 (IO L 144, 3.6.2019, lch. 49).

- (4) Mar fhreagairt ar thionchar phaindéim COVID-19 ar sholáthar na seirbhísí aerloingseoireachta, leagadh amach bearta eisceachtúla i leith an tríú tréimhse thagartha, de mhaolú ar Rialachán (AE) 2019/317, i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1627 ón gCoimisiún <sup>(4)</sup>. De bhun Airteagal 2(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1627, ghlac an Coimisiún, an 2 Meitheamh 2021, Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/891 <sup>(5)</sup> lena leagtar spriocanna feidhmíochta athbhreithnithe uile-Aontais amach i leith TT3.
- (5) Tugann an Coimisiún dá aire gurb é a thuartar le réamhaisnéis tráchta bhonnlíne Sheirbhís Staidrimh agus Réamhaisnéise Eurocontrol ('STATFOR') ó mhí Dheireadh Fómhair 2021 go sroichfidh an t-aerthrácht ar an leibhéal uile-Aontais na leibhéil ar a raibh sé roimh an bpaindéim le linn 2023 agus go sáróidh sé na leibhéil sin in 2024. Mar sin féin, tá leibhéal ard éiginnteachta fós ag baint le forbairt an tráchta mar gheall ar na rioscaí a bhaineann le forbairt staid eipidéimeolaíoch COVID-19. Tugann an Coimisiún dá aire, freisin, go meastar go dtiocfaidh téarnamh míchothrom ar an aerthrácht sna Ballstáit éagsúla.
- (6) Tá dréachtphleananna feidhmíochta, agus spriocanna áitiúla feidhmíochta iontu i leith TT3, forbartha agus glactha ag na Ballstáit uile, agus cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin iad lena measúnú faoin 1 Deireadh Fómhair 2021. Tar éis a fhíorú don Choimisiún arbh iomlán do na dréachtphleananna feidhmíochta sin, d'iarr sé ar Bhallstáit dréachtphleananna feidhmíochta athbhreithnithe a chur faoina bhráid faoin 17 Samhain 2021. An measúnú ón gCoimisiún a chuirtear i láthair sa Chinneadh seo, is ar an dréachtphlean feidhmíochta athbhreithnithe a chuir an tSlóvaic isteach atá sé bunaithe.
- (7) Tá tuarascáil curtha faoi bhráid an Choimisiúin ag an gcomhlacht um athbhreithniú ar an bhfeidhmíocht a thugann cúnaimh don Choimisiún maidir le cur chun feidhme na scéime feidhmíochta de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (CE) Uimh. 549/2004, agus sa tuarascáil sin ón gcomhlacht tá comhairle maidir leis an measúnú ar na dréachtphleananna feidhmíochta i leith TT3.
- (8) I gcomhréir le hAirteagal 14(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, tá measúnú déanta ag an gCoimisiún ar chomhsheasmhacht na spriocanna áitiúla feidhmíochta a mholann an tSlóvaic, ar bhonn na gcritéar measúnaithe a leagtar síos i bpointe 1 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin, agus na himthosca áitiúla á gcur san áireamh aige. Chomhlánaigh an Coimisiún an measúnú, i leith gach príomhréimse feidhmíochta agus na spriocanna feidhmíochta a bhaineann leis, trí athbhreithniú a dhéanamh ar na dréachtphleananna feidhmíochta i leith na n-eilimintí a leagtar amach i bpointe 2 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin.
- (9) Ós rud é nach bhfuil aon aerfort sa tSlóvaic a thagann faoi raon feidhme Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317 i leith TT3, níl aon sprioc áitiúil feidhmíochta maidir le seirbhísí aerloingseoireachta críochfoirt sa dréachtphlean feidhmíochta a chuir sí isteach i leith TT3. Dá bhrí sin, na torthaí atá sa Chinneadh seo, is le seirbhísí aerloingseoireachta faoi bhealach amháin a bhaineann siad.

## MEASÚNÚ ÓN gCOIMISIÚN

### Measúnú ar na dréachtspriocanna feidhmíochta i bpríomhréimse feidhmíochta na sábháilteachta

- (10) Maidir le príomhréimse feidhmíochta na sábháilteachta, rinne an Coimisiún measúnú ar chomhsheasmhacht na spriocanna a chuir an tSlóvaic faoina bhráid maidir lena héifeachtaí a dhéanann soláthraithe na seirbhísí aerloingseoireachta bainistíocht ar an tsábháilteacht, ar bhonn an chritéir a leagtar síos i bpointe 1.1 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317. Cuireadh na himthosca áitiúla san áireamh agus an measúnú sin á dhéanamh, agus comhlánaíodh an measúnú le hathbhreithniú ar na bearta atá beartaithe chun na spriocanna sábháilteachta a bhaint amach i leith na n-eilimintí a leagtar amach i bpointe 2.1(a) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317.
- (11) Is iad seo a leanas na dréachtspriocanna feidhmíochta i bpríomhréimse feidhmíochta na sábháilteachta a mholann an tSlóvaic i leith éifeachtacht na bainistíochta sábháilteachta, arna miondealú de réir na gcuspóirí bainistíochta sábháilteachta agus arna sloinneadh mar leibhéal cur chun feidhme:

<sup>(4)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1627 ón gCoimisiún an 3 Samhain 2020 maidir le bearta eisceachtúla i ndáil leis an tríú tréimhse thagartha (2020-2024) den scéim feidhmíochta agus muirearaithe san aerspás Eorpach aonair de dheasca phaindéim COVID-19 (IO L 366, 4.11.2020, lch. 7).

<sup>(5)</sup> Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/891 ón gCoimisiún an 2 Meitheamh 2021 lena leagtar síos spriocanna feidhmíochta athbhreithnithe ar fud an Aontais Eorpaigh le haghaidh an líonra um bainistíocht aerthráchta i ndáil leis an tríú tréimhse thagartha (2020-2024) agus lena n-aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/903 (IO L 195, 3.6.2021, lch. 3).



an tSlóvaic	Spriocanna le haghaidh éifeachtacht na bainistíochta sábháilteachta, sloinnte mar leibhéal cur chun feidhme i raon idir leibhéal A agus D de chuid EASA				
An soláthraí seirbhísí aerloingseoireachta lena mbaineann	An cuspóir bainistíochta sábháilteachta	2021	2022	2023	2024
LPS SR	Beartas sábháilteachta agus cuspóirí	B	B	C	C
	Bainistiú riosca sábháilteachta	C	C	C	D
	Dearbhú sábháilteachta	B	C	C	C
	Cur chun cinn na sábháilteachta	C	C	C	C
	Cultúr sábháilteachta	B	B	C	C

- (12) Maidir leis na dréachtspriocanna sábháilteachta a mholann an tSlóvaic le haghaidh an tsoláthraí seirbhísí aerloingseoireachta (LPS SR), tugann an Coimisiún faoi deara, maidir le 'cur chun cinn na sábháilteachta', go gcomhlíonann na spriocanna áitiúla feidhmíochta leibhéal na sprice feidhmíochta uile-Aontais i leith gach bliana féilire ó 2021 go 2024. Maidir leis an 'dearbhu sábháilteachta', tá na spriocanna áitiúla ailmithe leis an sprioc feidhmíochta uile-Aontais ó bhliain 2022 ar aghaidh, agus i réimsí 'an bheartais sábháilteachta agus na gculpóirí' agus 'an chultúr sábháilteachta', tá sé beartaithe an sprioc uile-Aontais a bhaint amach ó 2023 ar aghaidh. Ar deireadh, maidir le 'bainistiú riosca sábháilteachta', tá sé beartaithe an chomhsheasmhacht leis an sprioc feidhmíochta uile-Aontais a bhaint amach in 2024.
- (13) Tugann an Coimisiún dá aire go leagtar amach, sa dréachtphlean feidhmíochta a chuir an tSlóvaic faoina bhráid, bearta lena ndéanamh ag LPS SR chun na spriocanna áitiúla sábháilteachta a bhaint amach, amhail gníomhaíochtaí chun an 'cultúr cóir' a fheabhsú, neartú ar na nósanna imeachta práinnfhreagartha, agus gníomhaíochtaí a bhaineann le hoiliúint foirne i dtaca le bainistíocht na sábháilteachta.
- (14) Ar bhonn na dtorthaí a leagtar amach in aithrisí (12) agus (13), agus de bhrí nach mór na spriocanna feidhmíochta sábháilteachta uile-Aontais a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/891 a bhaint amach faoi bhliain dheireanach TT3, eadhon 2024, ba cheart a mheasúnú, maidir leis na dréachtspriocanna atá i ndréachtphlean feidhmíochta na Slóvaice, go bhfuil siad comhsheasmhach leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais i bpríomhréimse feidhmíochta na sábháilteachta.

#### Measúnú ar na dréachtspriocanna feidhmíochta i bpríomhréimse feidhmíochta an chomhshaoil

- (15) Maidir le príomhréimse feidhmíochta an chomhshaoil, rinneadh measúnú ar chomhsheasmhacht na spriocanna a chuir an tSlóvaic isteach maidir le meánéifeachtúlacht chothrománach eiltile faoi bhealach an ruthaig eiltile iarbhír, ar bhonn an chritéir a leagtar síos i bpointe 1.2 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317. Dá réir sin, cuireadh na spriocanna a mholtar i ndréachtphlean feidhmíochta na Slóvaice i gcomparáid leis na luachanna tagartha ábhartha le haghaidh éifeachtúlacht chothrománach na heiltile faoi bhealach a leagtar amach i bplean feabhsúcháin líonra aerbhealaí na hEorpa a bhí ar fáil nuair a glacadh na spriocanna feidhmíochta athbhreithnithe uile-Aontais i leith TT3, eadhon an 2 Meitheamh 2021. Cuireadh na himthosca áitiúla san áireamh agus an measúnú sin á dhéanamh, agus comhlánaíodh an measúnú le hathbhreithniú ar na bearta atá beartaithe chun na spriocanna comhshaoil a bhaint amach faoi phointe 2.1(a) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317.
- (16) I gcás bhliain féilire 2020, ní dhearnadh athbhreithniú le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/891 ar an sprioc feidhmíochta uile-Aontais i leith TT3 i bpríomhréimse feidhmíochta an chomhshaoil, sprioc a leagadh amach i dtosach i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/903, toisc go raibh an tréimhse le haghaidh chur i bhfeidhm na sprice sin imithe in éag agus, dá bhrí sin, go raibh sí curtha chun feidhme go críochnaitheach cheana, rud a d'fhág nárbh fhéidir coigeartuithe cúlghabhálacha a dhéanamh. Dá réir sin, níor iarradh ar na Ballstáit athbhreithniú a dhéanamh ar a spriocanna áitiúla feidhmíochta i leith bhliain féilire 2020 i bpríomhréimse feidhmíochta an chomhshaoil sna dréachtphleananna feidhmíochta a bhí le cur isteach faoin 1 Deireadh Fómhair 2021. Dá bhrí sin, an measúnú ar chomhsheasmhacht na spriocanna áitiúla feidhmíochta comhshaoil leis na spriocanna feidhmíochta comhfhreagracha uile-Aontais, ba cheart é a dhéanamh i leith bhlianta féilire 2021, 2022, 2023 agus 2024.
- (17) Is iad seo a leanas na dréachtspriocanna feidhmíochta i bpríomhréimse feidhmíochta an chomhshaoil a mholann an tSlóvaic, mar aon leis na luachanna tagartha náisiúnta comhfhreagracha i leith TT3 ó phlean feabhsúcháin líonra aerbhealaí na hEorpa, agus iad sloinnte mar mheánéifeachtúlacht chothrománach eiltile faoi bhealach an ruthaig eiltile iarbhír:

	2021	2022	2023	2024
<b>Dréachtspríocanna comhshaoil faoi bhealach na Slóvaice</b> , agus iad sloinnteach mar mheánféachtúlacht chothrománach eiltite faoi bhealach an ruthaig eiltite iarbhír	2,15 %	2,13 %	2,13 %	2,13 %
Luachanna tagartha le haghaidh na Slóvaice	2,15 %	2,13 %	2,13 %	2,13 %

- (18) Tugann an Coimisiún faoi deara gurb ionann na dréachtspríocanna comhshaoil a mholann an tSlóvaic agus na luachanna tagartha náisiúnta comhfhreagracha i gcás gach bliana féilire ó 2021 go 2024.
- (19) Maidir le pointe 2.1(a) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, tugann an Coimisiún dá aire go bhfuil roinnt beart curtha i láthair ag an tSlóvaic ina dréachtphlean feidhmíochta chun na spríocanna áitiúla comhshaoil a bhaint amach, lena n-áirítear tuilleadh dul chun cinn i gcur chun feidhme Aerspás Saorbhealaigh Oirdheisceart na hEorpa (SEE FRA), méadú ar an gcomhar trasteorann, agus athlimistéarú aerspás Lárionad Rialaithe Limistéar na Bratasláive.
- (20) Thairis sin, tugann an Coimisiún faoi deara go bhfuil an t-aerspás saorbhealaigh 24 uair an chloig curtha chun feidhme ag an tSlóvaic cheana féin.
- (21) Ar bhonn na dtorthaí a leagtar amach in aithrisí (18) go (20), ba cheart a mheasúnú go bhfuil na dréachtspríocanna atá i ndréachtphlean feidhmíochta na Slóvaice comhsheasmhach leis na spríocanna feidhmíochta uile-Aontais i bpríomhréimse feidhmíochta an chomhshaoil.

#### **Measúnú ar na dréachtspríocanna feidhmíochta i bpríomhréimse feidhmíochta na hacmhainneachta**

- (22) Maidir le príomhréimse feidhmíochta na hacmhainneachta, rinneadh measúnú ar chomhsheasmhacht na spríocanna a chuir an tSlóvaic isteach maidir leis an meánmhoill i mbainistiú na sreibe aerthráchta ('ATFM') faoi bhealach in aghaidh na heiltite, ar bhonn an chritéir a leagtar síos i bpointe 1.3 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317. Dá réir sin, cuireadh na spríocanna a mholtar i ndréachtphlean feidhmíochta na Slóvaice i gcomparáid leis na luachanna tagartha ábhartha a leagtar amach sa Phlean Oibríochta Gréasáin a bhí ar fáil nuair a glacadh na spríocanna feidhmíochta athbhreithnithe uile-Aontais i leith TT3, eadhon an 2 Meitheamh 2021. Cuireadh na himthosca áitiúla san áireamh agus an measúnú sin á dhéanamh, agus comhlánaíodh an measúnú le hathbhreithniú ar na bearta atá beartaithe chun na spríocanna acmhainneachta a bhaint amach faoi phointe 2.1(a) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317.
- (23) I gcás bhliain féilire 2020, ní dhearnadh athbhreithniú le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/891 ar an spríoc feidhmíochta uile-Aontais i leith TT3 i bpríomhréimse feidhmíochta na hacmhainneachta, spríoc a leagadh amach i dtosach i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/903, toisc go raibh an tréimhse le haghaidh chur i bhfeidhm na spríoc sin imithe in éag agus, dá bhrí sin, go raibh sí curtha chun feidhme go críochnaitheach cheana, rud a d'fhág nárbh fhéidir coigeartuithe cúlghabhálacha a dhéanamh. Dá réir sin, níor iarradh ar na Ballstáit athbhreithniú a dhéanamh ar a spríocanna áitiúla feidhmíochta i leith bhliain féilire 2020 i bpríomhréimse feidhmíochta na hacmhainneachta sna dréachtphleananna feidhmíochta a bhí le cur isteach faoin 1 Deireadh Fómhair 2021. Dá bhrí sin, an measúnú ar chomhsheasmhacht na spríocanna áitiúla feidhmíochta acmhainneachta leis na spríocanna feidhmíochta comhfhreagracha uile-Aontais, ba cheart é a dhéanamh i leith bhlianta féilire 2021, 2022, 2023 agus 2024.
- (24) Is iad seo a leanas na dréachtspríocanna acmhainneachta i leith eiltí faoi bhealach a mholann an tSlóvaic i leith TT3, arna sloinneadh mar nóiméid mhoille ATFM in aghaidh na heiltite, mar aon leis na luachanna tagartha comhfhreagracha ón bPlean Oibríochta Gréasáin:

	2021	2022	2023	2024
<b>Dréachtspríocanna acmhainneachta na Slóvaice i leith eiltí faoi bhealach</b> i nóiméid mhoille ATFM in aghaidh na heiltite	0,05	0,07	0,08	0,07
Luachanna tagartha le haghaidh na Slóvaice	0,05	0,07	0,08	0,07

- (25) Tugann an Coimisiún faoi deara gurb ionann na dréachtspríocanna acmhainneachta a mholann an tSlóvaic agus na luachanna tagartha náisiúnta comhfhreagracha i gcás gach bliana féilire ó 2021 go 2024.
- (26) Maidir le pointe 2.1(a) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, tugann an Coimisiún dá aire go bhfuil raon beart curtha i láthair ag an tSlóvaic sa dréachtphean feidhmíochta chun na spriocanna áitiúla acmhainneachta i leith eiltí faoi bhealach a bhaint amach. Áirítear ar na bearta sin uasghrádú ar an gcóras bainistíochta aerthráchta (BAT), cur chun feidhme naisc sonraí aer-thalaimh, athmheastóireacht agus méadú ar an acmhainneacht teascóige, an rannpháirtíocht i dtionscadal SEE FRA, sreabh aerthráchta feabhsaithe agus teicnící bainistíochta acmhainneachta feabhsaithe, agus méadú ar earcú na rialtóirí aerthráchta a fhágfaidh go mbeidh méadú foriomlán ar an líon coibhése lánaimseartha de rialtóirí aerthráchta faoi dheireadh TT3.
- (27) Ar bhonn na dtorthaí a leagtar amach in aithrisí (25) agus (26), ba cheart a mheasúnú go bhfuil na dréachtspríocanna i ndrúachtphean feidhmíochta na Slóvaice comhsheasmhach leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais i bpríomhréimse feidhmíochta na hacmhainneachta.

### Measúnú ar na dréachtspríocanna feidhmíochta i bpríomhréimse feidhmíochta na costéifeachtúlachta

- (28) Maidir le príomhréimse feidhmíochta na costéifeachtúlachta, rinneadh measúnú ar chomhsheasmhacht na spriocanna a chuir an tSlóvaic isteach maidir leis an gcostas aonaid arna shuíomh ('CAAS') le haghaidh seirbhísí aerloingseoireachta faoi bhealach, ar bhonn na gcritéar a leagtar síos i bpointí 1.4(a), (b) agus (c) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317. Is iad na critéir sin an treoht CAAS le linn TT3, an treoht fhadtéarmach CAAS le linn an dara tréimhse tagartha (TT2) agus TT3 (2015-2024), agus luach bonnlíne CAAS ar leibhéal an limistéir muirearaithe i gcomparáid le meánluach na limistéar muirearaithe a bhfuil timpeallacht oibríochtúil agus eacnamaíoch chomhchosúil ag soláthraithe seirbhísí aerloingseoireachta iontu.
- (29) Cuireadh na himthosca áitiúla san áireamh agus measúnú á dhéanamh ar na spriocanna costéifeachtúlachta i leith eiltí faoi bhealach. Comhlánaíodh an measúnú le hathbhreithniú ar na príomhfachtóirí agus na príomhpharaiméadair is bunús leis na spriocanna sin, mar a shonraítear i bpointe 2.1(d) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317.
- (30) Is iad seo a leanas na dréachtspríocanna costéifeachtúlachta i leith eiltí faoi bhealach a mholann an tSlóvaic i leith TT3:

Limistéar muirearaithe faoi bhealach na Slóvaice	Luach bonnlíne 2014	Luach bonnlíne 2019	2020 -2021	2022	2023	2024
<b>Dréachtspríocanna costéifeachtúlachta i leith eiltí faoi bhealach</b> arna sloinneadh mar chostas aonaid faoi bhealach arna shuíomh (i dtéarmaí réadacha ar phraghsanna 2017)	EUR 57,08	EUR 47,18	EUR 80,51	EUR 68,51	EUR 59,12	EUR 51,88

- (31) Maidir leis an gcritéar a leagtar síos i bpointe 1.4(a) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, tugann an Coimisiún faoi deara gur measa treoht CAAS faoi bhealach na Slóvaice ar leibhéal an limistéir muirearaithe le linn TT3, mar atá, +2,4 % in aghaidh na bliana, ná an treoht uile-Aontais le linn na tréimhse céanna, mar atá, +1,0 %.
- (32) Maidir leis an gcritéar a leagtar síos i bpointe 1.4(b) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, tugann an Coimisiún faoi deara gur measa treoht fhadtéarmach CAAS faoi bhealach na Slóvaice le linn TT2 agus TT3 ar leibhéal an limistéir muirearaithe, mar atá, -1,1 % in aghaidh na bliana, ná an treoht uile-Aontais le linn na tréimhse céanna, mar atá, -1,3 %.
- (33) Ba cheart a chur san áireamh, áfach, agus comparáid á déanamh idir na treohta CAAS áitiúla agus uile-Aontais dá dtagraítear in aithrisí (31) agus (32), go dtuairtar i réamhaisnéis STATFOR Eurostat gur lú go mór an fás a thiocfaidh ar thrácht faoi bhealach na Slóvaice le linn TT3 ná an fás tráchta meánach ar an leibhéal uile-Aontais. Fágann sé sin gur deacra don tSlóvaic na treohta CAAS uile-Aontais sin a bhaint amach.

- (34) Maidir leis an gcritéar a leagtar síos i bpointe 1.4(c) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, tugann an Coimisiún faoi deara go bhfuil luach bonnlíne CAAS na Slóvaice, mar atá, EUR 47,18 i dtéarmaí réadacha ar phraghsanna 2017 (EUR2017), 23,5 % níos airde ná meánluach bonnlíne an ghrúpa comparáide ábhartha, mar atá, EUR 38,19 in EUR2017. Tugann an Coimisiún dá aire go méadaíonn an difríocht fós le linn TT3, óir tá costas aonaid na Slóvaice arna shuíomh i leith 2024 28,9 % níos airde ná meán an ghrúpa comparáide.
- (35) Scrúdaigh an Coimisiún a thuilleadh an féidir a mheas gur gá agus gur comhréireach, faoi phointe 1.4(d) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, na diallais a thugtar faoi deara in aithrisí (31), (32) agus (34), ar an gcoinníoll gur i ngeall ar chostais bhreise arna suíomh a bhaineann le bearta is gá chun na spriocanna feidhmíochta i bpríomhréimse feidhmíochta na hacmhainneachta, nó i ngeall ar bhearta athstruchtúraithe de réir bhrí Airteagal 2(18) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, agus i ngeall orthu siúd amháin, atá na diallais ón treo uile-Aontais CAAS agus ón treo fhadtéarmach uile-Aontais CAAS a thugtar faoi deara.
- (36) Maidir leis an gcritéar a shonraítear faoi phointe 1.4(d)(i) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, tugann an Coimisiún faoi deara go gcuireann an tSlóvaic, ina dréachtphlean feidhmíochta, bearta agus infheistíochta i láthair a chuirfidh an soláthraí seirbhísí aerloingseoireachta, eadhon LPS SR, i gcrích chun na spriocanna áitiúla acmhainneachta a bhaint amach.
- (37) Tá sé beartaithe ag an tSlóvaic, go háirithe, an líon coibhése lánaimseartha de rialtóirí aerthráchta i mbun oibríochtaí a mhéadú go suntasach faoi dheireadh TT3. Mar a mhínigh an tSlóvaic, bhí ar LPS SR úsáid mhór a bhaint as uaireanta ragobair le haghaidh rialtóirí aerthráchta chun freastal a dhéanamh ar an éileamh tráchta sna himthosca a bhí ann roimh COVID-19. Tá sé intuigthe nach staid inbhuanaithe í sin san fhadtéarma, ní ó thaobh oibríochtaí de ná ó thaobh airgeadais de, agus go bhfuil sé beartaithe dá bhrí sin ag LPS SR féachaint le rialtóirí aerthráchta breise a earcú agus a oiliúint chun freastal a dhéanamh ar an éileamh tráchta a thuarat sa réamhaisnéis. Tá feabhsú breise ar an acmhainneacht beartaithe trí bhíthin uasghráduithe ar chóras BAT, lena n-áirítear feidhmiúlacht an naisc sonraí aer-thalaimh a chur chun feidhme agus 'uirlis chastachta' a thabhairt isteach lenarbh fhéidir bainistíocht níos sofaisticiúla a dhéanamh ar an acmhainneacht rialaithe aerthráchta.
- (38) Ar bhonn na hanailíse mionsonraithe ón gcomhlacht um athbhreithniú ar an bhfeidhmíocht, measann an Coimisiún go bhfuil fíorghá leis na bearta ábhartha a leagtar amach i ndréachtphlean feidhmíochta na Slóvaice chun na spriocanna áitiúla acmhainneachta a bhaint amach. Thairis sin, agus ag féachaint don mheastóireacht a rinne an comhlacht um athbhreithniú ar an bhfeidhmíocht, is féidir a shuí gur mó costais bhreise na mbeart sin ná na diallais ón treo uile-Aontais CAAS agus ón treo fhadtéarmach uile-Aontais CAAS dá dtagraítear in aithrisí (31) agus (32).
- (39) I bhfianaise na mbreithnithe in aithrisí (36) go (38), suíonn an Coimisiún dá bhrí sin go gcomhlíontar, i leith na Slóvaice, an critéar a leagtar amach i bpointe 1.4(d)(i).
- (40) De bhun na mbreithnithe thuasluaite is léir nach gá a scrúdú a thuilleadh an gcomhlíonfaí, i leith na Slóvaice, an critéar a leagtar amach faoi phointe 1.4(d)(ii).
- (41) Ar bhonn na dtorthaí a leagtar amach in aithrisí (28) go (40), ba cheart a mheasúnú go bhfuil na dréachtspríocanna i ndréachtphlean feidhmíochta na Slóvaice comhsheasmhach leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais i bpríomhréimse feidhmíochta na costéifeachtúlachta.

## CONCLUÍDÍ

- (42) Ar bhonn an mheasúnaithe a leagtar amach in aithrisí (10) go (41), tá sé suite ag an gCoimisiún go bhfuil na spriocanna feidhmíochta atá sa dréachtphlean feidhmíochta a chuir an tSlóvaic isteach comhsheasmhach leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais.
- (43) Tugann an Coimisiún dá aire go bhfuil sé tugtha le fios ag roinnt Ballstát go bhfuil sé i gceist acu ítimí costais a bhaineann le ladrainn a bhrath ag na haerfoirt a chur lena mbonn costais i leith TT3. Ní raibh an Coimisiún in ann a shuí go beacht, ar bhonn na n-eilimintí atá sna dréachtphleananna feidhmíochta, cé mhéad a chuir na Ballstáit costais shuite den chineál sin lena mbonn costais i leith TT3, ná, i gcásanna inar chuir, cé mhéad a thabhaítear iad i ndáil le soláthar na seirbhísí aerloingseoireachta, rud a d'fhágfadh gurbh fhéidir a mheas gur costais incháilithe iad faoin scéim feidhmíochta agus muirearaithe. Tá iarraidh ad hoc ar fhaisnéis curtha ag seirbhísí an Choimisiúin chuig na Ballstáit uile chun faisnéis ábhartha a bhailiú, agus déanfaidh siad tuilleadh scrúdaithe ar na costais a thuairiscítear maidir le ladrainn a bhrath ag na haerfoirt i gcomhthéacs an fhíoraithe ar chomhlíontacht na rátaí aonaid. Tá an Cinneadh seo gan dochar do thorthaí ná do chonclúidí an Choimisiúin maidir le costais braite na ladrann.

- (44) Mar fhreagairt ar ionsaí míleata na Rúise ar an Úcráin, a thosaigh an 24 Feabhra 2022, tá bearta sriantacha glactha ag an Aontas lena gcuirtear toirmeasc ar aeriompróirí Rúiseacha, ar aon aerárthach atá cláraithe sa Rúis agus ar aon aerárthach nach bhfuil cláraithe sa Rúis ach atá faoi úinéireacht, ar chairtíhostú, nó faoi rialú ar shlí eile ag aon duine nádúrtha nó dlítheanach Rúiseach nó ag aon eintiteas nó comhlacht Rúiseach tuirlingt i gcríoch an Aontais, éirí de thalamh uaithi, nó eitilt thairsti. Tá laghdú ag teacht ar an aerthrácht san aerspás os cionn chríoch an Aontais i ngeall ar na bearta sin. Níor cheart, ámh, go mbeadh an tionchar ar an leibhéal uile-Aontais inchomparáide leis an laghdú ar an aerthrácht de dheasca ráig phaindéim COVID-19 i mí an Mhárta 2020. Dá bhrí sin, is iomchuí na bearta agus na próisis atá ann faoi láthair le haghaidh chur chun feidhme na scéime feidhmíochta agus muirearaithe le linn TT3 a choinneáil ar bun.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Na spriocanna feidhmíochta atá sa dréachtphlean feidhmíochta a chuir an tSlóvaic isteach de bhun Rialachán (CE) Uimh. 549/2004 agus a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo, tá siad comhsheasmhach leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais i leith an tríú tréimhse tagartha a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/891.

*Airteagal 2*

Is chuig Poblacht na Slóvaice a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 13 Aibreán 2022.

*Thar ceann an Choimisiúin*  
Adina VĂLEAN  
*Comhalta den Choimisiún*

## IARSCRÍBHINN

Na spriocanna feidhmíochta atá san áireamh sa dréachtphlean feidhmíochta a chuir an tSlóvaic isteach de bhun Rialachán (CE) Uimh. 549/2004 agus a fuarthas go bhfuil siad comhsheasmhach leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais le haghaidh an tríú tréimhse thagartha.

## PRÍOMHRÉIMSE FEIDHMÍOCHTA SÁBHÁILTEACHTA

## Éifeachtacht na bainistíochta sábháilteachta

an tSlóvaic	Spriocanna maidir le héifeachtacht na bainistíochta sábháilteachta, arna sloinneadh mar leibhéal cur chun feidhme, ó leibhéal EASA A go D				
An soláthraí seirbhísí aerloingseoireachta lena mbaineann	Cuspóir na bainistíochta sábháilteachta	2021	2022	2023	2024
LPS SR	Beartas agus cuspóirí sábháilteachta	B	B	C	C
	Bainistíocht riosca sábháilteachta	C	C	C	D
	Dearbhú sábháilteachta	B	C	C	C
	Cur chun cinn na sábháilteachta	C	C	C	C
	Cultúr sábháilteachta	B	B	C	C

## PRÍOMHRÉIMSE FEIDHMÍOCHTA AN CHOMHSHAOIL

## Meánéifeachtúlacht chothrománach eitilte faoi bhealach an ruthaig eitilte iarbhír

	2021	2022	2023	2024
<b>Dréacht de spriocanna comhshaoil faoi bhealach na Slóvaice, arna sloinneadh mar mheánéifeachtúlacht chothrománach faoi bhealach an ruthaig eitilte iarbhír</b>	<b>2,15 %</b>	<b>2,13 %</b>	<b>2,13 %</b>	<b>2,13 %</b>
Luachanna tagartha don tSlóvaic	2,15 %	2,13 %	2,13 %	2,13 %

## PRÍOMHRÉIMSE FEIDHMÍOCHTA ACMHAINNEACHTA

## Meánmhoill ATFM eitilte faoi bhealach i nóiméid in aghaidh na heitilte

	2021	2022	2023	2024
<b>Dréacht de spriocanna acmhainneachta faoi bhealach na Slóvaice, i nóiméid ar mhoill ATFM in aghaidh na heitilte</b>	<b>0,05</b>	<b>0,07</b>	<b>0,08</b>	<b>0,07</b>
Luachanna tagartha don tSlóvaic	0,05	0,07	0,08	0,07

**PRÍOMHRÉIMSE FEIDHMÍOCHTA COSTÉIFEACHTÚLACHTA****Costas aonaid arna shuíomh le haghaidh seirbhísí aerloingseoireachta *faoi bhealach***

<b>Limistéar muirearaithe faoi bhealach na Slóvaice</b>	<b>Luach bonnlíne 2014</b>	<b>Luach bonnlíne 2019</b>	<b>2020-2021</b>	<b>2022</b>	<b>2023</b>	<b>2024</b>
<b>Dréacht de spriocanna costéifeachtúlachta faoi bhealach</b> , arna sloinneadh mar chostas aonaid faoi bhealach arna shuíomh (i dtéarmaí réadacha ag praghsanna 2017)	<b>EUR 57,08</b>	<b>EUR 47,18</b>	<b>EUR 80,51</b>	<b>EUR 68,51</b>	<b>EUR 59,12</b>	<b>EUR 51,88</b>

**CINNEADH (AE) 2022/769 ÓN gCOIMISIÚN****an 13 Aibreán 2022****maidir le comhsheasmhacht na spriocanna feidhmíochta atá sa dréachtphlean feidhmíochta a chuir an Liotuáin isteach de bhun Rialachán (CE) Uimh. 549/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais i leith an tríú tréimhse tagartha***(a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhoiciméad C(2022) 2290)***(Is é an téacs Liotuáinise amháin atá barántúil)****(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 549/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Márta 2004 lena leagtar síos an creat chun aerospás Eorpach aonair a chruthú (an creat-Rialachán) <sup>(1)</sup>, agus go háirithe Airteagal 11(3), pointe (c), an chéad mhír de,

Ag féachaint do Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317 ón gCoimisiún an 11 Feabhra 2019 lena leagtar síos scéim feidhmíochta agus muirearaithe san aerospás Eorpach aonair <sup>(2)</sup>, agus go háirithe Airteagal 14(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

**BREITHNITHE GINEARÁLTA**

- (1) De bhun Airteagal 11 de Rialachán (CE) Uimh. 549/2004, tá scéim feidhmíochta le haghaidh seirbhísí aerloingseoireachta agus feidhmeanna líonra aerloingseoireachta le bunú. Thairis sin, de bhun Airteagal 10 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, tá na Ballstáit le spriocanna feidhmíochta ceangailteacha a tharraingt suas, ar an leibhéal náisiúnta nó ar leibhéal na mbloc feidhme aerospáis, i leith gach tréimhse tagartha den scéim feidhmíochta le haghaidh seirbhísí aerloingseoireachta agus feidhmeanna líonra aerloingseoireachta. Ní mór na spriocanna feidhmíochta sin a bheith comhsheasmhach leis na spriocanna uile-Aontais arna ghlacadh ag an gCoimisiún i leith na tréimhse tagartha lena mbaineann. Is é an Coimisiún atá freagrach as measúnú a dhéanamh an bhfuil na spriocanna feidhmíochta molta atá sna dréachtphleananna arna dtarraingt suas ag na Ballstáit comhsheasmhach leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais, agus na critéir mheasúnaithe a leagtar amach in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317 á úsáid aige.
- (2) Ó bhí an chéad ráithe 2020 ann, bhí tionchar suntasach ag ráig phaindéim COVID-19 ar earnáil an aeriompair agus tá méid an aerthráchta laghdaithe go mór i gcomparáid leis na leibhéil roimh an bpaindéim, mar gheall ar na bearta a rinne na Ballstáit agus tríú tíortha chun an paindéim a shrianadh.
- (3) Leagadh spriocanna feidhmíochta uile-Aontais i leith an tríú tréimhse thagartha ("TT3") síos i dtosach i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/903 ón gCoimisiún <sup>(3)</sup>. Maidir leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais sin agus na dréachtphleananna feidhmíochta TT3 a chuir na Ballstáit isteach ina dhiaidh sin, ós rud é gur tarraingíodh suas iad sular tharla ráig phaindéim COVID-19, ní fhéadfaí an t-athrú suntasach a tháinig ar na dálaí aeriompair de dheasca na paindéime a chur san áireamh iontu.

<sup>(1)</sup> IO L 96, 31.3.2004, lch. 1.

<sup>(2)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317 ón gCoimisiún an 11 Feabhra 2019 lena leagtar síos scéim feidhmíochta agus muirearaithe san aerospás Eorpach aonair agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 390/2013 agus (AE) Uimh. 391/2013 (IO L 56, 25.2.2019, lch. 1).

<sup>(3)</sup> Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/903 ón gCoimisiún an 29 Bealtaine 2019 lena leagtar síos spriocanna feidhmíochta uile-Aontais le haghaidh an líonra um bainistíocht aerthráchta i ndáil leis an tríú tréimhse thagartha dar tús an 1 Eanáir 2020 agus dar críoch an 31 Nollaig 2024 (IO L 144, 3.6.2019, lch. 49).



- (4) Mar fhreagairt ar thionchar phaindéim COVID-19 ar sholáthar seirbhísí aerloingseoireachta, leagadh amach bearta eisceachtúla le haghaidh an tríú tréimhse thagartha, de mhaolú ar Rialachán (AE) 2019/317, i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1627 ón gCoimisiún <sup>(4)</sup>. De bhun Airteagal 2(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1627, ghlac an Coimisiún, an 2 Meitheamh 2021, Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/891 <sup>(5)</sup> lena leagtar spriocanna feidhmíochta athbhreithnithe uile-Aontais amach i leith TT3.
- (5) Tugann an Coimisiún dá aire gurb é a thuairt le réamhaisnéis tráchta bhonnlíne Sheirbhís Staidrimh agus Réamhaisnéise Eurocontrol ('STATFOR') ó mhí Dheireadh Fómhair 2021 go sroichfidh an t-aerthrácht ar an leibhéal uile-Aontais na leibhéil ar a raibh sé roimh an bpaindéim le linn 2023 agus go sáróidh sé na leibhéil sin in 2024. Mar sin féin, tá leibhéal ard éiginnteachta fós ag baint le forbairt an tráchta mar gheall ar na rioscaí a bhaineann le forbairt staid eipidéimeolaíoch COVID-19. Tugann an Coimisiún dá aire, freisin, go meastar go dtiocfaidh téarnamh míchothrom ar an aerthrácht sna Ballstáit éagsúla.
- (6) Tá dréachtphleananna feidhmíochta, agus spriocanna áitiúla feidhmíochta iontu i leith TT3, tiomsaithe agus glactha ag na Ballstáit uile, agus cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin iad lena measúnú faoin 1 Deireadh Fómhair 2021. Tar éis a fhíorú don Choimisiún arbh iomlán do na dréachtphleananna feidhmíochta sin, d'iarr sé ar Bhallstáit dréachtphleananna feidhmíochta athbhreithnithe a chur faoina bhráid faoin 17 Samhain 2021. An measúnú ón gCoimisiún a chuirtear i láthair sa Chinneadh seo, is ar an dréachtphlean feidhmíochta athbhreithnithe a chuir an Liotuáin isteach atá sé bunaithe.
- (7) Tá tuarascáil curtha faoi bhráid an Choimisiúin ag an gcomhlacht um athbhreithniú ar an bhfeidhmíocht a thugann cúnaimh don Choimisiún maidir le cur chun feidhme na scéime feidhmíochta de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (CE) Uimh. 549/2004, agus comhairle uaidh inti maidir leis an measúnú ar na dréachtphleananna feidhmíochta i leith TT3.
- (8) I gcomhréir le hAirteagal 14(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, rinne an Coimisiún measúnú ar chomhsheasmhacht na spriocanna feidhmíochta áitiúla atá beartaithe ag an Liotuáin ar bhonn na gcritéar measúnaithe a leagtar síos i bpointe 1 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin, agus imthosca áitiúla á gcur san áireamh. Chomhlánaigh an Coimisiún an measúnú, i leith gach príomhréimse feidhmíochta agus na spriocanna feidhmíochta a bhaineann leis, trí athbhreithniú a dhéanamh ar na dréachtphleananna feidhmíochta i leith na n-eilimintí a leagtar amach i bpointe 2 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin.
- (9) Ós rud é nach bhfuil aon aerfort sa Liotuáin a thagann faoi raon feidhme Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317 i leith TT3, níl aon sprioc áitiúil feidhmíochta maidir le seirbhísí aerloingseoireachta críochfoirt sa dréachtphlean feidhmíochta a chuir sí isteach i leith TT3. Dá bhrí sin, na torthaí atá sa Chinneadh seo, is le seirbhísí aerloingseoireachta faoi bhealach amháin a bhaineann siad.

## MEASÚNÚ ÓN gCOIMISIÚN

### Measúnú ar na dréachtspriocanna feidhmíochta i bpríomhréimse feidhmíochta na sábháilteachta

- (10) Maidir le príomhréimse feidhmíochta na sábháilteachta, rinne an Coimisiún measúnú ar chomhsheasmhacht na spriocanna a chuir an Liotuáin faoina bhráid maidir lena héifeachtaí a dhéanann soláthraithe seirbhísí aerloingseoireachta bainistíocht ar an tsábháilteacht, ar bhonn an chritéir a leagtar síos i bpointe 1.1 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317. Rinneadh an measúnú sin agus imthosca áitiúla á gcur san áireamh agus rinneadh é a chomhlánú leis an athbhreithniú ar bhearta atá beartaithe chun na spriocanna comhshaoil a bhaint amach i ndáil leis na heilimintí a leagtar amach i bpointe 2.1.(a) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317.
- (11) Is iad seo a leanas na dréachtspriocanna feidhmíochta i bpríomhréimse feidhmíochta na sábháilteachta a mholann an Liotuáin i leith éifeachtacht na bainistíochta sábháilteachta, arna miondealú de réir na gcuaspóirí bainistíochta sábháilteachta agus arna sloinneadh mar leibhéil cur chun feidhme:

<sup>(4)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1627 ón gCoimisiún an 3 Samhain 2020 maidir le bearta eisceachtúla i ndáil leis an tríú tréimhse thagartha (2020-2024) den scéim feidhmíochta agus muirearaithe san aerspás Eorpach de dheasca phaindéim COVID-19 (IO L 366, 4.11.2020, lch. 7).

<sup>(5)</sup> Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/891 ón gCoimisiún an 2 Meitheamh 2021 lena leagtar síos spriocanna feidhmíochta athbhreithnithe uile-Aontais le haghaidh an líonra um bainistíocht aerthráchta i ndáil leis an tríú tréimhse thagartha (2020-2024) agus lena n-aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/903 (IO L 195, 3.6.2021, lch. 3).

An Liotuáin	Spriocanna le haghaidh éifeachtacht na bainistíochta sábháilteachta, arna sloinneadh mar leibhéal cur chun feidhme i raon idir leibhéal A agus D de chuid EASA				
An soláthraí seirbhísí aerloingseoireachta lena mbaineann	An cuspóir bainistíochta sábháilteachta	2021	2022	2023	2024
Oro Navigacija	Beartas sábháilteachta agus cuspóirí	C	C	C	<b>C</b>
	Bainistiú riosca sábháilteachta	D	D	D	<b>D</b>
	Dearbhú sábháilteachta	C	C	C	<b>C</b>
	Cur chun cinn na sábháilteachta	C	C	C	<b>C</b>
	Cultúr sábháilteachta	C	C	C	<b>C</b>

- (12) Tá sé suite ag an gCoimisiún gurb ionann na dréachtspríocanna sábháilteachta a mholann an Liotuáin le haghaidh an tsoláthraí seirbhísí aerloingseoireachta (EANS) agus na spriocanna sábháilteachta uile-Aontais i leith bhliain féilire 2024.
- (13) Tugann an Coimisiún dá aire go leagtar síos leis an dréachtphlean feidhmíochta a thíolaic an Liotuáin bearta do Oro Navigacija chun na spriocanna sábháilteachta áitiúla a bhaint amach amhail córas bainistithe nua aerthráchta (ATM) a chur in úsáid ag a mbeidh feidhmeanna breise sábháilteachta, athbhreithnithe rialta ar an mbeartas sábháilteachta lena dtugtar aird ar rialacháin náisiúnta agus idirnáisiúnta, oiliúint sábháilteachta feabhsaithe, agus comhar sibhialta-míleata méadaithe.
- (14) Ar bhonn na dtorthaí a leagtar amach in aithrisí (12) agus (13), is é an measúnú ba cheart a dhéanamh ar na dréachtspríocanna i ndréachtphlean feidhmíochta na Liotuáine go bhfuil siad comhsheasmhach leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais i bpríomhréimse feidhmíochta na sábháilteachta.

### Measúnú ar na dréachtspríocanna feidhmíochta i bpríomhréimse feidhmíochta an chomhshaoil

- (15) Maidir le príomhréimse feidhmíochta an chomhshaoil, rinneadh measúnú ar chomhsheasmhacht na spriocanna a chuir an Liotuáin isteach maidir le meánéifeachtúlacht chothrománach eiltile faoi bhealach a bhaineann leis an ruthag eiltile iarbhír, ar bhonn an chritéir a leagtar síos i bpointe 1.2 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317. Dá réir sin, cuireadh na spriocanna a mholtar i ndréachtphlean feidhmíochta na Liotuáine i gcomparáid leis na luachanna tagartha ábhartha le haghaidh éifeachtúlacht chothrománach na heiltile faoi bhealach a leagtar amach i bplean feabhsúcháin líonra aerbhealaí na hEorpa a bhí ar fáil nuair a glacadh na spriocanna feidhmíochta athbhreithnithe uile-Aontais i leith TT3, eadhon an 2 Meitheamh 2021. Rinneadh an measúnú sin agus imthosca áitiúla á gcur san áireamh agus rinneadh é a chomhlánú leis an athbhreithniú ar bhearta atá beartaithe chun na spriocanna comhshaoil a bhaint amach faoi phointe 2.1(a) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317.
- (16) I gcás bhliain féilire 2020, ní dhearnadh athbhreithniú le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/891 ar an sprioc fheidhmíochta uile-Aontais i leith TT3 i bpríomhréimse feidhmíochta an chomhshaoil, sprioc a leagadh amach i dtosach i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/903, toisc go raibh an tréimhse le haghaidh chur i bhfeidhm na sprice sin imithe in éag agus, dá bhrí sin, go raibh sí curtha chun feidhme go críochnaitheach cheana, rud a d'fhág nárbh fhéidir coigeartuithe cúlghabhálacha a dhéanamh. Dá réir sin, níor iarradh ar na Ballstáit athbhreithniú a dhéanamh ar a spriocanna áitiúla feidhmíochta i leith bhliain féilire 2020 i bpríomhréimse feidhmíochta an chomhshaoil sna dréachtphleananna feidhmíochta a bhí le cur isteach faoin 1 Deireadh Fómhair 2021. Dá bhrí sin, an measúnú ar chomhsheasmhacht na spriocanna áitiúla feidhmíochta comhshaoil leis na spriocanna feidhmíochta comhfhreagracha uile-Aontais, ba cheart é a dhéanamh i leith bhlianta féilire 2021, 2022, 2023 agus 2024.

- (17) Is iad seo a leanas na dréachtspríocanna feidhmíochta i bpríomhréimse feidhmíochta an chomhshaoil a mholann an Liotuáin, mar aon leis na luachanna tagartha náisiúnta comhfhreagracha i leith TT3 ó phlean feabhsúcháin líonra aerbhealaí na hEorpa, arna sloinneadh mar mheánéifeachtúlacht chothrománach eiltite faoi bhealach a bhaineann leis an ruthag eiltite iarbhír:

	2021	2022	2023	2024
<b>Dréachtspríocanna comhshaoil eiltítí faoi bhealach na Liotuáine</b> , arna sloinneadh mar mheánéifeachtúlacht chothrománach eiltítí faoi bhealach a bhaineann leis an ruthag eiltite iarbhír	<b>1,93 %</b>	<b>1,92 %</b>	<b>1,92 %</b>	<b>1,92 %</b>
Luachanna tagartha le haghaidh na Liotuáine	1,93 %	1,92 %	1,92 %	1,92 %

- (18) Tugann an Coimisiún faoi deara gurb ionann na dréachtspríocanna comhshaoil a mholann an Liotuáin agus na luachanna tagartha náisiúnta comhfhreagracha i gcás gach bliana féilire ó 2021 go 2024.
- (19) Maidir le pointe 2.1(a) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme 2019/317, tugann an Coimisiún dá aire go bhfuil bearta curtha i láthair ag an Liotuáin sna dréachtphleananna feidhmíochta chun na spríocanna áitiúla comhshaoil a bhaint amach, lena n-áirítear nósanna imeachta um aerspás saorbhealaigh a mhéadú laistigh de Baltic FAB faoin 2 Feabhra 2022 mar aon le bearta a mholann an Bainisteoir Líonra in ERNIP, lena n-áirítear plean aistrithe le haghaidh loingseoireacht fheidhmíocht bhunaithe agus úsáid sholúbtha an aerspáis a fheabhsú a thuilleadh.
- (20) Ar bhonn na dtorthaí a leagtar amach in aithrisí (18) agus (19), is é an measúnú ba cheart a dhéanamh ar na dréachtspríocanna i ndréachtphlean feidhmíochta na Liotuáine go bhfuil siad comhsheasmhach leis na spríocanna feidhmíochta uile-Aontais i bpríomhréimse feidhmíochta an chomhshaoil.

#### **Measúnú ar na dréachtspríocanna feidhmíochta i bpríomhréimse feidhmíochta na hacmhainneachta**

- (21) Maidir le príomhréimse feidhmíochta na hacmhainneachta, rinneadh measúnú ar chomhsheasmhacht na spríocanna a chuir an Liotuáin isteach maidir leis an meánmhoill i mbainistíú na sreibe aerthráchta ('ATFM') faoi bhealach in aghaidh na heiltite, ar bhonn an chritéir a leagtar síos i bpointe 1.3 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317. Dá réir sin, cuireadh na spríocanna a mholtar i ndréachtphlean feidhmíochta na Liotuáine i gcomparáid leis na luachanna tagartha ábhartha a leagtar amach sa Phlean Oibríochta Gréasáin a bhí ar fáil nuair a glacadh na spríocanna feidhmíochta athbhreithnithe uile-Aontais i leith TT3, eadhon an 2 Meitheamh 2021. Rinneadh an measúnú sin agus imthosca áitiúla á gcur san áireamh agus rinneadh é a chomhlánú leis an athbhreithniú ar bhearta atá beartaithe chun na spríocanna acmhainneachta a bhaint amach faoi phointe 2.1(a) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317.
- (22) I gcás bhliain féilire 2020, ní dhearnadh athbhreithniú le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/891 ar an sprioc feidhmíochta uile-Aontais i leith TT3 i bpríomhréimse feidhmíochta na hacmhainneachta, sprioc a leagadh amach i dtosach i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/903, toisc go raibh an tréimhse le haghaidh chur i bhfeidhm na sprice sin imithe in éag agus, dá bhrí sin, go raibh sí curtha chun feidhme go críochnaitheach cheana, rud a d'fhág nárbh fhéidir coigeartuithe cúlghabhálacha a dhéanamh. Dá réir sin, níor iarradh ar na Ballstáit athbhreithniú a dhéanamh ar a spríocanna áitiúla feidhmíochta i leith bhliain féilire 2020 i bpríomhréimse feidhmíochta na hacmhainneachta sna dréachtphleananna feidhmíochta a bhí le cur isteach faoin 1 Deireadh Fómhair 2021. Dá bhrí sin, an measúnú ar chomhsheasmhacht na spríocanna áitiúla feidhmíochta acmhainneachta leis na spríocanna feidhmíochta comhfhreagracha uile-Aontais, ba cheart é a dhéanamh i leith bhlianta féilire 2021, 2022, 2023 agus 2024.
- (23) Is iad seo a leanas na dréachtspríocanna acmhainneachta eiltítí faoi bhealach a mholann an Liotuáin i leith TT3, arna sloinneadh i nóiméid mhoille ATFM in aghaidh na heiltite, mar aon leis na luachanna tagartha comhfhreagracha ón bPlean Oibríochta Líonra:

	2021	2022	2023	2024
<b>Dréachtspríocanna acmhainneachta eiltítí faoi bhealach na Liotuáine</b> i nóiméid mhoille ATFM in aghaidh na heiltite	<b>0,01</b>	<b>0,03</b>	<b>0,03</b>	<b>0,03</b>
Luachanna tagartha le haghaidh na Liotuáine	0,01	0,03	0,03	0,03

- (24) Tugann an Coimisiún faoi deara gurb ionann na dréachtspríocanna acmhainneachta a mholann an Liotuáin agus na luachanna tagartha náisiúnta comhfhreagracha i gcás gach bliana féilire ó 2021 go 2024.
- (25) Maidir le pointe 2.1(a) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme 2019/317, tugann an Coimisiún dá aire go bhfuil raon beart curtha i láthair ag an Liotuáin sa dréachtphlean feidhmíochta chun na spriocanna áitiúla acmhainneachta eitiltí faoi bhealach a bhaint amach. Áirítear ar na bearta sin an tairbhe is fearr is féidir a bhaint amach as Lárionad Rialaithe Limistéar aerspás Vilnius, córas nua ATM a chur in úsáid chomh maith le córas uainchláir nua a thabhairt isteach in 2022 le haghaidh rialtóirí aerthráchta (ATCONna).
- (26) Ar bhonn na dtorthaí a leagtar amach in aithrisí (24) agus (25), is é an measúnú ba cheart a dhéanamh ar na dréachtspríocanna i ndréachtphlean feidhmíochta na Liotuáine go bhfuil siad comhsheasmhach leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais i bpríomhréimse feidhmíochta na hacmhainneachta.

### Measúnú ar na dréachtspríocanna feidhmíochta i bpríomhréimse feidhmíochta na costéifeachtúlachta

- (27) Maidir le príomhréimse feidhmíochta na costéifeachtúlachta, rinneadh measúnú ar chomhsheasmhacht na spriocanna a chuir an Liotuáin isteach maidir leis an gcostas aonaid arna shuíomh ('CAAS') le haghaidh seirbhísí aerloingseoireachta eitiltí faoi bhealach, ar bhonn na gcritéar a leagtar síos i bpointí 1.4(a), (b) agus (c) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317. Is iad na critéir sin an treoht CAAS le linn TT3, an treoht fhadtéarmach CAAS le linn TT2 agus TT3 (2015-2024), agus luach bonnlíne CAAS ar leibhéal an limistéir muirearaithe i gcomparáid le meánluach na limistéar muirearaithe a bhfuil timpeallacht oibríochtúil agus eacnamaíoch chomhchosúil ag soláthraithe seirbhísí aerloingseoireachta iontu.
- (28) Rinneadh measúnú ar na spriocanna éifeachtúlachta eitiltí faoi bhealach agus imthosca áitiúla á gcur san áireamh. Comhlánaíodh an measúnú le hathbhreithniú ar na príomhfhachtóirí agus na príomhpharaiméadair is bunús leis na spriocanna sin, mar a shonraítear i bpointe 2.1(d) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317.
- (29) Is iad seo a leanas na dréachtspríocanna costéifeachtúlachta eitiltí faoi bhealach a mholann an Liotuáin i leith TT3:

Limistéar muirearaithe eitiltí faoi bhealach na Liotuáine	Luach bonnlíne 2014	Luach bonnlíne 2019	2020 - 2021	2022	2023	2024
<b>Dréachtspríocanna costéifeachtúlachta eitiltí faoi bhealach</b> arna sloinneadh mar chostas aonaid eitilte faoi bhealach arna shuíomh (i dtéarmaí réadacha ar phraghsanna 2017)	<b>EUR 45,12</b>	<b>EUR 37,64</b>	<b>EUR 50,51</b>	<b>EUR 44,40</b>	<b>EUR 41,02</b>	<b>EUR 37,52</b>

- (30) Maidir leis an gcritéar a leagtar síos i bpointe 1.4(a) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, tugann an Coimisiún faoi deara gur fearr treoht CAAS eitiltí faoi bhealach na Liotuáine ar leibhéal an limistéir muirearaithe le linn TT3, mar atá, -0,1 %, ná an treoht uile-Aontais le linn na tréimhse céanna, mar atá, +1,0 %.
- (31) Maidir leis an gcritéar a leagtar síos i bpointe 1.4(b) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, tugann an Coimisiún faoi deara gur fearr treoht fhadtéarmach CAAS eitiltí faoi bhealach na Liotuáine le linn TT2 agus TT3 ar leibhéal an limistéir muirearaithe, mar atá, -2,0 %, ná an treoht uile-Aontais le linn na tréimhse céanna, mar atá, -1,3 %.
- (32) Maidir leis an gcritéar a leagtar síos i bpointe 1.4(c) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, tugann an Coimisiún faoi deara go bhfuil luach bonnlíne CAAS na Liotuáine, mar atá, EUR 37,64 i dtéarmaí réadacha ar phraghsanna 2017 ('EUR2017'), 42,7 % níos airde ná meánluach bonnlíne an ghrúpa comparáide ábhartha, mar atá, EUR 26,39 in EUR2017. Tugann an Coimisiún dá aire go bhfuil costas aonaid na Liotuáine arna shuíomh fós níos airde ná meán an ghrúpa comparáide le linn TT3 ar fad, agus go bhfuil sé 23,0 % níos airde ná an meán sin i leith 2024.

- (33) Mar a leagtar amach in aithrisí (30) agus (31), is léir gur fearr feidhmíocht na Liotuáine ná an treocht CAAS uile-Aontais i leith TT3 agus an treocht fhadtéarmach CAAS uile-Aontais araon. Thairis sin, tá CAAS na Liotuáine i leith 2024 níos ísle ná luach bonnlíne 2014 agus tá sé cobhsaí i gcomparáid le luach bonnlíne 2019. In ainneoin na difríochta idir luach bonnlíne na Liotuáine agus an meánghrúpa comparáide a fheictear in aithris (32), tá sé léirithe ag an Liotuáin gur fearr forbairt na costéifeachtúlachta ná na treochtaí uile-Aontais, rud a chuireann bonn leordhóthanach ar fáil chun comhsheasmhacht a bhunú leis na spriocanna feidhmíochta costéifeachtúlachta uile-Aontais le haghaidh RP3.
- (34) Ar bhonn na dtorthaí a leagtar amach in aithrisí (27) go (33), is é an measúnú ba cheart a dhéanamh ar na dréachtspriocanna i ndrúchtphlean feidhmíochta na Liotuáine go bhfuil siad comhsheasmhach leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais i bpríomhréimse feidhmíochta na costéifeachtúlachta.

### CONCLUÍDÍ

- (35) Ar bhonn an mheasúnaithe a leagtar amach in aithrisí (10) go (34), tá sé suite ag an gCoimisiún go bhfuil na spriocanna feidhmíochta atá sa dréachtphlean feidhmíochta a chuir an Liotuáin isteach comhsheasmhach leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais.
- (36) Tugann an Coimisiún dá aire go bhfuil sé tugtha le fios ag roinnt Ballstát go bhfuil sé i gceist acu ítimí costais a bhaineann le ladrainn a bhrath ag na haerfoirt a chur lena mbonn costais i leith TT3. Ní raibh an Coimisiún in ann a shuí go beacht, ar bhonn na n-eilimintí atá sna dréachtphleananna feidhmíochta, cé mhéad a chuir na Ballstáit costais shuite den chineál sin lena mbonn costais i leith TT3, ná, i gcásanna inar chuir, cé mhéad a thabhaítear iad i ndáil le soláthar na seirbhísí aerloingseoireachta, rud a d'fhágfadh gurbh fhéidir a mheas gur costais incháilithe iad faoin scéim feidhmíochta agus muirearaithe. Tá iarraidh *ad hoc* ar fhaisnéis curtha ag seirbhísí an Choimisiúin chuig na Ballstáit uile chun faisnéis ábhartha a bhailiú, agus déanfaidh siad tuilleadh scrúdaithe ar na costais a thuairiscítear maidir le ladrainn a bhrath ag na haerfoirt i gcomhthéacs an fhíoraithe ar chomhlíontacht na rátaí aonaid. Tá an Cinneadh seo gan dochar do thorthaí ná do chonclúidí an Choimisiúin maidir le costais braite na ladrann.
- (37) Mar fhreagairt ar ionsaí míleata na Rúise ar an Úcráin, a thosaigh an 24 Feabhra 2022, tá bearta sriantacha glactha ag an Aontas lena gcuirtear toirmeasc ar aeriompróirí Rúiseacha, ar aon aerárthach atá cláraithe sa Rúis agus ar aon aerárthach nach bhfuil cláraithe sa Rúis ach atá faoi úinéireacht, ar chairtfhostú, nó faoi rialú ar shlí eile ag aon duine nádúrtha nó dlítheanach Rúiseach nó ag aon eintiteas nó comhlacht Rúiseach tuirlingt i gcríoch an Aontais, éirí de thalamh uaithi, nó eitilt thairsti. Tá laghdú ag teacht ar an aerthrácht san aerspás os cionn chríoch an Aontais i ngeall ar na bearta sin. Níor cheart, ámh, go mbeadh an tionchar ar an leibhéal uile-Aontais inchoimparáide leis an laghdú ar an aerthrácht de dheasca ráig phaindéim COVID-19 i mí an Mhárta 2020. Dá bhrí sin, is iomchuí na bearta agus na próisis atá ann faoi láthair le haghaidh chur chun feidhme na scéime feidhmíochta agus muirearaithe le linn TT3 a choinneáil ar bun.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

#### Airteagal 1

Na spriocanna feidhmíochta atá sa dréachtphlean feidhmíochta a chuir an Liotuáin isteach de bhun Rialachán (CE) Uimh. 549/2004 agus a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo, tá siad comhsheasmhach leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais i leith an tríú tréimhse tagartha a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/891.

#### Airteagal 2

Dírítear an Cinneadh seo chuig an Liotuáin.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 13 Aibreán 2022.

Thar ceann an Choimisiúin  
Adina VĂLEAN  
Comhalta den Choimisiún

## IARSCRÍBHINN

Na spriocanna feidhmíochta atá san áireamh sa dréachtphlean feidhmíochta a chuir an Liotuáin isteach de bhun Rialachán (CE) Uimh. 549/2004 agus a fuarthas go bhfuil siad comhsheasmhach leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais le haghaidh an tríú tréimhse thagartha.

## PRÍOMHRÉIMSE FEIDHMÍOCHTA SÁBHÁILTEACHTA

## Éifeachtacht na bainistíochta sábháilteachta

an Liotuáin	Spriocanna maidir le héifeachtacht na bainistíochta sábháilteachta, arna sloinneadh mar leibhéal cur chun feidhme, ó leibhéal EASA A go D				
An soláthraí seirbhísí aerloingseoireachta lena mbaineann	Cuspóir na bainistíochta sábháilteachta	2021	2022	2023	2024
Oro Navigacija	Beartas agus cuspóirí sábháilteachta	C	C	C	C
	Bainistíocht riosca sábháilteachta	D	D	D	D
	Dearbhú sábháilteachta	C	C	C	C
	Cur chun cinn na sábháilteachta	C	C	C	C
	Cultúr sábháilteachta	C	C	C	C

## PRÍOMHRÉIMSE FEIDHMÍOCHTA AN CHOMHSHAOIL

Meánéifeachtúlacht chothrománach eitilte *faoi bhealach* an ruthaig eitilte iarbhír

	2021	2022	2023	2024
<b>Dréacht de spriocanna comhshaoil <i>faoi bhealach</i> na Liotuáine</b> , arna sloinneadh mar mheánéifeachtúlacht chothrománach <i>faoi bhealach</i> an ruthaig eitilte iarbhír	<b>1,93 %</b>	<b>1,92 %</b>	<b>1,92 %</b>	<b>1,92 %</b>
Luachanna tagartha don Liotuáin	1,93 %	1,92 %	1,92 %	1,92 %

## PRÍOMHRÉIMSE FEIDHMÍOCHTA ACMHAINNEACHTA

Meánmhoill ATFM eitilte *faoi bhealach* i nóiméid in aghaidh na heitilte

	2021	2022	2023	2024
<b>Dréacht de spriocanna acmhainneachta <i>faoi bhealach</i> na Liotuáine</b> , i nóiméid ar mhoill ATFM in aghaidh na heitilte	<b>0,01</b>	<b>0,03</b>	<b>0,03</b>	<b>0,03</b>
Luachanna tagartha don Liotuáin	0,01	0,03	0,03	0,03

**PRÍOMHRÉIMSE FEIDHMÍOCHTA COSTÉIFEACHTÚLACHTA**  
**Costas aonaid arna shuíomh le haghaidh seirbhísí aerloingseoireachta *faoi bhealach***

<b>Limistéar muirearaithe <i>faoi bhealach</i> na Liotuáine</b>	<b>Luach bonnlíne 2014</b>	<b>Luach bonnlíne 2019</b>	<b>2020 -2021</b>	<b>2022</b>	<b>2023</b>	<b>2024</b>
<b>Dréacht de spriocanna costéifeachtúlachta <i>faoi bhealach</i>, arna sloinneadh mar chostas aonaid <i>faoi bhealach</i> arna shuíomh (i dtéarmaí réadacha ag praghsanna 2017)</b>	<b>EUR 45,12</b>	<b>EUR 37,64</b>	<b>EUR 50,51</b>	<b>EUR 44,40</b>	<b>EUR 41,02</b>	<b>EUR 37,52</b>

**CINNEADH (AE) 2022/770 ÓN gCOIMISIÚN**  
**an 13 Aibreán 2022**

**mairir le comhsheasmhacht na spriocanna feidhmíochta atá sa dréachtphlean feidhmíochta a chuir an Danmhairg isteach de bhun Rialachán (CE) Uimh. 549/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais i leith an tríú tréimhse tagartha**

*(a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhoiciméad C(2022) 2291)*

**(Is é an téacs sa Danmhairgis amháin atá barántúil)**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 549/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Márta 2004 lena leagtar síos an creat chun aerospás Eorpach aonair a chruthú (an creat-Rialachán <sup>(1)</sup>), agus go háirithe Airteagal 11(3), pointe (c), an chéad mhír de,

Ag féachaint do Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317 ón gCoimisiún an 11 Feabhra 2019 lena leagtar síos scéim feidhmíochta agus muirearaithe san aerospás Eorpach aonair <sup>(2)</sup>, agus go háirithe Airteagal 14(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

**BREITHNITHE GINEARÁLTA**

- (1) De bhun Airteagal 11 de Rialachán (CE) Uimh. 549/2004, tá scéim feidhmíochta le haghaidh seirbhísí aerloingseoireachta agus feidhmeanna líonra aerloingseoireachta le bunú. Thairis sin, de bhun Airteagal 10 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, tá na Ballstáit le spriocanna feidhmíochta ceangailteacha a tharraingt suas, ar an leibhéal náisiúnta nó ar leibhéal na mbloc feidhme aerospáis, i leith gach tréimhse tagartha den scéim feidhmíochta le haghaidh seirbhísí aerloingseoireachta agus feidhmeanna líonra aerloingseoireachta. Ní mór na spriocanna feidhmíochta sin a bheith comhsheasmhach leis na spriocanna uile-Aontais arna nglacadh ag an gCoimisiún i leith na tréimhse tagartha lena mbaineann. Is é an Coimisiún atá freagrach as measúnú a dhéanamh an bhfuil na spriocanna feidhmíochta molta atá sna dréachtphleananna arna dtarraingt suas ag na Ballstáit comhsheasmhach leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais, agus na critéir mheasúnaithe a leagtar amach in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317 á úsáid aige.
- (2) Ón gcéad ráithe de bhliain féilire 2020, bhí tionchar mór ag ráig phaindéim COVID-19 ar an earnáil aeriompair agus d'fhág sé gur tháinig laghdú suntasach ar an méid aerthráchta i gcomparáid leis na leibhéil roimh an bpaindéim, de bharr na mbearta a rinne na Ballstáit agus tríú tíortha chun srian a choinneáil ar an bpaindéim.
- (3) Leagadh spriocanna feidhmíochta uile-Aontais i leith an tríú tréimhse thagartha ("TT3") síos i dtosach i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/903 ón gCoimisiún <sup>(3)</sup>. Maidir leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais sin agus na dréachtphleananna feidhmíochta a chuir na Ballstáit isteach ina ndiaidh siúd, ós rud é gur tarraingíodh suas iad sular tharla ráig phaindéim COVID-19, ní fhéadfaí an t-athrú suntasach a tháinig ar na dálaí aeriompair de dheasca na paindéime a chur san áireamh iontu.

<sup>(1)</sup> IO L 96, 31.3.2004, lch. 1.

<sup>(2)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317 ón gCoimisiún an 11 Feabhra 2019 lena leagtar síos scéim feidhmíochta agus muirearaithe san aerospás Eorpach aonair agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 390/2013 agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 391/2013 (IO L 56, 25.2.2019, lch. 1).

<sup>(3)</sup> Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/903 ón gCoimisiún an 29 Bealtaine 2019 lena leagtar síos spriocanna feidhmíochta ar fud an Aontais le haghaidh an líonra um bainistíocht aerthráchta i ndáil leis an tríú tréimhse thagartha dar tús an 1 Eanáir 2020 agus dar críoch an 31 Nollaig 2024 (IO L 144, 3.6.2019, lch. 49).



- (4) Mar fhreagairt ar thionchar phaindéim COVID-19 ar sholáthar na seirbhísí aerloingseoireachta, leagadh amach bearta eisceachtúla i leith an tríú tréimhse thagartha, de mhaolú ar Rialachán (AE) 2019/317, i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1627 ón gCoimisiún <sup>(4)</sup>. De bhun Airteagal 2(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1627, ghlac an Coimisiún, an 2 Meitheamh 2021, Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/891 <sup>(5)</sup> lena leagtar spriocanna feidhmíochta athbhreithnithe uile-Aontais amach i leith TT3.
- (5) Tugann an Coimisiún dá aire gurb é a thuartar le réamhaisnéis tráchta bhonnlíne Sheirbhís Staidrimh agus Réamhaisnéise Eurocontrol ('STATFOR') ó mhí Dheireadh Fómhair 2021 go sroichfidh an t-aerthrácht ar an leibhéal uile-Aontais na leibhéil ar a raibh sé roimh an bpaindéim le linn 2023 agus go sáróidh sé na leibhéil sin in 2024. Mar sin féin, tá leibhéal ard éiginnteachta fós ag baint le forbairt an tráchta mar gheall ar na rioscaí a bhaineann le forbairt staid eipidéimeolaíoch COVID-19. Tugann an Coimisiún dá aire, freisin, go meastar go dtiocfaidh téarnamh míchothrom ar an aerthrácht sna Ballstáit éagsúla.
- (6) Tá dréachtphleananna feidhmíochta, agus spriocanna áitiúla feidhmíochta iontu i leith TT3, forbartha agus glactha ag na Ballstáit uile, agus cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin iad lena measúnú faoin 1 Deireadh Fómhair 2021. Tar éis a fhíorú don Choimisiún gurbh iomlán do na dréachtphleananna feidhmíochta sin, d'iarr sé ar Bhallstáit dréachtphleananna feidhmíochta athbhreithnithe a chur faoina bhráid faoin 17 Samhain 2021. An measúnú ón gCoimisiún a chuirtear i láthair sa Chinneadh seo, is ar an dréachtphlean feidhmíochta athbhreithnithe a chuir an Danmhairg isteach atá sé bunaithe.
- (7) Tá tuarascáil curtha faoi bhráid an Choimisiúin ag an gcomhlacht um athbhreithniú ar an bhfeidhmíocht a thugann cúnaimh don Choimisiún maidir le cur chun feidhme na scéime feidhmíochta de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (CE) Uimh. 549/2004, agus sa tuarascáil sin ón gcomhlacht tá comhairle maidir leis an measúnú ar na dréachtphleananna feidhmíochta i leith TT3.
- (8) I gcomhréir le hAirteagal 14(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, tá measúnú déanta ag an gCoimisiún ar chomhsheasmhacht na spriocanna áitiúla feidhmíochta a mholann an Danmhairg, ar bhonn na gcrítéar measúnaithe a leagtar síos i bpointe 1 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin, agus na himthosca áitiúla á gcur san áireamh aige. Chomhlánaigh an Coimisiún an measúnú, i leith gach príomhréimse feidhmíochta agus na spriocanna feidhmíochta a bhaineann leis, trí athbhreithniú a dhéanamh ar na dréachtphleananna feidhmíochta i leith na n-eilimintí a leagtar amach i bpointe 2 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin.

## MEASÚNÚ ÓN gCOIMISIÚN

### Measúnú ar na dréachtspriocanna feidhmíochta i bpríomhréimse feidhmíochta na sábháilteachta

- (9) Maidir le príomhréimse feidhmíochta na sábháilteachta, rinne an Coimisiún measúnú ar chomhsheasmhacht na spriocanna a chuir an Danmhairg faoina bhráid maidir lena héifeachtaí a dhéanann soláthraithe na seirbhísí aerloingseoireachta bainistíocht ar an tsábháilteacht, ar bhonn an chritéir a leagtar síos i bpointe 1.1 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317. Cuireadh na himthosca áitiúla san áireamh agus an measúnú sin á dhéanamh, agus comhlánaíodh an measúnú le hathbhreithniú ar na bearta atá beartaithe chun na spriocanna sábháilteachta a bhaint amach i leith na n-eilimintí a leagtar amach i bpointe 2.1(a) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317.
- (10) Is iad seo a leanas na dréachtspriocanna feidhmíochta i bpríomhréimse feidhmíochta na sábháilteachta a mholann an Danmhairg i leith éifeachtacht na bainistíochta sábháilteachta, arna miondealú de réir na gcuspóirí bainistíochta sábháilteachta agus arna sloinneadh mar leibhéil cur chun feidhme:

<sup>(4)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1627 ón gCoimisiún an 3 Samhain 2020 maidir le bearta eisceachtúla i ndáil leis an tríú tréimhse thagartha (2020-2024) den scéim feidhmíochta agus muirearaithe san aerspás Eorpach aonair de dheasca phaindéim COVID-19 (IO L 366, 4.11.2020, lch. 7).

<sup>(5)</sup> Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/891 ón gCoimisiún an 2 Meitheamh 2021 lena leagtar síos spriocanna feidhmíochta athbhreithnithe ar fud an Aontais Eorpaigh le haghaidh an líonra um bainistíocht aerthráchta i ndáil leis an tríú tréimhse thagartha (2020-2024) agus lena n-aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/903 (IO L 195, 3.6.2021, lch. 3).

An Danmhairg	Spriocanna le haghaidh éifeachtacht na bainistíochta sábháilteachta, sloinnte mar leibhéal cur chun feidhme i raon idir leibhéal A agus D de chuid EASA				
An soláthraí seirbhísí aerloingseoireachta lena mbaineann	An cuspóir bainistíochta sábháilteachta	2021	2022	2023	2024
Naviair	Beartas sábháilteachta agus cuspóirí	C	C	C	<b>C</b>
	Bainistiú riosca sábháilteachta	B	C	D	<b>D</b>
	Dearbhú sábháilteachta	B	C	C	<b>C</b>
	Cur chun cinn na sábháilteachta	B	C	C	<b>C</b>
	Cultúr sábháilteachta	B	C	C	<b>C</b>

- (11) Maidir leis na dréachtspriocanna sábháilteachta a mhol an Danmhairg le haghaidh an tsoláthraí seirbhísí aerloingseoireachta (Naviair), is é an chonclúid ón gCoimisiún go bhfuil sé beartaithe leibhéal na sprice feidhmíochta uile-Aontais a bhaint amach in 2023 i gcás an chuspóra um 'bainistiú riosca sábháilteachta', agus, i gcás na cuspóirí bainistíochta sábháilteachta eile, go gcomhlíonann na spriocanna áitiúla feidhmíochta leibhéal na sprice feidhmíochta uile-Aontais i leith gach bliana féilire ó 2022 go 2024, ach amháin i gcás an 'bheartais sábháilteachta agus na gcuspóirí', arb é atá beartaithe ina leith leibhéal na sprice feidhmíochta uile-Aontais a bhaint amach i leith gach bliana féilire den tréimhse tagartha
- (12) Tugann an Coimisiún dá aire go leagtar amach, sa dréachtphlean feidhmíochta a chuir an Danmhairg faoina bhráid, bearta lena ndéanamh ag Naviair chun na spriocanna áitiúla sábháilteachta a bhaint amach, amhail cur chun feidhme na gceanglas comhlíontachta arna bhforchur le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/373 <sup>(6)</sup>, chomh maith leis na dea-chleachtais a leagtar amach i Lámhleabhair Bainistíochta Sábháilteachta ICAO, CANSO, agus Eurocontrol. Measann an Coimisiún, áfach, gur cheart tuilleadh mionsonraí a sholáthar, maidir leis na bearta atá beartaithe, agus faireacháin á dhéanamh ar na blianta atá fágtha de TT3.
- (13) Ar bhonn na dtorthaí a leagtar amach in aithrisí (11) agus (12), agus de bhrí nach mór na spriocanna feidhmíochta sábháilteachta uile-Aontais a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/891 a bhaint amach faoi bhliain dheireanach TT3, eadhon 2024, ba cheart a mheasúnú, maidir leis na dréachtspriocanna atá i ndrúachtphlean feidhmíochta na Danmhairge, go bhfuil siad comhsheasmhach leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais i bpríomhréimse feidhmíochta na sábháilteachta.

### Measúnú ar na dréachtspriocanna feidhmíochta i bpríomhréimse feidhmíochta an chomhshaoil

- (14) Maidir le príomhréimse feidhmíochta an chomhshaoil, rinneadh measúnú ar chomhsheasmhacht na spriocanna a chuir an Danmhairg isteach maidir le meánéifeachtúlacht chothrománach eitilte faoi bhealach an ruthaig eitilte iarbhír, ar bhonn an chritéir a leagtar síos i bpointe 1.2 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317. Dá réir sin, cuireadh na spriocanna a mholtar i ndrúachtphlean feidhmíochta na Danmhairge i gcomparáid leis na luachanna tagartha ábhartha le haghaidh éifeachtúlacht chothrománach na heitilte faoi bhealach a leagtar amach i bplean feabhsúcháin líonra aerbhealaí na hEorpa a bhí ar fáil nuair a glacadh na spriocanna feidhmíochta athbhreithnithe uile-Aontais i leith TT3, eadhon an 2 Meitheamh 2021. Cuireadh na himthosca áitiúla san áireamh agus an measúnú sin á dhéanamh, agus comhlánaíodh an measúnú le hathbhreithniú ar na bearta atá beartaithe chun na spriocanna comhshaoil a bhaint amach faoi phointe 2.1(a) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317.

<sup>(6)</sup> IO L 62, 8.3.2017, lch.1

- (15) I gcás bhliain féilire 2020, ní dhearnadh athbhreithniú le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/891 ar an sprioc feidhmíochta uile-Aontais i leith TT3 i bpríomhréimse feidhmíochta an chomhshaoil, sprioc a leagadh amach i dtosach i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/903, toisc go raibh an tréimhse le haghaidh chur i bhfeidhm na sprice sin imithe in éag agus, dá bhrí sin, go raibh sí curtha chun feidhme go críochnaitheach cheana, rud a d'fhág nárbh fhéidir coigeartuithe cúlghabhálacha a dhéanamh. Dá réir sin, níor iarradh ar na Ballstáit athbhreithniú a dhéanamh ar a spriocanna áitiúla feidhmíochta i leith bhliain féilire 2020 i bpríomhréimse feidhmíochta an chomhshaoil sna dréachtphleananna feidhmíochta a bhí le cur isteach faoin 1 Deireadh Fómhair 2021. Dá bhrí sin, an measúnú ar chomhsheasmhacht na spriocanna áitiúla feidhmíochta comhshaoil leis na spriocanna feidhmíochta comhfhreagracha uile-Aontais, ba cheart é a dhéanamh i leith bhlianta féilire 2021, 2022, 2023 agus 2024.
- (16) Is iad seo a leanas na dréachtspriocanna feidhmíochta i bpríomhréimse feidhmíochta an chomhshaoil a mholann an Danmhairg, mar aon leis na luachanna tagartha náisiúnta comhfhreagracha i leith TT3 ó phlean feabhsúcháin líonra aerbhealaí na hEorpa, agus iad sloinnte mar mheánéifeachtúlacht chothrománach eilite faoi bhealach an ruthaig eilite iarbhrí:

	2021	2022	2023	2024
<b>Dréachtspriocanna comhshaoil faoi bhealach na Danmhairge,</b> agus iad sloinnte mar mheánéifeachtúlacht chothrománach eilite faoi bhealach an ruthaig eilite iarbhrí	<b>1,14 %</b>	<b>1,14 %</b>	<b>1,14 %</b>	<b>1,14 %</b>
Luachanna tagartha le haghaidh na Danmhairge	1,14 %	1,14 %	1,14 %	1,14 %

- (17) Tugann an Coimisiún faoi deara gurb ionann na dréachtspriocanna comhshaoil a mholann an Danmhairg agus na luachanna tagartha náisiúnta comhfhreagracha i gcás gach bliana féilire ó 2021 go 2024.
- (18) Maidir le pointe 2.1(a) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, tugann an Coimisiún dá aire go bhfuil bearta curtha i láthair ag an Danmhairg ina dréachtphlean feidhmíochta chun na spriocanna áitiúla comhshaoil a bhaint amach, lena n-áirítear cur chun feidhme na loingseoireachta feidhmíocht bhunaithe agus athdhearadh na mbealach caighdeánach teachta agus imeachta de réir uirlisí.
- (19) Thairis sin, tugann an Coimisiún faoi deara go bhfuil an t-aerspás saorbhealaigh curtha chun feidhme ag an Danmhairg cheana ó leibhéal eilite 285 agus molann sé don Danmhairg féachaint leis an aerpsás saorbhealaigh a chur chun feidhme a thuilleadh.
- (20) Ar bhonn na dtorthaí a leagtar amach in aithrisí (17) go (19), ba cheart a mheasúnú go bhfuil na dréachtspriocanna atá i ndréachtphlean feidhmíochta na Danmhairge comhsheasmhach leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais i bpríomhréimse feidhmíochta an chomhshaoil.

#### **Measúnú ar na dréachtspriocanna feidhmíochta i bpríomhréimse feidhmíochta na hacmhainneachta**

- (21) Maidir le príomhréimse feidhmíochta na hacmhainneachta, rinneadh measúnú ar chomhsheasmhacht na spriocanna a chuir an Danmhairg isteach maidir leis an meánmhoill i mbainistiú na sreibe aerthráchta (ATFM) faoi bhealach in aghaidh na heitilte, ar bhonn an chritéir a leagtar síos i bpointe 1.3 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317. Dá réir sin, cuireadh na spriocanna a mholtar i ndréachtphlean feidhmíochta na Danmhairge i gcomparáid leis na luachanna tagartha ábhartha a leagtar amach sa Phlean Oibríochta Gréasáin a bhí ar fáil nuair a glacadh na spriocanna feidhmíochta athbhreithnithe uile-Aontais i leith TT3, eadhon an 2 Meitheamh 2021. Cuireadh na himthosca áitiúla san áireamh agus an measúnú sin á dhéanamh, agus comhlánaíodh an measúnú le hathbhreithniú ar na bearta atá beartaithe chun na spriocanna acmhainneachta a bhaint amach faoi phointe 2.1(a) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317.
- (22) I gcás bhliain féilire 2020, ní dhearnadh athbhreithniú le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/891 ar an sprioc feidhmíochta uile-Aontais i leith TT3 i bpríomhréimse feidhmíochta na hacmhainneachta, sprioc a leagadh amach i dtosach i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/903, toisc go raibh an tréimhse le haghaidh chur i bhfeidhm na sprice sin imithe in éag agus, dá bhrí sin, go raibh sí curtha chun feidhme go críochnaitheach cheana, rud a d'fhág nárbh fhéidir coigeartuithe cúlghabhálacha a dhéanamh. Dá réir sin, níor iarradh ar na Ballstáit athbhreithniú a dhéanamh ar a spriocanna áitiúla feidhmíochta i leith bhliain féilire 2020 i bpríomhréimse feidhmíochta na hacmhainneachta sna dréachtphleananna feidhmíochta a bhí le cur isteach faoin 1 Deireadh Fómhair 2021. Dá bhrí sin, an measúnú ar chomhsheasmhacht na spriocanna áitiúla feidhmíochta acmhainneachta leis na spriocanna feidhmíochta comhfhreagracha uile-Aontais, ba cheart é a dhéanamh i leith bhlianta féilire 2021, 2022, 2023 agus 2024.

- (23) Is iad seo a leanas na dréachtspríocanna acmhainneachta i leith eiltí faoi bhealach a mholann an Danmhairg i leith TT3, arna sloinneadh mar nóiméid mhoille ATFM in aghaidh na heitilte, mar aon leis na luachanna tagartha comhfhreagracha ón bPlean Oibríochta Gréasáin:

	2021	2022	2023	2024
<b>Dréachtspríocanna acmhainneachta na Danmhairge i leith eiltí faoi bhealach</b> i nóiméid mhoille ATFM in aghaidh na heitilte	<b>0,03</b>	<b>0,06</b>	<b>0,06</b>	<b>0,05</b>
Luachanna tagartha le haghaidh na Danmhairge	0,03	0,06	0,06	0,05

- (24) Tugann an Coimisiún faoi deara gurb ionann an dréacht-acmhainneacht a mholann an Danmhairg agus na luachanna tagartha náisiúnta comhfhreagracha i gcás gach bliana féilire ó 2021 go 2024.
- (25) Maidir le pointe 2.1(a) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme 2019/317, tugann an Coimisiún dá aire go bhfuil raon beart curtha i láthair ag an Danmhairg sa dréachtphlean feidhmíochta chun na spríocanna áitiúla acmhainneachta i leith eiltí faoi bhealach a bhaint amach. Áirítear ar na bearta sin feabhsú leanúnach ar líonra bealach na seirbhísí aerthráchta, méadú ar an gcomhar sibhialta-míleata chun úsáid an aerispáis saorbhealaigh a bharrfheabhsú, mion-uasghráduithe ar an gcóras bainistíochta aerthráchta, agus cur chun feidhme teicnící feabhsaithe le haghaidh bhainistíochta na sreibe aerthráchta agus na hacmhainneachta.
- (26) Ar bhonn na dtorthaí a leagtar amach in aithrisí (24) agus (25), ba cheart a mheasúnú go bhfuil na dréachtspríocanna i ndréachtphlean feidhmíochta na Danmhairge comhsheasmhach leis na spríocanna feidhmíochta uile-Aontais i bpríomhréimse feidhmíochta na hacmhainneachta.

#### **Athbhreithniú ar na dréachtspríocanna acmhainneachta le haghaidh seirbhísí aerloingseoireachta críochfoirt**

- (27) Maidir leis na haerfoirt a thagann faoi raon feidhme Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317 mar a leagtar amach in Airteagail 1(3) agus (4) den Rialachán sin, chomhlánaigh an Coimisiún a mheasúnú ar na dréachtspríocanna acmhainneachta i leith eiltí faoi bhealach le hathbhreithniú ar na dréachtspríocanna acmhainneachta le haghaidh seirbhísí aerloingseoireachta críochfoirt i gcomhréir le pointe 2.1(b) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317. Ní bhfuarthas ábhar inmí sna dréachtspríocanna sin i gcás na Danmhairge.

#### **Measúnú ar na dréachtspríocanna feidhmíochta i bpríomhréimse feidhmíochta na costéifeachtúlachta**

- (28) Maidir le príomhréimse feidhmíochta na costéifeachtúlachta, rinneadh measúnú ar chomhsheasmhacht na spríocanna a chuir an Danmhairg isteach maidir leis an gcostas aonaid arna suíomh ('CAAS') le haghaidh seirbhísí aerloingseoireachta faoi bhealach, ar bhonn na gcritéar a leagtar síos i bpointí 1.4(a), (b) agus (c) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317. Is iad na critéir sin an treocht CAAS le linn TT3, an treocht fhadtéarmach CAAS le linn an dara tréimhse tagartha (TT2) agus TT3 (2015-2024), agus luach bonnlíne CAAS ar leibhéal an limistéir muirearaithe i gcomparáid le meánluach na limistéar muirearaithe a bhfuil timpeallacht oibríochtúil agus eacnamaíoch chomhchosúil ag soláthraithe seirbhísí aerloingseoireachta iontu.
- (29) Cuireadh na himthosca áitiúla san áireamh agus measúnú á dhéanamh ar na spríocanna costéifeachtúlachta i leith eiltí faoi bhealach. Comhlánaíodh an measúnú le hathbhreithniú ar na príomhfhachtóirí agus na príomhpharaiméadair is bunús leis na spríocanna sin, mar a shonraítear i bpointe 2.1(d) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317.
- (30) Is iad seo a leanas na dréachtspríocanna costéifeachtúlachta i leith eiltí faoi bhealach a mholann an Danmhairg i leith TT3:

Limistéar muirearaithe faoi bhealach na Danmhairge	Luach bonnlíne 2014	Luach bonnlíne 2019	2020 - 2021	2022	2023	2024
<b>Dréachtspríocanna costéifeachtúlachta i leith eiltí faoi bhealach</b> arna sloinneadh mar chostas aonaid faoi bhealach arna shuíomh (i dtéarmaí réadacha ar phraghsanna 2017)	<b>DKK 488,1</b>	<b>DKK 428,7</b>	<b>DKK 935,4</b>	<b>DKK 479,4</b>	<b>DKK 423,3</b>	<b>DKK 393,9</b>
	EUR 65,63	EUR 57,64	EUR 125,78	EUR 64,47	EUR 56,92	EUR 52,97

- (31) Maidir leis an gcritéar a leagtar síos i bpointe 1.4(a) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, tugann an Coimisiún faoi deara gur fearr treocht CAAS faoi bhealach na Danmhairge ar leibhéal an limistéir muirearaithe le linn TT3, mar atá, -2,1 %, ná an treocht uile-Aontais le linn na tréimhse céanna, mar atá, +1,0 %.
- (32) Maidir leis an gcritéar a leagtar síos i bpointe 1.4(b) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, tugann an Coimisiún faoi deara gur fearr treocht fhadtéarmach CAAS faoi bhealach na Danmhairge le linn TT2 agus TT3 ar leibhéal an limistéir muirearaithe, mar atá, -2,4 %, ná an treocht uile-Aontais le linn na tréimhse céanna, mar atá, -1,3 %.
- (33) Maidir leis an gcritéar a leagtar síos i bpointe 1.4(c) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, tugann an Coimisiún faoi deara go bhfuil luach bonnlíne CAAS na Danmhairge, mar atá, EUR 57,64 i dtéarmaí réadacha ar phraghsanna 2017 ('EUR2017'), 28,0 % níos airde ná meánluach bonnlíne an ghrúpa comparáide ábhartha, mar atá, EUR 45,04 in EUR2017. Tugann an Coimisiún dá aire go bhfuil costas aonaid na Danmhairge arna shuíomh fós níos airde ná meán an ghrúpa comparáide le linn TT3 ar fad, agus go bhfuil sé 22,2 % níos mó ná an meán sin i leith 2024.
- (34) Mar a leagtar amach in aithrisí (31) agus (32), is léir gur fearr i bhfad feidhmíocht na Danmhairge ná an treocht CAAS uile-Aontais i leith TT3 agus an treocht fhadtéarmach CAAS uile-Aontais araon. Thairis sin, tá CAAS na Danmhairge i leith 2024 níos ísle ná luachanna bonnlíne 2014 agus 2019, rud a léiríonn go bhfuil gnóthachain costéifeachtúlachta éifeachtacha á mbaint amach sa mheántearma agus san fhadtéarma araon. Gan beann ar an difríocht a thugtar faoi deara in aithris (33) idir luach bonnlíne na Danmhairge agus meán an ghrúpa comparáide, tá forbairt costéifeachtúlachta léirithe ag an Danmhairg atá níos fearr ná na treochtaí uile-Aontais, rud is leor mar bhunús chun an chomhsheasmhacht a shuí leis na spriocanna feidhmíochta costéifeachtúlachta uile-Aontais i leith TT3.
- (35) Ar bhonn na dtorthaí a leagtar amach in aithrisí (31) go (34), ba cheart a mheasúnú go bhfuil na dréachtspriocanna i ndrúachtphlean feidhmíochta na Danmhairge comhsheasmhach leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais i bpríomhréimse feidhmíochta na costéifeachtúlachta.

#### **Athbhreithniú ar na dréachtspriocanna costéifeachtúlachta le haghaidh seirbhísí aerloingseoireachta críochfoirt**

- (36) Maidir leis na haerfoirt a thagann faoi raon feidhme Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317 mar a leagtar amach in Airteagail 1(3) agus (4) den Rialachán sin, chomhlánaigh an Coimisiún a mheasúnú ar na dréachtspriocanna costéifeachtúlachta i leith eitiltí faoi bhealach le hathbhreithniú ar na dréachtspriocanna costéifeachtúlachta le haghaidh seirbhísí aerloingseoireachta críochfoirt i gcomhréir le pointe 2.1(c) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317. Ní bhfuarthas ábhar inní sna dréachtspriocanna sin i gcás na Danmhairge.

#### **Athbhreithniú ar na scéimeanna dreasachtaí dá dtagraítear in Airteagal 11 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317 mar chomhlánú ar mheasúnú an Choimisiúin ar na dréachtspriocanna acmhainneachta**

- (37) I gcomhréir le pointe 2.1(f) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, i dtaca leis an measúnú ar na dréachtspriocanna acmhainneachta, chomhlánaigh an Coimisiún an measúnú sin le hathbhreithniú ar na dréachtscéimeanna dreasachtaí dá dtagraítear in Airteagal 11 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317. I ndáil leis sin, scrúdaigh an Coimisiún an gcomhlíonann na dréachtscéimeanna dreasachtaí na ceanglais shubstainteacha a leagtar amach in Airteagal 11(1) agus (3) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317. Fuarthas ábhar inní sna dréachtscéimeanna atá i ndrúachtphlean feidhmíochta na Danmhairge.
- (38) Tugann an Coimisiún faoi deara, maidir leis an scéim dreasachtaí le haghaidh acmhainneacht faoi bhealach a mholtar i ndrúachtphlean feidhmíochta na Danmhairge agus leis an scéim dreasachtaí le haghaidh acmhainneacht chríochfoirt a mholtar ann araon, go gcuimsíonn siad uas-mhíbhuntáiste airgeadais is ionann agus 0,50 % de na costais arna suíomh agus uasbhuntáiste airgeadais is ionann agus 0,40 % de na costais arna suíomh.
- (39) Maidir leis na scéimeanna dreasachtaí sin, tá an Coimisiún go mór in amhras, ar bhonn comhairle shaineolach a sholáthair an comhlacht um athbhreithniú ar an bhfeidhmíocht, an imreodh na huas-mhíbhuntáistí airgeadais a mholtar, arb ionann iad agus 0,50 % de na costais arna suíomh, aon tionchar ábhartha ar an ioncam atá i mbaol, mar a cheanglaítear de bhun Airteagal 11(3), pointe (a) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317.

- (40) Ba cheart don Danmhairg, dá bhrí sin, i dtaca le glacadh a phlean feidhmíochta chríochnaithigh i gcomhréir le hAirteagal 16, pointe (a) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, athbhreithniú a dhéanamh ar a scéimeanna dreasachtaí chun na spriocanna acmhainneachta i leith eitiltí faoi bhealach agus acmhainneachta críochoirt a bhaint amach sa chaoi go socrófar na huas-mhíbhuntáistí de bhun na scéimeanna dreasachtaí sin ar leibhéal a imreoidh tionchar ábhartha ar an ioncam atá i mbaol, mar a cheanglaítear go sonrath faoi Airteagal 11(3), pointe (a) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, agus is é an tuairim ón gCoimisiún gur cheart go socrófaí, mar thoradh air sin, an t-uas-mhíbhuntáiste airgeadais ar leibhéal is ionann agus 1 % de na costais arna suíomh nó níos airde ná sin.

### CONCLÚIDÍ

- (41) Ar bhonn an mheasúnaithe a leagtar amach in aithrisí (9) go (40), tá sé suite ag an gCoimisiún go bhfuil na spriocanna feidhmíochta atá sna dréachtphleananna feidhmíochta a chuir an Danmhairg isteach comhsheasmhach leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais.
- (42) Tugann an Coimisiún dá aire go bhfuil sé tugtha le fios ag roinnt Ballstát go bhfuil sé i gceist acu ítimí costais a bhaineann le ladrainn a bhrath ag na haerfoirt a chur lena mbonn costais i leith TT3. Ní raibh an Coimisiún in ann a shuí go beacht, ar bhonn na n-eilimintí atá sna dréachtphleananna feidhmíochta, cé mhéad a chuir na Ballstáit costais shuite den chineál sin lena mbonn costais i leith TT3, ná, i gcásanna inar chuir, cé mhéad a thabhaítear iad i ndáil le soláthar na seirbhísí aerloingseoireachta, rud a d'fhágfadh gurbh fhéidir a mheas gur costais incháilithe iad faoin scéim feidhmíochta agus muirearaithe. Tá iarraidh *ad hoc* ar fhaisnéis curtha ag seirbhísí an Choimisiúin chuig na Ballstáit uile chun faisnéis ábhartha a bhailiú, agus déanfaidh siad tuilleadh scrúdaithe ar na costais a thuairiscítear maidir le ladrainn a bhrath ag na haerfoirt i gcomhthéacs comhlíontacht na rátaí aonaid a fhíorú. Tá an Cinneadh seo gan dochar do thorthaí ná do chonclúidí an Choimisiúin maidir le costais braite na ladrann.
- (43) Mar fhreagairt ar ionsaí míleata na Rúise ar an Úcráin, a thosaigh an 24 Feabhra 2022, tá bearta sriantacha glactha ag an Aontas lena gcuirtear toirmeasc ar aeriompróirí Rúiseacha, ar aon aerárthach atá cláraithe sa Rúis agus ar aon aerárthach nach bhfuil cláraithe sa Rúis ach atá faoi úinéireacht, ar chairtfhostú, nó faoi rialú ar shlí eile ag aon duine nádúrtha nó dlítheanach Rúiseach nó ag aon eintiteas nó comhlacht Rúiseach tuirlingt i gcríoch an Aontais, éirí de thalamh uaithi, nó eitilt thairsti. Tá laghdú ag teacht ar an aerthrácht san aerspás os cionn chríoch an Aontais i ngeall ar na bearta sin. Níor cheart, ámh, go mbeadh an tionchar ar an leibhéal uile-Aontais inchomparáide leis an laghdú ar an aerthrácht de dheasca ráig phaindéim COVID-19 i mí an Mhárta 2020. Dá bhrí sin, is iomchuí na bearta agus na próisis atá ann faoi láthair le haghaidh chur chun feidhme na scéime feidhmíochta agus muirearaithe le linn TT3 a choinneáil ar bun.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

#### *Airteagal 1*

Na spriocanna feidhmíochta atá sa dréachtphlean feidhmíochta a chuir an Danmhairg isteach de bhun Rialachán (CE) Uimh. 549/2004 agus a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo, tá siad comhsheasmhach leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais i leith an tréimhse tagartha a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/891.

#### *Airteagal 2*

Is chuig Ríocht na Danmhairge a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 13 Aibreán 2022.

*Thar ceann an Choimisiúin*

Adina VĂLEAN

*Comhalta den Choimisiún*

## IARSCRÍBHINN

Na spriocanna feidhmíochta atá san áireamh sa dréachtphlean feidhmíochta a chuir an Danmhairg isteach de bhun Rialachán (CE) Uimh. 549/2004 agus a fuarthas go bhfuil siad comhsheasmhach leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais le haghaidh an tríú tréimhse thagartha

## PRÍOMHRÉIMSE FEIDHMÍOCHTA SÁBHÁILTEACHTA

## Éifeachtacht na bainistíochta sábháilteachta

An Danmhairg	Spriocanna maidir le héifeachtacht na bainistíochta sábháilteachta, arna sloinneadh mar leibhéal cur chun feidhme, ó leibhéal EASA A go D				
An soláthraí seirbhísí aerloingseoireachta lena mbaineann	Cuspóir na bainistíochta sábháilteachta	2021	2022	2023	2024
Naviair	Beartas agus cuspóirí sábháilteachta	C	C	C	C
	Bainistíocht riosca sábháilteachta	B	C	D	D
	Dearbhú sábháilteachta	B	C	C	C
	Cur chun cinn na sábháilteachta	B	C	C	C
	Cultúr sábháilteachta	B	C	C	C

## PRÍOMHRÉIMSE FEIDHMÍOCHTA AN CHOMHSHAOIL

## Meánéifeachtúlacht chothrománach eitile faoi bhealach an ruthaig eitile iarbhír

	2021	2022	2023	2024
<b>Dréacht de spriocanna comhshaoil faoi bhealachna Danmhairge</b> , arna sloinneadh mar mheánéifeachtúlacht chothrománach faoi bhealach an ruthaig eitile iarbhír	<b>1,14 %</b>	<b>1,14 %</b>	<b>1,14 %</b>	<b>1,14 %</b>
Luachanna tagartha don Danmhairg	1,14 %	1,14 %	1,14 %	1,14 %

## PRÍOMHRÉIMSE FEIDHMÍOCHTA ACMHAINNEACHTA

## Meánmhoill ATFM eitile faoi bhealach i nóiméid in aghaidh na heitile

	2021	2022	2023	2024
<b>Dréacht de spriocanna acmhainneachta faoi bhealach na Danmhairge</b> „ i nóiméid ar mhoill ATFM in aghaidh na heitile	<b>0,03</b>	<b>0,06</b>	<b>0,06</b>	<b>0,05</b>
Luachanna tagartha don Danmhairg	0,03	0,06	0,06	0,05

## PRÍOMHRÉIMSE FEIDHMÍOCHTA COSTÉIFEACHTÚLACHTA

## Costas aonaid arna shuíomh le haghaidh seirbhísí aerloingseoireachta faoi bhealach

Limistéar muirearaithe faoi bhealach na Danmhairge	Luach bonnlíne 2014	Luach bonnlíne 2019	2020 -2021	2022	2023	2024
<b>Dréacht de spriocanna costéifeachtúlachta faoi bhealach</b> , arna sloinneadh mar chostas aonaid faoi bhealach arna shuíomh (i dtéarmaí réadacha ag praghsanna 2017)	<b>488,1 DKK</b>	<b>428,7 DKK</b>	<b>935,4 DKK</b>	<b>479,4 DKK</b>	<b>423,3 DKK</b>	<b>393,9 DKK</b>
	EUR 65,63	EUR 57,64	EUR 125,78	EUR 64,47	EUR 56,92	EUR 52,97



**CINNEADH (AE) 2022/771 ÓN gCOIMISIÚN****an 13 Aibreán 2022****maidir le comhsheasmhacht na spriocanna feidhmíochta atá sa dréachtphlean feidhmíochta a chuir an Eastóin isteach de bhun Rialachán (CE) Uimh. 549/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais i leith an tríú tréimhse thagartha***(a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhoiciméad C(2022) 2292)***(Is é an téacs san Eastóinis amháin atá barántúil)****(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 549/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Márta 2004 lena leagtar síos an creat chun aerspás Eorpach aonair a chruthú (an creat-Rialachán) <sup>(1)</sup>, agus go háirithe Airteagal 11(3), pointe (c), an chéad fhomhír, de,

Ag féachaint do Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317 ón gCoimisiún an 11 Feabhra 2019 lena leagtar síos scéim feidhmíochta agus muirearaithe san aerspás Eorpach aonair <sup>(2)</sup>, agus go háirithe Airteagal 14(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

**BREITHNITHE GINEARÁLTA**

- (1) De bhun Airteagal 11 de Rialachán (CE) Uimh. 549/2004, tá scéim feidhmíochta le haghaidh seirbhísí aerloingseoireachta agus feidhmeanna líonra aerloingseoireachta le bunú. Thairis sin, de bhun Airteagal 10 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, tá na Ballstáit le spriocanna feidhmíochta ceangailteacha a tharraingt suas, ar an leibhéal náisiúnta nó ar leibhéal na mbloc feidhme aerspáis, i leith gach tréimhse tagartha den scéim feidhmíochta le haghaidh seirbhísí aerloingseoireachta agus feidhmeanna líonra aerloingseoireachta. Ní mór na spriocanna feidhmíochta sin a bheith comhsheasmhach leis na spriocanna uile-Aontais arna nglacadh ag an gCoimisiún i leith na tréimhse tagartha lena mbaineann. Is é an Coimisiún atá freagrach as measúnú a dhéanamh an bhfuil na spriocanna feidhmíochta molta atá sna dréachtphleananna arna dtarraingt suas ag na Ballstáit comhsheasmhach leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais, agus na critéir mheasúnaithe a leagtar amach in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317 á úsáid aige.
- (2) Ón gcéad ráithe de bhliain féilire 2020, bhí tionchar mór ag ráig phaindéim COVID-19 ar an earnáil aeriompair agus d'fhág sé gur tháinig laghdú suntasach ar an méid aerthráchta i gcomparáid leis na leibhéil roimh an bpaindéim, de bharr na mbeart a rinne na Ballstáit agus tríú tíortha chun srian a choinneáil ar an bpaindéim.

<sup>(1)</sup> IO L 96, 31.3.2004, lch. 1.

<sup>(2)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317 ón gCoimisiún an 11 Feabhra 2019 lena leagtar síos scéim feidhmíochta agus muirearaithe san aerspás Eorpach aonair agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 390/2013 agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 391/2013 (IO L 56, 25.2.2019, lch. 1).

- (3) Leagadh spriocanna feidhmíochta uile-Aontais i leith an tríú tréimhse thagartha (“TT3”) síos i dtosach i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/903 ón gCoimisiún <sup>(3)</sup>. Maidir leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais sin agus na dréachtphleananna feidhmíochta i leith TT3 a chuir na Ballstáit isteach ina ndiaidh siúd, ós rud é gur tarraingíodh suas iad sular tharla ráig phaindéim COVID-19, ní fhéadfaí an t-athrú suntasach a tháinig ar na dálaí aeríompair de dheasca na paindéime a chur san áireamh iontu.
- (4) Mar fhreagairt ar thionchar phaindéim COVID-19 ar sholáthar na seirbhísí aerloingseoireachta, leagadh amach bearta eisceachtúla i leith an tríú tréimhse thagartha, de mhaolú ar Rialachán (AE) 2019/317, i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1627 ón gCoimisiún <sup>(4)</sup>. De bhun Airteagal 2(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1627, ghlac an Coimisiún, an 2 Meitheamh 2021, Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/891 <sup>(5)</sup> lena leagtar spriocanna feidhmíochta athbhreithnithe uile-Aontais amach i leith TT3.
- (5) Tugann an Coimisiún dá aire gurb é a thuairtar le réamhaisnéis tráchta bhonnlíne Sheirbhís Staidrimh agus Réamhaisnéise Eurocontrol (“STATFOR”) ó mhí Dheireadh Fómhair 2021 go sroichfidh an t-aerthrácht ar an leibhéal uile-Aontais na leibhéil ar a raibh sé roimh an bpaindéim le linn 2023 agus go sáróidh sé na leibhéil sin in 2024. Mar sin féin, tá leibhéal ard éiginnteachta fós ag baint le forbairt an tráchta mar gheall ar na rioscaí a bhaineann le forbairt staid eipidéimeolaíoch COVID-19. Tugann an Coimisiún dá aire, freisin, go meastar go dtiocfaidh téarnamh míchothrom ar an aerthrácht sna Ballstáit éagsúla.
- (6) Tá dréachtphleananna feidhmíochta, agus spriocanna áitiúla feidhmíochta iontu i leith TT3, forbartha agus glactha ag na Ballstáit uile, agus cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin iad lena measúnú faoin 1 Deireadh Fómhair 2021. Tar éis a fhóru don Choimisiún gurbh iomlán do na dréachtphleananna feidhmíochta sin, d’iarr sé ar Bhallstáit dréachtphleananna feidhmíochta athbhreithnithe a chur faoina bhráid faoin 17 Samhain 2021. An measúnú ón gCoimisiún a chuirtear i láthair sa Chinneadh seo, is ar an dréachtphlean feidhmíochta athbhreithnithe a chuir an Eastóin isteach atá sé bunaithe.
- (7) Tá tuarascáil curtha faoi bhráid an Choimisiúin ag an gcomhlacht um athbhreithniú ar an bhfeidhmíocht a thugann cúnaimh don Choimisiún maidir le cur chun feidhme na scéime feidhmíochta de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (CE) Uimh. 549/2004, agus sa tuarascáil sin ón gcomhlacht tá comhairle maidir leis an measúnú ar na dréachtphleananna feidhmíochta i leith TT3.
- (8) I gcomhréir le hAirteagal 14(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, tá measúnú déanta ag an gCoimisiún ar chomhsheasmhacht na spriocanna áitiúla feidhmíochta a mholann an Eastóin, ar bhonn na gcrítéar measúnaithe a leagtar síos i bpointe 1 d’Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin, agus na himthosca áitiúla á gcur san áireamh aige. Chomhlánaigh an Coimisiún an measúnú, i leith gach príomhréimse feidhmíochta agus na spriocanna feidhmíochta a bhaineann leis, trí athbhreithniú a dhéanamh ar na dréachtphleananna feidhmíochta i leith na n-eilimintí a leagtar amach i bpointe 2 d’Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin.

## MEASÚNÚ ÓN gCOIMISIÚN

### Measúnú ar na dréachtspriocanna feidhmíochta i bpríomhréimse feidhmíochta na sábháilteachta

- (9) Maidir le príomhréimse feidhmíochta na sábháilteachta, rinne an Coimisiún measúnú ar chomhsheasmhacht na spriocanna a chuir an Eastóin faoina bhráid maidir lena éifeachtaí a dhéanann soláthraithe na seirbhísí aerloingseoireachta bainistíocht ar an tsábháilteacht, ar bhonn an chritéir a leagtar síos i bpointe 1.1 d’Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317. Cuireadh na himthosca áitiúla san áireamh agus an measúnú sin á dhéanamh, agus comhlánaíodh an measúnú le hathbhreithniú ar na bearta atá beartaithe chun na spriocanna sábháilteachta a bhaint amach i leith na n-eilimintí a leagtar amach i bpointe 2.1.(a) d’Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317.

<sup>(3)</sup> Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/903 ón gCoimisiún an 29 Bealtaine 2019 lena leagtar síos spriocanna feidhmíochta ar fud an Aontais le haghaidh an líonra um bainistíocht aerthráchta i ndáil leis an tríú tréimhse thagartha dar tús an 1 Eanáir 2020 agus dar críoch an 31 Nollaig 2024 (IO L 144, 3.6.2019, lch. 49).

<sup>(4)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1627 ón gCoimisiún an 3 Samhain 2020 maidir le bearta eisceachtúla i ndáil leis an tríú tréimhse thagartha (2020-2024) den scéim feidhmíochta agus muirearaithe san aerspás Eorpach aonair de dheasca phaindéim COVID-19 (IO L 366, 4.11.2020, lch. 7).

<sup>(5)</sup> Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/891 ón gCoimisiún an 2 Meitheamh 2021 lena leagtar síos spriocanna feidhmíochta athbhreithnithe ar fud an Aontais Eorpaigh le haghaidh an líonra um bainistíocht aerthráchta i ndáil leis an tríú tréimhse thagartha (2020-2024) agus lena n-aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/903 (IO L 195, 3.6.2021, lch. 3).

- (10) Is iad seo a leanas na dréachtspríocanna feidhmíochta i bpríomhréimse feidhmíochta na sábháilteachta a mholann an Eastóin i leith éifeachtacht na bainistíochta sábháilteachta, arna miondealú de réir na guspóirí bainistíochta sábháilteachta agus arna sloinneadh mar leibhéal cur chun feidhme:

an Eastóin	Spriocanna le haghaidh éifeachtacht na bainistíochta sábháilteachta, sloinnte mar leibhéal cur chun feidhme i raon idir leibhéal A agus D de chuid EASA				
An soláthraí seirbhísí aerloingseoireachta lena mbaineann	An cuspóir bainistíochta sábháilteachta	2021	2022	2023	2024
EANS	Beartas sábháilteachta agus cuspóirí	C	C	C	<b>C</b>
	Bainistiú riosca sábháilteachta	D	D	D	<b>D</b>
	Dearbhú sábháilteachta	C	C	C	<b>C</b>
	Cur chun cinn na sábháilteachta	C	C	C	<b>C</b>
	Cultúr sábháilteachta	C	C	C	<b>C</b>

- (11) Tá sé suite ag an gCoimisiún gurb ionann na dréachtspríocanna sábháilteachta a mholann an Eastóin le haghaidh an tsoláthraí seirbhísí aerloingseoireachta (EANS) agus na spriocanna sábháilteachta uile-Aontais i leith gach bliana féilire ó 2021 go 2024.
- (12) Tugann an Coimisiún dá aire go leagtar amach sa dréachtphlean feidhmíochta a chuir an Eastóin isteach bearta lena ndéanamh ag EANS chun na spriocanna áitiúla sábháilteachta a bhaint amach, amhail gníomhaíochtaí i gcomhréir le Clár Sábháilteachta an Stáit, an rannpháirtíocht i staidéar Eurocontrol/CANSO ar chaighdeán an fheabhais maidir le haibíocht na sábháilteachta, agus gníomhaíochtaí eile a dhéanfar i gcreat straitéis sábháilteachta EANS.
- (13) Ar bhonn na dtorthaí a leagtar amach in aithris (11) agus aithris (12), agus de bhrí nach mór na spriocanna feidhmíochta sábháilteachta uile-Aontais a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/891 a bhaint amach faoi bhliain dheireanach TT3, eadhon 2024, ba cheart a mheasúnú, maidir leis na dréachtspríocanna atá i ndrúachtphlean feidhmíochta na hEastóine, go bhfuil siad comhsheasmhach leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais i bpríomhréimse feidhmíochta na sábháilteachta.

### Measúnú ar na dréachtspríocanna feidhmíochta i bpríomhréimse feidhmíochta an chomhshaoil

- (14) Maidir le príomhréimse feidhmíochta an chomhshaoil, rinneadh measúnú ar chomhsheasmhacht na spriocanna a chuir an Eastóin isteach maidir le meánéifeachtúlacht chothrománach eitilte faoi bhealach an ruthaig eitilte iarbhír, ar bhonn an chritéir a leagtar síos i bpointe 1.2 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317. Dá réir sin, cuireadh na spriocanna a mholtar sa dréachtphlean feidhmíochta i gcomparáid leis na luachanna tagartha ábhartha le haghaidh éifeachtúlacht chothrománach na heitilte faoi bhealach a leagtar amach i bplean feabhsúcháin líonra aerbhealaí na hEorpa a bhí ar fáil nuair a glacadh na spriocanna feidhmíochta athbhreithnithe uile-Aontais i leith TT3, eadhon an 2 Meitheamh 2021. Cuireadh na himthosca áitiúla san áireamh agus an measúnú sin á dhéanamh, agus comhlánaíodh an measúnú le hathbhreithniú ar na bearta atá beartaithe chun na spriocanna comhshaoil a bhaint amach faoi phointe 2.1(a) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317.
- (15) I gcás bhliain féilire 2020, ní dhearnadh athbhreithniú le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/891 ar an sprioc feidhmíochta uile-Aontais i leith TT3 i bpríomhréimse feidhmíochta an chomhshaoil, sprioc a leagadh amach i dtosach i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/903, toisc go raibh an tréimhse le haghaidh chur i bhfeidhm na sprice sin imithe in éag agus, dá bhrí sin, go raibh sí curtha chun feidhme go críochnaitheach cheana, rud a d'fhág nárbh fhéidir coigeartuithe cúlghabhálacha a dhéanamh. Dá réir sin, níor iarradh ar na Ballstáit athbhreithniú a dhéanamh ar a spriocanna áitiúla feidhmíochta i leith bhliain féilire 2020 i bpríomhréimse feidhmíochta an chomhshaoil sna dréachtphleananna feidhmíochta a bhí le cur isteach faoin 1 Deireadh Fómhair 2021. Dá bhrí sin, an measúnú ar chomhsheasmhacht na spriocanna áitiúla feidhmíochta comhshaoil leis na spriocanna feidhmíochta comhfhreagracha uile-Aontais, ba cheart é a dhéanamh i leith bhlianta féilire 2021, 2022, 2023 agus 2024.

- (16) Is iad seo a leanas na dréachtspríocanna feidhmíochta i bpríomhréimse feidhmíochta an chomhshaoil a mholann an Eastóin, mar aon leis na luachanna tagartha náisiúnta comhfhreagracha i leith TT3 ó phlean feabhsúcháin líonra aerbhealaí na hEorpa, agus iad sloinnte mar mheánéifeachtúlacht chothrománach eiltile faoi bhealach an ruthaig eiltile iarbhír:

	2021	2022	2023	2024
<b>Dréachtspríocanna comhshaoil faoi bhealach na hEastóine,</b> agus iad sloinnte mar mheánéifeachtúlacht chothrománach eiltile faoi bhealach an ruthaig eiltile iarbhír	<b>1,22 %</b>	<b>1,22 %</b>	<b>1,22 %</b>	<b>1,22 %</b>
Luachanna tagartha le haghaidh na hEastóine	1,22 %	1,22 %	1,22 %	1,22 %

- (17) Tugann an Coimisiún faoi deara gurb ionann na dréachtspríocanna comhshaoil a mholann an Eastóin agus na luachanna tagartha náisiúnta comhfhreagracha i gcás gach bliana féilire ó 2021 go 2024.
- (18) Maidir le pointe 2.1(a) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, tugann an Coimisiún dá aire go bhfuil bearta curtha i láthair ag an Eastóin ina dréachtphlean feidhmíochta chun na spríocanna áitiúla comhshaoil a bhaint amach, lena n-áirítear plean aistrithe le haghaidh na loingseoireachta feidhmíocht bhunaithe agus comhar trasteorann leanúnach leis an bhFionlainn laistigh de thionscnamh FINEST.
- (19) Thairis sin, tugann an Coimisiún faoi deara go bhfuil an t-aerspás saorbhealaigh curtha chun feidhme ag an Eastóin cheana idir leibhéal eiltile 95 agus leibhéal eiltile 660.
- (20) Ar bhonn na dtorthaí a leagtar amach in aithrisí (17) go (19), ba cheart a mheasúnú go bhfuil na dréachtspríocanna atá i ndr éachtphlean feidhmíochta na hEastóine comhsheasmhach leis na spríocanna feidhmíochta uile-Aontais i bpríomhréimse feidhmíochta an chomhshaoil.

#### **Measúnú ar na dréachtspríocanna feidhmíochta i bpríomhréimse feidhmíochta na hacmhainneachta**

- (21) Maidir le príomhréimse feidhmíochta na hacmhainneachta, rinneadh measúnú ar chomhsheasmhacht na spríocanna a chuir an Eastóin isteach maidir leis an meánmhoill i mbainistiú na sreibe aerthráchta ("ATFM") faoi bhealach in aghaidh na heiltile, ar bhonn an chritéir a leagtar síos i bpointe 1.3 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317. Dá réir sin, cuireadh na spríocanna a mholtar i ndr éachtphlean feidhmíochta na hEastóine i gcomparáid leis na luachanna tagartha ábhartha a leagtar amach sa Phlean Oibríochta Gréasáin a bhí ar fáil nuair a glacadh na spríocanna feidhmíochta athbhreithnithe uile-Aontais i leith TT3, eadhon an 2 Meitheamh 2021. Cuireadh na himthosca áitiúla san áireamh agus an measúnú sin á dhéanamh, agus comhlánaíodh an measúnú le hathbhreithniú ar na bearta atá beartaithe chun na spríocanna acmhainneachta a bhaint amach faoi phointe 2.1(a) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317.
- (22) I gcás bhliain féilire 2020, ní dhearnadh athbhreithniú le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/891 ar an spríoc feidhmíochta uile-Aontais i leith TT3 i bpríomhréimse feidhmíochta na hacmhainneachta, spríoc a leagadh amach i dtosach i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/903, toisc go raibh an tréimhse le haghaidh chur i bhfeidhm na sprice sin imithe in éag agus, dá bhrí sin, go raibh sí curtha chun feidhme go críochnaitheach cheana, rud a d'fhág nárbh fhéidir coigeartuithe cúlghabhálacha a dhéanamh. Dá réir sin, níor iarradh ar na Ballstáit athbhreithniú a dhéanamh ar a spríocanna áitiúla feidhmíochta i leith bhliain féilire 2020 i bpríomhréimse feidhmíochta na hacmhainneachta sna dréachtphleananna feidhmíochta a bhí le cur isteach faoin 1 Deireadh Fómhair 2021. Dá bhrí sin, an measúnú ar chomhsheasmhacht na spríocanna áitiúla feidhmíochta acmhainneachta leis na spríocanna feidhmíochta comhfhreagracha uile-Aontais, ba cheart é a dhéanamh i leith bhlianta féilire 2021, 2022, 2023 agus 2024.
- (23) Is iad seo a leanas na dréachtspríocanna acmhainneachta i leith eiltí faoi bhealach a mholann an Eastóin i leith TT3, arna sloinneadh mar nóiméid mhoille ATFM in aghaidh na heiltile, mar aon leis na luachanna tagartha comhfhreagracha ón bPlean Oibríochta Gréasáin:

	2021	2022	2023	2024
<b>Dréachtspríocanna acmhainneachta na hEastóine i leith eiltí</b> <b>faoi bhealach</b> i nóiméid mhoille ATFM in aghaidh na heiltile	<b>0,01</b>	<b>0,03</b>	<b>0,03</b>	<b>0,03</b>
Luachanna tagartha le haghaidh na hEastóine	0,01	0,03	0,03	0,03

- (24) Tugann an Coimisiún faoi deara gurb ionann na dréachtspríocanna acmhainneachta a mholann an Eastóin agus na luachanna tagartha náisiúnta comhfhreagracha i gcás gach bliana féilire ó 2021 go 2024.
- (25) Maidir le pointe 2.1(a) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, tugann an Coimisiún dá aire go bhfuil bearta curtha i láthair ag an Eastóin ina dréachtphlean feidhmíochta chun na spríocanna acmhainneachta i leith eitiltí faoi bhealach a bhaint amach, go háirithe comhar trasteorann leanúnach leis an bhFionlainn laistigh de thionscnamh FINEST lenar féidir limistéarú dinimiciúil trasteorann a dhéanamh.
- (26) Ar bhonn na dtorthaí a leagtar amach in aithris (24) agus aithris (25), ba cheart a mheasúnú go bhfuil ar na dréachtspríocanna i ndréachtphlean feidhmíochta na hEastóine comhsheasmhach leis na spríocanna feidhmíochta uile-Aontais i bpríomhréimse feidhmíochta na hacmhainneachta.

#### **Athbhreithniú ar na dréachtspríocanna acmhainneachta le haghaidh seirbhísí aerloingseoireachta críochfoirt**

- (27) Maidir leis na haerfoirt a thagann faoi raon feidhme Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317 mar a leagtar amach in Airteagal 1(3) agus (4) den Rialachán sin, chomhlánaigh an Coimisiún a mheasúnú ar na dréachtspríocanna acmhainneachta i leith eitiltí faoi bhealach le hathbhreithniú ar na dréachtspríocanna acmhainneachta le haghaidh seirbhísí aerloingseoireachta críochfoirt i gcomhréir le pointe 2.1(b) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317. Ní bhfuarthas ábhar inní sna dréachtspríocanna sin i gcás na hEastóine.

#### **Measúnú ar na dréachtspríocanna feidhmíochta i bpríomhréimse feidhmíochta na costéifeachtúlachta**

- (28) Maidir le príomhréimse feidhmíochta na costéifeachtúlachta, rinneadh measúnú ar chomhsheasmhacht na spríocanna a chuir an Eastóin isteach maidir leis na costais aonaid arna suíomh ("CAAS") le haghaidh seirbhísí aerloingseoireachta faoi bhealach, ar bhonn na gcritéar a leagtar síos i bpointí 1.4(a), (b) agus (c) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317. Is iad na critéir sin treocht an chostais aonaid arna shuíomh le linn TT3, an treocht fhadtéarmach CAAS le linn an dara tréimhse thagartha (TT2) agus TT3 (2015-2024), agus luach bonnlíne CAAS ar leibhéal an limistéir muirearaithe i gcomparáid le meánluach na limistéar muirearaithe a bhfuil timpeallacht oibríochtúil agus eacnamaíoch chomhchosúil ag soláthraithe seirbhísí aerloingseoireachta iontu.
- (29) Cuireadh na himthosca áitiúla san áireamh agus measúnú á dhéanamh ar na spríocanna costéifeachtúlachta i leith eitiltí faoi bhealach. Comhlánaíodh an measúnú le hathbhreithniú ar na príomhfhachtóirí agus na príomhpharaiméadair is bunús leis na spríocanna sin, mar a shonraítear i bpointe 2.1(d) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317.
- (30) Is iad seo a leanas na dréachtspríocanna costéifeachtúlachta i leith eitiltí faoi bhealach a mholann an Eastóin i leith TT3:

Limistéar muirearaithe faoi bhealach na hEastóine	Luach bonnlíne 2014	Luach bonnlíne 2019	2020-2021	2022	2023	2024
<b>Dréachtspríocanna costéifeachtúlachta i leith eitiltí faoi bhealach</b> arna sloinneadh mar chostas aonaid faoi bhealach arna shuíomh (i dtéarmaí réadacha ar phraghsanna 2017)	EUR 25,16	EUR 32,13	EUR 60,19	EUR 34,80	EUR 30,57	EUR 29,97

- (31) Maidir leis an gcritéar a leagtar síos i bpointe 1.4(a) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, tugann an Coimisiún faoi deara gur fearr treocht CAAS faoi bhealach na hEastóine ar leibhéal an limistéir muirearaithe le linn TT3, mar atá, - 1,7 %, ná an treocht uile-Aontais le linn na tréimhse céanna, mar atá, + 1,0 %.
- (32) Maidir leis an gcritéar a leagtar síos i bpointe 1.4(b) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, tugann an Coimisiún faoi deara gur measa treocht fhadtéarmach CAAS faoi bhealach na hEastóine le linn TT2 agus TT3 ar leibhéal an limistéir muirearaithe, mar atá, + 2,0 %, ná an treocht uile-Aontais le linn na tréimhse céanna, mar atá, - 1,3 %.

- (33) Maidir leis an gcritéar a leagtar síos i bpointe 1.4(c) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, tugann an Coimisiún faoi deara go bhfuil luach bonnlíne CAAS na Eastóine, mar atá, EUR 32,13 i dtéarmaí réadacha ar phraghsanna 2017 ("EUR2017"), 19,8 % níos airde ná meánluach bonnlíne an ghrúpa comparáide ábhartha, mar atá, EUR 26,81 in EUR2017. Is fearr, áfach, an fheidhmíocht CAAS ag an Eastóin ná ag an ngrúpa comparáide le linn na tréimhse tagartha, agus is amhlaidh a bhaintear leibhéal amach i leith 2024 atá 3,0 % níos ísle ná meán an ghrúpa comparáide.
- (34) Scrúdaigh an Coimisiún a thuilleadh an féidir a mheas gur gá agus gur comhréireach, faoi phointe 1.4(d) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, na diallais a thugtar faoi deara in aithris (32) agus aithris (33), ar an gcoinníoll gur i ngeall ar chostais bhreise arna suíomh a bhaineann le bearta is gá chun na spriocanna feidhmíochta i bpríomhréimse feidhmíochta na hacmhainneachta, nó i ngeall ar bhearta athstruchtúraithe de réir bhrí Airteagal 2(18) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, agus i ngeall orthu siúd amháin, atá an diallas ón treo ch fhadtéarmach uile-Aontais CAAS a thugtar faoi deara.
- (35) Maidir leis an gcritéar a leagtar síos i bpointe 1.4(d)(i) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, níor aimsigh an Coimisiún aon fhaisnéis i ndruchtphlean feidhmíochta na hEastóine a thabharfadh le fios gur i ngeall ar chostais bhreise arna suíomh a bhaineann le bearta is gá chun na spriocanna áitiúla feidhmíochta maidir leis an acmhainneacht a bhaint amach, agus i ngeall orthu siúd amháin, atá an diallas ón treo ch fhadtéarmach uile-Aontais CAAS dá dtagraítear in aithris (32). Dá bhrí sin, an critéar a leagtar amach i bpointe 1.4(d)(i) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, ní chomhlíontar é i gcás na hEastóine.
- (36) Maidir leis an gcritéar a leagtar síos faoi phointe 1.4(d)(ii) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, d'agair an Eastóin ina druchtphlean feidhmíochta, ar an mbonn gur chostais athstruchtúraithe iad, na costais a bhaineann le tionscnamh FINEST, tionscnamh a cuireadh i gcrích mar thionscnamh comhair dhéthaobhaigh idir soláthraithe seirbhísí aerloingseoireachta na hEastóine agus na Fionlainne chun seirbhísí aerthráchta dinimiciúla trasteorann a chur chun feidhme. Tugann an Coimisiún dá aire go bhfuil sé d'aithm ag tionscnamh FINEST timpeallacht aerspáis saorbhealaigh gan teorainneacha a chruthú ar fud aerspáis na hEastóine agus na Fionlainne, limistéarú dinimiciúil trasteorann an aerspáis a chur ar fáil, agus sineirgí a sholáthar trí úsáid chomhpháirteach na n-acmhainní agus pleanáil chomhpháirteach dóibh. Tá raon leathan céimeanna ullmhúcháin curtha chun feidhme cheana féin i dtionscnamh FINEST d'fhonn soláthar na seirbhísí trasteorann a thosú faoi dheireadh 2022.
- (37) Tuairiscíonn an Eastóin, maidir le tionscnamh FINEST, go n-eascraíonn costais as a bhaineann leis an bhfoireann, le gníomhaíochtaí oiliúna, leis an taisteal le haghaidh chur chun feidhme an tionscnamh, agus le bogearraí agus córais nua. Cuireann an Eastóin i dtábhacht gur réamhchoinníoll iad le haghaidh chomhar FINEST infheistíochtaí i gcrua-earraí agus i mbogearraí an chórais BAT i rith TT3, óir cuimsíonn an tionscnamh córas BAT aontaithe a chur chun feidhme san Eastóin agus san Fhionlainn.
- (38) Aithníonn an Coimisiún go bhfuil coinne leis go soláthrófar tairbhí móra le tionscnamh FINEST ó thaobh sholúbthacht, éifeachtúlacht agus cháilíocht na seirbhísí de, agus moilleanna i mbainistíocht na sreibe aerthráchta á n-íoslaghdú an tráth céanna. Mar chuid de mheasúnú costais is tairbhe, rinne an Eastóin cainníochtú ar na gnóthachain airgeadais a d'eascródh as an tionscnamh, agus ar a bhonn sin measann an Eastóin go ngnóthóidh úsáideoirí an aerspáis glantairbhe airgeadais ach a bhfillfidh an trácht ar na leibhéil a bhí ann roimh an bpaindéim.
- (39) Ar bhonn na hanailíse mionsonraithe a rinne an comhlacht um athbhreithniú ar an bhfeidhmíocht ar na bearta a thuairiscigh an Eastóin i leith tionscnamh FINEST, measann an Coimisiún go bhfuil na costais a bhaineann leis an tionscnamh incháilithe ina gcostais athstruchtúraithe de réir bhrí Airteagal 2(18) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, toisc go soláthraíonn an tionscnamh samhail ghnó agus nósanna imeachta chun seirbhísí aerloingseoireachta a sholáthar ar bhealach comhtháite agus ar bhonn trasteorann. Thairis sin, ag féachaint don mheastóireacht arna déanamh ag an gcomhlacht um athbhreithniú ar an bhfeidhmíocht, tá sé suite ag an gCoimisiún, maidir leis an diallas ón treo ch fhadtéarmach uile-Aontais CAAS dá dtagraítear in aithris (32), gur féidir é a chur i leith na gcostas athstruchtúraithe a thuairiscigh an Eastóin i leith tionscnamh FINEST.
- (40) I bhfianaise na mbreithnithe in aithrisí (36) go (39), suíonn an Coimisiún go gcomhlíontar, i leith na hEastóine, an critéar a leagtar amach i bpointe 1.4(d)(ii).
- (41) Ar bhonn na dtorthaí a leagtar amach in aithrisí (28) go (40), ba cheart a mheasúnú go bhfuil na dréachtspríocanna i ndruchtphlean feidhmíochta na hEastóine comhsheasmhach leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais i bpríomhréimse feidhmíochta na costéifeachtúlachta.

**Athbhreithniú ar na dréachtspríocanna costéifeachtúlachta le haghaidh seirbhísí aerloingseoireachta críochfoirt**

- (42) Maidir leis na haerfoirt a thagann faoi raon feidhme Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317 mar a leagtar amach in Airteagal 1(3) agus (4) den Rialachán sin, chomhlánaigh an Coimisiún a mheasúnú ar na dréachtspríocanna costéifeachtúlachta i leith eiltí faoi bhealach le hathbhreithniú ar na dréachtspríocanna costéifeachtúlachta le haghaidh seirbhísí aerloingseoireachta críochfoirt i gcomhréir le pointe 2.1(c) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317. Ní bhfuarthas ábhar inní sna dréachtspríocanna sin i gcás na hEastóine.

**Athbhreithniú ar na scéimeanna dreasachtaí dá dtagraítear in Airteagal 11 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317 mar chomhlánú ar mheasúnú an Choimisiúin ar na dréachtspríocanna acmhainneachta**

- (43) I gcomhréir le pointe 2.1(f) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, maidir leis na dréachtspríocanna acmhainneachta, chomhlánaigh an Coimisiún a mheasúnú le hathbhreithniú ar na dréachtscéimeanna dreasachtaí dá dtagraítear in Airteagal 11 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317. I ndáil leis sin, scrúdaigh an Coimisiún an gcomhlíonann na dréachtscéimeanna dreasachtaí na ceanglais shubstainteacha a leagtar amach in Airteagal 11(1) agus (3) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317. Fuarthas ábhar inní sna dréachtscéimeanna atá i ndrécchtphlean feidhmíochta na hEastóine.
- (44) Tugann an Coimisiún faoi deara, maidir leis an scéim dreasachtaí le haghaidh acmhainneacht faoi bhealach a mholtar i ndrécchtphlean feidhmíochta na hEastóine agus leis an scéim dreasachtaí le haghaidh acmhainneacht chríochfoirt a mholtar ann araon, go gcuimsíonn siad uas-mhíbhuntáiste airgeadais is ionann agus 0,5 % de na costais arna suíomh agus uasbhuntáiste airgeadais is ionann agus 0,0 % de na costais arna suíomh.
- (45) Maidir leis na scéimeanna dreasachtaí sin, tá an Coimisiún go mór in amhras, ar bhonn comhairle shaineolach a sholáthair an comhlacht um athbhreithniú ar an bhfeidhmíocht, an imreodh an t-uas-mhíbhuntáiste airgeadais a mholtar, arb ionann é agus 0,5 % de na costais arna suíomh, aon tionchar ábhartha ar an ioncam atá i mbaol, mar a cheanglaítear de bhun Airteagal 11(3), pointe (a), de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317.
- (46) Ba cheart don Eastóin, dá bhrí sin, i dtaca le glacadh a phlean feidhmíochta chríochnaithigh i gcomhréir le hAirteagal 16(a) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, athbhreithniú a dhéanamh ar a scéimeanna dreasachtaí chun na spríocanna acmhainneachta i leith eiltí faoi bhealach agus acmhainneachta críochfoirt a bhaint amach sa chaoi go socrófar na huas-mhíbhuntáistí de bhun na scéimeanna dreasachtaí sin ar leibhéal a imreoidh tionchar ábhartha ar an ioncam atá i mbaol, mar a cheanglaítear go sonrach faoi Airteagal 11(3), pointe (a), de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, agus is é tuairim an Choimisiúin gur cheart go socrófaí, mar thoradh air sin, an t-uas-mhíbhuntáiste airgeadais ar leibhéal is ionann agus 1 % de na costais arna suíomh nó níos airde ná sin.

**CONCLUÍDÍ**

- (47) Ar bhonn an mheasúnaithe a leagtar amach in aithrisí (10) go (46), tá sé suite ag an gCoimisiún go bhfuil na spríocanna feidhmíochta atá sna drécchtphleananna feidhmíochta a chuir an Eastóin isteach comhsheasmhach leis na spríocanna feidhmíochta uile-Aontais.
- (48) Tugann an Coimisiún dá aire go bhfuil sé tugtha le fios ag roinnt Ballstát go bhfuil sé i gceist acu ítimí costais a bhaineann le ladrainn a bhrath ag na haerfoirt a chur lena mbonn costais i leith TT3. Ní raibh an Coimisiún in ann a shuí go beacht, ar bhonn na n-eilimintí atá sna drécchtphleananna feidhmíochta, cé mhéad a chuir na Ballstáit costais shuite den chineál sin lena mbonn costais i leith TT3, ná, i gcásanna inar chuir, cé mhéad a thabhaítear iad i ndáil le soláthar na seirbhísí aerloingseoireachta, rud a d'fhágfadh gurbh fhéidir a mheas gur costais incháilithe iad faoin scéim feidhmíochta agus muirearaithe. Tá iarraidh *ad hoc* ar fhaisnéis curtha ag seirbhísí an Choimisiúin chuig na Ballstáit uile chun faisnéis ábhartha a bhailiú, agus déanfaidh siad tuilleadh scrúdaithe ar na costais a thuairiscítear maidir le ladrainn a bhrath ag na haerfoirt i gcomhthéacs comhlíontacht na rátaí aonaid a fhíorú. Tá an Cinneadh seo gan dochar do thorthaí ná do chonclúidí an Choimisiúin maidir le costais braithe na ladrann.

- (49) Mar fhreagairt ar ionsaí míleata na Rúise ar an Úcráin, a thosaigh an 24 Feabhra 2022, tá bearta sriantacha glactha ag an Aontas lena gcuirtear toirmeasc ar aeriompróirí Rúiseacha, ar aon aerárthach atá cláraithe sa Rúis agus ar aon aerárthach nach bhfuil cláraithe sa Rúis ach atá faoi úinéireacht, ar chairtfhostú, nó faoi rialú ar shlí eile ag aon duine nádúrtha nó dlítheanach Rúiseach nó ag aon eintiteas nó comhlacht Rúiseach tuirlingt i gcríoch an Aontais, éirí de thalamh uaithi, nó eitilt thairsti. Tá laghdú ag teacht ar an aerthrácht san aerspás os cionn chríoch an Aontais i ngeall ar na bearta sin. Níor cheart, ámh, go mbeadh an tionchar ar an leibhéal uile-Aontais inchomparáide leis an laghdú ar an aerthrácht de dheasca ráig phaindéim COVID-19 i mí an Mhárta 2020. Dá bhrí sin, is iomchuí na bearta agus na próisis atá ann faoi láthair le haghaidh chur chun feidhme na scéime feidhmíochta agus muirearaithe le linn TT3 a choinneáil ar bun,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Na spriocanna feidhmíochta atá sa dréachtphlean feidhmíochta a chuir an Eastóin isteach de bhun Rialachán (CE) Uimh. 549/2004 agus a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo, tá siad comhsheasmhach leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais i leith an tríú tréimhse thagartha a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/891.

*Airteagal 2*

Dírítear an Cinneadh seo chuig Poblacht na hEastóine.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 13 Aibreán 2022.

*Thar ceann an Choimisiúin*  
Adina VĂLEAN  
*Comhalta den Choimisiún*



## IARSCRÍBHINN

Na spriocanna feidhmíochta atá san áireamh sa dréachtphlean feidhmíochta a chuir an Eastóin isteach de bhun Rialachán (CE) Uimh. 549/2004 agus a fuarthas go bhfuil siad comhsheasmhach leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais le haghaidh an tríú tréimhse thagartha.

## PRÍOMHRÉIMSE FEIDHMÍOCHTA SÁBHÁILTEACHTA

## Éifeachtacht na bainistíochta sábháilteachta

an Eastóin	Spriocanna maidir le héifeachtacht na bainistíochta sábháilteachta, arna sloinneadh mar leibhéal cur chun feidhme, ó leibhéal EASA A go D				
An soláthraí seirbhísí aerloingseoireachta lena mbaineann	Cuspóir na bainistíochta sábháilteachta	2021	2022	2023	2024
EANS	Beartas agus cuspóirí sábháilteachta	C	C	C	<b>C</b>
	Bainistíocht riosca sábháilteachta	D	D	D	<b>D</b>
	Dearbhú sábháilteachta	C	C	C	<b>C</b>
	Cur chun cinn na sábháilteachta	C	C	C	<b>C</b>
	Cultúr sábháilteachta	C	C	C	<b>C</b>

## PRÍOMHRÉIMSE FEIDHMÍOCHTA AN CHOMHSHAOIL

## Meánéifeachtúlacht chothrománach eitilte faoi bhealach an ruthaig eitilte iarbhír

	2021	2022	2023	2024
<b>Dréacht de spriocanna comhshaoil faoi bhealachna hEastóine,</b> arna sloinneadh mar mheánéifeachtúlacht chothrománach faoi bhealach an ruthaig eitilte iarbhír	<b>1,22 %</b>	<b>1,22 %</b>	<b>1,22 %</b>	<b>1,22 %</b>
Luachanna tagartha don Eastóin	1,22 %	1,22 %	1,22 %	1,22 %

## PRÍOMHRÉIMSE FEIDHMÍOCHTA ACMHAINNEACHTA

## Meánmhoill ATFM eitilte faoi bhealach i nóiméid in aghaidh na heitilte

	2021	2022	2023	2024
<b>Dréacht de spriocanna acmhainneachta faoi bhealach na hEastóin,</b> i nóiméid ar mhoill ATFM in aghaidh na heitilte	<b>0,01</b>	<b>0,03</b>	<b>0,03</b>	<b>0,03</b>
Luachanna tagartha don Eastóin	0,01	0,03	0,03	0,03

**PRÍOMHRÉIMSE FEIDHMÍOCHTA COSTÉIFEACHTÚLACHTA****Costas aonaid arna shuíomh le haghaidh seirbhísí aerloingseoireachta faoi bhealach**

<b>Limistéar muirearaithe faoi bhealach na hEastóine</b>	<b>Luach bonnlíne 2014</b>	<b>Luach bonnlíne 2019</b>	<b>2020-2021</b>	<b>2022</b>	<b>2023</b>	<b>2024</b>
<b>Dréacht de spriocanna costéifeachtúlachta faoi bhealach</b> , arna sloinneadh mar chostas aonaid faoi bhealach arna shuíomh (i dtéarmaí réadacha ag praghsanna 2017)	<b>EUR 25,16</b>	<b>EUR 32,13</b>	<b>EUR 60,19</b>	<b>EUR 34,80</b>	<b>EUR 30,57</b>	<b>EUR 29,97</b>

**CINNEADH (AE) 2022/772 ÓN gCOIMISIÚN**  
**an 13 Aibreán 2022**

**maidir le comhsheasmhacht na spriocanna feidhmíochta atá sa dréachtphlean feidhmíochta a chuir Poblacht na Seice isteach de bhun Rialachán (CE) Uimh. 549/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais i leith an tríú tréimhse tagartha**

*(a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhoiciméad C(2022) 2293)*

**(Is é an téacs Seicise amháin atá barántúil)**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 549/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Márta 2004 lena leagtar síos an creat chun aerspás Eorpach aonair a chruthú (an creat-Rialachán)<sup>(1)</sup>, agus go háirithe Airteagal 11(3), pointe (c), an chéad mhír, de,

Ag féachaint do Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317 ón gCoimisiún an 11 Feabhra 2019 lena leagtar síos scéim feidhmíochta agus muirearaithe san aerspás Eorpach aonair<sup>(2)</sup>, agus go háirithe Airteagal 14(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

**BREITHNITHE GINEARÁLTA**

- (1) De bhun Airteagal 11 de Rialachán (CE) Uimh. 549/2004, tá scéim feidhmíochta le haghaidh seirbhísí aerloingseoireachta agus feidhmeanna líonra aerloingseoireachta le bunú. Thairis sin, de bhun Airteagal 10 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, tá na Ballstáit le spriocanna feidhmíochta ceangailteacha a tharraingt suas, ar an leibhéal náisiúnta nó ar leibhéal na mbloc feidhme aerspáis, i leith gach tréimhse tagartha den scéim feidhmíochta le haghaidh seirbhísí aerloingseoireachta agus feidhmeanna líonra aerloingseoireachta. Ní mór na spriocanna feidhmíochta sin a bheith comhsheasmhach leis na spriocanna uile-Aontais arna ghlacadh ag an gCoimisiún i leith na tréimhse tagartha lena mbaineann. Is é an Coimisiún atá freagrach as measúnú a dhéanamh an bhfuil na spriocanna feidhmíochta molta atá sna dréachtphleananna arna dtarraingt suas ag na Ballstáit comhsheasmhach leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais, agus na critéir mheasúnaithe a leagtar amach in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317 á úsáid aige.
- (2) Ó bhí an chéad ráithe den bhliain féilire 2020 ann, bhí tionchar suntasach ag ráig phaindéim COVID-19 ar earnáil an aeriompair agus tá méid an aerthráchta laghdaithe go mór i gcomparáid leis na leibhéil roimh an bpaindéim, mar gheall ar na bearta a rinne na Ballstáit agus tríú tíortha chun an paindéim a shrianadh.
- (3) Leagadh spriocanna feidhmíochta uile-Aontais i leith an tríú tréimhse thagartha ("TT3") síos i dtosach i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/903 ón gCoimisiún<sup>(3)</sup>. Maidir leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais sin agus na dréachtphleananna feidhmíochta TT3 a chuir na Ballstáit isteach ina dhiaidh sin, ós rud é gur tarraingíodh suas iad sular tharla ráig phaindéim COVID-19, ní fhéadfaí an t-athrú suntasach a tháinig ar na dálaí aeriompair de dheasca na paindéime a chur san áireamh iontu.

<sup>(1)</sup> IO L 96, 31.3.2004, lch. 1.

<sup>(2)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317 ón gCoimisiún an 11 Feabhra 2019 lena leagtar síos scéim feidhmíochta agus muirearaithe san aerspás Eorpach aonair agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 390/2013 agus (AE) Uimh. 391/2013 (IO L 56, 25.2.2019, lch. 1).

<sup>(3)</sup> Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/903 ón gCoimisiún an 29 Bealtaine 2019 lena leagtar síos spriocanna feidhmíochta uile-Aontais le haghaidh an líonra um bainistíocht aerthráchta i ndáil leis an tríú tréimhse thagartha dar tús an 1 Eanáir 2020 agus dar críoch an 31 Nollaig 2024 (IO L 144, 3.6.2019, lch. 49).

- (4) Mar fhreagairt ar thionchar phaindéim COVID-19 ar sholáthar seirbhísí aerloingseoireachta, leagadh amach bearta eisceachtúla le haghaidh an tríú tréimhse thagartha, de mhaolú ar Rialachán (AE) 2019/317, i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1627 ón gCoimisiún <sup>(4)</sup>. De bhun Airteagal 2(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1627, ghlac an Coimisiún, an 2 Meitheamh 2021, Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/891 <sup>(5)</sup> lena leagtar spriocanna feidhmíochta athbhreithnithe uile-Aontais amach i leith TT3.
- (5) Tugann an Coimisiún dá aire gurb é a thuairtar le réamhaisnéis tráchta bhonnline Sheirbhís Staidrimh agus Réamhaisnéise Eurocontrol (“STATFOR”) ó mhí Dheireadh Fómhair 2021 go sroíchfidh an t-aerthrácht ar an leibhéal uile-Aontais na leibhéal ar a raibh sé roimh an bpaindéim le linn 2023 agus go sáróidh sé na leibhéal sin in 2024. Mar sin féin, tá leibhéal ard éiginnteachta fós ag baint le forbairt an tráchta mar gheall ar na rioscaí a bhaineann le forbairt staid eipidéimeolaíoch COVID-19. Tugann an Coimisiún dá aire, freisin, go meastar go dtiocfaidh téarnamh míchothrom ar an aerthrácht sna Ballstáit éagsúla.
- (6) Tá dréachtphleananna feidhmíochta, agus spriocanna áitiúla feidhmíochta iontu i leith TT3, tiomsaithe agus glactha ag na Ballstáit uile, agus cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin iad lena measúnú faoin 1 Deireadh Fómhair 2021. Tar éis a fhíorú don Choimisiún arbh iomlán do na dréachtphleananna feidhmíochta sin, d'iarr sé ar Bhallstáit dréachtphleananna feidhmíochta athbhreithnithe a chur faoina bhráid faoin 17 Samhain 2021. An measúnú ón gCoimisiún a chuirtear i láthair sa Chinneadh seo, is ar an dréachtphlean feidhmíochta athbhreithnithe a chuir Poblacht na Seice isteach atá sé bunaithe.
- (7) Tá tuarascáil curtha faoi bhráid an Choimisiúin ag an gcomhlacht um athbhreithniú ar an bhfeidhmíocht a thugann cúnaimh don Choimisiún maidir le cur chun feidhme na scéime feidhmíochta de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (CE) Uimh. 549/2004, agus comhairle uaidh inti maidir leis an measúnú ar na dréachtphleananna feidhmíochta i leith TT3.
- (8) I gcomhréir le hAirteagal 14(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, rinne an Coimisiún measúnú ar chomhsheasmhacht na spriocanna feidhmíochta áitiúla atá beartaithe ag Poblacht na Seice ar bhonn na gcritéar measúnaithe a leagtar síos i bpointe 1 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin, agus imthosca áitiúla á gcur san áireamh. Chomhlánaigh an Coimisiún an measúnú, i leith gach príomhréimse feidhmíochta agus na spriocanna feidhmíochta a bhaineann leis, trí athbhreithniú a dhéanamh ar na dréachtphleananna feidhmíochta i leith na n-eilimintí a leagtar amach i bpointe 2 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin.

## MEASÚNÚ ÓN gCOIMISIÚN

### Measúnú ar na dréachtspriocanna feidhmíochta i bpríomhréimse feidhmíochta na sábháilteachta

- (9) Maidir le príomhréimse feidhmíochta na sábháilteachta, rinne an Coimisiún measúnú ar chomhsheasmhacht na spriocanna a chuir Poblacht na Seice faoina bhráid maidir lena héifeachtaí a dhéanann soláthraithe seirbhísí aerloingseoireachta bainistíocht ar an tsábháilteacht, ar bhonn an chritéir a leagtar síos i bpointe 1.1 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317. Rinneadh an measúnú sin agus imthosca áitiúla á gcur san áireamh agus rinneadh é a chomhlánú leis an athbhreithniú ar bhearta atá beartaithe chun na spriocanna sábháilteachta a bhaint amach i ndáil leis na heilimintí a leagtar amach i bpointe 2.1.(a) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317.
- (10) Is iad seo a leanas na dréachtspriocanna feidhmíochta i bpríomhréimse feidhmíochta na sábháilteachta a mholann Poblacht na Seice i leith éifeachtacht na bainistíochta sábháilteachta, arna miondealú de réir na gcuspoirí bainistíochta sábháilteachta agus arna sloinneadh mar leibhéal cur chun feidhme:

<sup>(4)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1627 ón gCoimisiún an 3 Samhain 2020 maidir le bearta eisceachtúla i ndáil leis an tríú tréimhse thagartha (2020-2024) den scéim feidhmíochta agus muirearaithe san aerspás Eorpach de dheasca phaindéim COVID-19 (IO L 366, 4.11.2020, lch. 7).

<sup>(5)</sup> Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/891 ón gCoimisiún an 2 Meitheamh 2021 lena leagtar síos spriocanna feidhmíochta athbhreithnithe uile-Aontais le haghaidh an líonra um bainistíocht aerthráchta i ndáil leis an tríú tréimhse thagartha (2020-2024) agus lena n-aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/903 (IO L 195, 3.6.2021, lch. 3).

Poblacht na Seice	Spriocanna le haghaidh éifeachtacht na bainistíochta sábháilteachta, arna sloinneadh mar leibhéal cur chun feidhme i raon idir leibhéal A agus D de chuid EASA				
An soláthraí seirbhísí aerloingseoireachta lena mbaineann	An cuspóir bainistíochta sábháilteachta	2021	2022	2023	2024
ANS CR	Beartas sábháilteachta agus cuspóirí	C	C	C	<b>C</b>
	Bainistiú riosca sábháilteachta	D	D	D	<b>D</b>
	Dearbhú sábháilteachta	C	C	C	<b>C</b>
	Cur chun cinn na sábháilteachta	C	C	C	<b>C</b>
	Cultúr sábháilteachta	C	C	C	<b>C</b>

- (11) Tá sé suite ag an gCoimisiún gurb ionann na dréachtspríocanna sábháilteachta a mholann Poblacht na Seice le haghaidh an tsoláthraí seirbhísí aerloingseoireachta (ANS CR) agus na spriocanna sábháilteachta uile-Aontais i leith bhliain féilire 2024 mar aon leis na blianta roimhe den tréimhse thagartha.
- (12) Tugann an Coimisiún dá aire go leagann an dréachtphlean feidhmíochta a chuir Poblacht na Seice isteach bearta le haghaidh ANS CR chun na spriocanna áitiúla na sábháilteachta a bhaint amach, amhail córais tuairiscithe dheonacha agus éigeantacha a fhorbairt a thuilleadh, Bord Sábháilteacht a mbeidh NSA agus ANS CR air a chur ar bun agus tacú leis an gcóras bainistithe a bhaineann le riosca struistriú.
- (13) Ar bhonn na dtorthaí a leagtar amach in aithrisí (11) agus (12), agus de bhrí nach mór na spriocanna feidhmíochta sábháilteachta uile-Aontais a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/891 a bhaint amach faoi bhliain dheireanach TT3, eadhon 2024, ba cheart, maidir leis na dréachtspríocanna atá i ndrúachtphlean feidhmíochta Phoblacht na Seice, gurb é an measúnú a dhéantar orthu go bhfuil siad comhsheasmhach leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais i bpríomhréimse feidhmíochta na sábháilteachta.

#### Measúnú ar na dréachtspríocanna feidhmíochta i bpríomhréimse feidhmíochta an chomhshaoil

- (14) Maidir le príomhréimse feidhmíochta an chomhshaoil, rinneadh measúnú ar chomhsheasmhacht na spriocanna a chuir Poblacht na Seice isteach maidir le meánéifeachtúlacht chothrománach eitilte faoi bhealach a bhaineann leis an ruthag eitilte iarbhrí, ar bhonn an chritéir a leagtar síos i bpointe 1.2 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317. Dá réir sin, cuireadh na spriocanna a mholtar i ndrúachtphlean feidhmíochta Phoblacht na Seice i gcomparáid leis na luachanna tagartha ábhartha le haghaidh éifeachtúlacht chothrománach na heitilte faoi bhealach a leagtar amach i bplean feabhsúcháin líonra aerbhealaí na hEorpa a bhí ar fáil nuair a glacadh na spriocanna feidhmíochta athbhreithnithe uile-Aontais i leith TT3, eadhon an 2 Meitheamh 2021. Rinneadh an measúnú sin agus imthosca áitiúla á gcur san áireamh agus rinneadh é a chomhlánú leis an athbhreithniú ar bhearta atá beartaithe chun na spriocanna comhshaoil a bhaint amach i ndáil leis na heilimintí a leagtar amach i bpointe 2.1. (a) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317.
- (15) I gcás bhliain féilire 2020, ní dhearnadh athbhreithniú le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/891 ar an sprioc feidhmíochta uile-Aontais i leith TT3 i bpríomhréimse feidhmíochta an chomhshaoil, sprioc a leagadh amach i dtosach i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/903, toisc go raibh an tréimhse le haghaidh chur i bhfeidhm na sprice sin imithe in éag agus, dá bhrí sin, go raibh sí curtha chun feidhme go críochnaitheach cheana, rud a d'fhág nárbh fhéidir coigeartuithe cúlghabhálacha a dhéanamh. Dá réir sin, níor iarradh ar na Ballstáit athbhreithniú a dhéanamh ar a spriocanna áitiúla feidhmíochta i leith bhliain féilire 2020 i bpríomhréimse feidhmíochta an chomhshaoil sna dréachtphleananna feidhmíochta a bhí le cur isteach faoin 1 Deireadh Fómhair 2021. Dá bhrí sin, an measúnú ar chomhsheasmhacht na spriocanna áitiúla feidhmíochta comhshaoil leis na spriocanna feidhmíochta comhfhreagracha uile-Aontais, ba cheart é a dhéanamh i leith bhlianta féilire 2021, 2022, 2023 agus 2024.
- (16) Is iad seo a leanas na dréachtspríocanna feidhmíochta i bpríomhréimse feidhmíochta an chomhshaoil a mholann Poblacht na Seice, mar aon leis na luachanna tagartha náisiúnta comhfhreagracha i leith TT3 ó phlean feabhsúcháin líonra aerbhealaí na hEorpa, arna sloinneadh mar mheánéifeachtúlacht chothrománach eitilte faoi bhealach a bhaineann leis an ruthag eitilte iarbhrí:

	2021	2022	2023	2024
<b>Dréachtspríocanna comhshaoil eiltí faoi bhealach Phoblacht na Seice</b> , arna sloinneadh mar mheánéifeachtúlacht chothrománach eiltí faoi bhealach a bhaineann leis an ruthag eiltí iarbhir	2,05 %	2,05 %	2,05 %	2,05 %
Luachanna tagartha le haghaidh Phoblacht na Seice	2,05 %	2,05 %	2,05 %	2,05 %

- (17) Tugann an Coimisiún faoi deara gurb ionann na dréachtspríocanna comhshaoil a mholann Poblacht na Seice agus na luachanna tagartha náisiúnta comhfhreagracha i gcás gach bliana féilire ó 2021 go 2024.
- (18) Maidir le pointe 2.1(a) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, tugann an Coimisiún dá aire gur thíolaic Poblacht na Seice sa dréachtphlean feidhmíochta roinnt beart chun na spríocanna comhshaoil áitiúla a bhaint amach, lena n-áirítear limistéarú nua do Réigiún Faisnéise Eiltí Phrág, deireadh a chur le bealaí i Limistéar Ainlithe Críochfoirt Praha (TMA) chomh maith le comhar trasteorann méadaithe.
- (19) Thairis sin, tugann an Coimisiún faoi deara go bhfuil cur chun feidhme an aerspáis saorbhealaigh curtha i gcrích ag Poblacht na Seice cheana idir leibhéal eiltí 95 agus leibhéal eiltí 660 ó mhí Feabhra 2021.
- (20) Ar bhonn na dtorthaí a leagtar amach in aithrisí (17) agus (19), is é an measúnú ba cheart a dhéanamh ar na dréachtspríocanna i ndréachtphlean feidhmíochta Phoblacht na Seice go bhfuil siad comhsheasmhach leis na spríocanna feidhmíochta uile-Aontais i bpríomhréimse feidhmíochta an chomhshaoil.

#### **Measúnú ar na dréachtspríocanna feidhmíochta i bpríomhréimse feidhmíochta na hacmhainneachta**

- (21) Maidir le príomhréimse feidhmíochta na hacmhainneachta, rinneadh measúnú ar chomhsheasmhacht na spríocanna a chuir Poblacht na Seice isteach maidir leis an meánmhoill i mbainistiú na sreibe aerthráchta ("ATFM") faoi bhealach in aghaidh na heitíle, ar bhonn an chritéir a leagtar síos i bpointe 1.3 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317. Dá réir sin, cuireadh na spríocanna a mholtar i ndréachtphlean feidhmíochta Poblacht na Seice i gcomparáid leis na luachanna tagartha ábhartha a leagtar amach sa Phlean Oibríochta Gréasáin a bhí ar fáil nuair a glacadh na spríocanna feidhmíochta athbhreithnithe uile-Aontais i leith TT3, eadhon an 2 Meitheamh 2021. Rinneadh an measúnú sin agus imthosca áitiúla á gcur san áireamh agus rinneadh é a chomhlánú leis an athbhreithniú ar bhearta atá beartaithe chun na spríocanna acmhainneachta a bhaint amach faoi phointe 2.1(a) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317.
- (22) I gcás bhliain féilire 2020, ní dhearnadh athbhreithniú le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/891 ar an spríoc feidhmíochta uile-Aontais i leith TT3 i bpríomhréimse feidhmíochta na hacmhainneachta, spríoc a leagadh amach i dtosach i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/903, toisc go raibh an tréimhse le haghaidh chur i bhfeidhm na sprice sin imithe in éag agus, dá bhrí sin, go raibh sí curtha chun feidhme go críochnaitheach cheana, rud a d'fhág nárbh fhéidir coigeartuithe cúlghabhálacha a dhéanamh. Dá réir sin, níor iarradh ar na Ballstáit athbhreithniú a dhéanamh ar a spríocanna áitiúla feidhmíochta i leith bhliain féilire 2020 i bpríomhréimse feidhmíochta na hacmhainneachta sna dréachtphleananna feidhmíochta a bhí le cur isteach faoin 1 Deireadh Fómhair 2021. Dá bhrí sin, an measúnú ar chomhsheasmhacht na spríocanna áitiúla feidhmíochta acmhainneachta leis na spríocanna feidhmíochta comhfhreagracha uile-Aontais, ba cheart é a dhéanamh i leith bhlianta féilire 2021, 2022, 2023 agus 2024.
- (23) Is iad seo a leanas na dréachtspríocanna acmhainneachta eiltí faoi bhealach a mholann Poblacht na Seice i leith TT3, arna sloinneadh i nóiméid mhoille ATFM in aghaidh na heitíle, mar aon leis na luachanna tagartha comhfhreagracha ón bPlean Oibríochta Líonra:

	2021	2022	2023	2024
<b>Dréachtspríocanna acmhainneachta eiltí faoi bhealach Phoblacht na Seice</b> i nóiméid mhoille ATFM in aghaidh na heitilte	<b>0,06</b>	<b>0,11</b>	<b>0,11</b>	<b>0,11</b>
Luachanna tagartha le haghaidh Phoblacht na Seice	0,06	0,11	0,11	0,11

- (24) Tugann an Coimisiún faoi deara gurb ionann na dréachtspríocanna acmhainneachta a mholann Poblacht na Seice agus na luachanna tagartha náisiúnta comhfhreagracha i gcás gach bliana féilire ó 2021 go 2024.
- (25) Maidir le pointe 2.1(a) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme 2019/317, tugann an Coimisiún dá aire go bhfuil raon beart curtha i láthair ag Poblacht na Seice sa dréachtphlean feidhmíochta chun na spríocanna áitiúla acmhainneachta eiltí faoi bhealach a bhaint amach. Áirítear ar na bearta sin an t-aistriú chuig córas bainistithe nua aerthrátha (ATM), tionscadal optamaithe agus athstruchtúraithe ATM a chur chun feidhme, uirlis bainistithe aerspáis a thabhairt isteach, limistéarú nua chomh maith le méadú suntasach ar an líon rialtóirí aerthrátha (ATCONna) i mbun oibríochtaí faoi dheireadh TT3.
- (26) Ar bhonn na dtorthaí a leagtar amach in aithrisí (24) agus (25), is é an measúnú ba cheart a dhéanamh ar na dréachtspríocanna i ndréachtphlean feidhmíochta Phoblacht na Seice go bhfuil siad comhsheasmhach leis na spríocanna feidhmíochta uile-Aontais i bpríomhréimse feidhmíochta na hacmhainneachta.

#### **Athbhreithniú ar na dréachtspríocanna acmhainneachta le haghaidh seirbhísí aerloingseoireachta críochfoirt**

- (27) Maidir leis na haerfoirt a thagann faoi raon feidhme Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317 mar a leagtar amach in Airteagal 1(3) agus (4) den Rialachán sin, chomhlánaigh an Coimisiún a mheasúnú ar na dréachtspríocanna acmhainneachta eiltí faoi bhealach le hathbhreithniú ar na dréachtspríocanna acmhainneachta le haghaidh seirbhísí aerloingseoireachta críochfoirt i gcomhréir le pointe 2.1(b) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317. Fuarthas ábhar inniú sna dréachtspríocanna sin i gcás Phoblacht na Seice.
- (28) Go sonrach, fuair an Coimisiún amach gurb airde i bhfad na spríocanna le haghaidh na meánmhoille ATFM isteach i leith TT3, mar atá 0,40 nóiméad i leith bhlianta féilire 2021 go 2024 ná an fheidhmíocht a baineadh amach ó thaobh moille ATFM de le linn an dara tréimhse tagartha, mar atá, moill i raon idir 0,01 agus 0,16 nóiméad in aghaidh na heitilte.
- (29) Measann an Coimisiún, dá bhrí sin, gur cheart do Phoblacht na Seice, i dtaca le glacadh a phlean feidhmíochta chríochnaithigh i gcomhréir le hAirteagal 16, pointe (a) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, breis údair a thabhairt maidir leis na spríocanna acmhainneachta críochfoirt i leith TT3 i bhfianaise na mbreithnithe a leagtar amach in aithris (28), sin nó ba cheart di na spríocanna sin a athbhreithniú anuas.

#### **Measúnú ar na dréachtspríocanna feidhmíochta i bpríomhréimse feidhmíochta na costéifeachtúlachta**

- (30) Maidir le príomhréimse feidhmíochta na costéifeachtúlachta, rinneadh measúnú ar chomhsheasmhacht na spríocanna a chuir Poblacht na Seice isteach maidir leis an gcostas aonaid arna shuíomh ("CAAS") le haghaidh seirbhísí aerloingseoireachta eiltí faoi bhealach, ar bhonn na gcrítéar a leagtar síos i bpointí 1.4(a), (b) agus (c) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317. Is iad na critéir sin treocht an aonaid costais arna shuíomh le linn TT3, an treocht fhadtéarmach CAAS le linn TT2 agus TT3 (2015-2024), agus luach bonnlíne an aonaid costais arna shuíomh ar leibhéal an limistéir muirearaithe i gcomparáid le meánluach na limistéar muirearaithe a bhfuil timpeallacht oibríochtúil agus eacnamaíoch chomhchosúil ag soláthraithe seirbhísí aerloingseoireachta iontu.
- (31) Rinneadh measúnú ar na spríocanna éifeachtúlachta eiltí faoi bhealach agus imthosca áitiúla á gcur san áireamh. Comhlánaíodh an measúnú le hathbhreithniú ar na príomhfhachtóirí agus na príomhpharaiméadair is bunús leis na spríocanna sin, mar a shonraítear i bpointe 2.1(d) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317.
- (32) Is iad seo a leanas na dréachtspríocanna costéifeachtúlachta eiltí faoi bhealach a mholann Poblacht na Seice i leith TT3:

Limistéar muirearaithe eitiltí faoi bhealach Phoblacht na Seice	Luach bonnlíne 2014	Luach bonnlíne 2019	2020 - 2021	2022	2023	2024
<b>Dréachtspríocanna costéifeachtúlachta eitiltí faoi bhealach</b> arna sloinneadh mar chostas aonaid arna shuíomh eitiltí faoi bhealach (i dtéarmaí réadacha ar phraghsanna 2017)	<b>CZK 1 224,0</b>	<b>CZK 1 103,6</b>	<b>CZK 2 090,6</b>	<b>CZK 1 557,2</b>	<b>CZK 1 381,7</b>	<b>CZK 1 212,0</b>
	EUR 46,52	EUR 41,95	EUR 79,46	EUR 59,18	EUR 52,51	EUR 46,06

- (33) Maidir leis an gcritéar a leagtar síos i bpointe 1.4(a) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, tugann an Coimisiún faoi deara gur measa treocht CAAS eitiltí faoi bhealach Phoblacht na Seice ar leibhéal an limistéir muirearaithe le linn TT3, mar atá, +2,4 % in aghaidh na bliana, ná an treocht uile-Aontais le linn na tréimhse céanna, mar atá, +1,0 %.
- (34) Maidir leis an gcritéar a leagtar síos i bpointe 1.4(b) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, tugann an Coimisiún faoi deara gur measa treocht fhadtéarmach CAAS eitiltí faoi bhealach Phoblacht na Seice le linn TT2 agus TT3 ar leibhéal an limistéir muirearaithe, mar atá, -0,1 % in aghaidh na bliana, ná an treocht uile-Aontais le linn na tréimhse céanna, mar atá, -1,3 %.
- (35) Ba cheart a chur san áireamh, áfach, agus comparáid á déanamh idir na treochta CAAS áitiúla agus uile-Aontais dá dtagraítear in aithrisí (33) agus (34), go dtuairtar i réamhaisnéis STATFOR Eurostat gur lú go mór an fás a thiocfaidh ar thrácht eitiltí faoi bhealach Phoblacht na Seice le linn TT3 ná an fás tráchta meánach ar an leibhéal uile-Aontais. Fágann sé sin gur deacra do Phoblacht na Seice na treochta CAAS uile-Aontais sin a bhaint amach.
- (36) Maidir leis an gcritéar a leagtar síos i bpointe 1.4(c) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, tugann an Coimisiún faoi deara go bhfuil luach bonnlíne CAAS Phoblacht na Seice, mar atá, EUR 41,95 i dtéarmaí réadacha ar phraghsanna 2017 ("EUR2017"), 8,0 % níos airde ná meánluach bonnlíne an ghrúpa comparáide ábhartha, mar atá, EUR 38,85 in EUR2017. Tugann an Coimisiún dá aire go méadaíonn an difríocht fós le linn TT3, óir tá costas aonaid Phoblacht na Seice arna shuíomh i leith 2024 12,4 % níos airde ná meán an ghrúpa comparáide.
- (37) Scrúdaigh an Coimisiún a thuilleadh an féidir a mheas gur gá agus gur comhréireach, faoi phointe 1.4(d) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, na diallais a thugtar faoi deara in aithrisí (33), (34) agus (36), ar an gcoinníoll gur i ngeall ar chostais bhreise arna suíomh a bhaineann le bearta is gá chun na spriocanna feidhmíochta i bpríomhréimse feidhmíochta na hacmhainneachta, nó i ngeall ar bhearta athstruchtúraithe de réir bhrí Airteagal 2(18) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, agus i ngeall orthu siúd amháin, atá na diallais ón treocht uile-Aontais CAAS agus ón treocht fhadtéarmach uile-Aontais CAAS a thugtar faoi deara.
- (38) Maidir leis an gcritéar a shonraítear faoi phointe 1.4(d)(i) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, tugann an Coimisiún faoi deara go leagann Poblacht na Seice amach, ina dréachtphlean feidhmíochta, raon leathan de bhearta a chuirfidh ANSP (ANS CR) i gcrích chun na spriocanna áitiúla acmhainneachta a bhaint amach. Áitíonn Poblacht na Seice nach mbeadh ANS CR in ann freastal ar an leibhéal tráchta a taifeadh in 2019, sa chomhthéacs réamh phaindéim COVID, mura ndéanfaí mórinfheistíocht i gcórais, i nósanna imeachta agus i bhfoireann oibríochtaí le linn RP3, ós rud é go bhfuil an trácht ag éirí níos casta i rith an ama.
- (39) Go deimhin, is é is aidhm do na bearta feabhsaithe acmhainneachta a leagtar amach sa dréachtphlean feidhmíochta méadú struchtúrach ar acmhainneacht agus ar tháirgiúlacht a chur ar fáil i ndáil le seirbhísí eitiltí faoi bhealach, go háirithe trína chur ar chumas do rialtóirí aerthráchta a raibh an fhreagracht orthu roimhe seo as aeradróim a rialú ag aerfoirt réigiúnacha freagrachtaí nua a ghabháil orthu féin i ndáil le rialú aerspáis níos ísle i leith eitiltí faoi bhealach. I measc na mbearta bunúsach tá próiseas oiliúna tiomnaithe do na rialtóirí aerthráchta lena mbaianeann, atheagrú na hoibre laistigh den chuideachta agus athlimistéarú an aerspáis. Ag tarraingt ar an tionscnamh seo agus ar rialtóirí aerthráchta nua a earcú, léiríonn an líon rialtóirí aerthráchta atá beartaithe go bhfuil méadú suntasach ann le linn RP3 i gcomparáid le leibhéal 2019. Tá coinne le rannchuidiú dearfach eile ón gcóras nua BAT atá beartaithe a chur i mbun oibríochta in 2022.



- (40) Ar bhonn na hanailíse mionsonraithe ón gcomhlacht um athbhreithniú ar an bhfeidhmíocht, measann an Coimisiún go bhfuil fíorghá leis na bearta ábhartha a leagtar amach i ndrúachtphlean feidhmíochta Phoblacht na Seice chun na spriocanna áitiúla acmhainneachta a bhaint amach. Thairis sin, agus ag féachaint don mheastóireacht a rinne an comhlacht um athbhreithniú ar an bhfeidhmíocht, is féidir a shuí gur mó costais bhreise na mbeart sin ná na diallais ón treocht uile-Aontais CAAS agus ón treocht fhadtéarmach uile-Aontais CAAS dá dtagraítear in aithrisí (33) agus (34).
- (41) I bhfianaise na mbreithnithe in aithrisí (38) go (40), suíonn an Coimisiún go gcomhlíontar, i leith Phoblacht na Seice, an critéar a leagtar amach i bpointe 1.4(d)(i).
- (42) De bhun na mbreithnithe thuasluaite is léir nach gá a scrúdú a thuilleadh an gcomhlíonfaí, i leith Phoblacht na Seice, an critéar a leagtar amach faoi phointe 1.4(d)(ii).
- (43) Ar bhonn na dtorthaí a leagtar amach in aithrisí (33) agus (42), is é an measúnú ba cheart a dhéanamh ar na dréachtspríocanna i ndrúachtphlean feidhmíochta Phoblacht na Seice go bhfuil siad comhsheasmhach leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais i bpríomhréimse feidhmíochta na costéifeachtúlachta.

#### **Athbhreithniú ar na dréachtspríocanna costéifeachtúlachta le haghaidh seirbhísí aerloingseoireachta críochfoirt**

- (44) Maidir leis na haerfoirt a thagann faoi raon feidhme Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317 mar a leagtar amach in Airteagal 1(3) agus (4) den Rialachán sin, chomhlánaigh an Coimisiún a mheasúnú ar na dréachtspríocanna costéifeachtúlachta faoi bhealach le hathbhreithniú ar na dréachtspríocanna costéifeachtúlachta le haghaidh seirbhísí aerloingseoireachta críochfoirt i gcomhréir le pointe 2.1(c) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317. Fuarthas ábhar inní sna dréachtspríocanna sin i gcás Phoblacht na Seice.
- (45) Nuair a chuirtear an CAAS críochfoirt i gcomparáid le feidhmíocht aerfort incomparáide i leith TT3, tugann an Coimisiún faoi deara go meastar gurb airde i bhfad CAAS le haghaidh aerfort Phrág ná CAAS airmheánach na n-aerfort ábhartha.
- (46) Dá bhrí sin, measann an Coimisiún gur cheart do Phoblacht na Seice, i dtaca le glacadh a phlean feidhmíochta chríochnaithigh i gcomhréir le hAirteagal 16, pointe (a) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, breis údair a thabhairt maidir leis na spriocanna costéifeachtúlachta críochfoirt i leith TT3 i bhfianaise na mbreithnithe a leagtar amach in aithris (45), sin nó ba cheart di na spriocanna sin a athbhreithniú anuas.

#### **Athbhreithniú ar na scéimeanna dreasachtaí dá dtagraítear in Airteagal 11 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317 mar chomhlánú ar mheasúnú an Choimisiúin ar na dréachtspríocanna acmhainneachta**

- (47) I gcomhréir le pointe 2.1(f) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, maidir leis na dréachtspríocanna acmhainneachta, chomhlánaigh an Coimisiún a mheasúnú le hathbhreithniú ar na dréachtscéimeanna dreasachtaí dá dtagraítear in Airteagal 11 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317. I ndáil leis sin, scrúdaigh an Coimisiún an gcomhlíonann na dréachtscéimeanna dreasachtaí na ceanglais shubstainteacha a leagtar amach in Airteagal 11(1) agus (3) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317. Fuarthas ábhar inní sna dréachtscéimeanna dreasachtaí atá i ndrúachtphlean feidhmíochta Phoblacht na Seice.
- (48) Tugann an Coimisiún faoi deara, maidir leis an scéim dreasachtaí le haghaidh acmhainneacht eitiltí faoi bhealach a mholtar i ndrúachtphlean feidhmíochta Phoblacht na Seice agus leis an scéim dreasachtaí le haghaidh acmhainneacht críochfoirt a mholtar ann araon, go gcuimsíonn siad uas-mhíbhuntáiste airgeadais is ionann agus 0,50 % de na costais arna suíomh agus uasbhuntáiste airgeadais is ionann agus 0,50 % de na costais arna suíomh.
- (49) Maidir leis na scéimeanna dreasachtaí sin, tá an Coimisiún go mór in amhras, ar bhonn comhairle shaineolach a sholáthair an comhlacht um athbhreithniú ar an bhfeidhmíocht, an imreodh an t-uas-mhíbhuntáiste airgeadais a mholtar, arb ionann é agus 0,50 % de na costais arna suíomh, aon tionchar ábhartha ar an ioncam atá i mbaol, mar a cheanglaítear de bhun Airteagal 11(3), pointe (a) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317.

- (50) Ba cheart do Phoblacht na Seice, dá bhí sin, i dtaca le glacadh a phlean feidhmíochta chríochnaithigh i gcomhréir le hAirteagal 16, pointe (a) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, athbhreithniú a dhéanamh ar a scéimeanna dreasachtaí chun na spriocanna acmhainneachta faoi bhealach agus acmhainneachta críochoirt a bhaint amach sa chaoi go socrófar na huas-mhíbhuntáistí de bhun na scéimeanna dreasachtaí sin ar leibhéal a imreoidh tionchar ábhartha ar an ioncam atá i mbaol, mar a cheanglaítear go sonrach faoi Airteagal 11(3), pointe (a) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, agus is é tuairim an Choimisiúin gur cheart go socrófaí, mar thoradh air sin, an t-uas-mhíbhuntáiste airgeadais ar leibhéal is ionann agus 1 % de na costais arna suíomh nó níos airde ná sin.

### CONCLÚIDÍ

- (51) Ar bhonn an mheasúnaithe a leagtar amach in aithrisí (9) go (50), tá sé suite ag an gCoimisiún go bhfuil na spriocanna feidhmíochta atá sa dréachtphlean feidhmíochta a chuir Poblacht na Seice isteach comhsheasmhach leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais.
- (52) Tugann an Coimisiún dá aire go bhfuil sé tugtha le fios ag roinnt Ballstát go bhfuil sé i gceist acu ítimí costais a bhaineann le ladrainn a bhrath ag na haerfoirt a chur lena mbonn costais i leith TT3. Ní raibh an Coimisiún in ann a shuí go beacht, ar bhonn na n-eilimintí atá sna dréachtphleananna feidhmíochta, cé mhéad a chuir na Ballstáit costais shuite den chineál sin lena mbonn costais i leith TT3, ná, i gcásanna inar chuir, cé mhéad a thabhaítear iad i ndáil le soláthar na seirbhísí aerloingseoireachta, rud a d'fhágfadh gurbh fhéidir a mheas gur costais incháilithe iad faoin scéim feidhmíochta agus muirearaithe. Tá iarraidh *ad hoc* ar fhaisnéis curtha ag seirbhísí an Choimisiúin chuig na Ballstáit uile chun faisnéis ábhartha a bhailiú, agus déanfaidh siad tuilleadh scrúdaithe ar na costais a thuairiscítear maidir le ladrainn a bhrath ag na haerfoirt i gcomhthéacs an fhíoraithe ar chomhlíontacht na rátaí aonaid. Tá an Cinneadh seo gan dochar do thorthaí ná do chonclúidí an Choimisiúin maidir le costais braite na ladrann.
- (53) Mar fhreagairt ar ionsaí míleata na Rúise ar an Úcráin, a thosaigh an 24 Feabhra 2022, tá bearta sriantacha glactha ag an Aontas lena gcuirtear toirmeasc ar aeriompróirí Rúiseacha, ar aon aerárthach atá cláraithe sa Rúis agus ar aon aerárthach nach bhfuil cláraithe sa Rúis ach atá faoi úinéireacht, ar chairtfhostú, nó faoi rialú ar shlí eile ag aon duine nádúrtha nó dlítheanach Rúiseach nó ag aon eintiteas nó comhlacht Rúiseach tuirlingt i gcríoch an Aontais, éirí de thalamh uaithi, nó eitilt thairsti. Tá laghdú ag teacht ar an aerthrácht san aerspás os cionn chríoch an Aontais i ngeall ar na bearta sin. Níor cheart, ámh, go mbeadh an tionchar ar an leibhéal uile-Aontais incomparáide leis an laghdú ar an aerthrácht de dheasca ráig phaindéim COVID-19 i mí an Mhárta 2020. Dá bhí sin, is iomchuí na bearta agus na próisis atá ann faoi láthair le haghaidh chur chun feidhme na scéime feidhmíochta agus muirearaithe le linn TT3 a choinneáil ar bun.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

#### *Airteagal 1*

Na spriocanna feidhmíochta atá sa dréachtphlean feidhmíochta a chuir Poblacht na Seice isteach de bhun Rialachán (CE) Uimh. 549/2004 agus a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo, tá siad comhsheasmhach leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais i leith an tríú tréimhse tagartha a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/891.

#### *Airteagal 2*

Is chuig Poblacht na Seice a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 13 Aibreán 2022.

*Thar ceann an Choimisiúin*  
Adina VĂLEAN  
*Comhalta den Choimisiún*

## IARSCRÍBHINN

Na spriocanna feidhmíochta atá san áireamh sa dréachtphlean feidhmíochta a chuir Poblacht na Seice isteach de bhun Rialachán (CE) Uimh. 549/2004 agus a fuarthas go bhfuil siad comhsheasmhach leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais le haghaidh an tríú tréimhse thagartha.

## PRÍOMHRÉIMSE FEIDHMÍOCHTA SÁBHÁILTEACHTA

## Éifeachtacht na bainistíochta sábháilteachta

Poblacht na Seice	Spriocanna maidir le héifeachtacht na bainistíochta sábháilteachta, arna sloinneadh mar leibhéal cur chun feidhme, ó leibhéal EASA A go D				
An soláthraí seirbhísí aerloingseoireachta lena mbaineann	Cuspóir na bainistíochta sábháilteachta	2021	2022	2023	2024
ANS CR	Beartas agus cuspóirí sábháilteachta	C	C	C	C
	Bainistíocht riosca sábháilteachta	D	D	D	D
	Dearbhú sábháilteachta	C	C	C	C
	Cur chun cinn na sábháilteachta	C	C	C	C
	Cultúr sábháilteachta	C	C	C	C

## PRÍOMHRÉIMSE FEIDHMÍOCHTA AN CHOMHSHAOIL

## Meánéifeachtúlacht chothrománach eitilte faoi bhealach an ruthaig eitilte iarbhír

	2021	2022	2023	2024
Dréacht de spriocanna comhshaoil faoi bhealach Phoblacht na Seice, arna sloinneadh mar mheánéifeachtúlacht chothrománach faoi bhealach an ruthaig eitilte iarbhír	2,05 %	2,05 %	2,05 %	2,05 %
Luachanna tagartha do Phoblacht na Seice	2,05 %	2,05 %	2,05 %	2,05 %

## PRÍOMHRÉIMSE FEIDHMÍOCHTA ACMHAINNEACHTA

## Meánmhoill ATFM eitilte faoi bhealach i nóiméid in aghaidh na heitilte

	2021	2022	2023	2024
Dréacht de spriocanna acmhainneachta faoi bhealach Phoblacht na Seice, i nóiméid ar mhoill ATFM in aghaidh na heitilte	0,06	0,11	0,11	0,11
Luachanna tagartha do Phoblacht na Seice	0,06	0,11	0,11	0,11

**PRÍOMHRÉIMSE FEIDHMÍOCHTA COSTÉIFEACHTÚLACHTA**

**Costas aonaid arna shuíomh le haghaidh seirbhísí aerloingseoireachta faoi bhealach**

<b>Limistéar muirearaithe faoi bhealach Phoblacht na Seice</b>	<b>Luach bonnlíne 2014</b>	<b>Luach bonnlíne 2019</b>	<b>2020 -2021</b>	<b>2022</b>	<b>2023</b>	<b>2024</b>
<b>Dréacht de spriocanna costéifeachtúlachta faoi bhealach</b> arna sloinneadh mar chostas aonaid faoi bhealach arna shuíomh (i dtéarmaí réadacha ag praghsanna 2017)	<b>1 224,0 CZK</b>	<b>1 103,6 CZK</b>	<b>2 090,6 CZK</b>	<b>1 557,2 CZK</b>	<b>1 381,7 CZK</b>	<b>1 212,0 CZK</b>
	EUR 46,52	EUR 41,95	EUR 79,46	EUR 59,18	EUR 52,51	EUR 46,06

**CINNEADH (AE) 2022/773 ÓN gCOIMISIÚN**  
**an 13 Aibreán 2022**

**maidir le comhsheasmhacht na spriocanna feidhmíochta atá sa dréachtphlean feidhmíochta a chuir an Iodáil isteach de bhun Rialachán (CE) Uimh. 549/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais i leith an tríú tréimhse tagartha**

*(a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhociméad C(2022) 2294)*

**(Is é an téacs Iodáilise amháin atá barántúil)**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 549/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Márta 2004 lena leagtar síos an creat chun aerspás Eorpach aonair a chruthú (an creat-Rialachán) <sup>(1)</sup>, agus go háirithe Airteagal 11(3), pointe (c), an chéad mhír, de,

Ag féachaint do Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317 ón gCoimisiún an 11 Feabhra 2019 lena leagtar síos scéim feidhmíochta agus muirearaithe san aerspás Eorpach aonair <sup>(2)</sup>, agus go háirithe Airteagal 14(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

**BREITHNITHE GINEARÁLTA**

- (1) De bhun Airteagal 11 de Rialachán (CE) Uimh. 549/2004, tá scéim feidhmíochta le haghaidh seirbhísí aerloingseoireachta agus feidhmeanna líonra aerloingseoireachta le bunú. Thairis sin, de bhun Airteagal 10 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317 ón gCoimisiún, tá na Ballstáit le spriocanna feidhmíochta ceangailteacha a tharraingt suas, ar an leibhéal náisiúnta nó ar leibhéal na mbloc feidhme aerspáis, i leith gach tréimhse tagartha den scéim feidhmíochta le haghaidh seirbhísí aerloingseoireachta agus feidhmeanna líonra aerloingseoireachta. Ní mór na spriocanna feidhmíochta sin a bheith comhsheasmhach leis na spriocanna uile-Aontais arna ghlacadh ag an gCoimisiún i leith na tréimhse tagartha lena mbaineann. Is é an Coimisiún atá freagrach as measúnú a dhéanamh an bhfuil na spriocanna feidhmíochta molta atá sna dréachtphleananna arna dtarraingt suas ag na Ballstáit comhsheasmhach leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais, agus na critéir mheasúnaithe a leagtar amach in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317 á úsáid aige.
- (2) Ó bhí an chéad ráithe den bhliain féilire 2020 ann, bhí tionchar suntasach ag ráig phaindéim COVID-19 ar earnáil an aeriompair agus tá méid an aerthrátha laghdaithe go mór i gcomparáid leis na leibhéil roimh an bpaindéim, mar gheall ar na bearta a rinne na Ballstáit agus tríú tíortha chun an paindéim a shrianadh.
- (3) Leagadh spriocanna feidhmíochta uile-Aontais i leith an tríú tréimhse thagartha ("TT3") síos i dtosach i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/903 ón gCoimisiún <sup>(3)</sup>. Maidir leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais sin agus na dréachtphleananna feidhmíochta TT3 a chuir na Ballstáit isteach ina dhiaidh sin, ós rud é gur tarraingíodh suas iad sular tharla ráig phaindéim COVID-19, ní fhéadfaí an t-athrú suntasach a tháinig ar na dálaí aeriompair de dheasca na paindéime a chur san áireamh iontu.

<sup>(1)</sup> IO L 96, 31.3.2004, lch. 1.

<sup>(2)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317 ón gCoimisiún an 11 Feabhra 2019 lena leagtar síos scéim feidhmíochta agus muirearaithe san aerspás Eorpach aonair agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 390/2013 agus (AE) Uimh. 391/2013 (IO L 56, 25.2.2019, lch. 1).

<sup>(3)</sup> Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/903 ón gCoimisiún an 29 Bealtaine 2019 lena leagtar síos spriocanna feidhmíochta uile-Aontais le haghaidh an líonra um bainistíocht aerthrátha i ndáil leis an tríú tréimhse thagartha dar tús an 1 Eanáir 2020 agus dar críoch an 31 Nollaig 2024 (IO L 144, 3.6.2019, lch. 49).

- (4) Mar fhreagairt ar thionchar phaindéim COVID-19 ar sholáthar seirbhísí aerloingseoireachta, leagadh amach bearta eisceachtúla le haghaidh an tríú tréimhse thagartha, de mhaolú ar Rialachán (AE) 2019/317, i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1627 ón gCoimisiún <sup>(4)</sup>. De bhun Airteagal 2(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1627, ghlac an Coimisiún, an 2 Meitheamh 2021, Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/891 <sup>(5)</sup> lena leagtar spriocanna feidhmíochta athbhreithnithe uile-Aontais amach i leith TT3.
- (5) Tugann an Coimisiún dá aire gurb é a thuairt le réamhaisnéis tráchta bhonnlíne Sheirbhís Staidrimh agus Réamhaisnéise Eurocontrol ('STATFOR') ó mhí Dheireadh Fómhair 2021 go sroichfidh an t-aerthrácht ar an leibhéal uile-Aontais na leibhéil ar a raibh sé roimh an bpaindéim le linn 2023 agus go sáróidh sé na leibhéil sin in 2024. Mar sin féin, tá leibhéal ard éiginnteachta fós ag baint le forbairt an tráchta mar gheall ar na rioscaí a bhaineann le forbairt staid eipidéimeolaíoch COVID-19. Tugann an Coimisiún dá aire, freisin, go meastar go dtiocfaidh téarnamh míchothrom ar an aerthrácht sna Ballstáit éagsúla.
- (6) Tá dréachtphleananna feidhmíochta, agus spriocanna áitiúla feidhmíochta iontu i leith TT3, tiomsaithe agus glactha ag na Ballstáit uile, agus cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin iad lena measúnú faoin 1 Deireadh Fómhair 2021. Tar éis a fhíorú don Choimisiún arbh iomlán do na dréachtphleananna feidhmíochta sin, d'iarr sé ar Bhallstáit dréachtphleananna feidhmíochta athbhreithnithe a chur faoina bhráid faoin 17 Samhain 2021. An measúnú ón gCoimisiún a chuirtear i láthair sa Chinneadh seo, is ar an dréachtphlean feidhmíochta athbhreithnithe a chuir an Iodáil isteach atá sé bunaithe.
- (7) Tá tuarascáil curtha faoi bhráid an Choimisiúin ag an gcomhlacht um athbhreithniú ar an bhfeidhmíocht a thugann cúnaimh don Choimisiún maidir le cur chun feidhme na scéime feidhmíochta de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (CE) Uimh. 549/2004, agus comhairle uaidh inti maidir leis an measúnú ar na dréachtphleananna feidhmíochta i leith TT3.
- (8) I gcomhréir le hAirteagal 14(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, rinne an Coimisiún measúnú ar chomhsheasmhacht na spriocanna feidhmíochta áitiúla atá beartaithe ag an Iodáil ar bhonn na gcritéar measúnaithe a leagtar síos i bpointe 1 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin, agus imthosca áitiúla á gcur san áireamh. Chomhlánaigh an Coimisiún an measúnú, i leith gach príomhréimse feidhmíochta agus na spriocanna feidhmíochta a bhaineann leis, trí athbhreithniú a dhéanamh ar na dréachtphleananna feidhmíochta i leith na n-eilimintí a leagtar amach i bpointe 2 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin.

## MEASÚNÚ ÓN gCOIMISIÚN

### Measúnú ar na dréachtspriocanna feidhmíochta i bpríomhréimse feidhmíochta na sábháilteachta

- (9) Maidir le príomhréimse feidhmíochta na sábháilteachta, rinne an Coimisiún measúnú ar chomhsheasmhacht na spriocanna a chuir an Iodáil faoina bhráid maidir lena héifeachtaí a dhéanann soláthraithe seirbhísí aerloingseoireachta bainistíocht ar an tsábháilteacht, ar bhonn an chritéir a leagtar síos i bpointe 1.1 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317. Rinneadh an measúnú sin agus imthosca áitiúla á gcur san áireamh agus rinneadh é a chomhlánú leis an athbhreithniú ar bhearta atá beartaithe chun na spriocanna sábháilteachta a bhaint amach i ndáil leis na heilimintí a leagtar amach i bpointe 2.1 (a) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317.
- (10) Is iad seo a leanas na dréachtspriocanna feidhmíochta i bpríomhréimse feidhmíochta na sábháilteachta a mholann an Iodáil i leith éifeachtacht na bainistíochta sábháilteachta, arna miondealú de réir na gcuspóirí bainistíochta sábháilteachta agus arna sloinneadh mar leibhéil cur chun feidhme:

<sup>(4)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1627 ón gCoimisiún an 3 Samhain 2020 maidir le bearta eisceachtúla i ndáil leis an tríú tréimhse thagartha (2020-2024) den scéim feidhmíochta agus muirearaithe san aerspás Eorpach de dheasca phaindéim COVID-19 (IO L 366, 4.11.2020, lch. 7).

<sup>(5)</sup> Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/891 ón gCoimisiún an 2 Meitheamh 2021 lena leagtar síos spriocanna feidhmíochta athbhreithnithe uile-Aontais le haghaidh an líonra um bainistíocht aerthráchta i ndáil leis an tríú tréimhse thagartha (2020-2024) agus lena n-aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/903 (IO L 195, 3.6.2021, lch. 3).

An Iodáil	Spriocanna le haghaidh éifeachtacht na bainistíochta sábháilteachta, arna sloinneadh mar leibhéal cur chun feidhme i raon idir leibhéal A agus D de chuid EASA				
An soláthraí seirbhísí aerloingseoireachta lena mbaineann	An cuspóir bainistíochta sábháilteachta	2021	2022	2023	2024
ENAV	Beartas sábháilteachta agus cuspóirí	C	C	C	<b>C</b>
	Bainistiú riosca sábháilteachta	C	C	D	<b>D</b>
	Dearbhú sábháilteachta	C	C	C	<b>C</b>
	Cur chun cinn na sábháilteachta	C	C	C	<b>C</b>
	Cultúr sábháilteachta	C	C	C	<b>C</b>

- (11) Maidir leis na dréachtspriocanna sábháilteachta a mhol an Iodáil le haghaidh an tsoláthraí seirbhísí aerloingseoireachta (ENAV), is é conclúid an Choimisiúin go bhfuil sé beartaithe leibhéal na sprice feidhmíochta uile-Aontais a bhaint amach in 2023 i gcás an chuspóra 'bainistiú riosca sábháilteachta', agus, i gcás na gcuspóirí bainistíochta sábháilteachta eile, go gcomhlíonann na spriocanna áitiúla feidhmíochta leibhéal na sprice feidhmíochta uile-Aontais i leith gach bliana féilire ó 2021 go 2024.
- (12) Tugann an Coimisiún dá aire go leagtar amach sa dréachtphlean feidhmíochta a thíolaic an Iodáil bearta éagsúla le haghaidh ENAV chun na spriocanna sábháilteachta áitiúla a bhaint amach, amhail sonraí sábháilteachta a lárú agus modheolaíochtaí nua a fhorbairt le haghaidh imscrúduithe sábháilteachta, feabhas a chur ar 'cultúr sábháilteachta' agus 'éifeachtacht na bainistíochta sábháilteachta' trí bhíthin suirbhéanna nua agus pleananna gníomhaíochta, chomh maith le 'bainistiú riosca sábháilteachta' a fheabhsú trí phróiseas feabhsaithe measúnaithe agus faireacháin.
- (13) Ar bhonn na dtorthaí a leagtar amach in aithrisí (11) agus (12), agus de bhrí nach mór na spriocanna feidhmíochta sábháilteachta uile-Aontais a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/891 a bhaint amach faoi bhliain dheireanach TT3, eadhon 2024, ba cheart, maidir leis na dréachtspriocanna atá i ndrúchtphlean feidhmíochta na hIodáile, gurb é an measúnú a dhéantar orthu go bhfuil siad comhsheasmhach leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais i bpríomhréimse feidhmíochta na sábháilteachta.

#### Measúnú ar na dréachtspriocanna feidhmíochta i bpríomhréimse feidhmíochta an chomhshaoil

- (14) Maidir le príomhréimse feidhmíochta an chomhshaoil, rinneadh measúnú ar chomhsheasmhacht na spriocanna a chuir an Iodáil isteach maidir le meánéifeachtúlacht chothrománach eitlete faoi bhealach a bhaineann leis an ruthag eitlete iarbhrí, ar bhonn an chritéir a leagtar síos i bpointe 1.2 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317. Dá réir sin, cuireadh na spriocanna a mholtar i ndrúchtphlean feidhmíochta na hIodáile i gcomparáid leis na luachanna tagartha ábhartha le haghaidh éifeachtúlacht chothrománach na heitlete faoi bhealach a leagtar amach i bplean feabhsúcháin líonra aerbhealaí na hEorpa a bhí ar fáil nuair a glacadh na spriocanna feidhmíochta athbhreithnithe uile-Aontais i leith TT3, eadhon an 2 Meitheamh 2021. Rinneadh an measúnú sin agus imthosca áitiúla á gcur san áireamh agus rinneadh é a chomhlánú leis an athbhreithniú ar bhearta atá beartaithe chun na spriocanna comhshaoil a bhaint amach faoi phointe 2.1(a) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317.
- (15) I gcás bhliain féilire 2020, ní dhearnadh athbhreithniú le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/891 ar an sprioc feidhmíochta uile-Aontais i leith TT3 i bpríomhréimse feidhmíochta an chomhshaoil, sprioc a leagadh amach i dtosach i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/903, toisc go raibh an tréimhse le haghaidh chur i bhfeidhm na sprice sin imithe in éag agus, dá bhrí sin, go raibh sí curtha chun feidhme go críochnaitheach cheana, rud a d'fhág nárbh fhéidir coigeartuithe cúlghabhálacha a dhéanamh. Dá réir sin, níor iarradh ar na Ballstáit athbhreithniú a dhéanamh ar a spriocanna áitiúla feidhmíochta i leith bhliain féilire 2020 i bpríomhréimse feidhmíochta an chomhshaoil sna dréachtphleananna feidhmíochta a bhí le cur isteach faoin 1 Deireadh Fómhair 2021. Dá bhrí sin, an measúnú ar chomhsheasmhacht na spriocanna áitiúla feidhmíochta comhshaoil leis na spriocanna feidhmíochta comhfhreagracha uile-Aontais, ba cheart é a dhéanamh i leith bhlianta féilire 2021, 2022, 2023 agus 2024.

- (16) Is iad seo a leanas na dréachtspríocanna feidhmíochta i bpríomhréimse feidhmíochta an chomhshaoil a mholann an Iodáil, mar aon leis na luachanna tagartha náisiúnta comhfhreagracha i leith TT3 ó phlean feabhsúcháin líonra aerbhealaí na hEorpa, arna sloinneadh mar mheánéifeachtúlacht chothrománach eiltite faoi bhealach a bhaineann leis an ruthag eiltite iarbhr:

	2021	2022	2023	2024
<b>Dréachtspríocanna comhshaoil eiltítí faoi bhealach na hIodáile</b> , arna sloinneadh mar mheánéifeachtúlacht chothrománach eiltite faoi bhealach a bhaineann leis an ruthag eiltite iarbhr	2,67 %	2,67 %	2,67 %	2,67 %
Luachanna tagartha le haghaidh na hIodáile	2,67 %	2,67 %	2,67 %	2,67 %

- (17) Tugann an Coimisiún faoi deara gurb ionann na dréachtspríocanna comhshaoil a mholann an Iodáil agus na luachanna tagartha náisiúnta comhfhreagracha i gcás gach bliana féilire ó 2021 go 2024.
- (18) Maidir le pointe 2.1(a) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme 2019/317, tugann an Coimisiún dá aire go bhfuil bearta curtha i láthair ag an Iodáil sna dréachtphleananna feidhmíochta chun na spríocanna áitiúla comhshaoil a bhaint amach, lena n-áirítear plean aistrithe le haghaidh na loingseoireachta feidhmíocht bhunaithe, feabhsúcháin aerthráchta isteach i gcúig aerfort mhóra a bhainistiú, atheagrúchán roinnt limistéir rialaithe chomh maith le húsáid sholúbtha aerspáis a chur i bhfeidhm níos mó chun freagairt ar an éileamh ar bhonn sásúil.
- (19) Thairis sin, tugann an Coimisiún faoi deara go bhfuil an t-aerspás saorbhealaigh curtha chun feidhme ag an Iodáil cheana os cionn leibhéal eiltite 305 agus molann sé don Iodáil féachaint leis an aerspás saorbhealaigh a mhéadú le linn TT3.
- (20) Ar bhonn na dtorthaí a leagtar amach in aithrisí (17) agus (19), is é an measúnú ba cheart a dhéanamh ar na dréachtspríocanna i ndréachtphlean feidhmíochta na hIodáile go bhfuil siad comhsheasmhach leis na spríocanna feidhmíochta uile-Aontais i bpríomhréimse feidhmíochta an chomhshaoil.

#### **Measúnú ar na dréachtspríocanna feidhmíochta i bpríomhréimse feidhmíochta na hacmhainneachta**

- (21) Maidir le príomhréimse feidhmíochta na hacmhainneachta, rinneadh measúnú ar chomhsheasmhacht na spríocanna a chuir na hIodáile isteach maidir leis an meánmhoill i mbainistiú na sreibe aerthráchta ('ATFM') faoi bhealach in aghaidh na heiltite, ar bhonn an chritéir a leagtar síos i bpointe 1.3 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317. Dá réir sin, cuireadh na spríocanna a mholtar i ndréachtphlean feidhmíochta na hIodáile i gcomparáid leis na luachanna tagartha ábhartha a leagtar amach sa Phlean Oibríochta Gréasáin a bhí ar fáil nuair a glacadh na spríocanna feidhmíochta athbhreithnithe uile-Aontais i leith TT3, eadhon an 2 Meitheamh 2021. Rinneadh an measúnú sin agus imthosca áitiúla á gcur san áireamh agus rinneadh é a chomhlánú leis an athbhreithniú ar bhearta atá beartaíte chun na spríocanna acmhainneachta a bhaint amach faoi phointe 2.1(a) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317.
- (22) I gcás bhliain féilire 2020, ní dhearnadh athbhreithniú le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/891 ar an sprioc feidhmíochta uile-Aontais i leith TT3 i bpríomhréimse feidhmíochta na hacmhainneachta, sprioc a leagadh amach i dtosach i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/903, toisc go raibh an tréimhse le haghaidh chur i bhfeidhm na sprice sin imithe in éag agus, dá bhrí sin, go raibh sí curtha chun feidhme go críochnaitheach cheana, rud a d'fhág nárbh fhéidir coigeartuithe cúlghabhálacha a dhéanamh. Dá réir sin, níor iarradh ar na Ballstáit athbhreithniú a dhéanamh ar a spríocanna áitiúla feidhmíochta i leith bhliain féilire 2020 i bpríomhréimse feidhmíochta na hacmhainneachta sna dréachtphleananna feidhmíochta a bhí le cur isteach faoin 1 Deireadh Fómhair 2021. Dá bhrí sin, an measúnú ar chomhsheasmhacht na spríocanna áitiúla feidhmíochta acmhainneachta leis na spríocanna feidhmíochta comhfhreagracha uile-Aontais, ba cheart é a dhéanamh i leith bhlianta féilire 2021, 2022, 2023 agus 2024.
- (23) Is iad seo a leanas na dréachtspríocanna acmhainneachta eiltítí faoi bhealach a mholann an Iodáil i leith TT3, arna sloinneadh i nóiméid mhoille ATFM in aghaidh na heiltite, mar aon leis na luachanna tagartha comhfhreagracha ón bPlean Oibríochta Líonra:

	2021	2022	2023	2024
<b>Dréachtspríocanna acmhainneachta eiltítí faoi bhealach na hIodáile</b> i nóiméid mhoille ATFM in aghaidh na heiltite	0,07	0,11	0,11	0,11
Luachanna tagartha le haghaidh na hIodáile	0,07	0,11	0,11	0,11



- (24) Tugann an Coimisiún faoi deara gurb ionann na dréachtspríocanna acmhainneachta a mholann an Iodáil agus na luachanna tagartha náisiúnta comhfhreagracha i gcás gach bliana féilire ó 2021 go 2024.
- (25) Maidir le pointe 2.1(a) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme 2019/317, tugann an Coimisiún dá aire go bhfuil raon beart curtha i láthair ag an Iodáil sa dréachtphean feidhmíochta chun na spriocanna áitiúla acmhainneachta eiltí faoi bhealach a bhaint amach. Áirítear ar na bearta sin feabhsú a chur ar Choincheap na Cumraíochta Solúbtha a thuilleadh, córas nua Bainistithe Aerthráchta (ATM) a thabhairt isteach, méadú ar FTEnna rialtóirí aerthráchta (ATCO) i bhformhór na lárionad rialaithe limistéar chomh maith le roinnt beart chun bainistiú aerspáis a fheabhsú.
- (26) Ar bhonn na dtorthaí a leagtar amach in aithrisí (24) agus (25), is é an measúnú ba cheart a dhéanamh ar na dréachtspríocanna i ndrúachtphean feidhmíochta na hIodáile go bhfuil siad comhsheasmhach leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais i bpríomhréimse feidhmíochta na hacmhainneachta.

#### **Athbhreithniú ar na dréachtspríocanna acmhainneachta le haghaidh seirbhísí aerloingseoireachta críochfoirt**

- (27) Maidir leis na haerfoirt a thagann faoi raon feidhme Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317 mar a leagtar amach in Airteagal 1(3) agus (4) den Rialachán sin, chomhlánaigh an Coimisiún a mheasúnú ar na dréachtspríocanna acmhainneachta eiltí faoi bhealach le hathbhreithniú ar na dréachtspríocanna acmhainneachta le haghaidh seirbhísí aerloingseoireachta críochfoirt i gcomhréir le pointe 2.1(b) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317. Fuarthas ábhar inní sna dréachtspríocanna sin i gcás na hIodáile.
- (28) Ar an gcéad dul síos, fuair an Coimisiún amach gurb airde na spriocanna le haghaidh na meánmhoille ATFM isteach i leith TT3, mar atá, i raon 0,41 go 0,30 nóiméad in aghaidh na heitilte i leith bhlianta féilire 2022 go 2024, níos airde ná an fheidhmíocht a baineadh amach i dtaca le moill ATFM isteach thart faoi dheireadh an dara tréimhse tagartha, mar atá, moill i raon ó 0,12 go 0,29 nóiméad in aghaidh na heitilte i leith bhlianta féilire 2018 go 2019 faoi seach.
- (29) Sa dara dul síos, nuair a cuireadh na dréachtspríocanna náisiúnta le haghaidh na meánmhoille ATFM isteach i gcomparáid, ar leibhéal na n-aerfort, leis an bhfeidhmíocht a bhaineadh aerfoirt inchomparáide amach le linn TT2, fuair an Coimisiún amach go meastar go mbeidh moilleanna ATFM níos faide ag aerfoirt Milano-Linate agus na Veinése ná mar a thuartar le haghaidh aerfoirt inchomparáide.
- (30) Measann an Coimisiún, dá bhrí sin, gur cheart don Iodáil, i dtaca le glacadh a phlean feidhmíochta chríochnaithigh i gcomhréir le hAirteagal 16, pointe (a) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, breis údair a thabhairt maidir leis na spriocanna acmhainneachta críochfoirt i leith TT3 i bhfianaise na mbreithnithe in aithrisí (28) agus (29), sin nó ba cheart di na spriocanna sin a athbhreithniú anuas.

#### **Measúnú ar na dréachtspríocanna feidhmíochta i bpríomhréimse feidhmíochta na costéifeachtúlachta**

- (31) Maidir le príomhréimse feidhmíochta na costéifeachtúlachta, rinneadh measúnú ar chomhsheasmhacht na spriocanna a chuir an Iodáil isteach maidir leis na costais aonaid arna suíomh ('CAAS') le haghaidh seirbhísí aerloingseoireachta eiltí faoi bhealach, ar bhonn na gcritéar a leagtar síos i bpointí 1.4(a), (b) agus (c) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317. Is iad na critéir sin an treocht CAAS le linn TT3, an treocht fhadtéarmach CAAS le linn TT2 agus TT3 (2015-2024), agus luach bonnlíne CAAS ar leibhéal an limistéir muirearaithe i gcomparáid le meánluach na limistéar muirearaithe a bhfuil timpeallacht oibríochtúil agus eacnamaíoch chomhchosúil ag soláthraithe seirbhísí aerloingseoireachta iontu.
- (32) Rinneadh measúnú ar na spriocanna éifeachtúlachta eiltí faoi bhealach agus imthosca áitiúla á gcur san áireamh. Comhlánaíodh an measúnú le hathbhreithniú ar na príomhfachtóirí agus na príomhpharaiméadair is bunús leis na spriocanna sin, mar a shonraítear i bpointe 2.1(d) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317.
- (33) Is iad seo a leanas na dréachtspríocanna costéifeachtúlachta eiltí faoi bhealach a mholann an Iodáil i leith TT3:

Limistéar muirearaithe eiltí faoi bhealach na hIodáile	Luach bonnlíne 2014	Luach bonnlíne 2019	2020 - 2021	2022	2023	2024
<b>Dréachtspríocanna costéifeachtúlachta eiltí faoi bhealach</b> arna sloinneadh mar chostas aonaid eiltí faoi bhealach arna shuíomh (i dtéarmaí réadacha ar phraghsanna 2017)	<b>79,97 EUR</b>	<b>63,46 EUR</b>	<b>123,72 EUR</b>	<b>73,67 EUR</b>	<b>61,52 EUR</b>	<b>57,80 EUR</b>

- (34) Maidir leis an gcritéar a leagtar síos i bpointe 1.4(a) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, tugann an Coimisiún faoi deara gur fearr treocht CAAS eiltí faoi bhealach na hIodáile ar leibhéal an limistéir muirearaithe le linn TT3, mar atá, -2,3 %, ná an treocht uile-Aontais le linn na tréimhse céanna, mar atá, +1,0 %.
- (35) Maidir leis an gcritéar a leagtar síos i bpointe 1.4(b) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, tugann an Coimisiún faoi deara gur fearr treocht fhadtéarmach CAAS eiltí faoi bhealach na hIodáile le linn TT2 agus TT3 ar leibhéal an limistéir muirearaithe, mar atá, -3,5 %, ná an treocht uile-Aontais le linn na tréimhse céanna, mar atá, -1,3 %.
- (36) Maidir leis an gcritéar a leagtar síos i bpointe 1.4(c) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, tugann an Coimisiún faoi deara go bhfuil luach bonnlíne CAAS na hIodáile, mar atá, EUR 63,46 i dtéarmaí réadacha ar phraghsanna 2017 ('EUR2017'), 7,2 % níos airde ná meánluach bonnlíne an ghrúpa comparáide ábhartha, mar atá, EUR 59,18 in EUR2017. Tugann an Coimisiún dá aire go bhfuil costas aonaid na hIodáile arna shuíomh fós níos airde ná meán an ghrúpa comparáide le linn TT3 ar fad, agus go bhfuil sé 3,6 % níos airde ná an meán sin i leith 2024.
- (37) Mar a leagtar amach in aithrisí (34) agus (35), is léir gur fearr i bhfad feidhmíocht na hIodáile ná an treocht CAAS uile-Aontais i leith TT3 agus an treocht fhadtéarmach CAAS uile-Aontais araon. Thairis sin, tá CAAS na hIodáile i leith 2024 níos ísle ná luachanna bonnlíne 2014 agus 2019, rud a léiríonn go bhfuil gnóthachain costéifeachtúlachta éifeachtacha á mbaint amach sa mheántearma agus san fhadtéarma araon. In ainneoin na difríochta idir luach bonnlíne na hIodáile agus an meánghrúpa comparáide a fheictear in aithris (36), tá sé léirithe ag an Iodáil gur fearr forbairt na costéifeachtúlachta ná na treochtaí uile-Aontais, rud a chuireann bonn leordhóthanach ar fáil chun comhsheasmhacht a bhunú leis na spriocanna feidhmíochta costéifeachtúlachta uile-Aontais le haghaidh TT3.
- (38) Ar bhonn na dtorthaí a leagtar amach in aithrisí (34) go (37), is é an measúnú ba cheart measúnú a dhéanamh ar na dréachtspríocanna i ndréchtphlean feidhmíochta na hIodáile go bhfuil siad comhsheasmhach leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais i bpríomhréimse feidhmíochta na costéifeachtúlachta.

#### **Athbhreithniú ar na dréachtspríocanna costéifeachtúlachta le haghaidh seirbhísí aerloingseoireachta críochfoirt**

- (39) Maidir leis na haerfoirt a thagann faoi raon feidhme Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317 mar a leagtar amach in Airteagal 1(3) agus (4) den Rialachán sin, chomhlánaigh an Coimisiún a mheasúnú le hathbhreithniú ar na dréachtspríocanna costéifeachtúlachta le haghaidh seirbhísí aerloingseoireachta críochfoirt i gcomhréir le pointe 2.1(c) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317. Fuarthas ábhar imní sna dréachtspríocanna sin i gcás na hIodáile.
- (40) Nuair a chuirtear an CAAS críochfoirt i gcomparáid le feidhmíocht aerfort inchoimparáide i leith TT3, tugann an Coimisiún faoi deara go meastar go bhfuil CAAS le haghaidh aerfoirt Róimh Fiumicino agus Milano Linate faoi seach níos airde go suntasach ná CAAS airmheánach na n-aerfort ábhartha.
- (41) Measann an Coimisiún, dá bhrí sin, gur cheart don Iodáil, i dtaca le glacadh a phlean feidhmíochta chríochnaithigh i gcomhréir le hAirteagal 16, pointe (a) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, breis údair a thabhairt maidir leis na spriocanna costéifeachtúlachta críochfoirt i leith TT3 i bhfianaise na mbreithnithe a leagtar amach in aithris (40), sin nó ba cheart di na spriocanna sin a athbhreithniú anuas.

#### **CONCLUÍDÍ**

- (42) Ar bhonn an mheasúnaithe a leagtar amach in aithrisí (9) go (41), tá sé suite ag an gCoimisiún go bhfuil na spriocanna feidhmíochta atá sa dréachtphlean feidhmíochta a chuir an Iodáil isteach comhsheasmhach leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais.
- (43) Tugann an Coimisiún dá aire go bhfuil sé tugtha le fios ag roinnt Ballstát go bhfuil sé i gceist acu ítimí costais a bhaineann le ladraínn a bhrath ag na haerfoirt a chur lena mbonn costais i leith TT3. Ní raibh an Coimisiún in ann a shuí go beacht, ar bhonn na n-eilimintí atá sna dréachtphleananna feidhmíochta, cé mhéad a chuir na Ballstáit costais shuite den chineál sin lena mbonn costais i leith TT3, ná, i gcásanna inar chuir, cé mhéad a thabhaítear iad i ndáil le soláthar na seirbhísí aerloingseoireachta, rud a d'fhágfadh gurbh fhéidir a mheas gur costais incháilithe iad faoin scéim feidhmíochta agus muirearaithe. Tá iarraidh *ad hoc* ar fhaisnéis curtha ag seirbhísí an Choimisiúin chuig na Ballstáit uile chun faisnéis ábhartha a bhailiú, agus déanfaidh siad tuilleadh scrúdaithe ar na costais a thuairiscítear maidir le ladraínn a bhrath ag na haerfoirt i gcomhthéacs an fhíoraithe ar chomhlíontacht na rátaí aonaid. Tá an Cinneadh seo gan dochar do thorthaí ná do chonclúidí an Choimisiúin maidir le costais braite na ladraínn.

- (44) Mar fhreagairt ar ionsaí míleata na Rúise ar an Úcráin, a thosaigh an 24 Feabhra 2022, tá bearta sriantacha glactha ag an Aontas lena gcuirtear toirmeasc ar aeriompróirí Rúiseacha, ar aon aerárthach atá cláraithe sa Rúis agus ar aon aerárthach nach bhfuil cláraithe sa Rúis ach atá faoi úinéireacht, ar chairtfhostú, nó faoi rialú ar shlí eile ag aon duine nádúrtha nó dlítheanach Rúiseach nó ag aon eintiteas nó comhlacht Rúiseach tuirlingt i gcríoch an Aontais, éirí de thalamh uaithi, nó eitilt thairsti. Tá laghdú ag teacht ar an aerthrácht san aerspás os cionn chríoch an Aontais i ngeall ar na bearta sin. Níor cheart, ámh, go mbeadh an tionchar ar an leibhéal uile-Aontais inchomparáide leis an laghdú ar an aerthrácht de dheasca ráig phaindéim COVID-19 i mí an Mhárta 2020. Dá bhrí sin, is iomchuí na bearta agus na próisis atá ann faoi láthair le haghaidh chur chun feidhme na scéime feidhmíochta agus muirearaithe le linn TT3 a choinneáil ar bun.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Na spriocanna feidhmíochta atá sa dréachtphlean feidhmíochta a chuir an Iodáil isteach de bhun Rialachán (CE) Uimh. 549/2004 agus a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo, tá siad comhsheasmhach leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais i leith an tríú tréimhse tagartha a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/891.

*Airteagal 2*

Is chuig an Iodáil a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 13 Aibreán 2022.

*Thar ceann an Choimisiúin*  
Adina VĂLEAN  
*Comhalta den Choimisiún*

## IARSCRÍBHINN

Na spriocanna feidhmíochta atá san áireamh sa dréachtphlean feidhmíochta a chuir an Iodáil isteach de bhun Rialachán (CE) Uimh. 549/2004 agus a fuarthas go bhfuil siad comhsheasmhach leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais le haghaidh an tríú tréimhse thagartha.

## PRÍOMHRÉIMSE FEIDHMÍOCHTA SÁBHÁILTEACHTA

## Éifeachtacht na bainistíochta sábháilteachta

An Iodáil	Spriocanna maidir le héifeachtacht na bainistíochta sábháilteachta, arna sloinneadh mar leibhéal cur chun feidhme, ó leibhéal EASA A go D				
An soláthraí seirbhísí aerloingseoireachta lena mbaineann	Cuspóir na bainistíochta sábháilteachta	2021	2022	2023	2024
ENAV	Beartas agus cuspóirí sábháilteachta	C	C	C	<b>C</b>
	Bainistíocht riosca sábháilteachta	C	C	D	<b>D</b>
	Dearbhú sábháilteachta	C	C	C	<b>C</b>
	Cur chun cinn na sábháilteachta	C	C	C	<b>C</b>
	Cultúr sábháilteachta	C	C	C	<b>C</b>

## PRÍOMHRÉIMSE FEIDHMÍOCHTA AN CHOMHSHAOIL

## Meánéifeachtúlacht chothrománach eitilte faoi bhealach an ruthaig eitilte iarbhír

	2021	2022	2023	2024
<b>Dréacht de spriocanna comhshaoil faoi bhealachna hIodáile,</b> arna sloinneadh mar mheánéifeachtúlacht chothrománach faoi bhealach an ruthaig eitilte iarbhír	2,67 %	2,67 %	2,67 %	2,67 %
Luachanna tagartha don Iodáil	2,67 %	2,67 %	2,67 %	2,67 %

## PRÍOMHRÉIMSE FEIDHMÍOCHTA ACMHAINNEACHTA

## Meánmhoill ATFM eitilte faoi bhealach i nóiméid in aghaidh na heitilte

	2021	2022	2023	2024
<b>Dréacht de spriocanna acmhainneachta faoi bhealachna hIodáile,</b> i nóiméid ar mhoill ATFM in aghaidh na heitilte	0,07	0,11	0,11	0,11
Luachanna tagartha don Iodáil	0,07	0,11	0,11	0,11

## PRÍOMHRÉIMSE FEIDHMÍOCHTA COSTÉIFEACHTÚLACHTA

Costas aonaid arna shuíomh le haghaidh seirbhísí aerloingseoireachta *faoi bhealach*

Limistéar muirearaithe <i>faoi bhealach</i> na hIodáile	Luach bonnlíne 2014	Luach bonnlíne 2019	2020-2021	2022	2023	2024
<b>Dréacht de spriocanna costéifeachtúlachta <i>faoi bhealach</i>, arna sloinneadh mar chostas aonaid <i>faoi bhealach</i> arna shuíomh (i dtéarmaí réadacha ag praghsanna 2017)</b>	EUR 79,97	EUR 63,46	EUR 123,72	EUR 73,67	EUR 61,52	EUR 57,80

**CINNEADH (AE) 2022/774 ÓN gCOIMISIÚN**  
**an 13 Aibreán 2022**

**maidir le comhsheasmhacht na spriocanna feidhmíochta atá sa dréachtphlean feidhmíochta a chuir an Ostair isteach de bhun Rialachán (CE) Uimh. 549/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais i leith an tríú tréimhse tagartha**

*(a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhoiciméad C(2022)2297)*

**(Is é an téacs sa Ghearmáinis amháin atá barántúil)**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 549/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Márta 2004 lena leagtar síos an creat chun aerospás Eorpach aonair a chruthú (an creat-Rialachán <sup>(1)</sup>), agus go háirithe Airteagal 11(3), pointe (c), an chéad mhír de,

Ag féachaint do Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317 ón gCoimisiún an 11 Feabhra 2019 lena leagtar síos scéim feidhmíochta agus muirearaithe san aerospás Eorpach aonair <sup>(2)</sup>, agus go háirithe Airteagal 14(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

**BREITHNITHE GINEARÁLTA**

- (1) De bhun Airteagal 11 de Rialachán (CE) Uimh. 549/2004, tá scéim feidhmíochta le haghaidh seirbhísí aerloingseoireachta agus feidhmeanna líonra aerloingseoireachta le bunú. Thairis sin, de bhun Airteagal 10 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, tá na Ballstáit le spriocanna feidhmíochta ceangailteacha a tharraingt suas, ar an leibhéal náisiúnta nó ar leibhéal na mbloc feidhme aerospáis, i leith gach tréimhse tagartha den scéim feidhmíochta le haghaidh seirbhísí aerloingseoireachta agus feidhmeanna líonra aerloingseoireachta. Ní mór na spriocanna feidhmíochta sin a bheith comhsheasmhach leis na spriocanna uile-Aontais arna nglacadh ag an gCoimisiún i leith na tréimhse tagartha lena mbaineann. Is é an Coimisiún atá freagrach as measúnú a dhéanamh an bhfuil na spriocanna feidhmíochta molta atá sna dréachtphleananna arna dtarraingt suas ag na Ballstáit comhsheasmhach leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais, agus na critéir mheasúnaithe a leagtar amach in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317 á úsáid aige.
- (2) Ón gcéad ráithe de bhliain féilire 2020, bhí tionchar mór ag ráig phaindéim COVID-19 ar an earnáil aeriompair agus d'fhág sé gur tháinig laghdú suntasach ar an méid aerthráchta i gcomparáid leis na leibhéil roimh an bpaindéim, de bharr na mbearta a rinne na Ballstáit agus tríú tíortha chun srian a choinneáil ar an bpaindéim.
- (3) Leagadh spriocanna feidhmíochta uile-Aontais i leith an tríú tréimhse thagartha ("TT3") síos i dtosach i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/903 ón gCoimisiún <sup>(3)</sup>. Maidir leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais sin agus na dréachtphleananna feidhmíochta a chuir na Ballstáit isteach ina ndiaidh siúd, ós rud é gur tarraingíodh suas iad sular tharla ráig phaindéim COVID-19, ní fhéadfaí an t-athrú suntasach a tháinig ar na dálaí aeriompair de dheasca na paindéime a chur san áireamh iontu.

<sup>(1)</sup> IO L 96, 31.3.2004, lch. 1.

<sup>(2)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317 ón gCoimisiún an 11 Feabhra 2019 lena leagtar síos scéim feidhmíochta agus muirearaithe san aerospás Eorpach aonair agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 390/2013 agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 391/2013 (IO L 56, 25.2.2019, lch. 1).

<sup>(3)</sup> Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/903 ón gCoimisiún an 29 Bealtaine 2019 lena leagtar síos spriocanna feidhmíochta ar fud an Aontais le haghaidh an líonra um bainistíocht aerthráchta i ndáil leis an tríú tréimhse thagartha dar tús an 1 Eanáir 2020 agus dar críoch an 31 Nollaig 2024 (IO L 144, 3.6.2019, lch. 49).

- (4) Mar fhreagairt ar thionchar phaindéim COVID-19 ar sholáthar na seirbhísí aerloingseoireachta, leagadh amach bearta eisceachtúla i leith an tríú tréimhse thagartha, de mhaolú ar Rialachán (AE) 2019/317, i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1627 ón gCoimisiún <sup>(4)</sup>. De bhun Airteagal 2(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1627, ghlac an Coimisiún, an 2 Meitheamh 2021, Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/891 <sup>(5)</sup> lena leagtar spriocanna feidhmíochta athbhreithnithe uile-Aontais amach i leith TT3.
- (5) Tugann an Coimisiún dá aire gurb é a thuartar le réamhaisnéis tráchta bhonnlíne Sheirbhís Staidrimh agus Réamhaisnéise Eurocontrol (“STATFOR”) ó mhí Dheireadh Fómhair 2021 go sroichfidh an t-aerthrácht ar an leibhéal uile-Aontais na leibhéil ar a raibh sé roimh an bpaindéim le linn 2023 agus go sáróidh sé na leibhéil sin in 2024. Mar sin féin, tá leibhéal ard éiginnteachta fós ag baint le forbairt an tráchta mar gheall ar na rioscaí a bhaineann le forbairt staid eipidéimeolaíoch COVID-19. Tugann an Coimisiún dá aire, freisin, go meastar go dtiocfaidh téarnamh míchothrom ar an aerthrácht sna Ballstáit éagsúla.
- (6) Tá dréachtphleananna feidhmíochta, agus spriocanna áitiúla feidhmíochta iontu i leith TT3, forbartha agus glactha ag na Ballstáit uile, agus cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin iad lena measúnú faoin 1 Deireadh Fómhair 2021. Tar éis a fhíorú don Choimisiún arbh iomlán do na dréachtphleananna feidhmíochta sin, d'iarr sé ar Bhallstáit dréachtphleananna feidhmíochta athbhreithnithe a chur faoina bhráid faoin 17 Samhain 2021. An measúnú ón gCoimisiún a chuirtear i láthair sa Chinneadh seo, is ar an dréachtphlean feidhmíochta athbhreithnithe a chuir an Ostair isteach atá sé bunaithe.
- (7) Tá tuarascáil curtha faoi bhráid an Choimisiúin ag an gcomhlacht um athbhreithniú ar an bhfeidhmíocht a thugann cúnaimh don Choimisiún maidir le cur chun feidhme na scéime feidhmíochta de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (CE) Uimh. 549/2004, agus sa tuarascáil sin ón gcomhlacht tá comhairle maidir leis an measúnú ar na dréachtphleananna feidhmíochta i leith TT3.
- (8) I gcomhréir le hAirteagal 14(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, tá measúnú déanta ag an gCoimisiún ar chomhsheasmhacht na spriocanna áitiúla feidhmíochta a mholann an Ostair, ar bhonn na gcritéar measúnaithe a leagtar síos i bpointe 1 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin, agus na himthosca áitiúla á gcur san áireamh aige. Chomhlánaigh an Coimisiún an measúnú, i leith gach príomhréimse feidhmíochta agus na spriocanna feidhmíochta a bhaineann leis, trí athbhreithniú a dhéanamh ar na dréachtphleananna feidhmíochta i leith na n-eilimintí a leagtar amach i bpointe 2 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin.

## MEASÚNÚ ÓN gCOIMISIÚN

### Measúnú ar na dréachtspriocanna feidhmíochta i bpríomhréimse feidhmíochta na sábháilteachta

- (9) Maidir le príomhréimse feidhmíochta na sábháilteachta, rinne an Coimisiún measúnú ar chomhsheasmhacht na spriocanna a chuir an Ostair faoina bhráid maidir lena héifeachtaí a dhéanann soláthraithe na seirbhísí aerloingseoireachta bainistíocht ar an tsábháilteacht, ar bhonn an chritéir a leagtar síos i bpointe 1.1 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317. Cuireadh na himthosca áitiúla san áireamh agus an measúnú sin á dhéanamh, agus comhlánaíodh an measúnú le hathbhreithniú ar na bearta atá beartaithe chun na spriocanna sábháilteachta a bhaint amach i leith na n-eilimintí a leagtar amach i bpointe 2.1(a) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317.
- (10) Is iad seo a leanas na dréachtspriocanna feidhmíochta i bpríomhréimse feidhmíochta na sábháilteachta a mholann an Ostair i leith éifeachtacht na bainistíochta sábháilteachta, arna miondealú de réir na guspóirí bainistíochta sábháilteachta agus arna sloinneadh mar leibhéil cur chun feidhme:

<sup>(4)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1627 ón gCoimisiún an 3 Samhain 2020 maidir le bearta eisceachtúla i ndáil leis an tríú tréimhse thagartha (2020-2024) den scéim feidhmíochta agus muirearaithe san aerspás Eorpach aonair de dheasca phaindéim COVID-19 (IO L 366, 4.11.2020, lch. 7).

<sup>(5)</sup> Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/891 ón gCoimisiún an 2 Meitheamh 2021 lena leagtar síos spriocanna feidhmíochta ar fud an Aontais Eorpaigh le haghaidh an líonra um bainistíocht aerthráchta i leith an tríú tréimhse thagartha (2020-2024) agus lena n-aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/903 (IO L 195, 3.6.2021, lch. 3).

An Ostair	Spriocanna le haghaidh éifeachtacht na bainistíochta sábháilteachta, sloinnte mar leibhéal cur chun feidhme i raon idir leibhéal A agus D de chuid EASA				
An soláthraí seirbhísí aerloingseoireachta lena mbaineann	An cuspóir bainistíochta sábháilteachta	2021	2022	2023	2024
Austro Control	Beartas sábháilteachta agus cuspóirí	B	B	B	C
	Bainistiú riosca sábháilteachta	C	C	C	D
	Dearbhú sábháilteachta	B	B	B	C
	Cur chun cinn na sábháilteachta	B	B	B	C
	Cultúr sábháilteachta	B	B	B	C

- (11) Tá sé suite ag an gCoimisiún gurb ionann na dréachtspriocanna sábháilteachta a mholann an Ostair le haghaidh an tsoláthraí seirbhísí aerloingseoireachta (Austro Control) agus na spriocanna sábháilteachta uile-Aontais i leith bhliain féilire 2024.
- (12) Tugann an Coimisiún dá aire go leagtar amach leis an dréachtphlean feidhmíochta a chuir an Ostair faoina bhráid bearta lena ndéanamh ag Austro Control chun na spriocanna áitiúla sábháilteachta a bhaint amach, amhail an infheistíocht in acmhainní i réimse “bainistithe riosca sábháilteachta”, feabhsú ar an gcomhar sábháilteachta trasteorann trí bhithin suirbhéanna, agus oiliúint agus fothú feasachta i réimse an “chultúir sábháilteachta”.
- (13) Ar bhonn na dtorthaí a leagtar amach in aithrisí (11) agus (12), agus de bhrí nach mór na spriocanna feidhmíochta sábháilteachta uile-Aontais a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/891 a bhaint amach faoi bhliain dheireanach TT3, eadhon 2024, ba cheart a mheasúnú, maidir leis na dréachtspriocanna atá i ndréachtphlean feidhmíochta na hOstaire, go bhfuil siad comhsheasmhach leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais i bpríomhréimse feidhmíochta na sábháilteachta.

#### Measúnú ar na dréachtspriocanna feidhmíochta i bpríomhréimse feidhmíochta an chomhshaoil

- (14) Maidir le príomhréimse feidhmíochta an chomhshaoil, rinneadh measúnú ar chomhsheasmhacht na spriocanna a chuir an Ostair isteach maidir le meánéifeachtúlacht chothrománach eitlete faoi bhealach an ruthaig eitlete iarbhír, ar bhonn an chritéir a leagtar síos i bpointe 1.2 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317. Dá réir sin, cuireadh na spriocanna a mholtar i ndréachtphlean feidhmíochta na hOstaire i gcomparáid leis na luachanna tagartha ábhartha le haghaidh éifeachtúlacht chothrománach na heitilte faoi bhealach a leagtar amach i bplean feabhsúcháin líonra aerbhealaí na hEorpa a bhí ar fáil nuair a glacadh na spriocanna feidhmíochta athbhreithnithe uile-Aontais i leith TT3, eadhon an 2 Meitheamh 2021. Cuireadh na himthosca áitiúla san áireamh agus an measúnú sin á dhéanamh, agus comhlánaíodh an measúnú le hathbhreithníú ar na bearta atá beartaithe chun na spriocanna comhshaoil a bhaint amach faoi phointe 2.1(a) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317.
- (15) I gcás bhliain féilire 2020, ní dhearnadh athbhreithníú le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/891 ar an sprioc fheidhmíochta uile-Aontais i leith TT3 i bpríomhréimse feidhmíochta an chomhshaoil, sprioc a leagadh amach i dtosach i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/903, toisc go raibh an tréimhse le haghaidh chur i bhfeidhm na sprice sin imithe in éag agus, dá bhrí sin, go raibh sí curtha chun feidhme go críochnaitheach cheana, rud a d'fhág nár bhféidir coigeartuithe cúlghabhálacha a dhéanamh. Dá réir sin, níor iarradh ar na Ballstáit athbhreithníú a dhéanamh ar a spriocanna áitiúla feidhmíochta i leith bhliain féilire 2020 i bpríomhréimse feidhmíochta an chomhshaoil sna dréachtphleananna feidhmíochta a bhí le cur isteach faoin 1 Deireadh Fómhair 2021. Dá bhrí sin, an measúnú ar chomhsheasmhacht na spriocanna áitiúla feidhmíochta comhshaoil leis na spriocanna feidhmíochta comhfhreagracha uile-Aontais, ba cheart é a dhéanamh i leith bhlianta féilire 2021, 2022, 2023 agus 2024.
- (16) Is iad seo a leanas na dréachtspriocanna feidhmíochta i bpríomhréimse feidhmíochta an chomhshaoil a mholann an Ostair, mar aon leis na luachanna tagartha náisiúnta comhfhreagracha i leith TT3 ó phlean feabhsúcháin líonra aerbhealaí na hEorpa, agus iad sloinnte mar mheánéifeachtúlacht chothrománach eitlete faoi bhealach an ruthaig eitlete iarbhír:



	2021	2022	2023	2024
<b>Dréachtspríocanna comhshaoil faoi bhealach na hOstaire</b> , agus iad sloinnte mar mheánéifeachtúlacht chothrománach eitilte faoi bhealach an ruthaig eitilte iarbhír	<b>1,96 %</b>	<b>1,96 %</b>	<b>1,96 %</b>	<b>1,96 %</b>
Luachanna tagartha le haghaidh na hOstaire	1,96 %	1,96 %	1,96 %	1,96 %

- (17) Tugann an Coimisiún faoi deara gurb ionann na dréachtspríocanna comhshaoil a mholann an Ostair agus na luachanna tagartha náisiúnta comhfhreagracha i gcás gach bliana féilire ó 2021 go 2024.
- (18) Maidir le pointe 2.1(a) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, tugann an Coimisiún dá aire go bhfuil bearta curtha i láthair ag an Ostair ina dréachtphlean feidhmíochta chun na spríocanna áitiúla comhshaoil a bhaint amach, lena n-áirítear an rannpháirtíocht in Aerspás Saorbhealaigh South East Common Sky Initiative (SECSI FRA), gníomhaíochtaí comhair trasteorann, agus cur chun feidhme córas áitiúil agus fo-réigiúnach chun tacú le bainistíocht an aerspáis d'fhonn an comhordú sibhialta-míleata a fheabhsú.
- (19) Ar bhonn na dtorthaí a leagtar amach in aithrisí (17) agus (18), ba cheart a mheasúnú go bhfuil na dréachtspríocanna i ndréachtphlean feidhmíochta na hOstaire comhsheasmhach leis na spríocanna feidhmíochta uile-Aontais i bpríomhréimse feidhmíochta an chomhshaoil.

#### **Measúnú ar na dréachtspríocanna feidhmíochta i bpríomhréimse feidhmíochta na hacmhainneachta**

- (20) Maidir le príomhréimse feidhmíochta na hacmhainneachta, rinneadh measúnú ar chomhsheasmhacht na spríocanna a chuir an Ostair isteach maidir leis an meánmhoill i mbainistiú na sreibe aerthráchta ("ATFM") faoi bhealach in aghaidh na heitilte, ar bhonn an chritéir a leagtar síos i bpointe 1.3 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317. Dá réir sin, cuireadh na spríocanna a mholtar i ndréachtphlean feidhmíochta na hOstaire i gcomparáid leis na luachanna tagartha ábhartha a leagtar amach sa Phlean Oibríochta Gréasáin a bhí ar fáil nuair a glacadh na spríocanna feidhmíochta athbhreithnithe uile-Aontais i leith TT3, eadhon an 2 Meitheamh 2021. Cuireadh na himthosca áitiúla san áireamh agus an measúnú sin a dhéanamh, agus comhlánaíodh an measúnú le hathbhreithniú ar na bearta atá beartaithe chun na spríocanna acmhainneachta a bhaint amach faoi phointe 2.1(a) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317.
- (21) I gcás bhliain féilire 2020, ní dhearnadh athbhreithniú le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/891 ar an spríoc feidhmíochta uile-Aontais i leith TT3 i bpríomhréimse feidhmíochta na hacmhainneachta, spríoc a leagadh amach i dtosach i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/903, toisc go raibh an tréimhse le haghaidh chur i bhfeidhm na spríoc sin imithe in éag agus, dá bhrí sin, go raibh sí curtha chun feidhme go críochnaitheach cheana, rud a d'fhág nárbh fhéidir coigeartúithe cúlghabhálacha a dhéanamh. Dá réir sin, níor iarradh ar na Ballstáit athbhreithniú a dhéanamh ar a spríocanna áitiúla feidhmíochta i leith bhliain féilire 2020 i bpríomhréimse feidhmíochta na hacmhainneachta sna dréachtphleananna feidhmíochta a bhí le cur isteach faoin 1 Deireadh Fómhair 2021. Dá bhrí sin, an measúnú ar chomhsheasmhacht na spríocanna áitiúla feidhmíochta acmhainneachta leis na spríocanna feidhmíochta comhfhreagracha uile-Aontais, ba cheart é a dhéanamh i leith bhlianta féilire 2021, 2022, 2023 agus 2024.
- (22) Is iad seo a leanas na dréachtspríocanna acmhainneachta i leith eitiltí faoi bhealach a mholann an Ostair i leith TT3, arna sloinneadh mar nóiméid mhoille ATFM in aghaidh na heitilte, mar aon leis na luachanna tagartha comhfhreagracha ón bPlean Oibríochta Gréasáin:

	2021	2022	2023	2024
<b>Dréachtspríocanna acmhainneachta na hOstaire i leith eitiltí faoi bhealach i nóiméid mhoille ATFM in aghaidh na heitilte</b>	<b>0,10</b>	<b>0,17</b>	<b>0,17</b>	<b>0,16</b>
Luachanna tagartha le haghaidh na hOstaire	0,10	0,17	0,17	0,16

- (23) Tugann an Coimisiún faoi deara gurb ionann na dréachtspríocanna acmhainneachta a mholann an Ostair agus na luachanna tagartha náisiúnta comhfhreagracha i gcás gach bliana féilire ó 2021 go 2024.
- (24) Maidir le pointe 2.1(a) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme 2019/317, tugann an Coimisiún dá aire go bhfuil raon beart curtha i láthair ag an Ostair sa dréachtphlean feidhmíochta chun na spriocanna áitiúla acmhainneachta i leith eitiltí faoi bhealach a bhaint amach. Áirítear ar na bearta sin earcú agus oiliúint leanúnach na rialtóirí aerthráchta, córais uainchláir láraithe sholúbtha, feabhsú buan ar ghníomhaíochtaí ATFM, agus comhar trasteorann le tíortha comharsanacha.
- (25) Ar bhonn na dtorthaí a leagtar amach in aithrisí (23) agus (24), ba cheart a mheasúnú go bhfuil na dréachtspríocanna i ndréachtphlean feidhmíochta na hOstaire comhsheasmhach leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais i bpríomhréimse feidhmíochta na hacmhainneachta.

### **Athbhreithniú ar na dréachtspríocanna acmhainneachta le haghaidh seirbhísí aerloingseoireachta críochfoirt**

- (26) Maidir leis na haerfoirt a thagann faoi raon feidhme Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317 mar a leagtar amach in Airteagail 1(3) agus (4) den Rialachán sin, chomhlánaigh an Coimisiún a mheasúnú ar na dréachtspríocanna acmhainneachta i leith eitiltí faoi bhealach le hathbhreithniú ar na dréachtspríocanna acmhainneachta le haghaidh seirbhísí aerloingseoireachta críochfoirt i gcomhréir le pointe 2.1(b) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317. Fuarthas ábhar inní sna dréachtspríocanna sin i gcás na hOstaire.
- (27) Sa chéad dul síos, fuair an Coimisiún gurb airde na spriocanna le haghaidh na meánmhoille ATFM isteach i leith TT3, mar atá, 0,87 nóiméad, 0,84 nóiméad, agus 0,82 nóiméad i leith bhlianta féilire 2022, 2023, agus 2024 faoi seach, ná an fheidhmíocht a bhaintí amach ó thaobh moille ATFM de le linn an dara tréimhse tagartha, mar atá, moill i raon idir 0,49 agus 0,81 nóiméad in aghaidh na heitilte.
- (28) Sa dara dul síos, nuair a cuireadh na dréachtspríocanna náisiúnta le haghaidh na meánmhoille ATFM isteach i gcomparáid, ar leibhéal na n-aerfort, leis an bhfeidhmíocht a bhaineadh aerfoirt inchomparáide amach le linn TT2, fuair an Coimisiún go meastar go mbeidh moilleanna ATFM níos faide ag aerfoirt Vín, Innsbruck agus Salzburg ná mar a thuarar le haghaidh aerfoirt inchomparáide.
- (29) Measann an Coimisiún, dá bhrí sin, gur cheart don Ostair, i dtaca le glacadh a phlean feidhmíochta chríochnaithigh i gcomhréir le hAirteagal 16, pointe (a) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, breis údair a thabhairt maidir leis na spriocanna acmhainneachta críochfoirt i leith TT3 i bhfianaise na dtuairimí a leagtar amach in aithrisí (27) agus (28), sin nó ba cheart di na spriocanna sin a athbhreithniú anuas.

### **Measúnú ar na dréachtspríocanna feidhmíochta i bpríomhréimse feidhmíochta na costéifeachtúlachta**

- (30) Maidir le príomhréimse feidhmíochta na costéifeachtúlachta, rinneadh measúnú ar chomhsheasmhacht na spriocanna a chuir an Ostair isteach maidir leis an gcostas aonaid arna shuíomh ("CAAS") le haghaidh seirbhísí aerloingseoireachta faoi bhealach, ar bhonn na gcritéar a leagtar síos i bpointí 1.4(a), (b) agus (c) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317. Is iad na critéir sin an treo CAAS le linn TT3, an treo fhadtéarmach CAAS le linn TT2 agus TT3 (2015-2024), agus luach bonnlíne CAAS ar leibhéal an limistéir muirearaithe i gcomparáid le meánluach na limistéir muirearaithe a bhfuil timpeallacht oibríochtúil agus eacnamaíoch chomhchosúil ag soláthraithe seirbhísí aerloingseoireachta iontu.
- (31) Cuireadh na himthosca áitiúla san áireamh agus measúnú á dhéanamh ar na spriocanna costéifeachtúlachta i leith eitiltí faoi bhealach. Comhlánaíodh an measúnú le hathbhreithniú ar na príomhfachtóirí agus na príomhpharaiméadair is bunús leis na spriocanna sin, mar a shonraítear i bpointe 2.1(d) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317.
- (32) Is iad seo a leanas na dréachtspríocanna costéifeachtúlachta i leith eitiltí faoi bhealach a mholann an Ostair i leith TT3:

Limistéar muirearaithe faoi bhealach na hOstaire	Luach bonnlíne 2014	Luach bonnlíne 2019	2020 –2021	2022	2023	2024
<b>Dréachtspríocanna costéifeachtúlachta i leith eitiltí faoi bhealach</b> arna sloinneadh mar chostas aonaid faoi bhealach arna shuíomh (i dtéarmaí réadacha ar phraghsanna 2017)	EUR 69,54	EUR 63,19	EUR 109,28	EUR 62,09	EUR 54,65	EUR 50,07

- (33) Maidir leis an gcritéar a leagtar síos i bpointe 1.4(a) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, tugann an Coimisiún faoi deara gur fearr treocht CAAS faoi bhealach na hOstaire ar leibhéal an limistéir muirearaithe le linn TT3, mar atá, -5,7 %, ná an treocht uile-Aontais le linn na tréimhse céanna, mar atá, +1,0 %.
- (34) Maidir leis an gcritéar a leagtar síos i bpointe 1.4(b) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, tugann an Coimisiún faoi deara gur fearr treocht fhadtéarmach CAAS faoi bhealach na hOstaire le linn TT2 agus TT3 ar leibhéal an limistéir muirearaithe, mar atá, -3,6 %, ná an treocht uile-Aontais le linn na tréimhse céanna, mar atá, -1,3 %.
- (35) Maidir leis an gcritéar a leagtar síos i bpointe 1.4(c) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, tugann an Coimisiún faoi deara go bhfuil luach bonnlíne CAAS na hOstaire, mar atá, EUR 63,19 i dtéarmaí réadacha ar phraghsanna 2017 ("EUR2017"), 21,3 % níos ísle ná meánluach bonnlíne an ghrúpa comparáide ábhartha, mar atá, EUR 80,26 in EUR2017. Tugann an Coimisiún dá aire go bhfuil costas aonaid na hOstaire arna shuíomh fós i bhfad níos lú ná meán an ghrúpa comparáide le linn TT3 ar fad, agus go bhfuil siad 42,6 % níos lú ná an meán sin i leith 2024.
- (36) Ar bhonn na dtorthaí a leagtar amach in aithrisí (33) go (35), ba cheart a mheasúnú go bhfuil na dréachtspríocanna i ndrúachtphlean feidhmíochta na hOstaire comhsheasmhach leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais i bpríomhréimse feidhmíochta na costéifeachtúlachta.

#### **Athbhreithniú ar na dréachtspríocanna costéifeachtúlachta le haghaidh seirbhísí aerloingseoireachta críochfoirt**

- (37) Maidir leis na haerfoirt a thagann faoi raon feidhme Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317 mar a leagtar amach in Airteagail 1(3) agus (4) den Rialachán sin, chomhlánaigh an Coimisiún a mheasúnú ar na dréachtspríocanna costéifeachtúlachta i leith eitiltí faoi bhealach le hathbhreithniú ar na dréachtspríocanna costéifeachtúlachta le haghaidh seirbhísí aerloingseoireachta críochfoirt i gcomhréir le pointe 2.1(c) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317. Fuarthas ábhar inní sna dréachtspríocanna sin i gcás na hOstaire.
- (38) Nuair a chuirtear an CAAS críochfoirt i gcomparáid le feidhmíocht aerfort inchomparáide i leith TT3, tugann an Coimisiún faoi deara go meastar go bhfuil CAAS Vín, arb é an príomhaerfort, níos airde go suntasach ná CAAS airmheánach na n-aerfort ábhartha.
- (39) Measann an Coimisiún, dá bhrí sin, gur cheart don Ostair, i dtaca le glacadh a phlean feidhmíochta chríochnaithigh i gcomhréir le hAirteagal 16, pointe (a) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, breis údair a thabhairt maidir leis na spriocanna costéifeachtúlachta críochfoirt i leith TT3 i bhfianaise na dtuairimí a leagtar amach in aithris (38), sin nó ba cheart di na spriocanna sin a athbhreithniú anuas.

#### **Athbhreithniú ar na scéimeanna dreasachtaí dá dtagraítear in Airteagal 11 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317 mar chomhlánú ar mheasúnú an Choimisiúin ar na dréachtspríocanna acmhainneachta**

- (40) I gcomhréir le pointe 2.1(f) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, maidir leis na dréachtspríocanna acmhainneachta, chomhlánaigh an Coimisiún a mheasúnú le hathbhreithniú ar na dréachtscéimeanna dreasachtaí dá dtagraítear in Airteagal 11 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317. I ndáil leis sin, scrúdaigh an Coimisiún an gcomhlíonann na dréachtscéimeanna dreasachtaí na ceanglais shubstainteacha a leagtar amach in Airteagal 11(1) agus (3) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317. Fuarthas ábhar inní sna dréachtscéimeanna atá i ndrúachtphlean feidhmíochta na hOstaire.

- (41) Tugann an Coimisiún faoi deara, maidir leis an scéim dreasachtaí le haghaidh acmhainneacht faoi bhealach a mholtar i ndrúachtphlean feidhmíochta na hOstaire agus leis an scéim dreasachtaí le haghaidh acmhainneacht chríochfoirt a mholtar ann araon, go gcuimsíonn siad uas-mhíbhuntáiste airgeadais is ionann agus 0,50 % de na costais arna suíomh agus uasbhuntáiste airgeadais is ionann agus 0,50 % de na costais arna suíomh.
- (42) Maidir leis na scéimeanna dreasachtaí sin, tá an Coimisiún go mór in amhras, ar bhonn comhairle shaineolach a sholáthair an comhlacht um athbhreithniú ar an bhfeidhmíocht, an imreodh na huas-mhíbhuntáistí airgeadais a mholtar, arb ionann iad agus 0,50 % de na costais arna suíomh, aon tionchar ábhartha ar an ioncam atá i mbaol, mar a cheanglaítear de bhun Airteagal 11(3), pointe (a) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317.
- (43) Ba cheart don Ostair, dá bhrí sin, i dtaca le glacadh a phlean feidhmíochta chríochnaithigh i gcomhréir le hAirteagal 16, pointe (a) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, athbhreithniú a dhéanamh ar a scéimeanna dreasachtaí chun na spriocanna acmhainneachta i leith eitiltí faoi bhealach agus acmhainneachta chríochfoirt a bhaint amach sa chaoi go socrófar na huas-mhíbhuntáistí de bhun na scéimeanna dreasachtaí sin ar leibhéal a imreoidh tionchar ábhartha ar an ioncam atá i mbaol, mar a cheanglaítear go sonrach faoi Airteagal 11(3), pointe (a) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, agus is é an tuairim ón gCoimisiún gur cheart go socrófaí, mar thoradh air sin, an t-uas-mhíbhuntáiste airgeadais ar leibhéal is ionann agus 1 % de na costais arna suíomh nó níos airde ná sin.

## CONCLUÍDÍ

- (44) Ar bhonn an mheasúnaithe a leagtar amach in aithrisí (10) go (43), tá sé suite ag an gCoimisiún go bhfuil na spriocanna feidhmíochta atá sa drúachtphlean feidhmíochta a chuir an Ostair isteach comhsheasmhach leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais.
- (45) Tugann an Coimisiún dá aire go bhfuil sé tugtha le fios ag roinnt Ballstát go bhfuil sé i gceist acu ítimí costais a bhaineann le ladrainn a bhrath ag na haerfoirt a chur lena mbonn costais i leith TT3. Ní raibh an Coimisiún in ann a shuí go beacht, ar bhonn na n-eilimintí atá sna drúachtphleananna feidhmíochta, cé mhéad a chuir na Ballstáit costais shuite den chineál sin lena mbonn costais i leith TT3, ná, i gcásanna inar chuir, cé mhéad a thabhaítear iad i ndáil le soláthar na seirbhísí aerloingseoireachta, rud a d'fhágfadh gurbh fhéidir a mheas gur costais incháilithe iad faoin scéim feidhmíochta agus muirearaithe. Tá iarraidh *ad hoc* ar fhaisnéis curtha ag seirbhísí an Choimisiúin chuig na Ballstáit uile chun faisnéis ábhartha a bhailiú, agus déanfaidh siad tuilleadh scrúdaithe ar na costais a thuairiscítear maidir le ladrainn a bhrath ag na haerfoirt i gcomhthéacs comhlíontacht na rátaí aonaid a fhíorú. Tá an Cinneadh seo gan dochar do thorthaí ná do chonclúidí an Choimisiúin maidir le costais braite na ladrann.
- (46) Mar fhreagairt ar ionsaí míleata na Rúise ar an Úcráin, a thosaigh an 24 Feabhra 2022, tá bearta sriantacha glactha ag an Aontas lena gcuirtear toirmeasc ar aeriompróirí Rúiseacha, ar aon aerárthach atá cláraithe sa Rúis agus ar aon aerárthach nach bhfuil cláraithe sa Rúis ach atá faoi úinéireacht, ar chairtíhostú, nó faoi rialú ar shlí eile ag aon duine nádúrtha nó dlítheanach Rúiseach nó ag aon eintiteas nó comhlacht Rúiseach tuirlingt i gcríoch an Aontais, éirí de thalamh uaithi, nó eitilt thairsti. Tá laghdú ag teacht ar an aerthrácht san aerspás os cionn chríoch an Aontais i ngeall ar na bearta sin. Níor cheart, ámh, go mbeadh an tionchar ar an leibhéal uile-Aontais inchomparáide leis an laghdú ar an aerthrácht de dheasca ráig phaindéim COVID-19 i mí an Mhárta 2020. Dá bhrí sin, is iomchuí na bearta agus na próisis atá ann faoi láthair le haghaidh chur chun feidhme na scéime feidhmíochta agus muirearaithe le linn TT3 a choinneáil ar bun.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

### Airteagal 1

Na spriocanna feidhmíochta atá sa drúachtphlean feidhmíochta a chuir an Ostair isteach de bhun Rialachán (CE) Uimh. 549/2004 agus a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo, tá siad comhsheasmhach leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais i leith an trú tréimhse tagartha a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/891.

*Airteagal 2*

Is chuig Poblacht na hOstaire a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 13 Aibreán 2022.

*Thar ceann an Choimisiúin*  
Adina VĂLEAN  
*Comhalta den Choimisiún*

---

## IARSCRÍBHINN

Na spriocanna feidhmíochta atá san áireamh sa dréachtphlean feidhmíochta a chuir an Ostair isteach de bhun Rialachán (CE) Uimh. 549/2004 agus a fuarthas go bhfuil siad comhsheasmhach leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais le haghaidh an tríú tréimhse thagartha.

## PRÍOMHRÉIMSE FEIDHMÍOCHTA SÁBHÁILTEACHTA

## Éifeachtacht na bainistíochta sábháilteachta

an Ostair	Spriocanna maidir le héifeachtacht na bainistíochta sábháilteachta, arna sloinneadh mar leibhéal cur chun feidhme, ó leibhéal EASA A go D				
An soláthraí seirbhísí aerloingseoireachta lena mbaineann	Cuspóir na bainistíochta sábháilteachta	2021	2022	2023	2024
Austro Control	Beartas agus cuspóirí sábháilteachta	B	B	B	C
	Bainistíocht riosca sábháilteachta	C	C	C	D
	Dearbhú sábháilteachta	B	B	B	C
	Cur chun cinn na sábháilteachta	B	B	B	C
	Cultúr sábháilteachta	B	B	B	C

## PRÍOMHRÉIMSE FEIDHMÍOCHTA AN CHOMHSHAOIL

## Meánéifeachtúlacht chothrománach eitilte faoi bhealach an ruthaig eitilte iarbhír

	2021	2022	2023	2024
<b>Dréacht de spriocanna comhshaoil faoi bhealach na hOstaire</b> , arna sloinneadh mar mheánéifeachtúlacht chothrománach faoi bhealach an ruthaig eitilte iarbhír	<b>1,96 %</b>	<b>1,96 %</b>	<b>1,96 %</b>	<b>1,96 %</b>
Luachanna tagartha don Ostair	1,96 %	1,96 %	1,96 %	1,96 %

## PRÍOMHRÉIMSE FEIDHMÍOCHTA ACMHAINNEACHTA

## Meánmhoill ATFM eitilte faoi bhealach i nóiméid in aghaidh na heitilte

	2021	2022	2023	2024
<b>Dréacht de spriocanna acmhainneachta faoi bhealach na hOstaire</b> , i nóiméid ar mhoill ATFM in aghaidh na heitilte	<b>0,10</b>	<b>0,17</b>	<b>0,17</b>	<b>0,16</b>
Luachanna tagartha don Ostair	0,10	0,17	0,17	0,16

**PRÍOMHRÉIMSE FEIDHMÍOCHTA COSTÉIFEACHTÚLACHTA****Costas aonaid cinnte le haghaidh seirbhísí aerloingseoireachta faoi bhealach**

<b>Limistéar muirearaithe faoi bhealach na hOstaire</b>	<b>Luach bonnlíne 2014</b>	<b>Luach bonnlíne 2019</b>	<b>2020 -2021</b>	<b>2022</b>	<b>2023</b>	<b>2024</b>
<b>Dréacht de spriocanna costéifeachtúlachta faoi bhealach</b> , arna sloinneadh mar chostas aonaid cinnte faoi bhealach (i dtéarmaí réadacha ag praghsanna 2017)	<b>EUR 69,54</b>	<b>EUR 63,19</b>	<b>EUR 109,28</b>	<b>EUR 62,09</b>	<b>EUR 54,65</b>	<b>EUR 50,07</b>

**CINNEADH (AE) 2022/775 ÓN gCOIMISIÚN**  
**an 13 Aibreán 2022**

**maidir le comhsheasmhacht na spriocanna feidhmíochta atá sa dréachtphlean feidhmíochta a chuir an Ungáir isteach de bhun Rialachán (CE) Uimh. 549/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais i leith an tríú tréimhse tagartha**

*(a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhoiciméad C(2022) 2298)*

**(Is é an téacs Ungáirise amháin atá barántúil)**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 549/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Márta 2004 lena leagtar síos an creat chun aerspás Eorpach aonair a chruthú (an creat-Rialachán) <sup>(1)</sup>, agus go háirithe Airteagal 11(3), pointe (c), an chéad mhír, de,

Ag féachaint do Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317 ón gCoimisiún an 11 Feabhra 2019 lena leagtar síos scéim feidhmíochta agus muirearaithe san aerspás Eorpach aonair <sup>(2)</sup>, agus go háirithe Airteagal 14(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

**BREITHNITHE GINEARÁLTA**

- (1) De bhun Airteagal 11 de Rialachán (CE) Uimh. 549/2004, tá scéim feidhmíochta le haghaidh seirbhísí aerloingseoireachta agus feidhmeanna líonra aerloingseoireachta le bunú. Thairis sin, de bhun Airteagal 10 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317 ón gCoimisiún, tá na Ballstáit le spriocanna feidhmíochta ceangailteacha a tharraingt suas, ar an leibhéal náisiúnta nó ar leibhéal na mbloc feidhme aerspáis, i leith gach tréimhse tagartha den scéim feidhmíochta le haghaidh seirbhísí aerloingseoireachta agus feidhmeanna líonra aerloingseoireachta. Ní mór na spriocanna feidhmíochta sin a bheith comhsheasmhach leis na spriocanna uile-Aontais arna ghlacadh ag an gCoimisiún i leith na tréimhse tagartha lena mbaineann. Is é an Coimisiún atá freagrach as measúnú a dhéanamh an bhfuil na spriocanna feidhmíochta molta atá sna dréachtphleananna arna dtarraingt suas ag na Ballstáit comhsheasmhach leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais, agus na critéir mheasúnaithe a leagtar amach in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317 á úsáid aige.
- (2) Ó bhí an chéad ráithe den bhliain féilire 2020 ann, bhí tionchar suntasach ag ráig phaindéim COVID-19 ar earnáil an aeriompair agus tá méid an aerthráchta laghdaithe go mór i gcomparáid leis na leibhéil roimh an bpaindéim, mar gheall ar na bearta a rinne na Ballstáit agus tríú tíortha chun an paindéim a shrianadh.
- (3) Leagadh spriocanna feidhmíochta uile-Aontais i leith an tríú tréimhse thagartha ("TT3") síos i dtosach i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/903 ón gCoimisiún <sup>(3)</sup>. Maidir leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais sin agus na dréachtphleananna feidhmíochta TT3 a chuir na Ballstáit isteach ina dhiaidh sin, ós rud é gur tarraingíodh suas iad sular tharla ráig phaindéim COVID-19, ní fhéadfaí an t-athrú suntasach a tháinig ar na dálaí aeriompair de dheasca na paindéime a chur san áireamh iontu.

<sup>(1)</sup> IO L 96, 31.3.2004, lch. 1.

<sup>(2)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317 ón gCoimisiún an 11 Feabhra 2019 lena leagtar síos scéim feidhmíochta agus muirearaithe san aerspás Eorpach aonair agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 390/2013 agus (AE) Uimh. 391/2013 (IO L 56, 25.2.2019, lch. 1).

<sup>(3)</sup> Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/903 ón gCoimisiún an 29 Bealtaine 2019 lena leagtar síos spriocanna feidhmíochta uile-Aontais le haghaidh an líonra um bainistíocht aerthráchta i ndáil leis an tríú tréimhse thagartha dar tús an 1 Eanáir 2020 agus dar críoch an 31 Nollaig 2024 (IO L 144, 3.6.2019, lch. 49).



- (4) Mar fhreagairt ar thionchar phaindéim COVID-19 ar sholáthar seirbhísí aerloingseoireachta, leagadh amach bearta eisceachtúla le haghaidh an tríú tréimhse thagartha, de mhaolú ar Rialachán (AE) 2019/317, i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1627 ón gCoimisiún <sup>(4)</sup>. De bhun Airteagal 2(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1627, ghlac an Coimisiún, an 2 Meitheamh 2021, Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/891 <sup>(5)</sup> lena leagtar spriocanna feidhmíochta athbhreithnithe uile-Aontais amach i leith TT3.
- (5) Tugann an Coimisiún dá aire gurb é a thuartar le réamhaisnéis tráchta bhonnlíne Sheirbhís Staidrimh agus Réamhaisnéise Eurocontrol ('STATFOR') ó mhí Dheireadh Fómhair 2021 go sroichfidh an t-aerthrácht ar an leibhéal uile-Aontais na leibhéil ar a raibh sé roimh an bpaindéim le linn 2023 agus go sáróidh sé na leibhéil sin in 2024. Mar sin féin, tá leibhéal ard éiginnteachta fós ag baint le forbairt an tráchta mar gheall ar na rioscaí a bhaineann le forbairt staid eipidéimeolaíoch COVID-19. Tugann an Coimisiún dá aire, freisin, go meastar go dtiocfaidh téarnamh míchothrom ar an aerthrácht sna Ballstáit éagsúla.
- (6) Tá dréachtphleananna feidhmíochta, agus spriocanna áitiúla feidhmíochta iontu i leith TT3, tiomsaithe agus glactha ag na Ballstáit uile, agus cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin iad lena measúnú faoin 1 Deireadh Fómhair 2021. Tar éis a fhíorú don Choimisiún arbh iomlán do na dréachtphleananna feidhmíochta sin, d'iarr sé ar Bhallstáit dréachtphleananna feidhmíochta athbhreithnithe a chur faoina bhráid faoin 17 Samhain 2021. An measúnú ón gCoimisiún a chuirtear i láthair sa Chinneadh seo, is ar an dréachtphlean feidhmíochta athbhreithnithe a chuir an Ungáir isteach atá sé bunaithe.
- (7) Tá tuarascáil curtha faoi bhráid an Choimisiúin ag an gcomhlacht um athbhreithniú ar an bhfeidhmíocht a thugann cúnaimh don Choimisiún maidir le cur chun feidhme na scéime feidhmíochta de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (CE) Uimh. 549/2004, agus comhairle uaidh inti maidir leis an measúnú ar na dréachtphleananna feidhmíochta i leith TT3.
- (8) I gcomhréir le hAirteagal 14(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, rinne an Coimisiún measúnú ar chomhsheasmhacht na spriocanna feidhmíochta áitiúla atá beartaithe ag an Ungáir ar bhonn na gcrítéar measúnaithe a leagtar síos i bpointe 1 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin, agus imthosca áitiúla á gcur san áireamh. Chomhlánaigh an Coimisiún an measúnú, i leith gach príomhréimse feidhmíochta agus na spriocanna feidhmíochta a bhaineann leis, trí athbhreithniú a dhéanamh ar na dréachtphleananna feidhmíochta i leith na n-eilimintí a leagtar amach i bpointe 2 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin.

## MEASÚNÚ ÓN gCOIMISIÚN

### Measúnú ar na dréachtspriocanna feidhmíochta i bpríomhréimse feidhmíochta na sábháilteachta

- (9) Maidir le príomhréimse feidhmíochta na sábháilteachta, rinne an Coimisiún measúnú ar chomhsheasmhacht na spriocanna a chuir an Ungáir faoina bhráid maidir lena héifeachtaí a dhéanann soláthraithe seirbhísí aerloingseoireachta bainistíocht ar an tsábháilteacht, ar bhonn an chritéir a leagtar síos i bpointe 1.1 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317. Rinneadh an measúnú sin agus imthosca áitiúla á gcur san áireamh agus rinneadh é a chomhlánú leis an athbhreithniú ar bhearta atá beartaithe chun na spriocanna sábháilteachta a bhaint amach i ndáil leis na heilimintí a leagtar amach i bpointe 2.1(a) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317.
- (10) Is iad seo a leanas na dréachtspriocanna feidhmíochta i bpríomhréimse feidhmíochta na sábháilteachta a mholann an Ungáir i leith éifeachtacht na bainistíochta sábháilteachta, arna miondealú de réir na gcuspóirí bainistíochta sábháilteachta agus arna sloinneadh mar leibhéil cur chun feidhme:

<sup>(4)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1627 ón gCoimisiún an 3 Samhain 2020 maidir le bearta eisceachtúla i ndáil leis an tríú tréimhse thagartha (2020-2024) den scéim feidhmíochta agus muirearaithe san aerspás Eorpach de dheasca phaindéim COVID-19 (IO L 366, 4.11.2020, lch. 7).

<sup>(5)</sup> Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/891 ón gCoimisiún an 2 Meitheamh 2021 lena leagtar síos spriocanna feidhmíochta athbhreithnithe uile-Aontais le haghaidh an líonra um bainistíocht aerthráchta i ndáil leis an tríú tréimhse thagartha (2020-2024) agus lena n-aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/903 (IO L 195, 3.6.2021, lch. 3).

An Ungáir	Spriocanna le haghaidh éifeachtacht na bainistíochta sábháilteachta, arna sloinneadh mar leibhéal cur chun feidhme i raon idir leibhéal A agus D de chuid EASA				
An soláthraí seirbhísí aerloingseoireachta lena mbaineann	An cuspóir bainistíochta sábháilteachta	2021	2022	2023	2024
Hungarocontrol	Beartas sábháilteachta agus cuspóirí	C	C	C	C
	Bainistiú riosca sábháilteachta	C	C	D	D
	Dearbhú sábháilteachta	C	C	C	C
	Cur chun cinn na sábháilteachta	C	C	C	C
	Cultúr sábháilteachta	C	C	C	C

- (11) Maidir leis na dréachtspriocanna sábháilteachta a mhol an Ungáir le haghaidh an tsoláthraí seirbhísí aerloingseoireachta (Hungarocontrol), is é conclúid an Choimisiúin go bhfuil sé beartaithe leibhéal na sprice feidhmíochta uile-Aontais a bhaint amach in 2023 i gcás an chuspóra 'bainistiú riosca sábháilteachta', agus, i gcás na gcuspóirí bainistíochta sábháilteachta eile, go gcomhlíonann na spriocanna áitiúla feidhmíochta leibhéal na sprice feidhmíochta uile-Aontais i leith gach bliana féilire ó 2021 go 2024.
- (12) Tugann an Coimisiún dá aire go leagtar amach sa dréachtphlean feidhmíochta a chuir an Ungáir isteach raon leathan beart do Hungarocontrol chun na spriocanna sábháilteachta áitiúla a bhaint amach, lena gcumhdaítear forbairtí sa teicneolaíocht, saincheisteanna a bhaineann le fachtóirí daonna, faireachán ar chomhlíonadh agus ar fheidhmíocht, cibearshábháilteacht agus sábháilteacht sonraí, 'cultúr cóir' agus 'cultúr sábháilteachta'. Tá 70 beart sa dréachtphlean feidhmíochta, lena n-áirítear maidir le córas nua BAT a chur chun feidhme, uirlis castachta earnála chun an dáileadh ualaigh oibre a phleanáil, scéim nua um limistéarú, córas aimsithe treo raidió le haghaidh feasacht staide níos fearr i leith rialtóirí aerthráchta ('ATCONna') agus córas bainistithe a bhaineann le riosca struistirse.
- (13) Ar bhonn na dtorthaí a leagtar amach in aithrisí (11) agus (12), agus de bhrí nach mór na spriocanna feidhmíochta sábháilteachta uile-Aontais a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/891 a bhaint amach faoi bhliain dheireanach TT3, eadhon 2024, ba cheart, maidir leis na dréachtspriocanna atá i ndréachtphlean feidhmíochta na hUngáire, gurb é an measúnú a dhéantar orthu go bhfuil siad comhsheasmhach leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais i bpríomhréimse feidhmíochta na sábháilteachta.

### Measúnú ar na dréachtspriocanna feidhmíochta i bpríomhréimse feidhmíochta an chomhshaoil

- (14) Maidir le príomhréimse feidhmíochta an chomhshaoil, rinneadh measúnú ar chomhsheasmhacht na spriocanna a chuir an Ungáir isteach maidir le meánéifeachtúlacht chothrománach eitilte faoi bhealach a bhaineann leis an ruthag eitilte iarbhrí, ar bhonn an chritéir a leagtar síos i bpointe 1.2 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317. Dá réir sin, cuireadh na spriocanna a mholtar i ndréachtphlean feidhmíochta na hUngáire i gcomparáid leis na luachanna tagartha ábhartha le haghaidh éifeachtúlacht chothrománach na heitilte faoi bhealach a leagtar amach i bplean feabhsúcháin líonra aerbhealaí na hEorpa a bhí ar fáil nuair a glacadh na spriocanna feidhmíochta athbhreithnithe uile-Aontais i leith TT3, eadhon an 2 Meitheamh 2021. Rinneadh an measúnú sin agus imthosca áitiúla á gcur san áireamh agus rinneadh é a chomhlánú leis an athbhreithniú ar bhearta atá beartaithe chun na spriocanna comhshaoil a bhaint amach faoi phointe 2.1(a) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317.
- (15) I gcás bhliain féilire 2020, ní dhearnadh athbhreithniú le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/891 ar an sprioc fheidhmíochta uile-Aontais i leith TT3 i bpríomhréimse feidhmíochta an chomhshaoil, sprioc a leagadh amach i dtosach i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/903, toisc go raibh an tréimhse le haghaidh chur i bhfeidhm na sprice sin imithe in éag agus, dá bhrí sin, go raibh sí curtha chun feidhme go críochnaitheach cheana, rud a d'fhág nárbh fhéidir coigeartuithe cúlghabhálacha a dhéanamh. Dá réir sin, níor iarradh ar na Ballstáit athbhreithniú a dhéanamh ar a spriocanna áitiúla feidhmíochta i leith bhliain féilire 2020 i bpríomhréimse feidhmíochta an chomhshaoil sna dréachtphleananna feidhmíochta a bhí le cur isteach faoin 1 Deireadh Fómhair 2021. Dá bhrí sin, an measúnú ar chomhsheasmhacht na spriocanna áitiúla feidhmíochta comhshaoil leis na spriocanna feidhmíochta comhfhreagracha uile-Aontais, ba cheart é a dhéanamh i leith bhlianta féilire 2021, 2022, 2023 agus 2024.

- (16) Is iad seo a leanas na dréachtspríocanna feidhmíochta i bpríomhréimse feidhmíochta an chomhshaoil a mholann an Ungáir, mar aon leis na luachanna tagartha náisiúnta comhfhreagracha i leith TT3 ó phlean feabhsúcháin líonra aerbhealaí na hEorpa, agus iad arna sloinneadh mar mheánéifeachtúlacht chothrománach eiltí faoi bhealach a bhaineann leis an ruthag eiltí iarbhr:

	2021	2022	2023	2024
<b>Dréachtspríocanna comhshaoil eiltí faoi bhealach na hUngáire</b> , arna sloinneadh mar mheánéifeachtúlacht chothrománach eiltí faoi bhealach a bhaineann leis an ruthag eiltí iarbhr	1,50 %	1,49 %	1,49 %	1,49 %
Luachanna tagartha le haghaidh na hUngáire	1,50 %	1,49 %	1,49 %	1,49 %

- (17) Tugann an Coimisiún faoi deara gurb ionann na dréachtspríocanna comhshaoil a mholann an Ungáir agus na luachanna tagartha náisiúnta comhfhreagracha i gcás na mblianta féilire ó 2021 go 2024.
- (18) Maidir le pointe 2.1(a) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, tugann an Coimisiún dá aire go bhfuil roinnt beart curtha i láthair ag an Ungáir ina dréachtphlean feidhmíochta chun na spríocanna áitiúla comhshaoil a bhaint amach, lena n-áirítear plean aistrithe le haghaidh na loingseoireachta feidhmíocht bhunaithe agus na rannpháirtíochta a bhaineann le tionscadal South East Europe Free Route Airspace (SEE FRA) a chur chun feidhme.
- (19) Thairis sin, tugann an Coimisiún faoi deara go bhfuil an t-aerspás saorbhealaigh curtha chun feidhme ag an Ungáir cheana ó leibhéal eiltí 095 go leibhéal eiltí 660.
- (20) Ar bhonn na dtorthaí a leagtar amach in aithrisí (17) go (19), is é an measúnú ba cheart a dhéanamh ar na dréachtspríocanna atá i ndréachtphlean feidhmíochta na hUngáire go bhfuil siad comhsheasmhach leis na spríocanna feidhmíochta uile-Aontais i bpríomhréimse feidhmíochta an chomhshaoil.

#### Measúnú ar na dréachtspríocanna feidhmíochta i bpríomhréimse feidhmíochta na hacmhainneachta

- (21) Maidir le príomhréimse feidhmíochta na hacmhainneachta, rinneadh measúnú ar chomhsheasmhacht na spríocanna a chuir an Ungáir isteach maidir leis an meánmhoill i mbainistiú na sreibe aerthráchta ('ATFM') faoi bhealach in aghaidh na heiltí, ar bhonn an chritéir a leagtar síos i bpointe 1.3 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317. Dá réir sin, cuireadh na spríocanna a mholtar i ndréachtphlean feidhmíochta na hUngáire i gcomparáid leis na luachanna tagartha ábhartha a leagtar amach sa Phlean Oibríochta Gréasáin a bhí ar fáil nuair a glacadh na spríocanna feidhmíochta athbhreithnithe uile-Aontais i leith TT3, eadhon an 2 Meitheamh 2021. Rinneadh an measúnú sin agus imthosca áitiúla á gcur san áireamh agus rinneadh é a chomhlánú leis an athbhreithniú ar bhearta atá beartaithe chun na spríocanna acmhainneachta a bhaint amach faoi phointe 2.1(a) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317.
- (22) I gcás bhliain féilire 2020, ní dhearnadh athbhreithniú le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/891 ar an spríoc feidhmíochta uile-Aontais i leith TT3 i bpríomhréimse feidhmíochta na hacmhainneachta, spríoc a leagadh amach i dtosach i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/903, toisc go raibh an tréimhse le haghaidh chur i bhfeidhm na spríoc sin imithe in éag agus, dá bhrí sin, go raibh sí curtha chun feidhme go críochnaitheach cheana, rud a d'fhág nárbh fhéidir coigeartuithe cúlghabhálacha a dhéanamh. Dá réir sin, níor iarradh ar na Ballstáit athbhreithniú a dhéanamh ar a spríocanna áitiúla feidhmíochta i leith bhliain féilire 2020 i bpríomhréimse feidhmíochta na hacmhainneachta sna dréachtphleananna feidhmíochta a bhí le cur isteach faoin 1 Deireadh Fómhair 2021. Dá bhrí sin, an measúnú ar chomhsheasmhacht na spríocanna áitiúla feidhmíochta acmhainneachta leis na spríocanna feidhmíochta comhfhreagracha uile-Aontais, ba cheart é a dhéanamh i leith bhlianta féilire 2021, 2022, 2023 agus 2024.
- (23) Is iad seo a leanas na dréachtspríocanna acmhainneachta eiltí faoi bhealach a mholann an Ungáir i leith TT3, agus iad arna sloinneadh i nóiméid mhoille ATFM in aghaidh na heiltí, mar aon leis na luachanna tagartha comhfhreagracha ón bPlean Oibríochta Líonra:

	2021	2022	2023	2024
<b>Dréachtspríocanna acmhainneachta eiltí faoi bhealach na hUngáire</b> , i nóiméid mhoille ATFM in aghaidh na heiltí	0,06	0,11	0,11	0,11
Luachanna tagartha le haghaidh na hUngáire	0,06	0,11	0,11	0,11

- (24) Tugann an Coimisiún faoi deara gurb ionann na dréachtspríocanna acmhainneachta a mholann an Ungáir agus na luachanna tagartha náisiúnta comhfhreagracha i gcás gach bliana féilire in TT3.

- (25) Maidir le pointe 2.1(a) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, tugann an Coimisiún dá aire go bhfuil raon beart curtha i láthair ag an Ungáir sa dréachtphlean feidhmíochta chun na spriocanna áitiúla acmhainneachta eiltí faoi bhealach a bhaint amach. Áirítear ar na bearta sin Lárionad Rialaithe Limistéar Bhúdaipeist a atheagrú, clár oiliúna nua ATCO, uasghrádú ar chóras bainistithe aerthráchta (ATM) chomh maith le méadú ar an líon FTEnna atá beartaithe ag ATCO faoi dheireadh TT3.
- (26) Ar bhonn na dtorthaí a leagtar amach in aithrisí (24) agus (25), is é an measúnú ba cheart a dhéanamh ar na dréachtspriocanna i ndrúachtphlean feidhmíochta na hUngáire go bhfuil siad comhsheasmhach leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais i bpríomhréimse feidhmíochta na hacmhainneachta.

#### **Athbhreithniú ar na dréachtspriocanna acmhainneachta le haghaidh seirbhísí aerloingseoireachta críochfoirt**

- (27) Maidir leis na haerfoirt a thagann faoi raon feidhme Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317 mar a leagtar amach in Airteagail 1(3) agus (4) den Rialachán sin, chomhlánaigh an Coimisiún a mheasúnú ar na dréachtspriocanna acmhainneachta eiltí faoi bhealach le hathbhreithniú ar na dréachtspriocanna acmhainneachta le haghaidh seirbhísí aerloingseoireachta críochfoirt i gcomhréir le pointe 2.1(b) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317. Ní bhfuarthas ábhar inmí sna dréachtspriocanna sin i gcás na hUngáire.

#### **Measúnú ar na dréachtspriocanna feidhmíochta i bpríomhréimse feidhmíochta na costéifeachtúlachta**

- (28) Maidir le príomhréimse feidhmíochta na costéifeachtúlachta, rinneadh measúnú ar chomhsheasmhacht na spriocanna a chuir an Ungáir isteach maidir leis na costais aonaid arna suíomh ('CAAS') le haghaidh seirbhísí aerloingseoireachta eiltí faoi bhealach, ar bhonn na gcritéar a leagtar síos i bpointí 1.4(a), (b) agus (c) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317. Is iad na critéir sin an treocht CAAS le linn TT3, an treocht fhadtéarmach CAAS le linn TT2 agus TT3 (2015-2024), agus luach bonnlíne CAAS ar leibhéal an limistéir muirearaithe i gcomparáid le meánluach na limistéar muirearaithe a bhfuil timpeallacht oibríochtúil agus eacnamaíoch chomhchosúil ag soláthraithe seirbhísí aerloingseoireachta iontu.
- (29) Rinneadh measúnú ar na spriocanna éifeachtúlachta eiltí faoi bhealach agus imthosca áitiúla á gcur san áireamh. Comhlánaíodh an measúnú le hathbhreithniú ar na príomhfhachtóirí agus na príomhpharaiméadair is bunús leis na spriocanna sin, mar a shonraítear i bpointe 2.1(d) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317.
- (30) Is iad seo a leanas na dréachtspriocanna costéifeachtúlachta eiltí faoi bhealach a mholann an Ungáir le haghaidh TT3:

Limistéar muirearaithe eiltí faoi bhealach na hUngáire	Luach bonnlíne 2014	Luach bonnlíne 2019	2020 - 2021	2022	2023	2024
<b>Dréachtspriocanna costéifeachtúlachta eiltí faoi bhealach</b> agus iad arna sloinneadh mar chostas aonaid eiltí faoi bhealach arna shuíomh (i dtéarmaí réadacha ar phraghsanna 2017)	<b>HUF 11 916</b>	<b>HUF 9 803</b>	<b>HUF 17 628</b>	<b>HUF 14 127</b>	<b>HUF 11 842</b>	<b>HUF 10 946</b>
	EUR 38,56	EUR 31,72	EUR 57,05	EUR 45,72	EUR 38,32	EUR 35,42

- (31) Maidir leis an gcritéar a leagtar síos i bpointe 1.4(a) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, tugann an Coimisiún faoi deara gur measa treocht CAAS eiltí faoi bhealach na hUngáire ar leibhéal an limistéir muirearaithe le linn TT3, mar atá, +2,8 %, ná an treocht uile-Aontais le linn na tréimhse céanna, mar atá, +1,0 %.
- (32) Maidir leis an gcritéar a leagtar síos i bpointe 1.4(b) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, tugann an Coimisiún faoi deara gur measa treocht fhadtéarmach CAAS eiltí faoi bhealach na hUngáire le linn TT2 agus TT3 ar leibhéal an limistéir muirearaithe, mar atá, -0,9 %, ná an treocht uile-Aontais le linn na tréimhse céanna, mar atá, -1,3 %.

- (33) Maidir leis an gcritéar a leagtar síos i bpointe 1.4(c) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, tugann an Coimisiún faoi deara go bhfuil luach bonnlíne CAAS na hUngáire, mar atá, EUR 31,72 i dtéarmaí réadacha ar phraghsanna 2017 ('EUR2017'), 21 % níos ísle ná meánluach bonnlíne an ghrúpa comparáide ábhartha, mar atá, EUR 40,13 in EUR2017. Tugann an Coimisiún dá aire go bhfuil costas aonaid na hUngáire arna shuíomh fós níos ísle ná meán an ghrúpa comparáide le linn TT3 ar fad. Mar sin féin, laghdaítear an difríocht go -16 % i ndáil leis an mbliain 2024.
- (34) Scrúdaigh an Coimisiún a thuilleadh an féidir a mheas gur gá agus gur comhréireach, faoi phointe 1.4(d) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, na diallais a thugtar faoi deara in aithrisí (31) agus (32), ar an gcoinníoll gur i ngeall ar chostais bhreise arna suíomh a bhaineann le bearta is gá chun na spriocanna feidhmíochta i bpríomhréimse feidhmíochta na hacmhainneachta, nó i ngeall ar bhearta athstruchtúraithe de réir bhrí Airteagal 2(18) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, agus i ngeall orthu siúd amháin, atá an diallais ón treocht uile-Aontais CAAS nó ón treocht fhadtéarmach uile-Aontais CAAS.
- (35) I dtaca leis an gcritéar a shonraítear faoi phointe 1.4(d)(i) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, áitíonn an Ungáir ina dréachtphlean feidhmíochta go bhfuil na diallais chostais ón treocht CAAS uile-Aontais agus ón treocht fhadtéarmach CAAS uile-Aontais i ngeall go heisiach ar na bearta is gá chun spriocanna acmhainneachta a bhaint amach.
- (36) Tugann an Coimisiún faoi deara go leagann an Ungáir amach ina dhréachtphlean feidhmíochta raon leathan beart arna ndéanamh ag ANSP (Hungarocontrol) chun críche spriocanna acmhainneachta áitiúla a bhaint amach agus ar ina leith a thabhaítear costais bhreise. Mionsonraítear agus cainníochtaítear na bearta sin sa dréachtphlean feidhmíochta.
- (37) Míníonn an Ungáir gur léir sna himthosca roimh phaindéim COVID in 2019 nár leor an líon ATConna i mbun oibríochta chun freastal ar mhéid agus ar chastacht an tráchta. Mar sin de, d'fhonn freastal ar na leibhéal tráchta a bhfuil coinne leo amach anseo, tá clár oiliúna curtha i bhfeidhm ag Hungarocontrol chun an líon ATConna a mhéadú le linn TT3. Is iad na costais ghaolmhara ábhartha na costais foirne a bhaineann le luach saothair na mac léinn nua sa chéim oiliúna tosaigh agus a bhaineann le mic léinn cheadúnaithe na rialtóirí aerthráchta, chomh maith leis na costais oibriúcháin eile a thabhaítear chun na hearcaigh nua sin a oiliúint.
- (38) Tabharfar tuilleadh tacaíochta do na méaduithe acmhainneachta a bheidh ag teastáil chun freastal ar an éileamh tráchta a bheidh ann amach anseo trí infheistíochtaí i dtrealamh úrscothach. Tugann an Coimisiún dá aire, dá bhrí sin, go bhfuil roinnt uasghráduithe ar chomhpháirteanna an chórais ATM beartaithe, lena n-áirítear feidhm aimsitheora treoracha raidió agus uirlis chastachta a chur chun feidhme, feidhmiúlachtaí bainistithe aerspáis a fheabhsú, agus teicnící bainistithe sreafa agus acmhainneachta feabhsaithe a thabhairt isteach. Is tráthúil réadú na n-infheistíochtaí sin le linn TT3 agus tá coinne leis go mbeifear in ann méaduithe suntasacha a dhéanamh ar an acmhainneacht.
- (39) Ar bhonn na hanailíse mionsonraithe ón gcomhlacht um athbhreithniú ar an bhfeidhmíocht, measann an Coimisiún go bhfuil fíorghá leis na bearta ábhartha a leagtar amach i ndrúchtphlean feidhmíochta na hUngáire chun na spriocanna áitiúla acmhainneachta a bhaint amach. Thairis sin, agus ag féachaint don mheastóireacht a rinne an comhlacht um athbhreithniú ar an bhfeidhmíocht, is féidir a shuí gur mó costais bhreise na mbeart sin ná na diallais ón treocht uile-Aontais CAAS agus ón treocht fhadtéarmach uile-Aontais CAAS dá dtagraítear in aithrisí (31) agus (32).
- (40) I bhfianaise na mbreithnithe in aithrisí (35) go (39), suíonn an Coimisiún go gcomhlíontar, i leith na hUngáire, an critéar a leagtar amach i bpointe 1.4(d)(i).
- (41) De bhun na mbreithnithe thuasluaite is léir nach gá a scrúdú a thuilleadh an gcomhlíonfaí, i leith na hUngáire, an critéar a leagtar amach faoi phointe 1.4(d)(ii).
- (42) Ar bhonn na dtorthaí a leagtar amach in aithrisí (31) go (41), is é an measúnú ba cheart a dhéanamh ar na spriocanna a mholtar i ndrúchtphlean feidhmíochta na hUngáire go bhfuil siad comhsheasmhach leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais i bpríomhréimse feidhmíochta na costéifeachtúlachta.

**Athbhreithniú ar na dréachtspríocanna costéifeachtúlachta le haghaidh seirbhísí aerloingseoireachta críochfoirt**

- (43) Maidir leis na haerfoirt a thagann faoi raon feidhme Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317 mar a leagtar amach in Airteagal 1(3) agus (4) den Rialachán sin, chomhlánaigh an Coimisiún a mheasúnú ar na dréachtspríocanna costéifeachtúlachta eitiltí faoi bhealach le hathbhreithniú ar na dréachtspríocanna costéifeachtúlachta le haghaidh seirbhísí aerloingseoireachta críochfoirt i gcomhréir le pointe 2.1(c) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317. Fuarthas ábhar inní sna dréachtspríocanna sin i gcás na hUngáire.
- (44) Ar an gcéad dul síos, nuair a chuirtear aonad costais críochfoirt arna shuíomh TT3 i gcomparáid leis an treocht CAAS eitiltí faoi bhealach, chinn an Coimisiún gurb airde treocht chríochfoirt CAAS de Limistéar Muirearaithe Críochfoirt na hUngáire, sin + 11,0 % ná treocht CAAS eitiltí faoi bhealach na hUngáire ag leibhéal an limistéir muirearaithe críochfoirt, sin + 2,8 % le linn RP3.
- (45) Sa dara dul síos, tugann an Coimisiún faoi deara gurb airde na dréachtspríocanna treochta CAAS críochfoirt le haghaidh limistéar muirearaithe críochfoirt de chuid na hUngáire, mar atá, +11,0 % le linn TT3, ná an treocht CAAS críochfoirt iarbhrí a chonacthas le linn TT2, mar atá, -4,7 %.
- (46) Ar an tríú dul síos, nuair a chuirtear an CAAS críochfoirt i gcomparáid le feidhmíocht aerfort inchomparáide i leith TT3, tugann an Coimisiún faoi deara go meastar gurb airde i bhfad CAAS le haghaidh aerfort Bhúdaipeist ná CAAS airmheánach na n-aerfort ábhartha.
- (47) Measann an Coimisiún, dá bhrí sin, gur cheart don Ungáir, i dtaca le glacadh a phlean feidhmíochta chríochnaithigh i gcomhréir le hAirteagal 16, pointe (a) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, breis údair a thabhairt maidir leis na spriocanna costéifeachtúlachta críochfoirt i leith TT3 i bhfianaise na mbreithnithe a leagtar amach in aithris (44) go (46), sin nó ba cheart di na spriocanna sin a athbhreithniú anuas.

**Athbhreithniú ar na scéimeanna dreasachtaí dá dtagraítear in Airteagal 11 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317 mar chomhlánú ar mheasúnú an Choimisiúin ar na dréachtspríocanna acmhainneachta**

- (48) I gcomhréir le pointe 2.1(f) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, i dtaca leis an measúnú ar na dréachtspríocanna acmhainneachta, chomhlánaigh an Coimisiún an measúnú sin le hathbhreithniú ar na dréachtscéimeanna dreasachtaí dá dtagraítear in Airteagal 11 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317. I ndáil leis sin, scrúdaigh an Coimisiún an gcomhlíonann na dréacht-scéimeanna dreasachtaí na ceanglais shubstainteacha a leagtar amach in Airteagal 11(1) agus (3) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317. Fuarthas ábhar inní sna dréachtscéimeanna dreasachtaí atá i ndrúachtphlean feidhmíochta na hUngáire.
- (49) Tugann an Coimisiún faoi deara, maidir leis an scéim dreasachtaí le haghaidh acmhainneacht eitiltí faoi bhealach a mholtar i ndrúachtphlean feidhmíochta na hUngáire agus leis an scéim dreasachtaí le haghaidh acmhainneacht críochfoirt a mholtar ann araon, go gcuimsíonn siad uas-mhíbhuntáiste airgeadais is ionann agus 0,5 % de na costais arna suíomh agus uasbhuntáiste airgeadais is ionann agus 0,5 % de na costais arna suíomh.
- (50) Maidir leis na scéimeanna dreasachtaí sin, tá an Coimisiún go mór in amhras, ar bhonn comhairle shaineolach a sholáthair an comhlacht um athbhreithniú ar an bhfeidhmíocht, an imreodh an t-uas-mhíbhuntáiste airgeadais a mholtar, arb ionann é agus 0,5 % de na costais arna suíomh, aon tionchar ábhartha ar an ioncam atá i mbaol, mar a cheanglaítear de bhun Airteagal 11(3), pointe (a) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317.
- (51) Ba cheart don Ungáir, dá bhrí sin, i dtaca le glacadh a phlean feidhmíochta chríochnaithigh i gcomhréir le hAirteagal 16, pointe (a) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, athbhreithniú a dhéanamh ar a scéimeanna dreasachtaí chun na spriocanna acmhainneachta eitiltí faoi bhealach agus acmhainneacht críochfoirt a bhaint amach sa chaoi go socrófar na huas-mhíbhuntáistí de bhun na scéimeanna dreasachtaí sin ar leibhéal a imreoidh tionchar ábhartha ar an ioncam atá i mbaol, mar a cheanglaítear go sonrach faoi Airteagal 11(3), pointe (a) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, agus is é an tuairim ón gCoimisiún gur cheart go socrófaí, mar thoradh air sin, an t-uas-mhíbhuntáiste airgeadais ar leibhéal is ionann agus 1 % de na costais arna suíomh nó níos airde ná sin.

**CONCLUÍDÍ**

- (52) Ar bhonn an mheasúnaithe a leagtar amach in aithrisí (10) go (51), tá sé suite ag an gCoimisiún go bhfuil na spriocanna feidhmíochta atá sna dréachtphleananna feidhmíochta a chuir an Ungáir isteach comhsheasmhach leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais.

- (53) Tugann an Coimisiún dá aire go bhfuil sé tugtha le fios ag roinnt Ballstát go bhfuil sé i gceist acu ítimí costais a bhaineann le ladrainn a bhrath ag na haerfoirt a chur lena mbonn costais i leith TT3. Ní raibh an Coimisiún in ann a shuí go beacht, ar bhonn na n-eilimintí atá sna dréachtphleananna feidhmíochta, cé mhéad a chuir na Ballstáit costais shuite den chineál sin lena mbonn costais i leith TT3, ná, i gcásanna inar chuir, cé mhéad a thabhaítear iad i ndáil le soláthar na seirbhísí aerloingseoireachta, rud a d'fhágfadh gurbh fhéidir a mheas gur costais incháilithe iad faoin scéim feidhmíochta agus muirearaithe. Tá iarraidh *ad hoc* ar fhaisnéis curtha ag seirbhísí an Choimisiúin chuig na Ballstáit uile chun faisnéis ábhartha a bhailiú, agus déanfaidh siad tuilleadh scrúdaithe ar na costais a thuairiscítear maidir le ladrainn a bhrath ag na haerfoirt i gcomhthéacs an fhíoraithe ar chomhlíontacht na rátaí aonaid. Tá an Cinneadh seo gan dochar do thorthaí ná do chonclúidí an Choimisiúin maidir le costais braite na ladrann.
- (54) Mar fhreagairt ar ionsaí míleata na Rúise ar an Úcráin, a thosaigh an 24 Feabhra 2022, tá bearta sriantacha glactha ag an Aontas lena gcuirtear toirmeasc ar aeriompróirí Rúiseacha, ar aon aerárthach atá cláraithe sa Rúis agus ar aon aerárthach nach bhfuil cláraithe sa Rúis ach atá faoi úinéireacht, ar chairtfhostú, nó faoi rialú ar shlí eile ag aon duine nádúrtha nó dlítheanach Rúiseach nó ag aon eintiteas nó comhlacht Rúiseach tuirlingt i gcríoch an Aontais, éirí de thalamh uaithi, nó eitilt thairsti. Tá laghdú ag teacht ar an aerthrácht san aerspás os cionn chríoch an Aontais i ngeall ar na bearta sin. Níor cheart, ámh, go mbeadh an tionchar ar an leibhéal uile-Aontais inchomparáide leis an laghdú ar an aerthrácht de dheasca ráig phaindéim COVID-19 i mí an Mhárta 2020. Dá bhrí sin, is iomchuí na bearta agus na próisis atá ann faoi láthair le haghaidh chur chun feidhme na scéime feidhmíochta agus muirearaithe le linn TT3 a choinneáil ar bun.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Na spriocanna feidhmíochta atá sa dréachtphlean feidhmíochta a chuir an Ungáir isteach de bhun Rialachán (CE) Uimh. 549/2004 agus a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo, tá siad comhsheasmhach leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais i leith an trú tréimhse tagartha a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/891.

*Airteagal 2*

Is chuig an Ungáir a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 13 Aibreán 2022.

*Thar ceann an Choimisiúin*  
Adina VĂLEAN  
*Comhalta den Choimisiún*

## IARSCRÍBHINN

Na spriocanna feidhmíochta atá san áireamh sa dréachtphlean feidhmíochta a chuir an Ungáir isteach de bhun Rialachán (CE) Uimh. 549/2004 agus a fuarthas go bhfuil siad comhsheasmhach leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais le haghaidh an tríú tréimhse thagartha.

## PRÍOMHRÉIMSE FEIDHMÍOCHTA SÁBHÁILTEACHTA

## Éifeachtacht na bainistíochta sábháilteachta

an Ungáir	Spriocanna maidir le héifeachtacht na bainistíochta sábháilteachta, arna sloinneadh mar leibhéal cur chun feidhme, ó leibhéal EASA A go D				
An soláthraí seirbhísí aerloingseoireachta lena mbaineann	Cuspóir na bainistíochta sábháilteachta	2021	2022	2023	2024
Hungarocontrol	Beartas agus cuspóirí sábháilteachta	C	C	C	<b>C</b>
	Bainistíocht riosca sábháilteachta	C	C	D	<b>D</b>
	Dearbhú sábháilteachta	C	C	C	<b>C</b>
	Cur chun cinn na sábháilteachta	C	C	C	<b>C</b>
	Cultúr sábháilteachta	C	C	C	<b>C</b>

## PRÍOMHRÉIMSE FEIDHMÍOCHTA AN CHOMHSHAOIL

## Meánéifeachtúlacht chothrománach eitilte faoi bhealach an ruthaig eitilte iarbhír

	2021	2022	2023	2024
<b>Dréacht de spriocanna comhshaoil faoi bhealach na hUngáire</b> , arna sloinneadh mar mheánéifeachtúlacht chothrománach faoi bhealach an ruthaig eitilte iarbhír	<b>1,50 %</b>	<b>1,49 %</b>	<b>1,49 %</b>	<b>1,49 %</b>
Luachanna tagartha don Ungáir	1,50 %	1,49 %	1,49 %	1,49 %

## PRÍOMHRÉIMSE FEIDHMÍOCHTA ACMHAINNEACHTA

## Meánmhoill ATFM eitilte faoi bhealach i nóiméid in aghaidh na heitilte

	2021	2022	2023	2024
<b>Dréacht de spriocanna acmhainneachta faoi bhealach na hUngáire</b> „i nóiméid ar mhoill ATFM in aghaidh na heitilte	<b>0,06</b>	<b>0,11</b>	<b>0,11</b>	<b>0,11</b>
Luachanna tagartha don Ungáir	0,06	0,11	0,11	0,11



## PRÍOMHRÉIMSE FEIDHMÍOCHTA COSTÉIFEACHTÚLACHTA

## Costas aonaid arna shuíomh le haghaidh seirbhísí aerloingseoireachta faoi bhealach

Limistéar muirearaithe faoi bhealach na hUngáire	Luach bonnlíne 2014	Luach bonnlíne 2019	2020-2021	2022	2023	2024
<b>Dréacht de spriocanna costéifeachtúlachta faoi bhealach</b> , arna sloinneadh mar chostas aonaid faoi bhealach arna shuíomh (i dtéarmaí réadacha ag praghsanna 2017)	<b>11 916 HUF</b>	<b>9 803 HUF</b>	<b>17 628 HUF</b>	<b>14 127 HUF</b>	<b>11 842 HUF</b>	<b>10 946 HUF</b>
	EUR 38,56	EUR 31,72	EUR 57,05	EUR 45,72	EUR 38,32	EUR 35,42

**CINNEADH (AE) 2022/776 ÓN gCOIMISIÚN****an 13 Aibreán 2022****maidir le comhsheasmhacht na spriocanna feidhmíochta atá sa dréachtphlean feidhmíochta a chuir an Spáinn isteach de bhun Rialachán (CE) Uimh. 549/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais i leith an tríú tréimhse tagartha***(a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhoiciméad C(2022) 2300)***(Is é an téacs Spáinnise amháin atá barántúil)****(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 549/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Márta 2004 lena leagtar síos an creat chun aerspás Eorpach aonair a chruthú (an creat-Rialachán) <sup>(1)</sup>, agus go háirithe Airteagal 11(3), pointe (c), an chéad mhír, de,

Ag féachaint do Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317 ón gCoimisiún an 11 Feabhra 2019 lena leagtar síos scéim feidhmíochta agus muirearaithe san aerspás Eorpach aonair <sup>(2)</sup>, agus go háirithe Airteagal 14(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

**BREITHNITHE GINEARÁLTA**

- (1) De bhun Airteagal 11 de Rialachán (CE) Uimh. 549/2004, tá scéim feidhmíochta le haghaidh seirbhísí aerloingseoireachta agus feidhmeanna líonra aerloingseoireachta le bunú. Thairis sin, de bhun Airteagal 10 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, tá na Ballstáit le spriocanna feidhmíochta ceangailteacha a tharraingt suas, ar an leibhéal náisiúnta nó ar leibhéal na mbloc feidhme aerspáis, i leith gach tréimhse tagartha den scéim feidhmíochta le haghaidh seirbhísí aerloingseoireachta agus feidhmeanna líonra aerloingseoireachta. Ní mór na spriocanna feidhmíochta sin a bheith comhsheasmhach leis na spriocanna uile-Aontais arna ghlacadh ag an gCoimisiún i leith na tréimhse tagartha lena mbaineann. Is é an Coimisiún atá freagrach as measúnú a dhéanamh an bhfuil na spriocanna feidhmíochta molta atá sna dréachtphleananna arna dtarraingt suas ag na Ballstáit comhsheasmhach leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais, agus na critéir mheasúnaithe a leagtar amach in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317 á úsáid aige.
- (2) Ní mór na spriocanna feidhmíochta sin a bheith comhsheasmhach leis na spriocanna uile-Aontais arna ghlacadh ag an gCoimisiún i leith na tréimhse tagartha lena mbaineann. Is é an Coimisiún atá freagrach as measúnú a dhéanamh an bhfuil na spriocanna feidhmíochta molta atá sna dréachtphleananna comhsheasmhach leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais, agus na critéir mheasúnaithe a leagtar amach in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317 á úsáid aige.
- (3) Ó bhí an chéad ráithe den bhliain féilire 2020 ann, bhí tionchar suntasach ag ráig phaindéim COVID-19 ar earnáil an aeriompair agus tá méid an aerthráchta laghdaithe go mór i gcomparáid leis na leibhéil roimh an bpaindéim, mar gheall ar na bearta a rinne na Ballstáit agus tríú tíortha chun an paindéim a shrianadh.

<sup>(1)</sup> IO L 96, 31.3.2004, lch. 1.

<sup>(2)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317 ón gCoimisiún an 11 Feabhra 2019 lena leagtar síos scéim feidhmíochta agus muirearaithe san aerspás Eorpach aonair agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 390/2013 agus (AE) Uimh. 391/2013 (IO L 56, 25.2.2019, lch. 1).

- (4) Leagadh spriocanna feidhmíochta uile-Aontais i leith an tríú tréimhse thagartha (“TT3”) síos i dtosach i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/903 ón gCoimisiún <sup>(3)</sup>. Maidir leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais sin agus na dréachtphleananna feidhmíochta TT3 a chuir na Ballstáit isteach ina dhiaidh sin, ós rud é gur tarraingíodh suas iad sular tharla ráig phaindéim COVID-19, ní fhéadfaí an t-athrú suntasach a tháinig ar na dálaí aeriompair de dheasca na paindéime a chur san áireamh iontu.
- (5) Mar fhreagairt ar thionchar phaindéim COVID-19 ar sholáthar seirbhísí aerloingseoireachta, leagadh amach bearta eisceachtúla le haghaidh an tríú tréimhse thagartha, de mhaolú ar Rialachán (AE) 2019/317, i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1627 ón gCoimisiún <sup>(4)</sup>. De bhun Airteagal 2(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1627, ghlac an Coimisiún, an 2 Meitheamh 2021, Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/891 <sup>(5)</sup> lena leagtar spriocanna feidhmíochta athbhreithnithe uile-Aontais amach i leith TT3.
- (6) Tugann an Coimisiún dá aire gurb é a thuarar le réamhaisnéis tráchta bhonnlíne Sheirbhís Staidrimh agus Réamhaisnéis Eurocontrol (“STATFOR”) ó mhí Dheireadh Fómhair 2021 go sroichfidh an t-aerthrácht ar an leibhéal uile-Aontais na leibhéil ar a raibh sé roimh an bpaindéim le linn 2023 agus go sáróidh sé na leibhéil sin in 2024. Mar sin féin, tá leibhéal ard éiginnteachta fós ag baint le forbairt an tráchta mar gheall ar na rioscaí a bhaineann le forbairt staid epidéimeolaíoch COVID-19. Tugann an Coimisiún dá aire, freisin, go meastar go dtiocfaidh téarnamh míchothrom ar an aerthrácht sna Ballstáit éagsúla.
- (7) Tá dréachtphleananna feidhmíochta, agus spriocanna áitiúla feidhmíochta iontu i leith TT3, tiomsaithe agus glactha ag na Ballstáit uile, agus cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin iad lena measúnú faoin 1 Deireadh Fómhair 2021. Tar éis a fhíorú don Choimisiún arbh iomlán do na dréachtphleananna feidhmíochta sin, d'iarr sé ar Bhallstáit dréachtphleananna feidhmíochta athbhreithnithe a chur faoina bhráid faoin 17 Samhain 2021. An measúnú ón gCoimisiún a chuirtear i láthair sa Chinneadh seo, is ar an dréachtphlean feidhmíochta athbhreithnithe a chuir an Spáinn isteach atá sé bunaithe.
- (8) Tá tuarascáil curtha faoi bhráid an Choimisiúin ag an gcomhlacht um athbhreithniú ar an bhfeidhmíocht a thugann cúnaimh don Choimisiún maidir le cur chun feidhme na scéime feidhmíochta de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (CE) Uimh. 549/2004, agus comhairle uaidh inti maidir leis an measúnú ar na dréachtphleananna feidhmíochta i leith TT3.
- (9) I gcomhréir le hAirteagal 14(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, rinne an Coimisiún measúnú ar an bhfeidhmíocht áitiúil atá beartaithe ag an Spáinn ar bhonn na gcrítear measúnaithe a leagtar síos i bpointe 1 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin, agus imthosca áitiúla á gcur san áireamh. Chomhlánaigh an Coimisiún an measúnú, i leith gach príomhréimse feidhmíochta agus na spriocanna feidhmíochta a bhaineann leis, trí athbhreithniú a dhéanamh ar na dréachtphleananna feidhmíochta i leith na n-eilimintí a leagtar amach i bpointe 2 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin.

## MEASÚNÚ ÓN gCOIMISIÚN

### Measúnú ar na dréachtspriocanna feidhmíochta i bpríomhréimse feidhmíochta na sábháilteachta

- (10) Maidir le príomhréimse feidhmíochta na sábháilteachta, rinne an Coimisiún measúnú ar chomhsheasmhacht na spriocanna a chuir an Spáinn faoina bhráid maidir lena héifeachtaí a dhéanann soláthraithe seirbhísí aerloingseoireachta bainistíocht ar an tsábháilteacht, ar bhonn an chritéir a leagtar síos i bpointe 1.1 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317. Rinneadh an measúnú sin agus imthosca áitiúla á gcur san áireamh agus rinneadh é a chomhlánú leis an athbhreithniú ar bhearta atá beartaithe chun na spriocanna sábháilteachta a bhaint amach i ndáil leis na heilimintí a leagtar amach i bpointe 2.1.(a) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317.

<sup>(3)</sup> Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/903 ón gCoimisiún an 29 Bealtaine 2019 lena leagtar síos spriocanna feidhmíochta uile-Aontais le haghaidh an líonra um bainistíocht aerthráchta i ndáil leis an tríú tréimhse thagartha dar tús an 1 Eanáir 2020 agus dar críoch an 31 Nollaig 2024 (IO L 144, 3.6.2019, lch. 49).

<sup>(4)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1627 ón gCoimisiún an 3 Samhain 2020 maidir le bearta eisceachtúla i ndáil leis an tríú tréimhse thagartha (2020-2024) den scéim feidhmíochta agus muirearaithe san aerspás Eorpach de dheasca phaindéim COVID-19 (IO L 366, 4.11.2020, lch. 7).

<sup>(5)</sup> Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/891 ón gCoimisiún an 2 Meitheamh 2021 lena leagtar síos spriocanna feidhmíochta athbhreithnithe uile-Aontais le haghaidh an líonra um bainistíocht aerthráchta i ndáil leis an tríú tréimhse thagartha (2020-2024) agus lena n-aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/903 (IO L 195, 3.6.2021, lch. 3).

- (11) Is iad seo a leanas na dréachtspríocanna feidhmíochta i bpríomhréimse feidhmíochta na sábháilteachta a mholann an Spáinn i leith éifeachtacht na bainistíochta sábháilteachta, arna miondealú de réir na gcuspóirí bainistíochta sábháilteachta agus arna sloinneadh mar leibhéal cur chun feidhme:

An Spáinn	Spriocanna le haghaidh éifeachtacht na bainistíochta sábháilteachta, arna sloinneadh mar leibhéal cur chun feidhme i raon idir leibhéal A agus D de chuid EASA				
Na soláthraithe seirbhísí aerloingseoireachta lena mbaineann	An cuspóir bainistíochta sábháilteachta	2021	2022	2023	2024
ENAIRES, FERRONATS	Beartas sábháilteachta agus cuspóirí	C	C	C	C
	Bainistiú riosca sábháilteachta	C	C	C	D
	Dearbhú sábháilteachta	C	C	C	C
	Cur chun cinn na sábháilteachta	C	C	C	C
	Cultúr sábháilteachta	C	C	C	C

- (12) Maidir leis na dréachtspríocanna sábháilteachta a mhol an Spáinn le haghaidh na soláthraithe seirbhísí aerloingseoireachta (ENAIRES agus FERRONATS), is é conclúid an Choimisiúin go bhfuil sé beartaithe leibhéal na sprice feidhmíochta uile-Aontais a bhaint amach in 2024 i gcás chuspóir bhainistiú an riosca sábháilteachta, agus, i gcás na gcuspóirí bainistíochta sábháilteachta eile, go gcomhlíonann na spriocanna feidhmíochta áitiúla leibhéal na sprice feidhmíochta uile-Aontais i leith gach bliana féilire ó 2021 go 2024.
- (13) Tugann an Coimisiún dá aire go leagtar amach sa dréachtphlean feidhmíochta a chuir an Spáinn isteach bearta le haghaidh na ANSPanna chun na spriocanna sábháilteachta áitiúla a bhaint amach, amhail “an cultúr cóir” a treisiú agus plean straitéiseach “Digital Sky” a chur chun feidhme chun na seirbhísí cumarsáide, loingseoireachta agus faireachais do ENAIRES a nuachóiriú, chomh maith le cultúr na sábháilteachta a chur chun cinn agus feabhas a chur ar iniúchadh na gcóras bainistíochta sábháilteachta agus ar nósanna imeachta suirbhéanna do FERRONATS.
- (14) Ar bhonn na dtorthaí a leagtar amach in aithrisí (12) agus (13), agus de bhrí nach mór na spriocanna feidhmíochta sábháilteachta uile-Aontais a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/891 a bhaint amach faoi bhliain dheireanach TT3, eadhon 2024, ba cheart, maidir leis na dréachtspríocanna atá i ndréachtphlean feidhmíochta na Spáinne, gurb é an measúnú a dhéantar orthu go bhfuil siad comhsheasmhach leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais i bpríomhréimse feidhmíochta na sábháilteachta.

### Measúnú ar na dréachtspríocanna feidhmíochta i bpríomhréimse feidhmíochta an chomhshaoil

- (15) Maidir le príomhréimse feidhmíochta an chomhshaoil, rinneadh measúnú ar chomhsheasmhacht na spriocanna a chuir an Spáinn isteach maidir le meánéifeachtúlacht chothrománach eitilte faoi bhealach a bhaineann leis an ruthag eitilte iarbhír, ar bhonn an chritéir a leagtar síos i bpointe 1.2 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317. Dá réir sin, cuireadh na spriocanna a mholtar i ndréachtphlean feidhmíochta na Spáinne i gcomparáid leis na luachanna tagartha ábhartha le haghaidh éifeachtúlacht chothrománach na heitilte faoi bhealach a leagtar amach i bplean feabhsúcháin líonra aerbhealaí na hEorpa a bhí ar fáil nuair a glacadh na spriocanna feidhmíochta athbhreithnithe uile-Aontais i leith TT3, eadhon an 2 Meitheamh 2021. Rinneadh an measúnú sin agus imthosca áitiúla á gcur san áireamh agus rinneadh é a chomhlánú leis an athbhreithniú ar bhearta atá beartaithe chun na spriocanna comhshaoil a bhaint amach faoi phointe 2.1(a) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317.
- (16) I gcás bhliain féilire 2020, ní dhearnadh athbhreithniú le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/891 ar an sprioc fheidhmíochta uile-Aontais i leith TT3 i bpríomhréimse feidhmíochta an chomhshaoil, sprioc a leagadh amach i dtosach i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/903, toisc go raibh an tréimhse le haghaidh chur i bhfeidhm na sprice sin imithe in éag agus, dá bhrí sin, go raibh sí curtha chun feidhme go críochnaitheach cheana, rud a d'fhág nárbh fhéidir coigeartuithe cúlghabhálacha a dhéanamh. Dá réir sin, níor iarradh ar na Ballstáit athbhreithniú a dhéanamh ar a spriocanna áitiúla feidhmíochta i leith bhliain féilire 2020 i bpríomhréimse feidhmíochta an chomhshaoil sna dréachtphleananna feidhmíochta a bhí le cur isteach faoin 1 Deireadh Fómhair 2021. Dá bhrí sin an measúnú ar chomhsheasmhacht na spriocanna áitiúla feidhmíochta comhshaoil leis na spriocanna feidhmíochta comhfhreagracha uile-Aontais, ba cheart é a dhéanamh i leith bhlianta féilire 2021, 2022, 2023 agus 2024.

- (17) Is iad seo a leanas na dréachtspríocanna feidhmíochta i bpríomhréimse feidhmíochta an chomhshaoil a mholann an Spáinn, mar aon leis na luachanna tagartha náisiúnta comhfhreagracha i leith TT3 ó phlean feabhsúcháin líonra aerbhealaí na hEorpa, agus iad arna sloinneadh mar mheánéifeachtúlacht chothrománach eitilte faoi bhealach a bhaineann leis an ruthag eitilte iarbhír:

	2021	2022	2023	2024
<b>Dréachtspríocanna comhshaoil eitiltí faoi bhealach na Spáinne</b> , arna sloinneadh mar mheánéifeachtúlacht chothrománach eitilte faoi bhealach a bhaineann leis an ruthag eitilte iarbhír	3,08 %	3,08 %	3,08 %	3,08 %
Luachanna tagartha le haghaidh na Spáinne	3,08 %	3,08 %	3,08 %	3,08 %

- (18) Tugann an Coimisiún faoi deara gurb ionann na dréachtspríocanna comhshaoil a mholann an Spáinn agus na luachanna tagartha náisiúnta comhfhreagracha i gcás gach bliana féilire ó 2021 go 2024.
- (19) Maidir le pointe 2.1(a) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, tugann an Coimisiún dá aire go bhfuil roinnt beart curtha i láthair ag an Spáinn sa dréachtphlean feidhmíochta chun na spríocanna comhshaoil áitiúla a bhaint amach, lena n-áirítear feabhas a chur ar roinnt líonraí bealaí, athruithe i leith limistéir laistigh de Lárionad Rialaithe Limistéar na nOileán Canárach, atheagrú Limistéar Ainlithe Críochfoirt Mhaidrid agus Palma chomh maith le bearta chun comhar trasteorann a mhéadú.
- (20) Thairis sin, tugann an Coimisiún dá aire go bhfuil aerspás saorbhealaigh (FRA) curtha chun feidhme cheana féin ag an Spáinn laistigh de limistéir Santiago agus Asturias Réigiún Faisnéise Eitilte Mhaidrid (tionscadal FRASAI) agus gur thionscain sí roinnt tionscadal cur chun feidhme FRA (e.g. HISPAFRA).
- (21) Ar bhonn na dtorthaí a leagtar amach in aithrisí (18) go (20), is é an measúnú ba cheart a dhéanamh ar na dréachtspríocanna atá i ndréachtphlean feidhmíochta na Spáinne go bhfuil siad comhsheasmhach leis na spríocanna feidhmíochta uile-Aontais i bpríomhréimse feidhmíochta an chomhshaoil.

#### Measúnú ar na dréachtspríocanna feidhmíochta i bpríomhréimse feidhmíochta na hacmhainneachta

- (22) Maidir le príomhréimse feidhmíochta na hacmhainneachta, rinneadh measúnú ar chomhsheasmhacht na spríocanna a chuir na Spáinne isteach maidir leis an meánmhoill i mbainistiú na sreibe aerthrácha ("ATFM") faoi bhealach in aghaidh na heitilte, ar bhonn an chritéir a leagtar síos i bpointe 1.3 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317. Dá réir sin, cuireadh na spríocanna a mholtar i ndréachtphlean feidhmíochta na Spáinne i gcomparáid leis na luachanna tagartha ábhartha a leagtar amach sa Phlean Oibríochta Gréasáin a bhí ar fáil nuair a glacadh na spríocanna feidhmíochta athbhreithnithe uile-Aontais i leith TT3, eadhon an 2 Meitheamh 2021. Rinneadh an measúnú sin agus imthosca áitiúla á gcur san áireamh agus rinneadh é a chomhlánú leis an athbhreithniú ar bhearta atá beartaithe chun na spríocanna acmhainneachta a bhaint amach faoi phointe 2.1(a) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317.
- (23) I gcás bhliain féilire 2020, ní dhearnadh athbhreithniú le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/891 ar an spríoc feidhmíochta uile-Aontais i leith TT3 i bpríomhréimse feidhmíochta na hacmhainneachta, spríoc a leagadh amach i dtosach i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/903, toisc go raibh an tréimhse le haghaidh chur i bhfeidhm na sprice sin imithe in éag agus, dá bhrí sin, go raibh sí curtha chun feidhme go críochnaitheach cheana, rud a d'fhág nárbh fhéidir coigeartuithe cúlghabhálacha a dhéanamh. Dá réir sin, níor iarradh ar na Ballstáit athbhreithniú a dhéanamh ar a spríocanna áitiúla feidhmíochta i leith bhliain féilire 2020 i bpríomhréimse feidhmíochta na hacmhainneachta sna dréachtphleananna feidhmíochta a bhí le cur isteach faoin 1 Deireadh Fómhair 2021. Dá bhrí sin, an measúnú ar chomhsheasmhacht na spríocanna áitiúla feidhmíochta acmhainneachta leis na spríocanna feidhmíochta comhfhreagracha uile-Aontais, ba cheart é a dhéanamh i leith bhlianta féilire 2021, 2022, 2023 agus 2024.
- (24) Is iad seo a leanas na dréachtspríocanna acmhainneachta eitiltí faoi bhealach a mholann an Spáinn i leith TT3, agus iad arna sloinneadh i nóiméid mhoille ATFM in aghaidh na heitilte, mar aon leis na luachanna tagartha comhfhreagracha ón bPlean Oibríochta Líonra:

	2021	2022	2023	2024
<b>Dréachtspríocanna acmhainneachta eitiltí faoi bhealach na Spáinne</b> i nóiméid mhoille ATFM in aghaidh na heitilte	<b>0,12</b>	<b>0,20</b>	<b>0,19</b>	<b>0,19</b>
Luachanna tagartha le haghaidh na Spáinne	0,12	0,20	0,19	0,19

- (25) Tugann an Coimisiún faoi deara gurb ionann na dréachtspríocanna acmhainneachta a mholann an Spáinn agus na luachanna tagartha náisiúnta comhfhreagracha i gcás gach bliana féilire ó 2021 go 2024.
- (26) Maidir le pointe 2.1(a) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, tugann an Coimisiún dá aire go bhfuil raon beart curtha i láthair ag an Spáinn sa dréachtphlean feidhmíochta chun na spríocanna áitiúla acmhainneachta eitiltí faoi bhealach a bhaint amach. Áirítear ar na bearta sin nuachóiriú cuimsitheach ar an gcóras bainistithe aerthráchta, méadú ar acmhainneachtaí limistéar, optamú aerthráchta isteach, earcú rialtóirí aerthráchta (ATCONna) chun ionad foirne atá ag dul ar scor a ghlacadh chomh maith le feabhsúcháin éifeachtúlachta sa phróiseas uainchláir ATCO.
- (27) Ar bhonn na dtorthaí a leagtar amach in aithrisí (25) agus (26), is é an measúnú ba cheart a dhéanamh ar na dréachtspríocanna i ndréachtphlean feidhmíochta na Spáinne go bhfuil siad comhsheasmhach leis na spríocanna feidhmíochta uile-Aontais i bpríomhréimse feidhmíochta na hacmhainneachta.

#### **Athbhreithniú ar na dréachtspríocanna acmhainneachta le haghaidh seirbhísí aerloingseoireachta críochfoirt**

- (28) Maidir leis na haerfoirt a thagann faoi raon feidhme Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317 mar a leagtar amach in Airteagal 1(3) agus (4) den Rialachán sin, chomhlánaigh an Coimisiún a mheasúnú ar na dréachtspríocanna acmhainneachta eitiltí faoi bhealach le hathbhreithniú ar na dréachtspríocanna acmhainneachta le haghaidh seirbhísí aerloingseoireachta críochfoirt i gcomhréir le pointe 2.1(b) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317. Ní bhfuarthas ábhar inni sna dréachtspríocanna sin i gcás na Spáinne.

#### **Measúnú ar na dréachtspríocanna feidhmíochta i bpríomhréimse feidhmíochta na costéifeachtúlachta**

- (29) Maidir le príomhréimse feidhmíochta na costéifeachtúlachta, rinneadh measúnú ar chomhsheasmhacht na spríocanna a chuir an Spáinn isteach maidir leis na costais aonaid arna suíomh ("CAAS") le haghaidh seirbhísí aerloingseoireachta eitiltí faoi bhealach, ar bhonn na gcritéar a leagtar síos i bpointí 1.4(a), (b) agus (c) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317. Is iad na critéir sin an treocht CAAS le linn TT3, an treocht fhadtéarmach CAAS le linn an dara tréimhse tagartha (TT2) agus TT3 (2015-2024), agus luach bonnlíne CAAS ar leibhéal an limistéir muirearaithe i gcomparáid le meánluach na limistéar muirearaithe a bhfuil timpeallacht oibríochtúil agus eacnamaíoch chomhchosúil ag soláthraithe seirbhísí aerloingseoireachta iontu.
- (30) Rinneadh measúnú ar na spríocanna éifeachtúlachta eitiltí faoi bhealach agus imthosca áitiúla á gcur san áireamh. Comhlánaíodh an measúnú le hathbhreithniú ar na príomhfachtóirí agus na príomhpharaiméadair is bunús leis na spríocanna sin, mar a shonraítear i bpointe 2.1(d) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317.
- (31) Is mar seo a leanas atá na dréachtscéimeanna costéifeachtúlachta eitiltí faoi bhealach a mhol an Spáinn le haghaidh limistéir muirearaithe na Spáinne Ilchríochaí agus Oileáin Chanáracha na Spáinne le linn TT3:

Limistéar muirearaithe eitiltí faoi bhealach na Spáinne	Luach bonnlíne 2014	Luach bonnlíne 2019	2020 - 2021	2022	2023	2024
<b>Dréachtspríocanna costéifeachtúlachta eitiltí faoi bhealach na Spáinne Ilchríochaí</b> , arna sloinneadh mar chostas aonaid eitilte faoi bhealach arna shuíomh (i dtéarmaí réadacha ar phraghsanna 2017)	<b>EUR 69,88</b>	<b>EUR 52,06</b>	<b>EUR 107,71</b>	<b>EUR 53,64</b>	<b>EUR 51,69</b>	<b>EUR 48,19</b>

<b>Dréachspriocanna costéifeachtúlachta eitiltí faoi bhealach Oileáin Chanáracha na Spáinne,</b> arna sloinneadh mar chostas aonaid eitilte faoi bhealach arna shuíomh (i dtéarmaí réadacha ar phraghsanna 2017)	<b>EUR 70,11</b>	<b>EUR 52,39</b>	<b>EUR 104,97</b>	<b>EUR 66,92</b>	<b>EUR 58,97</b>	<b>EUR 53,93</b>
--	------------------	------------------	-------------------	------------------	------------------	------------------

- (32) Maidir leis an gcritéar a leagtar síos i bpointe 1.4(a) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, tugann an Coimisiún faoi deara gur fearr treocht CAAS eitiltí faoi bhealach na Spáinne le linn TT3 ar leibhéal limistéir muirearaithe na Spáinne Ilchríochaí (-1,9 %) agus Spáinn na nOileán Canárach (+ 0,7 %), sin gur fearr an treocht sin ná an treocht uile-Aontais +1,0 % le linn na tréimhse céanna.
- (33) Maidir leis an gcritéar a leagtar síos i bpointe 1.4(b) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, tugann an Coimisiún faoi deara gur fearr treocht fhadtéarmach CAAS eitiltí faoi bhealach na Spáinne le linn TT2 agus TT3 ar leibhéal limistéir muirearaithe na Spáinne Ilchríochaí (-4,0 %) agus Spáinn na nOileán Canárach (-2,9 %), sin gur fearr an treocht sin ná an treocht uile-Aontais le linn na tréimhse céanna, mar atá, -1,3 %.
- (34) Maidir leis an gcritéar a leagtar síos i bpointe 1.4(c) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, tugann an Coimisiún faoi deara go bhfuil meánluach bonnlíne CAAS limistéir muirearaithe na Spáinne Ilchríochaí agus Oileáin Chanáracha na Spáinne, mar atá, EUR 52,11 i dtéarmaí réadacha ar phraghsanna 2017 ("EUR2017"), 17,2 % níos ísle ná meánluach bonnlíne an ghrúpa comparáide ábhartha, mar atá, EUR 62,97 in EUR2017. Tugann an Coimisiún dá aire go bhfuil costas aonaid na Spáinne arna shuíomh fós níos ísle ná meán an ghrúpa comparáide le linn TT3 ar fad, agus go bhfuil sé 16,8 % níos ísle ná an meán sin i leith 2024.
- (35) Ar bhonn na dtorthaí a leagtar amach in aithrisí (32) go (34), is é an measúnú ba cheart measúnú a dhéanamh ar na dréachspriocanna i ndruchtphlean feidhmíochta na Spáinne go bhfuil siad comhsheasmhach leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais i bpríomhréimse feidhmíochta na costéifeachtúlachta.

#### **Athbhreithniú ar na dréachspriocanna costéifeachtúlachta le haghaidh seirbhísí aerloingseoireachta críochfoirt**

- (36) Maidir leis na haerfoirt a thagann faoi raon feidhme Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317 mar a leagtar amach in Airteagal 1(3) agus (4) den Rialachán sin, chomhlánaigh an Coimisiún a mheasúnú ar na dréachspriocanna costéifeachtúlachta eitiltí faoi bhealach le hathbhreithniú ar na dréachspriocanna costéifeachtúlachta le haghaidh seirbhísí aerloingseoireachta críochfoirt i gcomhréir le pointe 2.1(c) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317. Ní bhfuarthas ábhar inni sna dréachspriocanna sin i gcás na Spáinne.

#### **Athbhreithniú ar na scéimeanna dreasachtaí dá dtagraítear in Airteagal 11 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317 mar chomhlánú ar mheasúnú an Choimisiúin ar na dréachspriocanna acmhainneachta**

- (37) I gcomhréir le pointe 2.1(f) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, maidir leis na dréachspriocanna acmhainneachta, chomhlánaigh an Coimisiún a mheasúnú le hathbhreithniú ar na dréachtscéimeanna dreasachtaí dá dtagraítear in Airteagal 11 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317. I ndáil leis sin, scrúdaigh an Coimisiún an gcomhlíonann na dréachtscéimeanna dreasachtaí na ceanglais shubstainteacha a leagtar amach in Airteagal 11(1) agus (3) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317. Fuarthas ábhar inni sna dréachtscéimeanna dreasachtaí atá i ndruchtphlean feidhmíochta na Spáinne.
- (38) Tugann an Coimisiún faoi deara, maidir leis an scéim dreasachtaí le haghaidh acmhainneacht eitiltí faoi bhealach a mholtar i ndruchtphlean feidhmíochta na Spáinne agus leis an scéim dreasachtaí le haghaidh acmhainneacht críochfoirt a mholtar ann araon, go gcuimsíonn siad uas-mhíbhuntáiste airgeadais is ionann agus 0,50 % de na costais arna suíomh agus uasbhuntáiste airgeadais is ionann agus 0,00 % de na costais arna suíomh.
- (39) Maidir leis na scéimeanna dreasachtaí sin, tá an Coimisiún go mór in amhras, ar bhonn comhairle shaineolach a sholáthair an comhlacht um athbhreithniú ar an bhfeidhmíocht, an imreodh na huas-mhíbhuntáistí airgeadais a mholtar, arb ionann iad agus 0,50 % de na costais arna suíomh faoi seach, aon tionchar ábhartha ar an ioncam atá i mbaol, mar a cheanglaítear de bhun Airteagal 11(3), pointe (a) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317.

- (40) Ba cheart don Spáinn, dá bhrí sin, i dtaca le glacadh a phlean feidhmíochta chríochnaithigh i gcomhréir le hAirteagal 16, pointe (a) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, athbhreithniú a dhéanamh ar a scéimeanna dreasachtaí chun na spriocanna acmhainneachta eitiltí faoi bhealach agus acmhainneacht críochoirt a bhaint amach sa chaoi go socrófar na huas-mhíbhuntáistí de bhun na scéimeanna dreasachtaí sin ar leibhéal a imreoidh tionchar ábhartha ar an ioncam atá i mbaol, mar a cheanglaítear faoi Airteagal 11(3), pointe (a) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, agus is é an tuairim ón gCoimisiún gur cheart go socrófaí, mar thoradh air sin, an t-uas-mhíbhuntáiste airgeadais ar leibhéal is ionann agus 1 % de na costais arna suíomh nó níos airde ná sin.

### CONCLÚIDÍ

- (41) Ar bhonn an mheasúnaithe a leagtar amach in aithrisí (10) go (40), tá sé suite ag an gCoimisiún go bhfuil na spriocanna feidhmíochta atá sna dréachtphleananna feidhmíochta a chuir an Spáinn isteach comhsheasmhach leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais.
- (42) Tugann an Coimisiún dá aire go bhfuil sé tugtha le fios ag roinnt Ballstát go bhfuil sé i gceist acu ítimí costais a bhaineann le ladrainn a bhrath ag na haerfoirt a chur lena mbonn costais i leith TT3. Ní raibh an Coimisiún in ann a shuí go beacht, ar bhonn na n-eilimintí atá sna dréachtphleananna feidhmíochta, cé mhéad a chuir na Ballstáit costais shuite den chineál sin lena mbonn costais i leith TT3, ná, i gcásanna inar chuir, cé mhéad a thabhaítear iad i ndáil le soláthar na seirbhísí aerloingseoireachta, rud a d'fhágfadh gurbh fhéidir a mheas gur costais incháilithe iad faoin scéim feidhmíochta agus muirearaithe. Tá iarraidh *ad hoc* ar fhaisnéis curtha ag seirbhísí an Choimisiúin chuig na Ballstáit uile chun faisnéis ábhartha a bhailiú, agus déanfaidh siad tuilleadh scrúdaithe ar na costais a thuairiscítear maidir le ladrainn a bhrath ag na haerfoirt i gcomhthéacs an fhíoraithe ar chomhlíontacht na rátaí aonaid. Tá an Cinneadh seo gan dochar do thorthaí ná do chonclúidí an Choimisiúin maidir le costais braite na ladrann.
- (43) Mar fhreagairt ar ionsaí míleata na Rúise ar an Úcráin, a thosaigh an 24 Feabhra 2022, tá bearta sriantacha glactha ag an Aontas lena gcuirtear toirmeasc ar aeriompróirí Rúiseacha, ar aon aerárthach atá cláraithe sa Rúis agus ar aon aerárthach nach bhfuil cláraithe sa Rúis ach atá faoi úinéireacht, ar chairtfhostú, nó faoi rialú ar shlí eile ag aon duine nádúrtha nó dlítheanach Rúiseach nó ag aon eintiteas nó comhlacht Rúiseach tuirlingt i gcríoch an Aontais, éirí de thalamh uaithi, nó eitilt thairsti. Tá laghdú ag teacht ar an aerthrácht san aerspás os cionn chríoch an Aontais i ngeall ar na bearta sin. Níor cheart, ámh, go mbeadh an tionchar ar an leibhéal uile-Aontais incomparáide leis an laghdú ar an aerthrácht de dheasca ráig phaindéim COVID-19 i mí an Mhárta 2020. Dá bhrí sin, is iomchuí na bearta agus na próisis atá ann faoi láthair le haghaidh chur chun feidhme na scéime feidhmíochta agus muirearaithe le linn TT3 a choinneáil ar bun.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

#### *Airteagal 1*

Na spriocanna feidhmíochta atá sa dréachtphlean feidhmíochta a chuir an Spáinn isteach de bhun Rialachán (CE) Uimh. 549/2004 agus a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo, tá siad comhsheasmhach leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais i leith an tríú tréimhse tagartha a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/891.

#### *Airteagal 2*

Is chuig Ríocht na Spáinne a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 13 Aibreán 2022.

*Thar ceann an Choimisiúin*  
Adina VĂLEAN  
*Comhalta den Choimisiún*



## IARSCRÍBHINN

Na spriocanna feidhmíochta atá san áireamh sa dréachtphlean feidhmíochta a chuir an Spáinn isteach de bhun Rialachán (CE) Uimh. 549/2004 agus a fuarthas go bhfuil siad comhsheasmhach leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais le haghaidh an tríú tréimhse thagartha.

## PRÍOMHRÉIMSE FEIDHMÍOCHTA SÁBHÁILTEACHTA

## Éifeachtacht na bainistíochta sábháilteachta

an Spáinn	Spriocanna maidir le héifeachtacht na bainistíochta sábháilteachta, arna sloinneadh mar leibhéal cur chun feidhme, ó leibhéal EASA A go D				
Na soláthraithe seirbhísí aerloingseoireachta lena mbaineann	Cuspóir na bainistíochta sábháilteachta	2021	2022	2023	2024
ENAIRE, FERRONATS	Beartas agus cuspóirí sábháilteachta	C	C	C	C
	Bainistíocht riosca sábháilteachta	C	C	C	D
	Dearbhú sábháilteachta	C	C	C	C
	Cur chun cinn na sábháilteachta	C	C	C	C
	Cultúr sábháilteachta	C	C	C	C

## PRÍOMHRÉIMSE FEIDHMÍOCHTA AN CHOMHSHAOIL

## Meánéifeachtúlacht chothrománach eitilte faoi bhealach an ruthaig eitilte iarbhír

	2021	2022	2023	2024
<b>Dréacht de spriocanna comhshaoil faoi bhealachna Spáinne</b> , arna sloinneadh mar mheánéifeachtúlacht chothrománach faoi bhealach an ruthaig eitilte iarbhír	<b>3,08 %</b>	<b>3,08 %</b>	<b>3,08 %</b>	<b>3,08 %</b>
Luachanna tagartha don Spáinn	3,08 %	3,08 %	3,08 %	3,08 %

## PRÍOMHRÉIMSE FEIDHMÍOCHTA ACMHAINNEACHTA

## Meánmhoill ATFM eitilte faoi bhealach i nóiméid in aghaidh na heitilte

	2021	2022	2023	2024
<b>Dréacht de spriocanna acmhainneachta faoi bhealach na Spáinne</b> , i nóiméid ar mhoill ATFM in aghaidh na heitilte	<b>0,12</b>	<b>0,20</b>	<b>0,19</b>	<b>0,19</b>
Luachanna tagartha don Spáinn	0,12	0,20	0,19	0,19

## PRÍOMHRÉIMSE FEIDHMÍOCHTA COSTÉIFEACHTÚLACHTA

## Costas aonaid arna shuíomh le haghaidh seirbhísí aerloingseoireachta faoi bhealach

Limistéar muirearaithe faoi bhealach na Spáinne	Luach bonnlíne 2014	Luach bonnlíne 2019	2020 -2021	2022	2023	2024
<b>Dréacht de spriocanna costéifeachtúlachta faoi bhealach na Spáinne Ilchríochaí</b> , arna sloinneadh mar chostas aonaid faoi bhealach arna shuíomh (i dtéarmaí réadacha ag praghsanna 2017)	EUR 69,88	EUR 52,06	EUR 107,71	EUR 53,64	EUR 51,69	EUR 48,19
<b>Dréacht de spriocanna costéifeachtúlachta faoi bhealach Oileáin Chanáracha na Spáinne</b> , arna sloinneadh mar chostas aonaid faoi bhealach arna shuíomh (i dtéarmaí réadacha ag praghsanna 2017)	EUR 70,11	EUR 52,39	EUR 104,97	EUR 66,92	EUR 58,97	EUR 53,93

**CINNEADH (AE) 2022/777 ÓN gCOIMISIÚN**  
**an 13 Aibreán 2022**

**maidir le comhsheasmhacht na spriocanna feidhmíochta atá sa dréachtphlean feidhmíochta a chuir an tSlóivéin isteach de bhun Rialachán (CE) Uimh. 549/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais i leith an tríú tréimhse tagartha**

*(a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhoiciméad C(2022) 2302)*

**(Is é an téacs sa tSlóivéinis amháin atá barántúil)**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 549/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Márta 2004 lena leagtar síos an creat chun aerospás Eorpach aonair a chruthú (an creat-Rialachán) <sup>(1)</sup>, agus go háirithe Airteagal 11(3), pointe (c), an chéad mhír de,

Ag féachaint do Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317 ón gCoimisiún an 11 Feabhra 2019 lena leagtar síos scéim feidhmíochta agus muirearaithe san aerospás Eorpach aonair <sup>(2)</sup>, agus go háirithe Airteagal 14(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

**BREITHNITHE GINEARÁLTA**

- (1) De bhun Airteagal 11 de Rialachán (CE) Uimh. 549/2004, tá scéim feidhmíochta le haghaidh seirbhísí aerloingseoireachta agus feidhmeanna líonra aerloingseoireachta le bunú. Thairis sin, de bhun Airteagal 10 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317 ón gCoimisiún, tá na Ballstáit le spriocanna feidhmíochta ceangailteacha a tharraingt suas, ar an leibhéal náisiúnta nó ar leibhéal na mbloc feidhme aerospáis, i leith gach tréimhse tagartha den scéim feidhmíochta le haghaidh seirbhísí aerloingseoireachta agus feidhmeanna líonra aerloingseoireachta. Ní mór na spriocanna feidhmíochta sin a bheith comhsheasmhach leis na spriocanna uile-Aontais arna nglacadh ag an gCoimisiún i leith na tréimhse tagartha lena mbaineann. Is é an Coimisiún atá freagrach as measúnú a dhéanamh an bhfuil na spriocanna feidhmíochta molta atá sna dréachtphleananna arna dtarraingt suas ag na Ballstáit comhsheasmhach leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais, agus na critéir mheasúnaithe a leagtar amach in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317 á úsáid aige.
- (2) Ón gcéad ráithe de bhliain féilire 2020, bhí tionchar mór ag ráig phaindéim COVID-19 ar an earnáil aeriompair agus d'fhág sé gur tháinig laghdú suntasach ar an méid aerthráchta i gcomparáid leis na leibhéil roimh an bpaindéim, de bharr na mbearta a rinne na Ballstáit agus tríú tíortha chun srian a choinneáil ar an bpaindéim.
- (3) Leagadh spriocanna feidhmíochta uile-Aontais i leith an tríú tréimhse thagartha ("TT3") síos i dtosach i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/903 ón gCoimisiún <sup>(3)</sup>. Maidir leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais sin agus na dréachtphleananna feidhmíochta a chuir na Ballstáit isteach ina ndiaidh siúd, ós rud é gur tarraingíodh suas iad sular tharla ráig phaindéim COVID-19, ní fhéadfaí an t-athrú suntasach a tháinig ar na dálaí aeriompair de dheasca na paindéime a chur san áireamh iontu.

<sup>(1)</sup> IO L 96, 31.3.2004, lch. 1.

<sup>(2)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317 ón gCoimisiún an 11 Feabhra 2019 lena leagtar síos scéim feidhmíochta agus muirearaithe san aerospás Eorpach aonair agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 390/2013 agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 391/2013 (IO L 56, 25.2.2019, lch. 1).

<sup>(3)</sup> Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/903 ón gCoimisiún an 29 Bealtaine 2019 lena leagtar síos spriocanna feidhmíochta ar fud an Aontais le haghaidh an líonra um bainistíocht aerthráchta i ndáil leis an tríú tréimhse thagartha dar tús an 1 Eanáir 2020 agus dar críoch an 31 Nollaig 2024 (IO L 144, 3.6.2019, lch. 49).

- (4) Mar fhreagairt ar thionchar phaindéim COVID-19 ar sholáthar na seirbhísí aerloingseoireachta, leagadh amach bearta eisceachtúla i leith an tríú tréimhse thagartha, de mhaolú ar Rialachán (AE) 2019/317, i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1627 ón gCoimisiún <sup>(4)</sup>. De bhun Airteagal 2(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1627, ghlac an Coimisiún, an 2 Meitheamh 2021, Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/891 <sup>(5)</sup> lena leagtar spriocanna feidhmíochta athbhreithnithe uile-Aontais amach i leith TT3.
- (5) Tugann an Coimisiún dá aire gurb é a thuairtar le réamhaisnéis tráchta bhonnline Sheirbhís Staidrimh agus Réamhaisnéise Eurocontrol ('STATFOR') ó mhí Dheireadh Fómhair 2021 go sroichfidh an t-aerthrácht ar an leibhéal uile-Aontais na leibhéil ar a raibh sé roimh an bpaindéim le linn 2023 agus go sáróidh sé na leibhéil sin in 2024. Mar sin féin, tá leibhéal ard éiginnteachta fós ag baint le forbairt an tráchta mar gheall ar na rioscaí a bhaineann le forbairt staid eipidéimeolaíoch COVID-19. Tugann an Coimisiún dá aire, freisin, go meastar go dtiocfaidh téarnamh míchothrom ar an aerthrácht sna Ballstáit éagsúla.
- (6) Tá dréachtphleananna feidhmíochta, agus spriocanna áitiúla feidhmíochta iontu i leith TT3, forbartha agus glactha ag na Ballstáit uile, agus cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin iad lena measúnú faoin 1 Deireadh Fómhair 2021. Tar éis a fhíorú don Choimisiún arbh iomlán do na dréachtphleananna feidhmíochta sin, d'iarr sé ar Bhallstáit dréachtphleananna feidhmíochta athbhreithnithe a chur faoina bhráid faoin 17 Samhain 2021. An measúnú ón gCoimisiún a chuirtear i láthair sa Chinneadh seo, is ar an dréachtphlean feidhmíochta athbhreithnithe a chuir an tSlóivéin isteach atá sé bunaithe.
- (7) Tá tuarascáil curtha faoi bhráid an Choimisiúin ag an gcomhlacht um athbhreithniú ar an bhfeidhmíocht a thugann cúnaimh don Choimisiún maidir le cur chun feidhme na scéime feidhmíochta de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (CE) Uimh. 549/2004, agus sa tuarascáil sin ón gcomhlacht tá comhairle maidir leis an measúnú ar na dréachtphleananna feidhmíochta i leith TT3.
- (8) I gcomhréir le hAirteagal 14(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, tá measúnú déanta ag an gCoimisiún ar chomhsheasmhacht na spriocanna áitiúla feidhmíochta a mholann an tSlóivéin, ar bhonn na gcritéar measúnaithe a leagtar síos i bpointe 1 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin, agus na himthosca áitiúla á gcur san áireamh aige. Chomhlánaigh an Coimisiún an measúnú, i leith gach príomhréimse feidhmíochta agus na spriocanna feidhmíochta a bhaineann leis, trí athbhreithniú a dhéanamh ar na dréachtphleananna feidhmíochta i leith na n-eilimintí a leagtar amach i bpointe 2 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin.
- (9) Ós rud é nach bhfuil aon aerfort sa tSlóivéin a thagann faoi raon feidhme Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317 i leith TT3, níl aon sprioc áitiúil feidhmíochta maidir le seirbhísí aerloingseoireachta críochoirt ina dréachtphlean feidhmíochta i leith TT3. Dá bhrí sin, na torthaí atá sa Chinneadh seo, is le seirbhísí aerloingseoireachta faoi bhealach amháin a bhaineann siad.

## MEASÚNÚ ÓN gCOIMISIÚN

### Measúnú ar na dréachtspriocanna feidhmíochta i bpríomhréimse feidhmíochta na sábháilteachta

- (10) Maidir le príomhréimse feidhmíochta na sábháilteachta, rinne an Coimisiún measúnú ar chomhsheasmhacht na spriocanna a chuir an tSlóivéin faoina bhráid maidir lena héifeachtaí a dhéanann soláthraithe na seirbhísí aerloingseoireachta bainistíocht ar an tsábháilteacht, ar bhonn an chritéir a leagtar síos i bpointe 1.1 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317. Cuireadh na himthosca áitiúla san áireamh agus an measúnú sin á dhéanamh, agus comhlánaíodh an measúnú le hathbhreithniú ar na bearta atá beartaithe chun na spriocanna sábháilteachta a bhaint amach i leith na n-eilimintí a leagtar amach i bpointe 2.1(a) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317.
- (11) Is iad seo a leanas na dréachtspriocanna feidhmíochta i bpríomhréimse feidhmíochta na sábháilteachta a mholann an tSlóivéin i leith éifeachtacht na bainistíochta sábháilteachta, arna miondealú de réir na gcuaspóirí bainistíochta sábháilteachta agus arna sloinneadh mar leibhéil cur chun feidhme:

<sup>(4)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1627 ón gCoimisiún an 3 Samhain 2020 maidir le bearta eisceachtúla i ndáil leis an tríú tréimhse thagartha (2020-2024) den scéim feidhmíochta agus muirearaithe san aerspás Eorpach aonair de dheasca phaindéim COVID-19 (IO L 366, 4.11.2020, lch. 7).

<sup>(5)</sup> Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/891 ón gCoimisiún an 2 Meitheamh 2021 lena leagtar síos spriocanna feidhmíochta athbhreithnithe ar fud an Aontais Eorpaigh le haghaidh an líonra um bainistíocht aerthráchta i ndáil leis an tríú tréimhse thagartha (2020-2024) agus lena n-aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/903 (IO L 195, 3.6.2021, lch. 3).

An tSlóivéin	Spriocanna le haghaidh éifeachtacht na bainistíochta sábháilteachta, sloinnte mar leibhéal cur chun feidhme i raon idir leibhéal A agus D de chuid EASA				
An soláthraí seirbhísí aerloingseoireachta lena mbaineann	An cuspóir bainistíochta sábháilteachta	2021	2022	2023	2024
Slovenia Control	Beartas sábháilteachta agus cuspóirí	C	C	C	C
	Bainistiú riosca sábháilteachta	C	C	C	D
	Dearbhú sábháilteachta	C	C	C	C
	Cur chun cinn na sábháilteachta	C	C	C	C
	Cultúr sábháilteachta	C	C	C	C

- (12) Maidir leis na dréachtspríocanna sábháilteachta a mhol an tSlóivéin le haghaidh an tsoláthraí seirbhísí aerloingseoireachta (Slovenia Control), is é conclúid an Choimisiúin go bhfuil sé beartaithe leibhéal na sprice feidhmíochta uile-Aontais a bhaint amach in 2024 i gcás chuspóir bhainistiú an riosca sábháilteachta, agus, i gcás na gcuspóirí bainistíochta sábháilteachta eile, go gcomhlíonann na spriocanna áitiúla feidhmíochta leibhéal na sprice feidhmíochta uile-Aontais i leith gach bliana féilire ó 2021 go 2024.
- (13) Tugann an Coimisiún dá aire go leagtar amach sa dréachtphlean feidhmíochta a chuir an tSlóivéin faoina bhráid bearta lena ndéanamh ag Slovenia Control chun na spriocanna áitiúla sábháilteachta a bhaint amach, lena n-áirítear formhaoirseacht leanúnach ó NSA chomh maith le faireachán tráthrialta, idir inmheánach agus sheachtrach, ar phróisis agus aschuir shábháilteachta a leanfaidh na nósanna imeachta a chomhaontaítear ar leibhéal Eurocontrol, CANSO, agus EASA.
- (14) Ar bhonn na dtorthaí a leagtar amach in aithrisí (12) agus (13), agus de bhrí nach mór na spriocanna feidhmíochta sábháilteachta uile-Aontais a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/891 a bhaint amach faoi bhliain dheireanach TT3, eadhon 2024, ba cheart a mheasúnú, maidir leis na dréachtspríocanna atá i ndréachtphlean feidhmíochta na Slóivéine, go bhfuil siad comhsheasmhach leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais i bpríomhréimse feidhmíochta na sábháilteachta.

#### Measúnú ar na dréachtspríocanna feidhmíochta i bpríomhréimse feidhmíochta an chomhshaoil

- (15) Maidir le príomhréimse feidhmíochta an chomhshaoil, rinneadh measúnú ar chomhsheasmhacht na spriocanna a chuir an tSlóivéin isteach maidir le meánéifeachtúlacht chothrománach eiltile faoi bhealach an ruthaig eiltile iarbhír, ar bhonn an chritéir a leagtar síos i bpointe 1.2 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317. Dá réir sin, cuireadh na spriocanna a mholtar i ndréachtphlean feidhmíochta na Slóivéine i gcomparáid leis na luachanna tagartha ábhartha le haghaidh éifeachtúlacht chothrománach na heiltile faoi bhealach a leagtar amach i bplean feabhsúcháin líonra aerbhealaí na hEorpa a bhí ar fáil nuair a glacadh na spriocanna feidhmíochta athbhreithnithe uile-Aontais i leith TT3, eadhon an 2 Meitheamh 2021. Cuireadh na himthosca áitiúla san áireamh agus an measúnú sin á dhéanamh, agus comhlánaíodh an measúnú le hathbhreithniú ar na bearta atá beartaithe chun na spriocanna comhshaoil a bhaint amach faoi phointe 2.1(a) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317.
- (16) I gcás bhliain féilire 2020, ní dhearnadh athbhreithniú le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/891 ar an sprioc feidhmíochta uile-Aontais i leith TT3 i bpríomhréimse feidhmíochta an chomhshaoil, sprioc a leagadh amach i dtosach i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/903, toisc go raibh an tréimhse le haghaidh chur i bhfeidhm na sprice sin imithe in éag agus, dá bhrí sin, go raibh sí curtha chun feidhme go críochnaitheach cheana, rud a d'fhág nárbh fhéidir coigeartuithe cúlghabhálacha a dhéanamh. Dá réir sin, níor iarradh ar na Ballstáit athbhreithniú a dhéanamh ar a spriocanna áitiúla feidhmíochta i leith bhliain féilire 2020 i bpríomhréimse feidhmíochta an chomhshaoil sna dréachtphleananna feidhmíochta a bhí le cur isteach faoin 1 Deireadh Fómhair 2021. Dá bhrí sin, an measúnú ar chomhsheasmhacht na spriocanna áitiúla feidhmíochta comhshaoil leis na spriocanna feidhmíochta comhfhreagracha uile-Aontais, ba cheart é a dhéanamh i leith bhlianta féilire 2021, 2022, 2023 agus 2024.
- (17) Is iad seo a leanas na dréachtspríocanna feidhmíochta i bpríomhréimse feidhmíochta an chomhshaoil a mholann an tSlóivéin, mar aon leis na luachanna tagartha náisiúnta comhfhreagracha i leith TT3 ó phlean feabhsúcháin líonra aerbhealaí na hEorpa, agus iad sloinnte mar mheánéifeachtúlacht chothrománach eiltile faoi bhealach an ruthaig eiltile iarbhír:

	2021	2022	2023	2024
<b>Dréachtspríocanna comhshaoil faoi bhealach na Slóivéine</b> , agus iad sloinnte mar mheánéifeachtúlacht chothrománach eilte faoi bhealach an ruthaig eilte iarbhír	1,55 %	1,55 %	1,55 %	1,55 %
Luachanna tagartha le haghaidh na Slóivéine	1,55 %	1,55 %	1,55 %	1,55 %

- (18) Tugann an Coimisiún faoi deara gurb ionann na dréachtspríocanna comhshaoil a mholann an tSlóivéin agus na luachanna tagartha náisiúnta comhfhreagracha i gcás gach bliana féilire ó 2021 go 2024.
- (19) Maidir le pointe 2.1(a) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, tugann an Coimisiún dá aire go bhfuil bearta curtha i láthair ag an tSlóivéin ina dréachtphlean feidhmíochta chun na spriocanna áitiúla comhshaoil a bhaint amach, lena n-áirítear méadú ar an gcomhar trasteorann, amhail méadú an aerspáis saorbhealaigh mar chuid d'Aerspás Saorbhealaigh South East Common Sky Initiative (SECSI FRA).
- (20) Ar bhonn na dtorthaí a leagtar amach in aithrisí (18) agus (19), ba cheart a mheasúnú go bhfuil na dréachtspríocanna i ndrúachtphlean feidhmíochta na Slóivéine comhsheasmhach leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais i bpríomhréimse feidhmíochta an chomhshaoil.

#### Measúnú ar na dréachtspríocanna feidhmíochta i bpríomhréimse feidhmíochta na hacmhainneachta

- (21) Maidir le príomhréimse feidhmíochta na hacmhainneachta, rinneadh measúnú ar chomhsheasmhacht na spriocanna a chuir an tSlóivéin isteach maidir leis an meánmhoill i mbainistíú na sreibe aerthráchta ('ATFM') faoi bhealach in aghaidh na heitilte, ar bhonn an chritéir a leagtar síos i bpointe 1.3 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317. Dá réir sin, cuireadh na spriocanna a mholtar i ndrúachtphlean feidhmíochta na Slóivéine i gcomparáid leis na luachanna tagartha ábhartha a leagtar amach sa Phlean Oibríochta Gréasáin a bhí ar fáil nuair a glacadh na spriocanna feidhmíochta athbhreithnithe uile-Aontais i leith TT3, eadhon an 2 Meitheamh 2021. Cuireadh na himthosca áitiúla san áireamh agus an measúnú sin á dhéanamh, agus comhlánaíodh an measúnú le hathbhreithniú ar na bearta atá beartaithe chun na spriocanna acmhainneachta a bhaint amach faoi phointe 2.1(a) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317.
- (22) I gcás bhliain féilire 2020, ní dhearnadh athbhreithniú le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/891 ar an sprioc feidhmíochta uile-Aontais i leith TT3 i bpríomhréimse feidhmíochta na hacmhainneachta, sprioc a leagadh amach i dtosach i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/903, toisc go raibh an tréimhse le haghaidh chur i bhfeidhm na sprice sin imithe in éag agus, dá bhrí sin, go raibh sí curtha chun feidhme go críochnaitheach cheana, rud a d'fhág nár bh fhéidir coigeartuithe cúlghabhálacha a dhéanamh. Dá réir sin, níor iarradh ar na Ballstáit athbhreithniú a dhéanamh ar a spriocanna áitiúla feidhmíochta i leith bhliain féilire 2020 i bpríomhréimse feidhmíochta na hacmhainneachta sna dréachtphleananna feidhmíochta a bhí le cur isteach faoin 1 Deireadh Fómhair 2021. Dá bhrí sin, an measúnú ar chomhsheasmhacht na spriocanna áitiúla feidhmíochta acmhainneachta leis na spriocanna feidhmíochta comhfhreagracha uile-Aontais, ba cheart é a dhéanamh i leith bhlianta féilire 2021, 2022, 2023 agus 2024.
- (23) Is iad seo a leanas na dréachtspríocanna acmhainneachta i leith eitiltí faoi bhealach a mholann an tSlóivéin le haghaidh TT3, arna sloinneadh mar nóiméid mhoille ATFM in aghaidh na heitilte, mar aon leis na luachanna tagartha comhfhreagracha ón bPlean Oibríochta Gréasáin:

	2021	2022	2023	2024
<b>Dréachtspríocanna acmhainneachta na Slóivéine i leith eitiltí faoi bhealach</b> i nóiméid mhoille ATFM in aghaidh na heitilte	0,05	0,09	0,09	0,09
Luachanna tagartha le haghaidh na Slóivéine	0,05	0,09	0,09	0,09

- (24) Tugann an Coimisiún faoi deara gurb ionann na dréachtspríocanna acmhainneachta a mholann an tSlóivéin agus na luachanna tagartha náisiúnta comhfhreagracha i gcás gach bliana féilire ó 2021 go 2024.
- (25) Maidir le pointe 2.1(a) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, tugann an Coimisiún dá aire go bhfuil raon beart curtha i láthair ag an tSlóivéin sa dréachtphlean feidhmíochta chun na spriocanna áitiúla acmhainneachta i leith eitiltí faoi bhealach a bhaint amach. Áirítear ar na bearta sin feabhsú ar bhainistíocht na sreibe aerthráchta agus na hacmhainneachta aerthráchta, feabhsuithe ar an limistéarú i gcomhréir le Plean Aerspáis Bhloc Feidhme Aerspáis Lár na hEorpa (FAB CE), tuilleadh solúbthachta ó thaobh acmhainneacht na dteascóg de ar bhonn an éilimh, earcú rialtóirí aerthráchta breise, agus feabhsú ar uainchláir na rialtóirí aerthráchta.
- (26) Ar bhonn na dtorthaí a leagtar amach in aithrisí (24) agus (25), ba cheart a mheasúnú go bhfuil na dréachtspríocanna i ndréachtphlean feidhmíochta na Slóivéine comhsheasmhach leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais i bpríomhréimse feidhmíochta na hacmhainneachta.

### Measúnú ar na dréachtspríocanna feidhmíochta i bpríomhréimse feidhmíochta na costéifeachtúlachta

- (27) Maidir le príomhréimse feidhmíochta na costéifeachtúlachta, rinneadh measúnú ar chomhsheasmhacht na spriocanna a chuir an tSlóivéin isteach maidir leis na costais aonaid arna shuíomh ('CAAS') le haghaidh seirbhísí aerloingseoireachta faoi bhealach, ar bhonn na gcritéar a leagtar síos i bpointí 1.4(a), (b) agus (c) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317. Is iad na critéir sin an treocht CAAS le linn TT3, an treocht fhadtéarmach CAAS le linn an dara tréimhse tagartha (TT2) agus TT3 (2015-2024), agus luach bonnlíne CAAS ar leibhéal an limistéir muirearaithe i gcomparáid le meánluach na limistéar muirearaithe a bhfuil timpeallacht oibríochtúil agus eacnamaíoch chomhchosúil ag soláthraithe seirbhísí aerloingseoireachta iontu.
- (28) Cuireadh na himthosca áitiúla san áireamh agus measúnú á dhéanamh ar na spriocanna costéifeachtúlachta i leith eitiltí faoi bhealach. Comhlánaíodh an measúnú le hathbhreithniú ar na príomhfhachtóirí agus na príomhpharaiméadair is bunús leis na spriocanna sin, mar a shonraítear i bpointe 2.1(d) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317.
- (29) Is iad seo a leanas na dréachtspríocanna costéifeachtúlachta i leith eitiltí faoi bhealach a mholann an tSlóivéin i leith TT3:

Limistéar muirearaithe faoi bhealach na Slóivéine	Luach bonnlíne 2014	Luach bonnlíne 2019	2020 –2021	2022	2023	2024
<b>Dréachtspríocanna costéifeachtúlachta i leith eitiltí faoi bhealach</b> arna sloinneadh mar chostas aonaid faoi bhealach arna shuíomh (i dtéarmaí réadacha ar phraghsanna 2017)	<b>EUR 67,08</b>	<b>EUR 54,19</b>	<b>EUR 101,44</b>	<b>EUR 62,11</b>	<b>EUR 59,84</b>	<b>EUR 56,19</b>

- (30) Maidir leis an gcritéar a leagtar síos i bpointe 1.4(a) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, tugann an Coimisiún faoi deara gur fearr treocht CAAS faoi bhealach na Slóivéine ar leibhéal an limistéir muirearaithe le linn TT3, mar atá, +0,9 %, ná an treocht uile-Aontais le linn na tréimhse céanna, mar atá, +1,0 %.
- (31) Maidir leis an gcritéar a leagtar síos i bpointe 1.4(b) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, tugann an Coimisiún faoi deara gur fearr treocht fhadtéarmach CAAS faoi bhealach na Slóivéine le linn TT2 agus TT3 ar leibhéal an limistéir muirearaithe, mar atá, -1,9 %, ná an treocht uile-Aontais le linn na tréimhse céanna, mar atá, -1,3 %.
- (32) Maidir leis an gcritéar a leagtar síos i bpointe 1.4(c) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, tugann an Coimisiún faoi deara go bhfuil luach bonnlíne CAAS na Slóivéine, mar atá, EUR 54,19 i dtéarmaí réadacha ar phraghsanna 2017 ('EUR2017'), 45,2 % níos airde ná meánluach bonnlíne an ghrúpa comparáide ábhartha, mar atá, EUR 37,32 in EUR2017. Tugann an Coimisiún dá aire go bhfuil costas aonaid na Slóivéine arna shuíomh fós níos airde ná meán an ghrúpa comparáide le linn TT3 ar fad, agus go bhfuil sé 41,5 % níos airde ná an meán sin i leith 2024.

- (33) Mar a leagtar amach in aithrisí (30) agus (31), is léir go bhfuil an tSlóivéin comhsheasmhach leis an treocht CAAS uile-Aontais i leith TT3 agus leis an treocht fhadtéarmach CAAS uile-Aontais araon. Thairis sin, tá CAAS na Slóivéine i leith 2024 níos ísle ná luach bonnlíne 2014. Gan beann ar an difríocht a thugtar faoi deara in aithris (32) idir luach bonnlíne na Slóivéine agus meán an ghrúpa comparáide, tá forbairt costéifeachtúlachta léirithe ag an tSlóivéin atá ar aon dul leis na treochtaí uile-Aontais, rud is leor mar bhunús chun an chomhsheasmhacht a shuí leis na spriocanna feidhmíochta costéifeachtúlachta uile-Aontais i leith TT3.
- (34) Ar bhonn na dtorthaí a leagtar amach in aithrisí (27) go (33), ba cheart a mheasúnú go bhfuil na dréachtspríocanna i ndrúachtphlean feidhmíochta na Slóivéine comhsheasmhach leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais i bpríomhréimse feidhmíochta na costéifeachtúlachta.

### CONCLÚIDÍ

- (35) Ar bhonn an mheasúnaithe a leagtar amach in aithrisí (10) go (34), tá sé suite ag an gCoimisiún go bhfuil na spriocanna feidhmíochta atá sa dréachtphlean feidhmíochta a chuir an tSlóivéin isteach comhsheasmhach leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais.
- (36) Tugann an Coimisiún dá aire go bhfuil sé tugtha le fios ag roinnt Ballstát go bhfuil sé i gceist acu ítimí costais a bhaineann le ladrainn a bhrath ag na haerfoirt a chur lena mbonn costais i leith TT3. Ní raibh an Coimisiún in ann a shuí go beacht, ar bhonn na n-eilimintí atá sna dréachtphleananna feidhmíochta, cé mhéad a chuir na Ballstáit costais shuite den chineál sin lena mbonn costais i leith TT3, ná, i gcásanna inar chuir, cé mhéad a thabhaítear iad i ndáil le soláthar na seirbhísí aerloingseoireachta, rud a d'fhágfadh gurbh fhéidir a mheas gur costais incháilithe iad faoin scéim feidhmíochta agus muirearaithe. Tá iarraidh ad hoc ar fhaisnéis curtha ag seirbhísí an Choimisiúin chuig na Ballstáit uile chun faisnéis ábhartha a bhailiú, agus déanfaidh siad tuilleadh scrúdaithe ar na costais a thuairiscítear maidir le ladrainn a bhrath ag na haerfoirt i gcomhthéacs an fhíoraithe ar chomhlíontacht na rátaí aonaid. Tá an Cinneadh seo gan dochar do thorthaí ná do chonclúidí an Choimisiúin maidir le costais braite na ladrann.
- (37) Mar fhreagairt ar ionsaí míleata na Rúise ar an Úcráin, a thosaigh an 24 Feabhra 2022, tá bearta sriantacha glactha ag an Aontas lena gcuirtear toirmeasc ar aeriompróirí Rúiseacha, ar aon aerárthach atá cláraithe sa Rúis agus ar aon aerárthach nach bhfuil cláraithe sa Rúis ach atá faoi úinéireacht, ar chairtfhostú, nó faoi rialú ar shlí eile ag aon duine nádúrtha nó dlítheanach Rúiseach nó ag aon eintiteas nó comhlacht Rúiseach tuirlingt i gcríoch an Aontais, éirí de thalamh uaithi, nó eitilt thairisti. Tá laghdú ag teacht ar an aerthrácht san aerspás os cionn chríoch an Aontais i ngeall ar na bearta sin. Níor cheart, ámh, go mbeadh an tionchar ar an leibhéal uile-Aontais inchoimparáide leis an laghdú ar an aerthrácht de dheasca ráig phaindéim COVID-19 i mí an Mhárta 2020. Dá bhrí sin, is iomchuí na bearta agus na próisis atá ann faoi láthair le haghaidh chur chun feidhme na scéime feidhmíochta agus muirearaithe le linn TT3 a choinneáil ar bun.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

#### *Airteagal 1*

Na spriocanna feidhmíochta atá sa dréachtphlean feidhmíochta a chuir an tSlóivéin isteach de bhun Rialachán (CE) Uimh. 549/2004 agus a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo, tá siad comhsheasmhach leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais i leith an tríú tréimhse tagartha a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/891.

#### *Airteagal 2*

Dírítear an Cinneadh seo chuig Poblacht na Slóivéine.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 13 Aibreán 2022.

*Thar ceann an Choimisiúin*  
Adina VĂLEAN  
*Comhalta den Choimisiún*



## IARSCRÍBHINN

Na spriocanna feidhmíochta atá san áireamh sa dréachtphean feidhmíochta a chuir an tSlóivéin isteach de bhun Rialachán (CE) Uimh. 549/2004 agus a fuarthas go bhfuil siad comhsheasmhach leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais le haghaidh an tríú tréimhse thagartha

## PRÍOMHRÉIMSE FEIDHMÍOCHTA SÁBHÁILTEACHTA

## Éifeachtacht na bainistíochta sábháilteachta

an tSlóivéin	Spriocanna maidir le héifeachtacht na bainistíochta sábháilteachta, arna sloinneadh mar leibhéal cur chun feidhme, ó leibhéal EASA A go D				
An soláthraí seirbhísí aerloingseoireachta lena mbaineann	Cuspóir na bainistíochta sábháilteachta	2021	2022	2023	2024
Slovenia Control	Beartas agus cuspóirí sábháilteachta	C	C	C	C
	Bainistíocht riosca sábháilteachta	C	C	C	D
	Dearbhú sábháilteachta	C	C	C	C
	Cur chun cinn na sábháilteachta	C	C	C	C
	Cultúr sábháilteachta	C	C	C	C

## PRÍOMHRÉIMSE FEIDHMÍOCHTA AN CHOMHSHAOIL

Meánéifeachtúlacht chothrománach eitilte *faoi bhealach* an ruthaig eitilte iarbhír

	2021	2022	2023	2024
<b>Dréacht de spriocanna comhshaoil <i>faoi bhealach</i>na Slóivéine</b> , arna sloinneadh mar mheánéifeachtúlacht chothrománach <i>faoi bhealach</i> an ruthaig eitilte iarbhír	1,55 %	1,55 %	1,55 %	1,55 %
Luachanna tagartha don tSlóivéin	1,55 %	1,55 %	1,55 %	1,55 %

## PRÍOMHRÉIMSE FEIDHMÍOCHTA ACMHAINNEACHTA

Meánmhoill ATFM eitilte *faoi bhealach* i nóiméid in aghaidh na heitilte

	2021	2022	2023	2024
<b>Dréacht de spriocanna acmhainneachta <i>faoi bhealach</i> na Slóivéine</b> , i nóiméid ar mhoill ATFM in aghaidh na heitilte	0,05	0,09	0,09	0,09
Luachanna tagartha don tSlóivéin	0,05	0,09	0,09	0,09

**PRÍOMHRÉIMSE FEIDHMÍOCHTA COSTÉIFEACHTÚLACHTA****Costas aonaid cinnte le haghaidh seirbhísí aerloingseoireachta faoi bhealach**

<b>Limistéar muirearaithe faoi bhealach na Slóivéine</b>	<b>Luach bonnlíne 2014</b>	<b>Luach bonnlíne 2019</b>	<b>2020 -2021</b>	<b>2022</b>	<b>2023</b>	<b>2024</b>
<b>Dréacht de spriocanna costéifeachtúlachta faoi bhealach</b> , arna sloinneadh mar chostas aonaid cinnte faoi bhealach (i dtéarmaí réadacha ag praghsanna 2017)	<b>EUR 67,08</b>	<b>EUR 54,19</b>	<b>EUR 101,44</b>	<b>EUR 62,11</b>	<b>EUR 59,84</b>	<b>EUR 56,19</b>

**CINNEADH (AE) 2022/778 ÓN gCOIMISIÚN****an 13 Aibreán 2022****maidir le comhsheasmhacht na spriocanna feidhmíochta atá sa dréachtphlean feidhmíochta a chuir an Bhulgáir isteach de bhun Rialachán (CE) Uimh. 549/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais i leith an tríú tréimhse tagartha***(a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhoiciméad C(2022) 2303)***(Is é an téacs sa Bhulgáiris amháin atá barántúil)****(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 549/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Márta 2004 lena leagtar síos an creat chun aerospás Eorpach aonair a chruthú (an creat-Rialachán)<sup>(1)</sup>, agus go háirithe Airteagal 11(3), pointe (c), an chéad mhír de,

Ag féachaint do Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317 ón gCoimisiún an 11 Feabhra 2019 lena leagtar síos scéim feidhmíochta agus muirearaithe san aerospás Eorpach aonair<sup>(2)</sup>, agus go háirithe Airteagal 14(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

**BREITHNITHE GINEARÁLTA**

- (1) De bhun Airteagal 11 de Rialachán (CE) Uimh. 549/2004, tá scéim feidhmíochta le haghaidh seirbhísí aerloingseoireachta agus feidhmeanna líonra aerloingseoireachta le bunú. Thairis sin, de bhun Airteagal 10 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, tá na Ballstáit le spriocanna feidhmíochta ceangailteacha a tharraingt suas, ar an leibhéal náisiúnta nó ar leibhéal na mbloc feidhme aerospáis, i leith gach tréimhse tagartha den scéim feidhmíochta le haghaidh seirbhísí aerloingseoireachta agus feidhmeanna líonra aerloingseoireachta. Ní mór na spriocanna feidhmíochta sin a bheith comhsheasmhach leis na spriocanna uile-Aontais arna nglacadh ag an gCoimisiún i leith na tréimhse tagartha lena mbaineann. Is é an Coimisiún atá freagrach as measúnú a dhéanamh an bhfuil na spriocanna feidhmíochta molta atá sna dréachtphleananna arna dtarraingt suas ag na Ballstáit comhsheasmhach leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais, agus na critéir mheasúnaithe a leagtar amach in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317 á úsáid aige.
- (2) Ón gcéad ráithe de bhliain féilire 2020, bhí tionchar mór ag ráig phaindéim COVID-19 ar an earnáil aeriompair agus d'fhág sé gur tháinig laghdú suntasach ar an méid aerthráchta i gcomparáid leis na leibhéil roimh an bpaindéim, de bharr na mbearta a rinne na Ballstáit agus tríú tíortha chun srian a choinneáil ar an bpaindéim.
- (3) Leagadh spriocanna feidhmíochta uile-Aontais i leith an tríú tréimhse thagartha ("TT3") síos i dtosach i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/903 ón gCoimisiún<sup>(3)</sup>. Maidir leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais sin agus na dréachtphleananna feidhmíochta a chuir na Ballstáit isteach ina ndiaidh siúd, ós rud é gur tarraingíodh suas iad sular tharla ráig phaindéim COVID-19, ní fhéadfaí an t-athrú suntasach a tháinig ar na dálaí aeriompair de dheasca na paindéime a chur san áireamh iontu.

<sup>(1)</sup> IO L 96, 31.3.2004, lch. 1.

<sup>(2)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317 ón gCoimisiún an 11 Feabhra 2019 lena leagtar síos scéim feidhmíochta agus muirearaithe san aerospás Eorpach aonair agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 390/2013 agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 391/2013 (IO L 56, 25.2.2019, lch. 1).

<sup>(3)</sup> Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/903 ón gCoimisiún an 29 Bealtaine 2019 lena leagtar síos spriocanna feidhmíochta ar fud an Aontais le haghaidh an líonra um bainistíocht aerthráchta i ndáil leis an tríú tréimhse thagartha dar tús an 1 Eanáir 2020 agus dar críoch an 31 Nollaig 2024 (IO L 144, 3.6.2019, lch. 49).

- (4) Mar fhreagairt ar thionchar phaindéim COVID-19 ar sholáthar na seirbhísí aerloingseoireachta, leagadh amach bearta eisceachtúla i leith an tríú tréimhse thagartha, de mhaolú ar Rialachán (AE) 2019/317, i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1627 ón gCoimisiún <sup>(4)</sup>. De bhun Airteagal 2(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1627, ghlac an Coimisiún, an 2 Meitheamh 2021, Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/891 <sup>(5)</sup> lena leagtar spriocanna feidhmíochta athbhreithnithe uile-Aontais amach i leith TT3.
- (5) Tugann an Coimisiún dá aire gurb é a thuairtar le réamhaisnéis tráchta bhonnlíne Sheirbhís Staidrimh agus Réamhaisnéise Eurocontrol (“STATFOR”) ó mhí Dheireadh Fómhair 2021 go sroichfidh an t-aerthrácht ar an leibhéal uile-Aontais na leibhéil ar a raibh sé roimh an bpaindéim le linn 2023 agus go sáróidh sé na leibhéil sin in 2024. Mar sin féin, tá leibhéal ard éiginnteachta fós ag baint le forbairt an tráchta mar gheall ar na rioscaí a bhaineann le forbairt staid epidéimeolaíoch COVID-19. Tugann an Coimisiún dá aire, freisin, go meastar go dtiocfaidh téarnamh míchothrom ar an aerthrácht sna Ballstáit éagsúla.
- (6) Tá dréachtphleananna feidhmíochta, agus spriocanna áitiúla feidhmíochta iontu i leith TT3, forbartha agus glactha ag na Ballstáit uile, agus cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin iad lena measúnú faoin 1 Deireadh Fómhair 2021. Tar éis a fhíorú don Choimisiún arbh iomlán do na dréachtphleananna feidhmíochta sin, d'iarr sé ar Bhallstáit dréachtphleananna feidhmíochta athbhreithnithe a chur faoina bhráid faoin 17 Samhain 2021. An measúnú ón gCoimisiún a chuirtear i láthair sa Chinneadh seo, is ar an dréachtphlean feidhmíochta athbhreithnithe a chuir an Bhulgáir isteach atá sé bunaithe.
- (7) Tá tuarascáil curtha faoi bhráid an Choimisiúin ag an gcomhlacht um athbhreithniú ar an bhfeidhmíocht a thugann cúnaimh don Choimisiún maidir le cur chun feidhme na scéime feidhmíochta de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (CE) Uimh. 549/2004, agus sa tuarascáil sin ón gcomhlacht tá comhairle maidir leis an measúnú ar na dréachtphleananna feidhmíochta i leith TT3.
- (8) I gcomhréir le hAirteagal 14(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, tá measúnú déanta ag an gCoimisiún ar chomhsheasmhacht na spriocanna áitiúla feidhmíochta a mholann an Bhulgáir, ar bhonn na gcrítéar measúnaithe a leagtar síos i bpointe 1 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin, agus na himthosca áitiúla á gcur san áireamh aige. Chomhlánaigh an Coimisiún an measúnú, i leith gach príomhréimse feidhmíochta agus na spriocanna feidhmíochta a bhaineann leis, trí athbhreithniú a dhéanamh ar na dréachtphleananna feidhmíochta i leith na n-eilimintí a leagtar amach i bpointe 2 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin.
- (9) Ós rud é nach bhfuil aon aerfort sa Bhulgáir a thagann faoi raon feidhme Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317 i leith TT3, níl aon sprioc áitiúil feidhmíochta maidir le seirbhísí aerloingseoireachta críochoirt ina dréachtphlean feidhmíochta i leith TT3. Dá bhrí sin, na torthaí atá sa Chinneadh seo, is le seirbhísí aerloingseoireachta faoi bhealach amháin a bhaineann siad.

#### MEASÚNÚ ÓN gCOIMISIÚN

##### **Measúnú ar na dréachtspriocanna feidhmíochta i bpríomhréimse feidhmíochta na sábháilteachta**

- (10) Maidir le príomhréimse feidhmíochta na sábháilteachta, rinne an Coimisiún measúnú ar chomhsheasmhacht na spriocanna a chuir an Bhulgáir faoina bhráid maidir lena héifeachtaí a dhéanann soláthraithe na seirbhísí aerloingseoireachta bainistíocht ar an tsábháilteacht, ar bhonn an chritéir a leagtar síos i bpointe 1.1 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317. Cuireadh na himthosca áitiúla san áireamh agus an measúnú sin á dhéanamh, agus comhlánaíodh an measúnú le hathbhreithniú ar na bearta atá beartaithe chun na spriocanna sábháilteachta a bhaint amach i leith na n-eilimintí a leagtar amach i bpointe 2.1.(a) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317.
- (11) Is iad seo a leanas na dréachtspriocanna feidhmíochta i bpríomhréimse feidhmíochta na sábháilteachta a mholann an Bhulgáir i leith éifeachtacht na bainistíochta sábháilteachta, arna miondealú de réir na gcuaspóirí bainistíochta sábháilteachta agus arna sloinneadh mar leibhéil cur chun feidhme:

<sup>(4)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1627 ón gCoimisiún an 3 Samhain 2020 maidir le bearta eisceachtúla i ndáil leis an tríú tréimhse thagartha (2020-2024) den scéim feidhmíochta agus muirearaithe san aerspás Eorpach aonair de dheasca phaindéim COVID-19 (IO L 366, 4.11.2020, lch. 7).

<sup>(5)</sup> Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/891 ón gCoimisiún an 2 Meitheamh 2021 lena leagtar síos spriocanna feidhmíochta athbhreithnithe ar fud an Aontais Eorpaigh le haghaidh an líonra um bainistíocht aerthráchta i ndáil leis an tríú tréimhse thagartha (2020-2024) agus lena n-aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/903 (IO L 195, 3.6.2021, lch. 3).

an Bhulgáir	Spriocanna le haghaidh éifeachtacht na bainistíochta sábháilteachta, sloinnte mar leibhéal cur chun feidhme i raon idir leibhéal A agus D de chuid EASA				
An soláthraí seirbhísí aerloingseoireachta lena mbaineann	An cuspóir bainistíochta sábháilteachta	2021	2022	2023	2024
BULATSA	Beartas sábháilteachta agus cuspóirí	C	C	C	<b>C</b>
	Bainistiú riosca sábháilteachta	C	C	D	<b>D</b>
	Dearbhú sábháilteachta	C	C	C	<b>C</b>
	Cur chun cinn na sábháilteachta	C	C	C	<b>C</b>
	Cultúr sábháilteachta	C	C	C	<b>C</b>

- (12) Maidir leis na dréachtspriocanna sábháilteachta a mhol an Bhulgáir le haghaidh an tsoláthraí seirbhísí aerloingseoireachta (BULATSA), is é conclúid an Choimisiúin go bhfuil sé beartaithe leibhéal na sprice feidhmíochta uile-Aontais a bhaint amach in 2023 i gcás an chuspóra “bainistiú riosca sábháilteachta”, agus, i gcás na gcuspóirí bainistíochta sábháilteachta eile, go gcomhlíonann na spriocanna áitiúla feidhmíochta leibhéal na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais i leith gach bliana féilire ó 2021 go 2024.
- (13) Tugann an Coimisiún dá aire go leagtar amach sa dréachtphlean feidhmíochta a chuir an Bhulgáir faoina bhráid raon bearta lena ndéanamh ag BULATSA chun na spriocanna áitiúla sábháilteachta a bhaint amach, lena n-áirítear: bainistíocht tuirse agus struis chun feabhas a chur ar fheidhmiú an duine; córas a chur chun úsáide chun athruithe a mheas, guaiseacha a shainiú, agus bainistíocht a dhéanamh ar rioscaí; an fheasacht ar an tsábháilteacht a chur chun cinn ar bhonn leanúnach; agus réitigh theicneolaíochta aibí a chur chun úsáide chun feabhas a chur ar an tsábháilteacht.
- (14) Ar bhonn na dtorthaí a leagtar amach in aithrisí (12) agus (13), agus de bhrí nach mór na spriocanna feidhmíochta sábháilteachta uile-Aontais a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/891 a bhaint amach faoi bhliain dheireanach TT3, eadhon 2024, ba cheart a mheasúnú, maidir leis na dréachtspriocanna atá i ndréachtphlean feidhmíochta na Bulgáire, go bhfuil siad comhsheasmhach leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais i bpríomhréimse feidhmíochta na sábháilteachta.

### Measúnú ar na dréachtspriocanna feidhmíochta i bpríomhréimse feidhmíochta an chomhshaoil

- (15) Maidir le príomhréimse feidhmíochta an chomhshaoil, rinneadh measúnú ar chomhsheasmhacht na spriocanna a chuir an Bhulgáir isteach maidir le meánéifeachtúlacht chothrománach eitle faoi bhealach an ruthaig eitle iarbhrí, ar bhonn an chritéir a leagtar síos i bpointe 1.2 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317. Dá réir sin, cuireadh na spriocanna a mholtar i ndréachtphlean feidhmíochta na Bulgáire i gcomparáid leis na luachanna tagartha ábhartha le haghaidh éifeachtúlacht chothrománach na heitilte faoi bhealach a leagtar amach i bplean feabhsúcháin líonra aerbhealaí na hEorpa a bhí ar fáil nuair a glacadh na spriocanna feidhmíochta athbhreithnithe uile-Aontais i leith TT3, eadhon an 2 Meitheamh 2021. Cuireadh na himthosca áitiúla san áireamh agus an measúnú sin á dhéanamh, agus comhlánaíodh an measúnú le hathbhreithniú ar na bearta atá beartaithe chun na spriocanna comhshaoil a bhaint amach faoi phointe 2.1(a) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317.
- (16) I gcás bhliain féilire 2020, ní dhearnadh athbhreithniú le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/891 ar an sprioc feidhmíochta uile-Aontais i leith TT3 i bpríomhréimse feidhmíochta an chomhshaoil, sprioc a leagadh amach i dtosach i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/903, toisc go raibh an tréimhse le haghaidh chur i bhfeidhm na sprice sin imithe in éag agus, dá bhrí sin, go raibh sí curtha chun feidhme go críochnaitheach cheana, rud a d'fhág nárbh fhéidir coigeartuithe cúlghabhálacha a dhéanamh. Dá réir sin, níor iarradh ar na Ballstáit athbhreithniú a dhéanamh ar a spriocanna áitiúla feidhmíochta i leith bhliain féilire 2020 i bpríomhréimse feidhmíochta an chomhshaoil sna dréachtphleananna feidhmíochta a bhí le cur isteach faoin 1 Deireadh Fómhair 2021. Dá bhrí sin, an measúnú ar chomhsheasmhacht na spriocanna áitiúla feidhmíochta comhshaoil leis na spriocanna feidhmíochta comhfhreagracha uile-Aontais, ba cheart é a dhéanamh i leith bhlianta féilire 2021, 2022, 2023 agus 2024.
- (17) Is iad seo a leanas na dréachtspriocanna feidhmíochta i bpríomhréimse feidhmíochta an chomhshaoil a mholann an Bhulgáir, mar aon leis na luachanna tagartha náisiúnta comhfhreagracha i leith TT3 ó phlean feabhsúcháin líonra aerbhealaí na hEorpa, agus iad sloinnte mar mheánéifeachtúlacht chothrománach eitle faoi bhealach an ruthaig eitle iarbhrí:

	2021	2022	2023	2024
<b>Dréachtspríocanna comhshaoil faoi bhealach na Bulgáire,</b> agus iad sloinnte mar mheánéifeachtúlacht chothrománach eitilte faoi bhealach an ruthaig eitilte iarbhír	2,25 %	2,25 %	2,25 %	2,25 %
Luachanna tagartha le haghaidh na Bulgáire	2,25 %	2,25 %	2,25 %	2,25 %

- (18) Tugann an Coimisiún faoi deara gurb ionann na dréachtspríocanna comhshaoil a mholann an Bhulgáir agus na luachanna tagartha náisiúnta comhfhreagracha i gcás gach bliana féilire ó 2021 go 2024.
- (19) Maidir le pointe 2.1(a) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, tugann an Coimisiún dá aire go bhfuil bearta curtha i láthair ag an mBulgáir ina dréachtphlean feidhmíochta chun na spríocanna áitiúla comhshaoil a bhaint amach, lena n-áirítear tuilleadh dul chun cinn i gcur chun feidhme Aerspás Saorbhealaigh Oirdheisceart na hEorpa (SEE FRA) a chuimsíonn an Rómáin, an Ungáir, agus an tSlóvaic.
- (20) Ar bhonn na dtorthaí a leagtar amach in aithrisí (18) agus (19), ba cheart a mheasúnú go bhfuil na dréachtspríocanna i ndréachtphlean feidhmíochta na Bulgáire comhsheasmhach leis na spríocanna feidhmíochta uile-Aontais i bpríomhréimse feidhmíochta an chomhshaoil.

#### Measúnú ar na dréachtspríocanna feidhmíochta i bpríomhréimse feidhmíochta na hacmhainneachta

- (21) Maidir le príomhréimse feidhmíochta na hacmhainneachta, rinneadh measúnú ar chomhsheasmhacht na spríocanna a chuir an Bhulgáir isteach maidir leis an meánmhoill i mbainistiú na sreibe aerthráchta ("ATFM") faoi bhealach in aghaidh na heitilte, ar bhonn an chritéir a leagtar síos i bpointe 1.3 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317. Dá réir sin, cuireadh na spríocanna a mholtar i ndréachtphlean feidhmíochta na Bulgáire i gcomparáid leis na luachanna tagartha ábhartha a leagtar amach sa Phlean Oibríochta Gréasáin a bhí ar fáil nuair a glacadh na spríocanna feidhmíochta athbhreithnithe uile-Aontais i leith TT3, eadhon an 2 Meitheamh 2021. Cuireadh na himthosca áitiúla san áireamh agus an measúnú sin á dhéanamh, agus comhlánaíodh an measúnú le hathbhreithniú ar na bearta atá beartaithe chun na spríocanna acmhainneachta a bhaint amach faoi phointe 2.1(a) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317.
- (22) I gcás bhliain féilire 2020, ní dhearnadh athbhreithniú le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/891 ar an spríoc feidhmíochta uile-Aontais i leith TT3 i bpríomhréimse feidhmíochta na hacmhainneachta, spríoc a leagadh amach i dtosach i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/903, toisc go raibh an tréimhse le haghaidh chur i bhfeidhm na sprice sin imithe in éag agus, dá bhrí sin, go raibh sí curtha chun feidhme go críochnaitheach cheana, rud a d'fhág nárbh fhéidir coigeartuithe cúlghabhálacha a dhéanamh. Dá réir sin, níor iarradh ar na Ballstáit athbhreithniú a dhéanamh ar a spríocanna áitiúla feidhmíochta i leith bhliain féilire 2020 i bpríomhréimse feidhmíochta na hacmhainneachta sna dréachtphleananna feidhmíochta a bhí le cur isteach faoin 1 Deireadh Fómhair 2021. Dá bhrí sin, an measúnú ar chomhsheasmhacht na spríocanna áitiúla feidhmíochta acmhainneachta leis na spríocanna feidhmíochta comhfhreagracha uile-Aontais, ba cheart é a dhéanamh i leith bhlianta féilire 2021, 2022, 2023 agus 2024.
- (23) Is iad seo a leanas na dréachtspríocanna acmhainneachta i leith eitiltí faoi bhealach a mholann an Bhulgáir le haghaidh TT3, arna sloinneadh mar nóiméid mhoille ATFM in aghaidh na heitilte, mar aon leis na luachanna tagartha comhfhreagracha ón bPlean Oibríochta Gréasáin:

	2021	2022	2023	2024
<b>Dréachtspríocanna acmhainneachta na Bulgáire i leith eitiltí faoi bhealach</b> i nóiméid mhoille ATFM in aghaidh na heitilte	0,04	0,08	0,07	0,08
Luachanna tagartha le haghaidh na Bulgáire	0,04	0,08	0,07	0,08

- (24) Tugann an Coimisiún faoi deara gurb ionann na dréachtspríocanna acmhainneachta a mholann an Bhulgáir agus na luachanna tagartha náisiúnta comhfhreagracha i gcás gach bliana féilire ó 2021 go 2024.

- (25) Maidir le pointe 2.1(a) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, tugann an Coimisiún dá aire go bhfuil raon beart curtha i láthair ag an mBulgáir sa dréachtphlean feidhmíochta chun na spriocanna áitiúla acmhainneachta i leith eiltí faoi bhealach a bhaint amach. Áirítear ar na bearta sin uirlisí anailíse castachta tráchta a úsáid, pleanáil oiriúnaithe ar feadh TT3 ar choibhéis lánaimseartha na rialtóirí aerthráchta i gcomhréir leis na leibhéil tráchta a thuairtar sna réamhaisnéisí, agus roinnt gníomhaíochtaí chun dearadh an aerspáis a fheabhsú, lena n-áirítear an t-athlimistéarú agus an limistéarú dinimiciúil.
- (26) Ar bhonn na dtorthaí a leagtar amach in aithrisí (24) agus (25), ba cheart a mheasúnú go bhfuil na dréachtspriocanna i ndrúachtphlean feidhmíochta na Bulgáire comhsheasmhach leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais i bpríomhréimse feidhmíochta na hacmhainneachta.

### Measúnú ar na dréachtspriocanna feidhmíochta i bpríomhréimse feidhmíochta na costéifeachtúlachta

- (27) Maidir le príomhréimse feidhmíochta na costéifeachtúlachta, rinneadh measúnú ar chomhsheasmhacht na spriocanna a chuir an Bhulgáir isteach maidir leis na costais aonaid arna suíomh ("CAAS") le haghaidh seirbhísí aerloingseoireachta faoi bhealach, ar bhonn na gcritéar a leagtar síos i bpointí 1.4(a), (b) agus (c) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317. Is iad na critéir sin an treocht CAAS le linn TT3, an treocht fhadtéarmach CAAS le linn an dara tréimhse tagartha (TT2) agus TT3 (2015-2024), agus luach bonnlíne CAAS ar leibhéal an limistéir muirearaithe i gcomparáid le meánluach na limistéar muirearaithe a bhfuil timpeallacht oibríochtúil agus eacnamaíoch chomhchosúil ag soláthraithe seirbhísí aerloingseoireachta iontu.
- (28) Cuireadh na himthosca áitiúla san áireamh agus measúnú á dhéanamh ar na spriocanna costéifeachtúlachta i leith eiltí faoi bhealach. Comhlánaíodh an measúnú le hathbhreithniú ar na príomhfachtóirí agus na príomhpharaiméadair is bunús leis na spriocanna sin, mar a shonraítear i bpointe 2.1(d) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317.
- (29) Is iad seo a leanas na dréachtspriocanna costéifeachtúlachta i leith eiltí faoi bhealach a mholann an Bhulgáir i leith TT3:

Limistéar muirearaithe faoi bhealach na Bulgáire	Luach bonnlíne 2014	Luach bonnlíne 2019	2020 -2021	2022	2023	2024
<b>Dréachtspriocanna costéifeachtúlachta i leith eiltí faoi bhealach</b> arna sloinneadh mar chostas aonaid faoi bhealach arna shuíomh (i dtéarmaí réadacha ar phraghsanna 2017)	<b>BGN 56,62</b>	<b>BGN 53,64</b>	<b>BGN 95,60</b>	<b>BGN 67,56</b>	<b>BGN 61,42</b>	<b>BGN 55,62</b>
	EUR 28,96	EUR 27,43	EUR 48,89	EUR 34,55	EUR 31,41	EUR 28,44

- (30) Maidir leis an gcritéar a leagtar síos i bpointe 1.4(a) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, tugann an Coimisiún faoi deara gur fearr treocht CAAS faoi bhealach na Bulgáire ar leibhéal an limistéir muirearaithe le linn TT3, mar atá, +0,9 %, ná an treocht uile-Aontais le linn na tréimhse céanna, mar atá, +1,0 %.
- (31) Maidir leis an gcritéar a leagtar síos i bpointe 1.4(b) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, tugann an Coimisiún faoi deara gur measa treocht fhadtéarmach CAAS faoi bhealach na Bulgáire le linn TT2 agus TT3 ar leibhéal an limistéir muirearaithe, mar atá, -0,2 %, ná an treocht uile-Aontais le linn na tréimhse céanna, mar atá, -1,3 %.
- (32) Maidir leis an gcritéar a leagtar síos i bpointe 1.4(c) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, tugann an Coimisiún faoi deara go bhfuil luach bonnlíne CAAS na Bulgáire, mar atá, EUR 27,43 i dtéarmaí réadacha ar phraghsanna 2017 ("EUR2017"), 32,5 % níos ísle ná meánluach bonnlíne an ghrúpa comparáide ábhartha, mar atá, EUR 40,66 in EUR2017. Tugann an Coimisiún dá aire go bhfuil costas aonaid na Bulgáire arna shuíomh fós níos ísle ná meán an ghrúpa comparáide le linn TT3 ar fad, agus go bhfuil sé 34,1 % níos ísle ná an meán sin i leith 2024.

- (33) Mar a shonraítear in aithris (30), is léir go bhfuil costas aonaid na Bulgáire arna shuíomh i rith TT3 ar aon dul leis an treocht chomhfhreagrach uile-Aontais. Thairis sin, tá costas aonaid na Bulgáire arna shuíomh i leith 2024 beagáinín níos ísle ná luach bonnlíne 2014, rud a léiríonn go bhfuil an Bhulgáir ag coinneáil na cost-éifeachtúlachta ar leibhéal cobhsaí san fhad-téarma. Ar deireadh, ag tagairt d'aithris (32), léiríonn an Bhulgáir feidhmíocht thréan sa chostéifeachtúlacht i dtéarmaí leibhéil an chostais aonaid arna shuíomh, nó is ísle go mór a luach bhonnlíne i leith 2019 agus a costas aonaid arna shuíomh i leith 2024 araon ná meánluachanna an ghrúpa comparáide chomhfhreagraigh, is é sin, tá siad araon níos mó ná 30 % faoi bhun na meánluachanna sin. Ag féachaint do na breithnithe thuasluaite, measann an Coimisiún, maidir leis an diallas a thugtar faoi deara in aithris (31) ó threocht fhadtéarmach uile-Aontais an chostais aonaid arna shuíomh, nach gcuireann sé bac ar an gcomhsheasmhacht leis na spriocanna feidhmíochta costéifeachtúlachta uile-Aontais a shuí i leith na Bulgáire.
- (34) Ar bhonn na dtorthaí a leagtar amach in aithrisí (30) go (33), ba cheart a mheasúnú go bhfuil na dréachtspríocanna i ndréachtphlean feidhmíochta na Bulgáire comhsheasmhach leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais i bpríomhréimse feidhmíochta na costéifeachtúlachta.

**Athbhreithniú ar na scéimeanna dreasachtaí dá dtagraítear in Airteagal 11 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317 mar chomhlánú ar mheasúnú an Choimisiúin ar na dréachtspríocanna acmhainneachta**

- (35) I gcomhréir le pointe 2.1(f) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, maidir leis na dréachtspríocanna acmhainneachta, chomhlánaigh an Coimisiún a mheasúnú le hathbhreithniú ar na dréachtscéimeanna dreasachtaí dá dtagraítear in Airteagal 11 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317. I ndáil leis sin, scrúdaigh an Coimisiún an gcomhlíonann na dréachtscéimeanna dreasachtaí na ceanglais shubstainteacha a leagtar amach in Airteagal 11(1) agus (3) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317. Fuarthas ábhar ímní sna dréachtscéimeanna atá i ndréachtphlean feidhmíochta na Bulgáire.
- (36) Tugann an Coimisiún faoi deara, maidir leis an scéim dreasachtaí le haghaidh acmhainneacht faoi bhealach a mholtar i ndréachtphlean feidhmíochta na Bulgáire, go gcuimsíonn sí uas-mhíbhuntáiste airgeadais is ionann agus 0,40 % de na costais arna suíomh agus uasbhuntáiste airgeadais is ionann agus 0,20 % de na costais arna suíomh.
- (37) Maidir leis an scéim dreasachtaí sin, tá an Coimisiún go mór in amhras, ar bhonn comhairle shaineolach a sholáthar an comhlacht um athbhreithniú ar an bhfeidhmíocht, an imreodh an t-uas-mhíbhuntáiste airgeadais a mholtar, arb ionann é agus 0,40 % de na costais arna suíomh, aon tionchar ábhartha ar an ioncam atá i mbaol, mar a cheanglaítear de bhun Airteagal 11(3), pointe (a) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317.
- (38) Ba cheart don Bhulgáir, dá bhrí sin, i dtaca le glacadh a phlean feidhmíochta chríochnaithigh i gcomhréir le hAirteagal 16, pointe (a) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, athbhreithniú a dhéanamh ar a scéim dreasachtaí chun na spriocanna acmhainneachta i leith eitilí faoi bhealach a bhaint amach sa chaoi go socrófar na huas-mhíbhuntáistí de bhun na scéime dreasachtaí sin ar leibhéal a imreoidh tionchar ábhartha ar an ioncam atá i mbaol, mar a cheanglaítear go sonrach faoi Airteagal 11(3), pointe (a) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, agus is é an tuairim ón gCoimisiún gur cheart go socrófaí, mar thoradh air sin, an t-uas-mhíbhuntáiste airgeadais ar leibhéal is ionann agus 1 % de na costais arna suíomh nó níos airde ná sin.

**CONCLUÍDÍ**

- (39) Ar bhonn an mheasúnaithe a leagtar amach in aithrisí (10) go (38), tá sé suite ag an gCoimisiún go bhfuil na spriocanna feidhmíochta atá sa dréachtphlean feidhmíochta a chuir an Bhulgáir isteach comhsheasmhach leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais.
- (40) Tugann an Coimisiún dá aire go bhfuil sé tugtha le fios ag roinnt Ballstát go bhfuil sé i gceist acu ítimí costais a bhaineann le ladrainn a bhrath ag na haerfoirt a chur lena mbonn costais i leith TT3. Ní raibh an Coimisiún in ann a shuí go beacht, ar bhonn na n-eilimintí atá sna dréachtphleananna feidhmíochta, cé mhéad a chuir na Ballstáit costais shuite den chineál sin lena mbonn costais i leith TT3, ná, i gcásanna inar chuir, cé mhéad a thabhaítear iad i ndáil le soláthar na seirbhísí aerloingseoireachta, rud a d'fhágfadh gurbh fhéidir a mheas gur costais incháilithe iad faoin scéim feidhmíochta agus muirearaithe. Tá iarraidh ad hoc ar fhaisnéis curtha ag seirbhísí an Choimisiúin chuig na Ballstáit uile chun faisnéis ábhartha a bhailiú, agus déanfaidh siad tuilleadh scrúdaithe ar na costais a thuairiscítear maidir le ladrainn a bhrath ag na haerfoirt i gcomhthéacs an fhíoraithe ar chomhlíontacht na rátaí aonaid. Tá an Cinneadh seo gan dochar do thorthaí ná do chonclúidí an Choimisiúin maidir le costais braite na ladrann.



- (41) Mar fhreagairt ar ionsaí míleata na Rúise ar an Úcráin, a thosaigh an 24 Feabhra 2022, tá bearta sriantacha glactha ag an Aontas lena gcuirtear toirmeasc ar aeriompróirí Rúiseacha, ar aon aerárthach atá cláraithe sa Rúis agus ar aon aerárthach nach bhfuil cláraithe sa Rúis ach atá faoi úinéireacht, ar chairtíhostú, nó faoi rialú ar shlí eile ag aon duine nádúrtha nó dlítheanach Rúiseach nó ag aon eintiteas nó comhlacht Rúiseach tuirlingt i gcríoch an Aontais, éirí de thalamh uaithi, nó eitilt thairsti. Tá laghdú ag teacht ar an aerthrácht san aerspás os cionn chríoch an Aontais i ngeall ar na bearta sin. Níor cheart, ámh, go mbeadh an tionchar ar an leibhéal uile-Aontais inchomparáide leis an laghdú ar an aerthrácht de dheasca ráig phaindéim COVID-19 i mí an Mhárta 2020. Dá bhrí sin, is iomchuí na bearta agus na próisis atá ann faoi láthair le haghaidh chur chun feidhme na scéime feidhmíochta agus muirearaithe le linn TT3 a choinneáil ar bun.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Na spriocanna feidhmíochta atá sa dréachtphlean feidhmíochta a chuir an Bhulgáir isteach de bhun Rialachán (CE) Uimh. 549/2004 agus a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo, tá siad comhsheasmhach leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais i leith an tríú tréimhse tagartha a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/891.

*Airteagal 2*

Dírítear an Cinneadh seo chuig Poblacht na Bulgáire.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 13 Aibreán 2022.

*Thar ceann an Choimisiúin*  
Adina VĂLEAN  
*Comhalta den Choimisiún*

## IARSCRÍBHINN

Na spriocanna feidhmíochta atá san áireamh sa dréachtphlean feidhmíochta a chuir an Bhulgáir isteach de bhun Rialachán (CE) Uimh. 549/2004 agus a fuarthas go bhfuil siad comhsheasmhach leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais le haghaidh an tríú tréimhse thagartha

## PRÍOMHRÉIMSE FEIDHMÍOCHTA SÁBHÁILTEACHTA

## Éifeachtacht na bainistíochta sábháilteachta

an Bhulgáir	Spriocanna maidir le héifeachtacht na bainistíochta sábháilteachta, arna sloinneadh mar leibhéal cur chun feidhme, ó leibhéal EASA A go D				
An soláthraí seirbhísí aerloingseoireachta lena mbaineann	Cuspóir na bainistíochta sábháilteachta	2021	2022	2023	2024
BULATSA	Beartas agus cuspóirí sábháilteachta	C	C	C	<b>C</b>
	Bainistíocht riosca sábháilteachta	C	C	D	<b>D</b>
	Dearbhú sábháilteachta	C	C	C	<b>C</b>
	Cur chun cinn na sábháilteachta	C	C	C	<b>C</b>
	Cultúr sábháilteachta	C	C	C	<b>C</b>

## PRÍOMHRÉIMSE FEIDHMÍOCHTA AN CHOMHSHAOIL

## Meánéifeachtúlacht chothrománach eitilte faoi bhealach an ruthaig eitilte iarbhír

	2021	2022	2023	2024
<b>Dréacht de spriocanna comhshaoil faoi bhealach na Bulgáire</b> , arna sloinneadh mar mheánéifeachtúlacht chothrománach faoi bhealach an ruthaig eitilte iarbhír	<b>2,25 %</b>	<b>2,25 %</b>	<b>2,25 %</b>	<b>2,25 %</b>
Luachanna tagartha don Bhulgáir	2,25 %	2,25 %	2,25 %	2,25 %

## PRÍOMHRÉIMSE FEIDHMÍOCHTA ACMHAINNEACHTA

## Meánmhoill ATFM eitilte faoi bhealach i nóiméid in aghaidh na heitilte

	2021	2022	2023	2024
<b>Dréacht de spriocanna acmhainneachta faoi bhealach na Bulgáire</b> , i nóiméid ar mhoill ATFM in aghaidh na heitilte	<b>0,04</b>	<b>0,08</b>	<b>0,07</b>	<b>0,08</b>
Luachanna tagartha don Bhulgáir	0,04	0,08	0,07	0,08

## PRÍOMHRÉIMSE FEIDHMÍOCHTA COSTÉIFEACHTÚLACHTA

## Costas aonaid cinnte le haghaidh seirbhísí aerloingseoireachta faoi bhealach

Limistéar muirearaithe faoi bhealach na Bulgáire	Luach bonnlíne 2014	Luach bonnlíne 2019	2020 -2021	2022	2023	2024
Dréacht de spriocanna costéifeachtúlachta faoi bhealach, arna sloinneadh mar chostas aonaid chinnte faoi bhealach (i dtéarmaí réadacha ag praghsanna 2017)	56,62 BGN	53,64 BGN	95,60 BGN	67,56 BGN	61,42 BGN	55,62 BGN
	EUR 28,96	EUR 27,43	EUR 48,89	EUR 34,55	EUR 31,41	EUR 28,44

**CINNEADH (AE) 2022/779 ÓN gCOIMISIÚN**  
**an 13 Aibreán 2022**

**maidir le comhsheasmhacht na spriocanna feidhmíochta atá sa dréachtphlean feidhmíochta a chuir an Pholainn isteach de bhun Rialachán (CE) Uimh. 549/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais i leith an tríú tréimhse tagartha**

*(a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhoiciméad C(2022) 2304)*

**(Is é an téacs sa Pholainnis amháin atá barántúil)**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 549/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Márta 2004 lena leagtar síos an creat chun aerospás Eorpach aonair a chruthú (an creat-Rialachán)<sup>(1)</sup>, agus go háirithe Airteagal 11(3), pointe (c), an chéad mhír de,

Ag féachaint do Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317 ón gCoimisiún an 11 Feabhra 2019 lena leagtar síos scéim feidhmíochta agus muirearaithe san aerospás Eorpach aonair<sup>(2)</sup>, agus go háirithe Airteagal 14(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

**BREITHNITHE GINEARÁLTA**

- (1) De bhun Airteagal 11 de Rialachán (CE) Uimh. 549/2004, tá scéim feidhmíochta le haghaidh seirbhísí aerloingseoireachta agus feidhmeanna líonra aerloingseoireachta le bunú. Thairis sin, de bhun Airteagal 10 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, tá na Ballstáit le spriocanna feidhmíochta ceangailteacha a tharraingt suas, ar an leibhéal náisiúnta nó ar leibhéal na mbloc feidhme aerospáis, i leith gach tréimhse tagartha den scéim feidhmíochta le haghaidh seirbhísí aerloingseoireachta agus feidhmeanna líonra aerloingseoireachta. Ní mór na spriocanna feidhmíochta sin a bheith comhsheasmhach leis na spriocanna uile-Aontais arna nglacadh ag an gCoimisiún i leith na tréimhse tagartha lena mbaineann. Is é an Coimisiún atá freagrach as measúnú a dhéanamh an bhfuil na spriocanna feidhmíochta molta atá sna dréachtphleananna arna dtarraingt suas ag na Ballstáit comhsheasmhach leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais, agus na critéir mheasúnaithe a leagtar amach in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317 á úsáid aige.
- (2) Ón gcéad ráithe de bhliain féilire 2020, bhí tionchar mór ag ráig phaindéim COVID-19 ar an earnáil aeriompair agus d'fhág sé gur tháinig laghdú suntasach ar an méid aerthráchta i gcomparáid leis na leibhéil roimh an bpaindéim, de bharr na mbearta a rinne na Ballstáit agus tríú tíortha chun srian a choinneáil ar an bpaindéim.
- (3) Leagadh spriocanna feidhmíochta uile-Aontais i leith an tríú tréimhse thagartha ("TT3") síos i dtosach i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/903 ón gCoimisiún<sup>(3)</sup>. Maidir leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais sin agus na dréachtphleananna feidhmíochta a chuir na Ballstáit isteach ina ndiaidh siúd, ós rud é gur tarraingíodh suas iad sular tharla ráig phaindéim COVID-19, ní fhéadfaí an t-athrú suntasach a tháinig ar na dálaí aeriompair de dheasca na paindéime a chur san áireamh iontu.

<sup>(1)</sup> IO L 96, 31.3.2004, lch. 1.

<sup>(2)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317 ón gCoimisiún an 11 Feabhra 2019 lena leagtar síos scéim feidhmíochta agus muirearaithe san aerospás Eorpach aonair agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 390/2013 agus (AE) Uimh. 391/2013 (IO L 56, 25.2.2019, lch. 1).

<sup>(3)</sup> Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/903 ón gCoimisiún an 29 Bealtaine 2019 lena leagtar síos spriocanna feidhmíochta ar fud an Aontais le haghaidh an líonra um bainistíocht aerthráchta i ndáil leis an tríú tréimhse thagartha dar tús an 1 Eanáir 2020 agus dar críoch an 31 Nollaig 2024 (IO L 144, 3.6.2019, lch. 49).

- (4) Mar fhreagairt ar thionchar phaindéim COVID-19 ar sholáthar na seirbhísí aerloingseoireachta, leagadh amach bearta eisceachtúla i leith an tríú tréimhse thagartha, de mhaolú ar Rialachán (AE) 2019/317, i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1627 ón gCoimisiún <sup>(4)</sup>. De bhun Airteagal 2(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1627, ghlac an Coimisiún, an 2 Meitheamh 2021, Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/891 <sup>(5)</sup> lena leagtar spriocanna feidhmíochta athbhreithnithe uile-Aontais amach i leith TT3.
- (5) Tugann an Coimisiún dá aire gurb é a thuartar le réamhaisnéis tráchta bhonnlíne Sheirbhís Staidrimh agus Réamhaisnéise Eurocontrol (“STATFOR”) ó mhí Dheireadh Fómhair 2021 go sroichfidh an t-aerthrácht ar an leibhéal uile-Aontais na leibhéil ar a raibh sé roimh an bpaindéim le linn 2023 agus go sáróidh sé na leibhéil sin in 2024. Mar sin féin, tá leibhéal ard éiginnteachta fós ag baint le forbairt an tráchta mar gheall ar na rioscaí a bhaineann le forbairt staid eipidéimeolaíoch COVID-19. Tugann an Coimisiún dá aire, freisin, go meastar go dtiocfaidh téarnamh míchothrom ar an aerthrácht sna Ballstáit éagsúla.
- (6) Tá dréachtphleananna feidhmíochta, agus spriocanna áitiúla feidhmíochta iontu i leith TT3, forbartha agus glactha ag na Ballstáit uile, agus cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin iad lena measúnú faoin 1 Deireadh Fómhair 2021. Tar éis a fhíorú don Choimisiún arbh iomlán do na dréachtphleananna feidhmíochta sin, d'iarr sé ar Bhallstáit dréachtphleananna feidhmíochta athbhreithnithe a chur faoina bhráid faoin 17 Samhain 2021. An measúnú ón gCoimisiún a chuirtear i láthair sa Chinneadh seo, is ar an dréachtphlean feidhmíochta athbhreithnithe a chuir an Pholainn isteach atá sé bunaithe.
- (7) Tá tuarascáil curtha faoi bhráid an Choimisiúin ag an gcomhlacht um athbhreithniú ar an bhfeidhmíocht a thugann cúnaimh don Choimisiún maidir le cur chun feidhme na scéime feidhmíochta de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (CE) Uimh. 549/2004, agus sa tuarascáil sin ón gcomhlacht tá comhairle maidir leis an measúnú ar na dréachtphleananna feidhmíochta i leith TT3.
- (8) I gcomhréir le hAirteagal 14(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, tá measúnú déanta ag an gCoimisiún ar chomhsheasmhacht na spriocanna áitiúla feidhmíochta a mholann an Pholainn, ar bhonn na gcritéar measúnaithe a leagtar síos i bpointe 1 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin, agus na himthosca áitiúla á gcur san áireamh aige. Chomhlánaigh an Coimisiún an measúnú, i leith gach príomhréimse feidhmíochta agus na spriocanna feidhmíochta a bhaineann leis, trí athbhreithniú a dhéanamh ar na dréachtphleananna feidhmíochta i leith na n-eilimintí a leagtar amach i bpointe 2 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin.

## MEASÚNÚ ÓN gCOIMISIÚN

### Measúnú ar na dréachtspriocanna feidhmíochta i bpríomhréimse feidhmíochta na sábháilteachta

- (9) Maidir le príomhréimse feidhmíochta na sábháilteachta, rinne an Coimisiún measúnú ar chomhsheasmhacht na spriocanna a chuir an Pholainn faoina bhráid maidir lena héifeachtaí a dhéanann soláthraithe na seirbhísí aerloingseoireachta bainistíocht ar an tsábháilteacht, ar bhonn an chritéir a leagtar síos i bpointe 1.1 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317. Cuireadh na himthosca áitiúla san áireamh agus an measúnú sin a dhéanamh, agus comhlánaíodh an measúnú le hathbhreithniú ar na bearta atá beartaithe chun na spriocanna sábháilteachta a bhaint amach i leith na n-eilimintí a leagtar amach i bpointe 2.1.(a) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317.
- (10) Is iad seo a leanas na dréachtspriocanna feidhmíochta i bpríomhréimse feidhmíochta na sábháilteachta a mholann an Pholainn i leith éifeachtacht na bainistíochta sábháilteachta, arna miondealú de réir na gcuspóirí bainistíochta sábháilteachta agus arna sloinneadh mar leibhéil cur chun feidhme:

<sup>(4)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1627 ón gCoimisiún an 3 Samhain 2020 maidir le bearta eisceachtúla i ndáil leis an tríú tréimhse thagartha (2020-2024) den scéim feidhmíochta agus muirearaithe san aerspás Eorpach aonair de dheasca phaindéim COVID-19 (IO L 366, 4.11.2020, lch. 7).

<sup>(5)</sup> Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/891 ón gCoimisiún an 2 Meitheamh 2021 lena leagtar síos spriocanna feidhmíochta ar fud an Aontais Eorpaigh le haghaidh an líonra um bainistíocht aerthráchta i leith an tríú tréimhse thagartha (2020-2024) agus lena n-aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/903 (IO L 195, 3.6.2021, lch. 3).

An Pholainn	Spriocanna le haghaidh éifeachtacht na bainistíochta sábháilteachta, sloinnte mar leibhéal cur chun feidhme i raon idir leibhéal A agus D de chuid EASA				
Na soláthraithe seirbhísí aerloingseoireachta lena mbaineann	An cuspóir bainistíochta sábháilteachta	2021	2022	2023	2024
PANSA, Warmia i Mazury sp. z o.o., Port Lotniczy Bydgoszcz S.A.	Beartas sábháilteachta agus cuspóirí	C	C	C	C
	Bainistiú riosca sábháilteachta	C	C	C	D
	Dearbhú sábháilteachta	C	C	C	C
	Cur chun cinn na sábháilteachta	C	C	C	C
	Cultúr sábháilteachta	C	C	C	C

- (11) Maidir leis na dréachtspríocanna sábháilteachta a mhol an Pholainn le haghaidh na soláthraithe seirbhísí aerloingseoireachta uile a chumhdaítear, is é conclúid an Choimisiúin go bhfuil sé beartaithe leibhéal na sprice feidhmíochta uile-Aontais a bhaint amach in 2024 i gcás an chuspóra “bainistiú riosca sábháilteachta”, agus, i gcás na gcuspóirí bainistíochta sábháilteachta eile, go gcomhlíonann na spriocanna áitiúla feidhmíochta leibhéal na sprice feidhmíochta uile-Aontais i leith gach bliana féilire ó 2021 go 2024.
- (12) Tugann an Coimisiún dá aire go leagtar amach, sa dhréachtphlean feidhmíochta a chuir an Pholainn faoina bhráid, bearta le haghaidh na soláthraithe seirbhísí aerloingseoireachta chun na spriocanna áitiúla sábháilteachta a bhaint amach, amhail bearta chun comhlíonadh Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/373 ón gCoimisiún <sup>(6)</sup> a áirithiú, athbhreithniú ar na próisis sábháilteachta, oiliúintí sábháilteachta na mbainisteoirí a thabhairt cothrom le dáta, táscairí bainistíochta sábháilteachta a fhorbairt, cur chun cinn leanúnach na sábháilteachta, agus cur chun feidhme na ndea-chleachtas, na ndoiciméad agus na nósanna imeachta i gcomhréir leis na rialacháin náisiúnta agus idirnáisiúnta.
- (13) Ar bhonn na dtorthaí a leagtar amach in aithrisí (11) agus (12), agus de bhrí nach mór na spriocanna feidhmíochta sábháilteachta uile-Aontais a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/891 a bhaint amach faoi bhliain dheireanach TT3, eadhon 2024, ba cheart a mheasúnú, maidir leis na dréachtspríocanna atá i ndréachtphlean feidhmíochta na Polainne, go bhfuil siad comhsheasmhach leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais i bpríomhréimse feidhmíochta na sábháilteachta.

#### Measúnú ar na dréachtspríocanna feidhmíochta i bpríomhréimse feidhmíochta an chomhshaoil

- (14) Maidir le príomhréimse feidhmíochta an chomhshaoil, rinneadh measúnú ar chomhsheasmhacht na spriocanna a chuir an Pholainn isteach maidir le meánéifeachtúlacht chothrománach eiltile faoi bhealach an ruthaig eiltile iarbhír, ar bhonn an chritéir a leagtar síos i bpointe 1.2 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317. Dá réir sin, cuireadh na spriocanna a mholtar i ndréachtphlean feidhmíochta na Polainne i gcomparáid leis na luachanna tagartha ábhartha le haghaidh éifeachtúlacht chothrománach na heiltile faoi bhealach a leagtar amach i bplean feabhsúcháin líonra aerbhealaí na hEorpa a bhí ar fáil nuair a glacadh na spriocanna feidhmíochta athbhreithnithe uile-Aontais i leith TT3, eadhon an 2 Meitheamh 2021. Cuireadh na himthosca áitiúla san áireamh agus an measúnú sin a dhéanamh, agus comhlánaíodh an measúnú le hathbhreithniú ar na bearta atá beartaithe chun na spriocanna comhshaoil a bhaint amach faoi phointe 2.1(a) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317.
- (15) I gcás bhliain féilire 2020, ní dhearnadh athbhreithniú le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/891 ar an sprioc feidhmíochta uile-Aontais i leith TT3 i bpríomhréimse feidhmíochta an chomhshaoil, sprioc a leagadh amach i dtosach i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/903, toisc go raibh an tréimhse le haghaidh chur i bhfeidhm na sprice sin imithe in éag agus, dá bhrí sin, go raibh sí curtha chun feidhme go críochnaitheach cheana, rud a d'fhág nárbh fhéidir coigeartuithe cúlghabhálacha a dhéanamh. Dá réir sin, níor iarradh ar na Ballstáit athbhreithniú a dhéanamh ar a spriocanna áitiúla feidhmíochta i leith bhliain féilire 2020 i bpríomhréimse feidhmíochta an chomhshaoil sna dréachtphleananna feidhmíochta a bhí le cur isteach faoin 1 Deireadh Fómhair 2021. Dá bhrí sin, an measúnú ar chomhsheasmhacht na spriocanna áitiúla feidhmíochta comhshaoil leis na spriocanna feidhmíochta comhfhreagracha uile-Aontais, ba cheart é a dhéanamh i leith bhlianta féilire 2021, 2022, 2023 agus 2024.

<sup>(6)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/373 ón gCoimisiún an 1 Márta 2017 lena leagtar síos ceanglais choiteanna le haghaidh soláthraithe seirbhísí bainistithe aerthráchta/seirbhísí aerloingseoireachta agus feidhmeanna líonra eile a bhaineann le bainistiú agus maoirseacht an aerthráchta, lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 482/2008, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1034/2011, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1035/2011 agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1377 agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 677/2011 (IO L 62, 8.3.2017, lch. 1).

- (16) Is iad seo a leanas na dréachtspríocanna feidhmíochta i bpríomhréimse feidhmíochta an chomhshaoil a mholann an Pholainn, mar aon leis na luachanna tagartha náisiúnta comhfhreagracha i leith TT3 ó phlean feabhsúcháin líonra aerbhealaí na hEorpa, agus iad sloinnte mar mheánéifeachtúlacht chothrománach eitilte faoi bhealach an ruthaig eitilte iarbhír:

	2021	2022	2023	2024
<b>Dréachtspríocanna comhshaoil eitilí faoi bhealach na Polainne</b> , arna sloinneadh mar mheánéifeachtúlacht chothrománach eitilte faoi bhealach an ruthaig eitilte iarbhír	<b>1,65 %</b>	<b>1,65 %</b>	<b>1,65 %</b>	<b>1,65 %</b>
Luachanna tagartha le haghaidh na Polainne	1,65 %	1,65 %	1,65 %	1,65 %

- (17) Tugann an Coimisiún faoi deara gurb ionann na dréachtspríocanna comhshaoil a mholann an Pholainn agus na luachanna tagartha náisiúnta comhfhreagracha i gcás gach bliana féilire ó 2021 go 2024.
- (18) Maidir le pointe 2.1(a) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, tugann an Coimisiún dá aire go bhfuil roinnt beart curtha i láthair ag an bPolainn ina dréachtphean feidhmíochta chun na spríocanna áitiúla comhshaoil a bhaint amach, lena n-áirítear atheagrú na gcumraíochtaí teascóg le haghaidh Lárionad Rialaithe Limistéar Vársá, cur chun feidhme úsáid ardsolúbtha na gcoincheap aerspáis, agus feabhsuithe ar Limistéar Ainlithe Críochfoirt Vársá.
- (19) Thairis sin, tugann an Coimisiún faoi deara go bhfuil an t-aerspás saorbhealaigh curtha chun feidhme ag an bPolainn cheana idir leibhéal eitilte 95 agus leibhéal eitilte 660 ó mhí Feabhra 2019. Tugann an Coimisiún dá aire, freisin, go bhfuil sé beartaithe ag an bPolainn an t-aerspás saorbhealaigh a leathnú a thuilleadh leis an mbloc feidhme aerspáis Baltach, leis an tSlóvaic agus leis an Úcráin i mbliain féilire 2024.
- (20) Ar bhonn na dtorthaí a leagtar amach in aithrisí (17) go (19), ba cheart a mheasúnú go bhfuil na dréachtspríocanna atá i ndréachtphean feidhmíochta na Polainne comhsheasmhach leis na spríocanna feidhmíochta uile-Aontais i bpríomhréimse feidhmíochta an chomhshaoil.

#### **Measúnú ar na dréachtspríocanna feidhmíochta i bpríomhréimse feidhmíochta na hacmhainneachta**

- (21) Maidir le príomhréimse feidhmíochta na hacmhainneachta, rinneadh measúnú ar chomhsheasmhacht na spríocanna a chuir an Pholainn isteach maidir leis an meánmhoill i mbainistiú na sreibe aerthráchta ("ATFM") faoi bhealach in aghaidh na heitilte, ar bhonn an chritéir a leagtar síos i bpointe 1.3 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317. Dá réir sin, cuireadh na spríocanna a mholtar i ndréachtphean feidhmíochta na Polainne i gcomparáid leis na luachanna tagartha ábhartha a leagtar amach sa Phlean Oibríochta Gréasáin a bhí ar fáil nuair a glacadh na spríocanna feidhmíochta athbhreithnithe uile-Aontais i leith TT3, eadhon an 2 Meitheamh 2021. Cuireadh na himthosca áitiúla san áireamh agus an measúnú sin a dhéanamh, agus comhlánaíodh an measúnú le hathbhreithniú ar na bearta atá beartaithe chun na spríocanna acmhainneachta a bhaint amach faoi phointe 2.1(a) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317.
- (22) I gcás bhliain féilire 2020, ní dhearnadh athbhreithniú le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/891 ar an spríoc feidhmíochta uile-Aontais i leith TT3 i bpríomhréimse feidhmíochta na hacmhainneachta, spríoc a leagadh amach i dtosach i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/903, toisc go raibh an tréimhse le haghaidh chur i bhfeidhm na spríoc sin imithe in éag agus, dá bhrí sin, go raibh sí curtha chun feidhme go críochnaitheach cheana, rud a d'fhág nárbh fhéidir coigeartuithe cúlghabhálacha a dhéanamh. Dá réir sin, níor iarradh ar na Ballstáit athbhreithniú a dhéanamh ar a spríocanna áitiúla feidhmíochta i leith bhliain féilire 2020 i bpríomhréimse feidhmíochta na hacmhainneachta sna dréachtpheananna feidhmíochta a bhí le cur isteach faoin 1 Deireadh Fómhair 2021. Dá bhrí sin, an measúnú ar chomhsheasmhacht na spríocanna áitiúla feidhmíochta acmhainneachta leis na spríocanna feidhmíochta comhfhreagracha uile-Aontais, ba cheart é a dhéanamh i leith bhlianta féilire 2021, 2022, 2023 agus 2024.
- (23) Is iad seo a leanas na dréachtspríocanna acmhainneachta i leith eitilí faoi bhealach a mholann an Pholainn le haghaidh TT3, arna sloinneadh mar nóiméid mhoille ATFM in aghaidh na heitilte, mar aon leis na luachanna tagartha comhfhreagracha ón bPlean Oibríochta Gréasáin:

	2021	2022	2023	2024
<b>Dréachtspríocanna acmhainneachta na Polainne i leith eitiltí faoi bhealach</b> i nóiméid mhoille ATFM in aghaidh na heitilte	<b>0,07</b>	<b>0,12</b>	<b>0,12</b>	<b>0,12</b>
Luachanna tagartha le haghaidh na Polainne	0,07	0,12	0,12	0,12

- (24) Tugann an Coimisiún faoi deara gurb ionann na dréachtspríocanna acmhainneachta a mholann an Pholainn agus na luachanna tagartha náisiúnta comhfhreagracha i gcás gach bliana féilire ó 2021 go 2024.
- (25) Maidir le pointe 2.1(a) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, tugann an Coimisiún dá aire go bhfuil raon beart curtha i láthair ag an bPolainn sa dréachtphlean feidhmíochta chun na spríocanna áitiúla acmhainneachta i leith eitiltí faoi bhealach a bhaint amach. Áirítear ar na bearta sin oiliúint leanúnach na rialtóirí aerthráchta, pleanáil foirne solúbtha agus uainchláir sholúbtha, méadú ar an líon teascóg agus feabhsú ar uaireanta oscailte na dteascóg, agus cur chun feidhme aerspáis saorbhealaigh trasteorann.
- (26) Ar bhonn na dtorthaí a leagtar amach in aithrisí (24) agus (25), ba cheart a mheasúnú go bhfuil na dréachtspríocanna i ndréachtphlean feidhmíochta na Polainne comhsheasmhach leis na spríocanna feidhmíochta uile-Aontais i bpríomhréimse feidhmíochta na hacmhainneachta.

#### **Athbhreithniú ar na dréachtspríocanna acmhainneachta le haghaidh seirbhísí aerloingseoireachta críochfoirt**

- (27) Maidir leis na haerfoirt a thagann faoi raon feidhme Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317 mar a leagtar amach in Airteagail 1(3) agus (4) den Rialachán sin, chomhlánaigh an Coimisiún a mheasúnú ar na dréachtspríocanna acmhainneachta i leith eitiltí faoi bhealach le hathbhreithniú ar na dréachtspríocanna acmhainneachta le haghaidh seirbhísí aerloingseoireachta críochfoirt i gcomhréir le pointe 2.1(b) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317. Fuarthas ábhar inní sna dréachtspríocanna sin i gcás na Polainne.
- (28) Go sonrach, nuair a cuireadh na dréachtspríocanna náisiúnta le haghaidh na meánmhoille ATFM isteach i gcomparáid, ar leibhéal an aerfoirt, leis an bhfeidhmíocht a bhí ag aerfoirt inchomparáide sa dara tréimhse tagartha (TT2), chinn an Coimisiún go meastar go mbeidh moilleanna ATFM níos faide ag aerfoirt Warszawa-Chopin, Warszawa-Modlin, Krakow-Balice agus Katowice-Pyrzowice ná mar a thuartar le haghaidh aerfoirt inchomparáide.
- (29) Measann an Coimisiún, dá bhrí sin, gur cheart don Pholainn, i dtaca le glacadh a phlean feidhmíochta chríochnaithigh i gcomhréir le hAirteagal 16, pointe (a) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, breis údair a thabhairt maidir leis na spríocanna acmhainneachta críochfoirt i leith TT3 i bhfianaise na dtuairimí a leagtar amach in aithris (28), sin nó ba cheart di na spríocanna sin a athbhreithniú anuas.

#### **Measúnú ar na dréachtspríocanna feidhmíochta i bpríomhréimse feidhmíochta na costéifeachtúlachta**

- (30) Maidir le príomhréimse feidhmíochta na costéifeachtúlachta, rinneadh measúnú ar chomhsheasmhacht na spríocanna a chuir an Pholainn isteach maidir leis na costais aonaid arna suíomh ("CAAS") le haghaidh seirbhísí aerloingseoireachta faoi bhealach, ar bhonn na gcritéar a leagtar síos i bpointí 1.4(a), (b) agus (c) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317. Is iad na critéir sin an treo CAAS le linn TT3, an treo fhadtéarmach CAAS le linn TT2 agus TT3 (2015-2024), agus luach bonnlíne CAAS ar leibhéal an limistéir muirearaithe i gcomparáid le meánluach na limistéar muirearaithe a bhfuil timpeallacht oibríochtúil agus eacnamaíoch chomhchosúil ag soláthraithe seirbhísí aerloingseoireachta iontu.
- (31) Cuireadh na himthosca áitiúla san áireamh agus measúnú á dhéanamh ar na spríocanna costéifeachtúlachta i leith eitiltí faoi bhealach. Comhlánaíodh an measúnú le hathbhreithniú ar na príomhfhachtóirí agus na príomhpharaiméadair is bunús leis na spríocanna sin, mar a shonraítear i bpointe 2.1(d) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317.
- (32) Is iad seo a leanas na dréachtspríocanna costéifeachtúlachta i leith eitiltí faoi bhealach a mholann an Pholainn i leith TT3:



Limistéar muirearaithe faoi bhealach na Polainne	Luach bonnlíne 2014	Luach bonnlíne 2019	2020 -2021	2022	2023	2024
<b>Dréachtpriocanna costéifeachtúlachta i leith eitiltí faoi bhealach</b> arna sloinneadh mar chostas aonaid faoi bhealach arna shuíomh (i dtéarmaí réadacha ar phraghsanna 2017)	<b>PLN 169,6</b>	<b>PLN 174,8</b>	<b>PLN 320,1</b>	<b>PLN 200,2</b>	<b>PLN 172,0</b>	<b>PLN 163,2</b>
	EUR 39,85	EUR 41,07	EUR 75,24	EUR 47,05	EUR 40,42	EUR 38,35

- (33) Maidir leis an gcritéar a leagtar síos i bpointe 1.4(a) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, tugann an Coimisiún faoi deara gur fearr treocht CAAS faoi bhealach na Polainne ar leibhéal an limistéir muirearaithe le linn TT3, mar atá, -1,7 % in aghaidh na bliana, ná an treocht uile-Aontais le linn na tréimhse céanna, mar atá, +1,0 %.
- (34) Maidir leis an gcritéar a leagtar síos i bpointe 1.4(b) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, tugann an Coimisiún faoi deara gur measa treocht fhadtéarmach CAAS faoi bhealach na Polainne le linn TT2 agus TT3 ar leibhéal an limistéir muirearaithe, mar atá, -0,4 % in aghaidh na bliana, ná an treocht uile-Aontais le linn na tréimhse céanna, mar atá, -1,3 %.
- (35) Maidir leis an gcritéar a leagtar síos i bpointe 1.4(c) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, tugann an Coimisiún faoi deara go bhfuil luach bonnlíne CAAS na Polainne, mar atá, EUR 41,07 i dtéarmaí réadacha ar phraghsanna 2017 ("EUR2017"), 5,4 % níos airde ná meánluach bonnlíne an ghrúpa comparáide ábhartha, mar atá, EUR 38,96 in EUR2017. Tugann an Coimisiún dá aire, áfach, go bhfuil costas aonaid ar bhealach na Polainne arna shuíomh le haghaidh 2024 6,7 % níos ísle ná meán an ghrúpa comparáide.
- (36) Scrúdaigh an Coimisiún a thuilleadh an féidir a mheas gur gá agus gur comhréireach, faoi phointe 1.4(d) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, na diallais a thugtar faoi deara in aithrisí (34) agus (35), ar an gcoinníoll gur i ngeall ar chostais bhreise arna suíomh a bhaineann le bearta is gá chun na spriocanna feidhmíochta i bpríomhréimse feidhmíochta na hacmhainneachta, nó i ngeall ar bhearta athstruchtúrúitithe de réir bhrí Airteagal 2(18) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, agus i ngeall orthu siúd amháin, atá an diallas ón treocht fhadtéarmach uile-Aontais CAAS a thugtar faoi deara.
- (37) Maidir leis an gcritéar a shonraítear faoi phointe 1.4(d)(i) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, tugann an Coimisiún dá aire go leagann an Pholainn amach, ina dréachtphlean feidhmíochta, raon leathan de bhearta a chuirfidh an soláthraí seirbhísí aerloingseoireachta (PANSÁ) i gcrích chun na spriocanna áitiúla acmhainneachta a bhaint amach. Mionsonraítear agus cainníochtaítear na bearta sin sa dréachtphlean feidhmíochta.
- (38) Go deimhin, tá sé beartaithe ag an bPolainn an líon rialtóirí aerthráchta in oibríochtaí lárionad rialaithe limistéar Vársá a mhéadú go mór le linn TT3. Tá sé mínithe ag an bPolainn, freisin, go gcuirfidh oiliúint agus earcú rialtóirí breise aerthráchta ar a chumas do PANSÁ athlimistéarú a chur chun feidhme ar an aerspás agus freastal a dhéanamh ar an éileamh tráchta tuartha, a meastar go sroichfidh sé leibhéal 2019 faoi dheireadh TT3.
- (39) Tugann an Coimisiún dá aire méadú ar na costais infheistíochta a bhaineann le tionscnaimh a chuireann feabhas ar an acmhainneacht, amhail uasghrúduithe agus athruithe gaolmhara ar chóras BAT, imlonnú seomraí oibríochtaí agus stáisiúin cumarsáide raidió nua, agus athsholáthar agus forbairt an bhonneagair faireachais. Tugann an Pholainn le fios go bhfuil an caiteachas caipitiúil atá beartaithe i leith TT3 dírithe ar infheistíochtaí a bhaineann leis an acmhainneacht, agus gur féidir dá bharr barrfheabhsú an aerspáis a chur i gcrích (e.g. roinnt ingearach an aerspáis ina thrí chiseal) agus feabhas a chur ar athléimneacht, inscálaitheacht, agus solúbthacht sholáthar na seirbhíse.
- (40) Ar bhonn na hanailíse mionsonraithe ón gcomhlacht um athbhreithniú ar an bhfeidhmíocht, measann an Coimisiún go bhfuil fíorghá leis na bearta ábhartha a leagtar amach i ndrúachtphlean feidhmíochta na Polainne chun na spriocanna áitiúla acmhainneachta a bhaint amach. Thairis sin, agus ag féachaint don mheastóireacht a rinne an comhlacht um athbhreithniú ar an bhfeidhmíocht, is féidir a shuí gur mó costais bhreise na mbearta sin ná an diallas ó threocht fhadtéarmach uile-Aontais CAAS dá dtagraítear in aithris (34).

- (41) I bhfianaise na mbreithnithe in aithrisí (37) go (40), suíonn an Coimisiún dá bhrí sin go gcomhlíontar, i leith na Polainne, an critéar a leagtar amach i bpointe 1.4(d)(i).
- (42) De bhun na mbreithnithe thuasluaite is léir nach gá a scrúdú a thuilleadh an gcomhlíonfaí, i leith na Polainne, an critéar a leagtar amach faoi phointe 1.4(d)(ii).
- (43) Ar bhonn na dtorthaí a leagtar amach in aithrisí (33) go (42), ba cheart a mheasúnú go bhfuil na spriocanna a mholtar i ndrúachtphlean feidhmíochta na Polainne comhsheasmhach leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais i bpríomhréimse feidhmíochta na costéifeachtúlachta.

#### **Athbhreithniú ar na dréachtspriocanna costéifeachtúlachta le haghaidh seirbhísí aerloingseoireachta críochfoirt**

- (44) Maidir leis na haerfoirt a thagann faoi raon feidhme Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317 mar a leagtar amach in Airteagail 1(3) agus (4) den Rialachán sin, chomhlánaigh an Coimisiún a mheasúnú ar na dréachtspriocanna costéifeachtúlachta i leith eiltí faoi bhealach le hathbhreithniú ar na dréachtspriocanna costéifeachtúlachta le haghaidh seirbhísí aerloingseoireachta críochfoirt i gcomhréir le pointe 2.1(c) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317. Fuarthas ábhar inní sna dréachtspriocanna sin i gcás na Polainne.
- (45) Sa chéad dul síos, nuair a chuir an Coimisiún an treocht CAAS críochfoirt i leith TT3 i gcomparáid leis an treocht CAAS faoi bhealach, fuair sé amach gurb airde an treocht CAAS críochfoirt i limistéir mhuirearaithe 1 agus 2 de chuid na Polainne, mar atá, +2,2 % agus +1,9 % faoi seach, ná treocht CAAS faoi bhealach na Polainne ar leibhéal an limistéir muirearaithe, mar atá, -1,7 % le linn TT3.
- (46) Sa dara dul síos, tugann an Coimisiún faoi deara gurb airde na dréachtspriocanna treochta CAAS críochfoirt le haghaidh limistéar muirearaithe críochfoirt 1 de chuid na Polainne, mar atá, +2,2 % le linn TT3, ná an treocht CAAS críochfoirt iarbhrí a chonacthas le linn TT2, mar atá, -8,9 %. Sa bhreis air sin, is airde na dréachtspriocanna treochta CAAS críochfoirt le haghaidh limistéar muirearaithe críochfoirt 2 de chuid na Polainne, mar atá, +1,9 % le linn TT3, ná an treocht CAAS críochfoirt iarbhrí a chonacthas le linn TT2, mar atá, -2,6 %.
- (47) Measann an Coimisiún, dá bhrí sin, gur cheart don Pholainn, i dtaca le glacadh a phlean feidhmíochta chríochnaithigh i gcomhréir le hAirteagal 16, pointe (a) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, breis údair a thabhairt maidir leis na spriocanna costéifeachtúlachta críochfoirt i leith TT3 i bhfianaise na dtuairimí a leagtar amach in aithrisí (45) agus (46), sin nó ba cheart di na spriocanna sin a athbhreithniú anuas.

#### **CONCLUÍDÍ**

- (48) Ar bhonn an mheasúnaithe a leagtar amach in aithrisí (9) go (47), tá sé suite ag an gCoimisiún go bhfuil na spriocanna feidhmíochta atá sa dréachtphlean feidhmíochta a chuir an Pholainn isteach comhsheasmhach leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais.
- (49) Tugann an Coimisiún dá aire go bhfuil sé tugtha le fios ag roinnt Ballstát go bhfuil sé i gceist acu ítimí costais a bhaineann le ladrainn a bhrath ag na haerfoirt a chur lena mbonn costais i leith TT3. Ní raibh an Coimisiún in ann a shuí go beacht, ar bhonn na n-eilimintí atá sna dréachtphleananna feidhmíochta, cé mhéad a chuir na Ballstáit costais shuite den chineál sin lena mbonn costais i leith TT3, ná, i gcásanna inar chuir, cé mhéad a thabhaítear iad i ndáil le soláthar na seirbhísí aerloingseoireachta, rud a d'fhágfadh gurbh fhéidir a mheas gur costais incháilithe iad faoin scéim feidhmíochta agus muirearaithe. Tá iarraidh *ad hoc* ar fhaisnéis curtha ag seirbhísí an Choimisiúin chuig na Ballstáit uile chun faisnéis ábhartha a bhailiú, agus déanfaidh siad tuilleadh scrúdaithe ar na costais a thuairiscítear maidir le ladrainn a bhrath ag na haerfoirt i gcomhréir comhlíontacht na rátaí aonaid a fhíorú. Tá an Cinneadh seo gan dochar do thorthaí ná do chonclúidí an Choimisiúin maidir le costais braite na ladrann.
- (50) Mar fhreagairt ar ionsaí míleata na Rúise ar an Úcráin, a thosaigh an 24 Feabhra 2022, tá bearta sriantacha glactha ag an Aontas lena gcuirtear toirmeasc ar aeriompróirí Rúiseacha, ar aon aerárthach atá cláraithe sa Rúis agus ar aon aerárthach nach bhfuil cláraithe sa Rúis ach atá faoi úinéireacht, ar chairtfhostú, nó faoi rialú ar shlí eile ag aon duine nádúrtha nó dlítheanach Rúiseach nó ag aon eintiteas nó comhlacht Rúiseach tuirlingt i gcríoch an Aontais, éirí de thalamh uaithi, nó eiltí thairsti. Tá laghdú ag teacht ar an aerthrácht san aerspás os cionn chríoch an Aontais i ngeall ar na bearta sin. Níor cheart, ámh, go mbeadh an tionchar ar an leibhéal uile-Aontais inchoimparáide leis an laghdú ar an aerthrácht de dheasca ráig phaindéim COVID-19 i mí an Mhárta 2020. Dá bhrí sin, is íomchuí na bearta agus na próisis atá ann faoi láthair le haghaidh chur chun feidhme na scéime feidhmíochta agus muirearaithe le linn TT3 a choinneáil ar bun.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Na spriocanna feidhmíochta atá sa dréachtphlean feidhmíochta a chuir an Pholainn isteach de bhun Rialachán (CE) Uimh. 549/2004 agus a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo, tá siad comhsheasmhach leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais i leith an tríú tréimhse tagartha a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/891.

*Airteagal 2*

Is chuig Poblacht na Polainne a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 13 Aibreán 2022.

*Thar ceann an Choimisiúin*  
Adina VĂLEAN  
*Comhalta den Choimisiún*

\_\_\_\_\_

## IARSCRÍBHINN

Na spriocanna feidhmíochta atá san áireamh sa dréachtphlean feidhmíochta a chuir an Pholainn isteach de bhun Rialachán (CE) Uimh. 549/2004 agus a fuarthas amach go bhfuil siad comhsheasmhach leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais le haghaidh an tríú tréimhse thagartha.

## PRÍOMHRÉIMSE FEIDHMÍOCHTA SÁBHÁILTEACHTA

## Éifeachtacht na bainistíochta sábháilteachta

an Pholainn	Spriocanna maidir le héifeachtacht na bainistíochta sábháilteachta, arna sloinneadh mar leibhéal cur chun feidhme, ó leibhéal EASA A go D				
Na soláthraithe seirbhísí aerloingseoireachta lena mbaineann	Cuspóir na bainistíochta sábháilteachta	2021	2022	2023	2024
PANSA Warmia i Mazury sp. z o.o. Port Lotniczy Bydgoszcz S. A.	Beartas agus cuspóirí sábháilteachta	C	C	C	C
	Bainistíocht riosca sábháilteachta	C	C	C	D
	Dearbhú sábháilteachta	C	C	C	C
	Cur chun cinn na sábháilteachta	C	C	C	C
	Cultúr sábháilteachta	C	C	C	C

## PRÍOMHRÉIMSE FEIDHMÍOCHTA AN CHOMHSHAOIL

## Meánéifeachtúlacht chothrománach eitilte faoi bhealach an ruthaig eitilte iarbhír

	2021	2022	2023	2024
<b>Dréacht de spriocanna comhshaoil faoi bhealach na Polainne, arna sloinneadh mar mheánéifeachtúlacht chothrománach eitilte faoi bhealach an ruthaig eitilte iarbhír</b>	<b>1,65 %</b>	<b>1,65 %</b>	<b>1,65 %</b>	<b>1,65 %</b>
Luachanna tagartha don Pholainn	1,65 %	1,65 %	1,65 %	1,65 %

## PRÍOMHRÉIMSE FEIDHMÍOCHTA ACMHAINNEACHTA

## Meánmhoill ATFM eitilte faoi bhealach i nóiméid in aghaidh na heitilte

	2021	2022	2023	2024
<b>Dréacht de spriocanna acmhainneachta faoi bhealach na Polainne, i nóiméid ar mhoill ATFM in aghaidh na heitilte</b>	<b>0,07</b>	<b>0,12</b>	<b>0,12</b>	<b>0,12</b>
Luachanna tagartha don Pholainn	0,07	0,12	0,12	0,12

**PRÍOMHRÉIMSE FEIDHMÍOCHTA COSTÉIFEACHTÚLACHTA**

**Costas aonaid cinnte le haghaidh seirbhísí aerloingseoireachta faoi bhealach**

Limistéar muirearaithe faoi bhealach na Polainne	Luach bonnlíne 2014	Luach bonnlíne 2019	2020-2021	2022	2023	2024
<b>Dréacht de spriocanna costéifeachtúlachta faoi bhealach</b> , arna sloinneadh mar chostas aonaid chinnte faoi bhealach (i dtéarmaí réadacha ag praghsanna 2017)	<b>169,6 PLN</b>	<b>174,8 PLN</b>	<b>320,1 PLN</b>	<b>200,2 PLN</b>	<b>172,0 PLN</b>	<b>163,2 PLN</b>
	EUR 39,85	EUR 41,07	EUR 75,24	EUR 47,05	EUR 40,42	EUR 38,35

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/780 ÓN gCOIMISIÚN**  
**an 13 Aibreán 2022**

**maidir le neamhréireacht spriocanna feidhmíochta áirithe a áirítear sa dréachtphlean feidhmíochta bloc feidhme aerspáis a chuir an Eilvéis isteach de bhun Rialachán (CE) Uimh. 549/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le spriocanna feidhmíochta uile-Aontais le haghaidh an tríú tréimhse thagartha agus lena leagtar amach moltaí chun na spriocanna sin a athbhreithniú**

*(a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhoiciméad C(2022)2313)*

**(Is ag na téacsanna sa Ghearmáinis, sa Fhraincis agus san Iodáilis a bheidh an t-údarás agus acu siúd amháin)**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chomhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le hAeriompar (“an Comhaontú”) <sup>(1)</sup>,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 549/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Márta 2004 lena leagtar síos an creat chun aerspás Eorpach aonair a chruthú (an creat-Rialachán) <sup>(2)</sup>, agus go háirithe Airteagal 11(3), pointe (c), an dara fomhír de,

Tar éis dul i gcomhairle leis an gCoiste um Aerspás Aonair,

De bharr an mhéid seo a leanas:

**BREITHNITHE GINEARÁLTA**

**Cúlra**

- (1) De bhun Airteagal 11 de Rialachán (CE) Uimh. 549/2004, bunófar scéim feidhmíochta le haghaidh seirbhísí aerloingseoireachta agus feidhmeanna líonra. Thairis sin, de bhun Airteagal 10 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317 ón gCoimisiún <sup>(3)</sup>, tarraingeoidh na Ballstáit suas spriocanna feidhmíochta ceangailteacha, ar an leibhéal náisiúnta nó ar leibhéal na mbloc feidhme aerspáis (“FABanna”), le haghaidh gach tréimhse thagartha den scéim feidhmíochta le haghaidh seirbhísí aerloingseoireachta agus feidhmeanna líonra. Ní mór na spriocanna feidhmíochta sin a bheith comhsheasmhach leis na spriocanna uile-Aontais a ghlac an Coimisiún le haghaidh na tréimhse thagartha lena mbaineann. Is é an Coimisiún atá freagrach as measúnú a dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil na spriocanna feidhmíochta atá beartaithe sna dréachtphleananna feidhmíochta comhsheasmhach leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais, ar bhonn na gcritéar measúnaithe a leagtar amach in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317.
- (2) Ón gcéad ráithe den bhliain féilire 2020, bhí tionchar suntasach ag ráig phaindéim COVID-19 ar earnáil an aeriompair agus tháinig laghdú mór ar mhéid an aerthráchta i gcomparáid leis na leibhéil a bhí ann roimh an bpaindéim, mar gheall ar na bearta a rinne na Ballstáit agus na tríú tíortha chun an phaindéim a shrianadh.
- (3) Leagadh amach spriocanna feidhmíochta ar uile-Aontais le haghaidh an tríú tréimhse thagartha (“TT3”) ar dtús i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/903 ón gCoimisiún <sup>(4)</sup>. Maidir leis na spriocanna feidhmíochta sin uile-Aontais agus na dréachtphleananna feidhmíochta i ndáil leis an tríú tréimhse thagartha a chuir na Ballstáit agus an Eilvéis isteach ina dhiaidh sin, ós rud é gur tarraingíodh suas iad sular tharla ráig phaindéim COVID-19, ní fhéadfaí an t-athrú suntasach a tháinig ar na dálaí aeriompair de dheasca na paindéime a chur san áireamh iontu.

<sup>(1)</sup> IO L 114, 30.4.2002, lch. 73.

<sup>(2)</sup> IO L 96, 31.3.2004, lch. 1.

<sup>(3)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317 ón gCoimisiún an 11 Feabhra 2019 lena leagtar síos scéim feidhmíochta agus muirearaithe san aerspás Eorpach aonair agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 390/2013 agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 391/2013 (IO L 56, 25.2.2019, lch. 1).

<sup>(4)</sup> Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/903 ón gCoimisiún an 29 Bealtaine 2019 lena leagtar síos spriocanna feidhmíochta uile-Aontais le haghaidh an líonra um bainistíocht aerthráchta le haghaidh an tríú tréimhse thagartha dar tús an 1 Eanáir 2020 agus dar críoch an 31 Nollaig 2024 (IO L 144, 3.6.2019, lch. 49).

- (4) Mar fhreagairt ar thionchar phaindéim COVID-19 ar sholáthar seirbhísí aerloingseoireachta, leagadh amach bearta eisceachtúla le haghaidh an tríú tréimhse thagartha, de mhaolú ar Rialachán (AE) 2019/317, i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1627 ón gCoimisiún <sup>(7)</sup>. De bhun Airteagal 2(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1627, ghlac an Coimisiún Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/891 ón gCoimisiún <sup>(8)</sup> an 2 Meitheamh 2021 lena leagtar síos spriocanna feidhmíochta athbhreithnithe uile-Aontais le haghaidh an tríú tréimhse thagartha i bpríomhréimsí feidhmíochta na sábháilteachta, an chomhshaoil, na hacmhainneachta agus na costéifeachtúlachta.
- (5) Rinne na Ballstáit uile agus an Eilvéis dréachtphleananna feidhmíochta a fhorbairt agus a ghlacadh ina bhfuil spriocanna feidhmíochta athbhreithnithe áitiúla le haghaidh an tríú tréimhse thagartha, pleananna a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin lena measúnú faoin 1 Deireadh Fómhair 2021. Chuir an Eilvéis a dréachtphlean feidhmíochta faoi bhráid an Choimisiúin ar leibhéal FAB, sa chás sin ar leibhéal Bhloc Feidhme Aerspáis Lár na hEorpa ("FABEC"). Tar éis iomláine phlean feidhmíochta FABEC a fhíorú, d'iarr an Coimisiún ar FABEC dréachtphlean feidhmíochta nuashonraithe a chur isteach faoin 17 Samhain 2021. Tá measúnú an Choimisiúin a áirítear sa Chinneadh seo bunaithe ar dhréachtphlean feidhmíochta nuashonraithe FABEC a chuir an Eilvéis agus na Ballstáit is comhalta de FABEC isteach.
- (6) An comhlacht athbhreithnithe feidhmíochta, a thugann cúnaimh don Choimisiún maidir le cur chun feidhme na scéime feidhmíochta de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (CE) Uimh. 549/2004, chuir sé tuarascáil faoi bhráid an Choimisiúin ina bhfuil a chomhairle maidir le measúnú a dhéanamh ar dhréachtphleananna feidhmíochta le haghaidh an tríú tréimhse thagartha.
- (7) Ní chumhdaítear leis an gCinneadh seo ach na dréachtspríocanna feidhmíochta agus na heilimintí gaolmhara atá i ndréachtphlean feidhmíochta FABEC, a bhfuil feidhm dhíreach acu maidir leis an soláthraí seirbhísí aerloingseoireachta atá ainmnithe chun seirbhísí a sholáthar in aerspás na hEilvéise.

### Cur chuige i leith an mheasúnaithe

- (8) I gcomhréir le hAirteagal 14(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, rinne an Coimisiún measúnú ar chomhsheasmhacht spriocanna náisiúnta nó spriocanna ar leibhéal FABanna ar bhonn na gcritéar measúnaithe a leagtar síos i bpointe 1 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin, agus imthosca áitiúla á gcur san áireamh. I ndáil le gach príomhréimse feidhmíochta agus na spriocanna feidhmíochta gaolmhara, rinne an Coimisiún an measúnú a chomhlánú trí athbhreithniú a dhéanamh ar dhréachtphleananna feidhmíochta i leith na n-eilimintí a leagtar amach i bpointe 2 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin.
- (9) Maidir le príomhréimse feidhmíochta na sábháilteachta, rinne an Coimisiún measúnú ar chomhsheasmhacht na spriocanna a chuir an Eilvéis isteach, mar a leagtar síos i ndréachtphlean feidhmíochta FABEC, maidir le héifeachtacht bhainistiú sábháilteachta na soláthraithe seirbhísí aerloingseoireachta agus is ar bhonn na gcritéar a leagtar síos i bpointe 1.1 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun (AE) 2019/317 a rinneadh an measúnú sin. Rinneadh an measúnú sin agus imthosca áitiúla á gcur san áireamh agus rinneadh é a chomhlánú leis an athbhreithniú ar bhearta atá beartaithe chun na spriocanna sábháilteachta a bhaint amach i ndáil leis na heilimintí a leagtar amach i bpointe 2.1(a) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317. Maidir leis na spriocanna feidhmíochta sábháilteachta áitiúla atá beartaithe ag an Eilvéis agus ag na Ballstáit is comhalta de FABEC, mar a leagtar síos i ndréachtphlean feidhmíochta FABEC, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach ábhar imní atá iontu maidir lena gcomhsheasmhacht leis na spriocanna comhfhreagracha uile-Aontais agus, dá bhrí sin, níor leagadh aon torthaí gaolmhara amach sa Chinneadh seo.
- (10) Maidir le príomhréimse feidhmíochta an chomhshaoil, rinneadh measúnú ar chomhsheasmhacht na spriocanna a chuir an Eilvéis isteach, mar a leagtar síos i ndréachtphlean feidhmíochta FABEC, maidir le meánéifeachtúlacht chothrománach eiltle faoi bhealach an rathaig eiltle iarbhrí agus is ar bhonn na gcritéar a leagtar síos i bpointe 1.2 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun (AE) 2019/317 a rinneadh an measúnú sin. Dá réir sin, rinneadh na spriocanna beartaithe atá i ndréachtphlean feidhmíochta FABEC a chur i gcomparáid leis na luachanna tagartha ábhartha maidir le héifeachtúlacht chothrománach eiltle faoi bhealach a leagtar amach i bPlean Feabhsúcháin Líonra Aerbhealaí na hEorpa. Rinneadh an measúnú agus imthosca áitiúla á gcur san áireamh agus rinneadh é a chomhlánú leis an athbhreithniú ar bhearta atá beartaithe chun na spriocanna comhshaoil a bhaint amach i ndáil leis na heilimintí a leagtar amach i bpointe 2.1(a) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun (AE) 2019/317.

<sup>(7)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1627 ón gCoimisiún an 3 Samhain 2020 maidir le bearta eisceachtúla le haghaidh an tríú tréimhse thagartha (2020-2024) den scéim feidhmíochta agus muirearaithe san aerspás Eorpach de dheasca phaindéim COVID-19 (IO L 366, 4.11.2020, lch. 7).

<sup>(8)</sup> Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/891 ón gCoimisiún an 2 Meitheamh 2021 lena leagtar síos spriocanna feidhmíochta athbhreithnithe uile-Aontais le haghaidh an líonra um bainistíocht aerthráchta le haghaidh an tríú tréimhse thagartha (2020-2024) agus lena n-aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/903 (IO L 195, 3.6.2021, lch. 3).

- (11) I ndáil leis an mbliain féilire 2020, an sprioc feidhmíochta uile-Aontais le haghaidh an tríú tréimhse thagartha i bpríomhréimse feidhmíochta an chomhshaoil, a leagadh amach ar dtús i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/903, ní dhearnadh athbhreithniú uirthi le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/891, ó tharla go raibh an tréimhse ama chun an sprioc sin a chur i bhfeidhm imithe in éag agus go raibh a cur chun feidhme cinntitheach dá bhrí sin, rud a d'fhág nach bhféadfaí coigeartú aisghníomhach a dhéanamh. Dá réir sin, ní raibh sé iomchuí do na Ballstáit ná don Eilvéis athbhreithniú a dhéanamh, sna dréachtphleananna feidhmíochta a cuireadh isteach faoin 1 Deireadh Fómhair 2021, ar a spriocanna feidhmíochta áitiúla i ndáil leis an mbliain féilire 2020 i bpríomhréimse feidhmíochta an chomhshaoil. I bhfianaise na mbreithnithe sin, rinneadh measúnú ar chomhsheasmhacht na spriocanna feidhmíochta comhshaoil áitiúla leis na spriocanna feidhmíochta comhfhreagracha uile-Aontais i ndáil leis na blianta féilire 2021, 2022, 2023 agus 2024. Ar an mbonn sin, na spriocanna feidhmíochta comhshaoil áitiúla atá beartaithe ag an Eilvéis agus ag na Ballstáit is comhalta de FABEC, mar a leagtar síos i ndr éachtphlean feidhmíochta FABEC, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach ábhar inní atá iontu maidir lena gcomhsheasmhacht leis na spriocanna comhfhreagracha uile-Aontais agus, dá bhrí sin, ní leagtar aon torthaí gaolmhara amach sa Chinneadh seo.
- (12) Maidir le príomhréimse feidhmíochta na hacmhainneachta, rinneadh measúnú ar chomhsheasmhacht na spriocanna a chuir an Eilvéis isteach, mar a leagtar síos i ndr éachtphlean feidhmíochta FABEC, maidir leis an meánmhoill i mbainistiú na sreibe aerthrátha ("ATFM") faoi bhealach, in aghaidh na heitilte agus is ar bhonn an chritéir a leagtar síos i bpointe 1.3 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317 a rinneadh an measúnú sin. Dá réir sin, rinneadh na spriocanna beartaithe atá i ndr éachtphlean feidhmíochta FABEC a chur i gcomparáid leis na luachanna tagartha ábhartha a leagtar amach sa Phlean Oibríochta Líonra. Rinneadh an measúnú sin agus imthosca áitiúla á gcur san áireamh agus rinneadh é a chomhlánú leis an athbhreithniú ar bhearta atá beartaithe chun na spriocanna acmhainneachta faoi bhealach a bhaint amach, lena n-áirítear go háirithe an t-athbhreithniú ar mhórinfeistíochtaí beartaithe agus an t-athbhreithniú ar an scéim dreasachta nó ar scéimeanna dreasachta i ndáil leis na heilimintí a leagtar amach i bpointe 2.1(a) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317.
- (13) I ndáil leis an mbliain féilire 2020, an sprioc feidhmíochta uile-Aontais le haghaidh an tríú tréimhse thagartha i bpríomhréimse feidhmíochta na hacmhainneachta, a leagadh amach ar dtús i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/903, ní dhearnadh athbhreithniú uirthi le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/891, ó tharla go raibh an tréimhse ama chun an sprioc sin a chur i bhfeidhm imithe in éag agus go raibh a cur chun feidhme cinntitheach dá bhrí sin, rud a d'fhág nach bhféadfaí coigeartú aisghníomhach a dhéanamh. Dá réir sin, ní raibh sé iomchuí do na Ballstáit ná don Eilvéis athbhreithniú a dhéanamh, sna dréachtphleananna feidhmíochta a cuireadh isteach faoin 1 Deireadh Fómhair 2021, ar a spriocanna feidhmíochta áitiúla i ndáil leis an mbliain féilire 2020 i bpríomhréimse feidhmíochta na hacmhainneachta. I bhfianaise na mbreithnithe sin, rinneadh measúnú ar chomhsheasmhacht na spriocanna feidhmíochta acmhainneachta áitiúla leis na spriocanna feidhmíochta comhfhreagracha uile-Aontais i ndáil leis na blianta féilire 2021, 2022, 2023 agus 2024. Ar an mbonn sin, na spriocanna feidhmíochta acmhainneachta áitiúla atá beartaithe ag an Eilvéis agus ag na Ballstáit is comhalta de FABEC, mar a leagtar síos i ndr éachtphlean feidhmíochta FABEC, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach ábhar inní atá iontu maidir lena gcomhsheasmhacht leis na spriocanna comhfhreagracha uile-Aontais agus, dá bhrí sin, ní leagtar aon torthaí gaolmhara amach sa Chinneadh seo.
- (14) Thairis sin, i ndáil leis an measúnú ar dhréachtspríocanna acmhainneachta, i gcás aerfort atá faoi raon feidhme Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317 i gcomhréir le hAirteagail 1(3) agus (4) den Rialachán sin, rinne an Coimisiún a mheasúnú a chomhlánú trí athbhreithniú a dhéanamh ar dhréachtspríocanna acmhainneachta na hEilvéise, mar a leagtar síos i ndr éachtphlean feidhmíochta FABEC, le haghaidh seirbhísí aerloingseoireachta críochfoirt i gcomhréir le pointe 2.1(b) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317. Ós rud é nár suíodh gur ábhar inní a bhí sna dréachtspríocanna sin maidir leis an Eilvéis, ní gá aon torthaí gaolmhara a leagan amach sa Chinneadh seo.
- (15) Maidir le príomhréimse feidhmíochta na costéifeachtúlachta, rinneadh measúnú ar chomhsheasmhacht na spriocanna a chuir an Eilvéis isteach, mar a leagtar síos i ndr éachtphlean feidhmíochta FABEC, maidir le costais aonaid arna suíomh ("CAAS") le haghaidh seirbhísí aerloingseoireachta faoi bhealach agus is ar bhonn na gcritéir a leagtar síos i bpointí 1.4(a), 1.4(b) agus 1.4(c) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317 a rinneadh an measúnú sin. Is é atá sna critéir sin treocht an chostais aonaid arna suíomh thar an tríú tréimhse thagartha, treocht fhadtéarmach an chostais aonaid arna suíomh thar an dara tréimhse thagartha ("TT2") agus thar an tríú tréimhse thagartha ("TT3") (2015-2024), agus an luach bonnlíne le haghaidh an chostais aonaid arna shuíomh ar leibhéal an limistéir muirearaithe, i gcás ina bhfuil timpeallacht oibríochtuil agus eacnamaíoch chomhchosúil ag soláthraithe seirbhísí aerloingseoireachta. I gcás inar suíodh nach raibh na spriocanna costéifeachtúlachta faoi bhealach comhsheasmhach leis na critéir a leagtar síos i bpointe 1.4(a), (b) agus (c) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, scrúdaigh an Coimisiún a thuilleadh an bhféadfaí diall a mheas a bheith riachtanach agus comhréireach ar bhonn phointe 1.4(d) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317.
- (16) Ar an mbonn sin, na spriocanna feidhmíochta costéifeachtúlachta áitiúla le haghaidh limistéir muirearaithe faoi bhealach na hEilvéise, mar a leagtar síos i ndr éachtphlean feidhmíochta FABEC, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach ábhar inní atá iontu maidir lena gcomhsheasmhacht leis na spriocanna comhfhreagracha uile-Aontais agus, dá bhrí sin, ní leagtar aon torthaí gaolmhara amach sa Chinneadh seo.



- (17) Rinneadh an measúnú ar spriocanna costéifeachtúlachta faoi bhealach agus imthosca áitiúla á gcur san áireamh. Rinneadh é a chomhlánú leis an athbhreithniú ar na heilimintí a leagtar síos i bpointe 2 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, eadhon na príomhthosca agus na paraiméadair atá mar bhonn taca leis na spriocanna sin mar a shonraítear faoi phointe 2.1(d) den Iarscríbhinn sin. Ós rud é gur suíodh gur ábhar inní atá i bpríomhthosca agus i bparaiméadair áirithe atá mar bhonn taca leis na spriocanna sin maidir leis an Eilvéis, leagtar amach torthaí gaolmhara sa Chinneadh seo.
- (18) Thairis sin, i ndáil leis an measúnú ar dhréachtspriocanna costéifeachtúlachta, i gcás aerfort atá faoi raon feidhme Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317 i gcomhréir le hAirteagail 1(3) agus (4) den Rialachán sin, rinne an Coimisiún a athbhreithniú a chomhlánú trí mheasúnú a dhéanamh ar dhréachtspriocanna costéifeachtúlachta na hEilvéise, mar a leagtar síos i ndrécachtphlean feidhmíochta FABEC, le haghaidh seirbhísí aerloingseoireachta críochoirt i gcomhréir le pointe 2.1(c) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317. Ós rud é gur suíodh gur ábhar inní a bhí sna dréachtspriocanna sin maidir leis an Eilvéis, leagtar amach torthaí gaolmhara sa Chinneadh seo.
- (19) I gcomhréir le pointe 2(f) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, i ndáil leis an measúnú ar dhréachtspriocanna acmhainneachta, rinne an Coimisiún a athbhreithniú a chomhlánú trí mheasúnú a dhéanamh ar na dréachtscéimeanna dreasachta dá dtagraítear in Airteagal 11 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317. I ndáil leis sin, rinne an Coimisiún scrúdú ar cé acu a chomhlíontar nó nach gcomhlíontar na ceanglais shubstainteacha a leagtar amach faoi mhíreanna 1 agus 3 d'Airteagal 11 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317 leis na dréachtscéimeanna dreasachta. Ós rud é gur suíodh gur ábhar inní a bhí sna dréachtscéimeanna dreasachta sin maidir leis an Eilvéis, leagtar amach na torthaí gaolmhara sa Chinneadh seo.

#### **Breithnithe speisialta a bhaineann le héabhlóid an tráchta**

- (20) Tuairtar i réamhaisnéis buntráchta STATFOR i mí Dheireadh Fómhair 2021 go mbainfeadh an leibhéal aerthráchta uile-Aontais a bhí ann roimh an bpaindéim amach le linn 2023 agus go mbeidh sé níos airde ná na leibhéil sin in 2024. Mar sin féin, tá leibhéal na héiginnteachta maidir leis an bhforbairt tráchta fós an-ard mar gheall ar na rioscaí a bhaineann le héabhlóid staid eipidéimeolaíoch COVID-19. Tugann an Coimisiún dá aire go meastar nach mbeidh an téarnamh tráchta cothrom ar fud na mBallstát.
- (21) Dá réir sin, meastar go mbeidh an fás tráchta le linn an tríú tréimhse thagartha i bhfad níos ísle ná an meánfhás tráchta ar leibhéal uile-Aontais, agus tuairtar go mbeidh na méideanna tráchta le linn an tríú tréimhse thagartha fós faoi bhun na leibhéal a bhí ann roimh an bpaindéim i roinnt de na Ballstáit sin. Aithníonn an Coimisiún go bhféadann sé sin go mbeidh sé níos éilithí do na Ballstáit lena mbaineann spriocanna costéifeachtúlachta uile-Aontais a bhaint amach, agus chuir sé an pointe sin san áireamh agus athbhreithniú á dhéanamh ar na himthosca áitiúla atá ábhartha maidir le measúnú a dhéanamh ar gach dréachtphlean feidhmíochta.

#### **MEASÚNÚ ÓN gCOIMISIÚN**

##### **Measúnú ar dhréachtspriocanna feidhmíochta i bpríomhréimse feidhmíochta na cost-éifeachtúlachta**

- (22) I ndáil leis an athbhreithniú ar na príomhthosca agus na paraiméadair dá dtagraítear i bpointe 2.1.(d) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317 atá mar bhuntaca le dréachtspriocanna feidhmíochta FABEC le haghaidh na hEilvéise i bpríomhréimse feidhmíochta na cost-éifeachtúlachta, fuarthas na torthaí seo a leanas mar thoradh ar mheasúnú an Choimisiúin maidir le costais arna suíomh agus leithdháileadh na gcostas sin.
- (23) I ndáil le costais arna suíomh, feictear don Choimisiún, i ndrécachtphlean feidhmíochta FABEC, go dtuairiscíonn an Eilvéis go bhfuil athruithe curtha i bhfeidhm ag an soláthraí seirbhísí aerloingseoireachta faoi bhealach (Skyguide) i ndáil le rialacha Skyguide i leith caipitliú, a bhfuil sé d'éifeacht acu costais foirne agus costais oibriúcháin a mhéadú agus na costais dímhéasa thar TT3 a laghdú ag an am céanna. Sa chomhairle a thug sé don Choimisiún, tá an comhlacht athbhreithnithe feidhmíochta den tuairim go bhféadfadh an t-athrú sin cur chun feidhme an tsásra roinnte um riosca costais maidir leis an Eilvéis a shaobhadh. Dá bhrí sin, ba cheart réasúnaíocht agus impleachtaí an mhodha a cuireadh i bhfeidhm a mhíniú tuilleadh agus údar a thabhairt leo i ndrécachtphlean feidhmíochta athbhreithnithe FABEC ó thaobh a gcomhlíontachta leis na forálacha dlíthiúla ábhartha, lena n-áirítear Airteagal 28(4) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317.
- (24) I ndáil le leithdháileadh na gcostas idir seirbhísí faoi bhealach agus seirbhísí críochoirt, tugann an Eilvéis isteach athrú ar an modheolaíocht a chuirtear i bhfeidhm maidir le costais indíreacha OPEX a láimhseáil. Mar sin féin, tugann an Coimisiún dá aire i ndrécachtphlean feidhmíochta FABEC nár thug an Eilvéis tuairisc ar an athrú sin ar leithdháileadh na gcostas i gcás costais indíreacha OPEX idir seirbhísí faoi bhealach agus seirbhísí críochoirt ná nár thug sí údar leis. Measann an Coimisiún, dá bhrí sin, gur cheart é sin a mhíniú tuilleadh agus údar a thabhairt leis sa dréachtphlean feidhmíochta athbhreithnithe.

- (25) Ar bhonn na dtorthaí a leagtar amach in aithrisí (21) go (41) de Chinneadh Cur Chun Feidhme C(2022) 2283 (<sup>7</sup>), na spriocanna atá beartaithe a áiríodh i ndrúachtphlean feidhmíochta FABEC, a mhéid a bhaineann le limistéar muirearaithe faoi bhealach na Beilge agus Lucsamburg, measadh go raibh siad ar neamhréir leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais i bpríomhréimse feidhmíochta na cost-éifeachtúlachta. Dá bhrí sin, ba cheart don Eilvéis, a d'fhorbair agus a chuir isteach drúachtphlean feidhmíochta TT3 ar leibhéal FAB, in éineacht leis an mBeilg, leis an bhFrainc, leis an nGearmáin, le Lucsamburg, agus leis an Ísiltír, drúachtphlean feidhmíochta athbhreithnithe a chur isteach go comhpháirteach le haghaidh FABEC ina dtabharfar aghaidh ar na moltaí a leagtar amach sa Chinneadh seo agus i gCinneadh Cur Chun Feidhme C(2022) 2283.

#### **Athbhreithniú ar dhrúachtspriocanna cost-éifeachtúlachta le haghaidh seirbhísí aerloingseoireachta críochfoirt.**

- (26) Tá inní ar an gCoimisiún a mhéid a bhaineann leis na drúachtspriocanna feidhmíochta arna gcur isteach ag an Eilvéis, mar a leagtar síos i ndrúachtphlean feidhmíochta FABEC, i ndáil leis an treocht maidir leis an gcostas aonaid arna shuíomh i gcríochfoirt i gcomhréir le pointe 2(c) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317.
- (27) Ar an gcéad dul síos, agus an treocht maidir leis an gcostas aonaid arna shuíomh i gcríochfoirt le haghaidh an tríú tréimhse thagartha (TT3) á cur i gcomparáid leis an treocht maidir leis an gcostas aonaid faoi bhealach arna shuíomh, fuair an Coimisiún amach go bhfuil an treocht maidir leis an gcostas aonaid arna shuíomh i gcríochfoirt do limistéar muirearaithe críochfoirt na hEilvéise arb ionann é agus + 2,7 % go bhfuil sé níos airde ná an treocht maidir le costas aonaid faoi bhealach arna shuíomh san Eilvéis ar leibhéal an limistéir muirearaithe arb ionann é agus -0,5 % le haghaidh an tríú tréimhse thagartha.
- (28) Ar an dara dul síos, measann an Coimisiún go bhfuil na drúachtspriocanna le haghaidh na treochta maidir le costas aonaid arna shuíomh sa chríochfoirt i ndáil le limistéar muirearaithe críochfoirt na hEilvéise arb ionann é agus + 2,7 % le linn an tríú tréimhse thagartha níos airde ná an treocht iarbhrí maidir leis an gcostas aonaid arna shuíomh sa chríochfoirt arb ionann é agus -3,4 % a breathnaíodh le linn an dara tréimhse thagartha. De réir dealraimh, tá an difríocht sin mar thoradh ar mhéaduithe suntasacha ar chostais aonaid arna shuíomh i gcríochfoirt le linn TT3, go háirithe maidir le costais oibriúcháin agus costais dímhéasa eile.
- (29) Ar an tríú dul síos, agus drúachtspriocanna cost-éifeachtúlachta le haghaidh críochfoirt á gcur i gcomparáid leis an bhfeidhmíocht ag aerfoirt chomhchosúla i gcás TT3, feictear don Choimisiún go meastar go bhfuil an costas aonaid arna shuíomh le haghaidh aerfort na Ginéive agus aerfort Zurich go mór os cionn an mheánchostais aonaid arna shuíomh ag an ngrúpa comparáide ábhartha thar an dara tréimhse thagartha agus thar an tríú tréimhse thagartha.
- (30) Dá bhrí sin, measann an Coimisiún gur cheart don Eilvéis údar breise a thabhairt leis na spriocanna críochnaitheacha cost-éifeachtúlachta i bhfianaise na mbarúlacha in aithris (26) go haithris (29), nó gur cheart di athbhreithniú a dhéanamh ar na drúachtspriocanna ar an gcostas aonaid arna shuíomh i gcríochfoirt.

#### **Athbhreithniú ar na scéimeanna dreasachta dá dtagraítear in Airteagal 11 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317 lena gcomhlánaítear measúnú an Choimisiúin ar dhrúachtspriocanna acmhainneachta**

- (31) I ndáil leis na heilimintí le haghaidh athbhreithnithe a leagtar amach i bpointe 2.1 (f) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, feictear don Choimisiún go bhfuil an drúachtscéim dreasachta maidir le hacmhainneacht faoi bhealach a mholtar i ndrúachtphlean feidhmíochta FABEC comhdhéanta de bhuntáiste uasta airgeadais arb ionann é agus an míbhuntáiste uasta airgeadais, agus 0,5 % de na costais arna shuíomh sa dá cheann acu. Feictear don Choimisiún freisin gurb é atá sa drúachtscéim dreasachta maidir le hacmhainneacht críochfoirt a mhol an Eilvéis i ndrúachtphlean feidhmíochta FABEC ná buntáiste uasta airgeadais atá cothrom leis an míbhuntáiste uasta airgeadais, arb ionann é agus 0,5 % de na costais arna shuíomh sa dá cheann acu.
- (32) Ar bhonn comhairle saineolaithe arna cur ar fáil ag an gcomhlacht athbhreithnithe feidhmíochta, tá amhras mór ar an gCoimisiún an mbeadh aon tionchar ábhartha ar an ioncam faoi riosca, mar a cheanglaítear de bhun Airteagal 11(3), pointe (a) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, ag na míbhuntáistí uasta airgeadais atá beartaithe a thagann as na scéimeanna dreasachta sin, arb ionann iad agus 0,5 % de na costais arna shuíomh.

<sup>7</sup>) Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún maidir le neamhréireacht spriocanna feidhmíochta áirithe atá sna drúachtphleananna feidhmíochta náisiúnta agus sna drúachtphleananna feidhmíochta bloic feidhme aerspáis arna gcur isteach ag an mBeilg, an Ghearmáin, an Ghréig, an Fhrainc, an Chipir, an Laitvia, Lucsamburg, Málta, an Ísiltír, an Rómáin agus an tSualainn de bhun Rialachán (CE) Uimh. 549/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais le haghaidh an tríú tréimhse thagartha agus lena leagtar amach moltaí chun na spriocanna sin a athbhreithniú.

- (33) Dá bhrí sin, maidir leis an dréachtphlean feidhmíochta arna chur isteach ag FABEC, ba cheart don Eilvéis athbhreithniú a dhéanamh ar a dréachtscéimeanna dreasachta chun spriocanna maidir le hacmhainneacht faoi bhealach agus acmhainneacht críochoirt a bhaint amach ionas go socrófar na míbhuntáistí uasta airgeadais a eascraíonn as na scéimeanna dreasachta sin ar leibhéal a bhfuil tionchar ábhartha acu ar an ioncam faoi riosca, mar a cheanglaítear go sainráite faoi phointe (a) d'Airteagal 11(3) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, agus ba cheart, dar leis an gCoimisiún, go mbeadh míbhuntáiste uasta airgeadais ann arb ionann é agus 1 % de na costais arna suíomh nó os a chionn sin.

## CONCLÚIDÍ

- (34) Ag tagairt do Chinneadh Cur Chun Feidhme C(2022) 2283, fuair an Coimisiún amach go bhfuil spriocanna feidhmíochta áirithe sa dréachtphlean feidhmíochta a chuir an Eilvéis isteach, mar chuid de FABEC, i leith na Beilge agus Lucsamburg nach bhfuil i gcomhréir leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais.
- (35) Dá bhrí sin, i gcomhréir le hAirteagal 14(3) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, ní mór don Eilvéis agus do Bhallstáit FABEC a ndréachtphlean feidhmíochta athbhreithnithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin laistigh de 3 mhí ón dáta a nglacfar an Cinneadh seo, agus na moltaí a rinne an Coimisiún a gcur san áireamh.
- (36) Ina dhiaidh sin, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar an dréachtphlean feidhmíochta athbhreithnithe ina iomláine i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 15 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, agus mar thoradh ar an measúnú a dhéanfar ina dhiaidh sin, féadfaidh sé aon seasamh a ghlacadh i leith na ndrachtspríocanna feidhmíochta agus i leith eilimintí eile de na pleananna feidhmíochta nach ndearnadh aon agóid ina leith sa Chinneadh seo.
- (37) De bhun Airteagal 17 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, beidh feidhm shealadach ag na spriocanna a leagadh síos sa leagan is déanaí den dréachtphlean feidhmíochta go dtí go n-eiseoidh an Coimisiún cinneadh maidir le comhsheasmhacht na spriocanna feidhmíochta nó na spriocanna feidhmíochta athbhreithnithe, agus ina dhiaidh sin ceanglófar ar an Eilvéis agus ar Bhallstáit FABEC a bplean feidhmíochta deiridh a ghlacadh.
- (38) I ndáil le príomhréimse feidhmíochta na cost-éifeachtúlachta, le hAirteagal 17 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317, tugadh éifeacht chúlghabhálach do na spriocanna atá sa phlean feidhmíochta deiridh. Mar thoradh air sin, déanfar aon difríocht san ioncam de bharr chur i bhfeidhm an ráta aonaid nó na rátaí aonaid arna ríomh ar bhonn an dréachtphlean feidhmíochta, in ionad an ráta aonaid nó na rátaí aonaid arna ríomh ar bhonn an phlean feidhmíochta deiridh, a shocrú trí choigeartuithe ar an ráta aonaid ina dhiaidh sin le linn TT3 a ndéantar rialáil bhreise orthu leis na bearta eisceachtúla le haghaidh TT3 a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1627. Dá bhrí sin, ní thiofadh an Coimisiún ar aon chonclúid maidir le comhlíontacht na rátaí aonaid i gcomhréir le hAirteagal 29(3) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317 sula nglacfar na pleananna feidhmíochta deiridh ábhartha.
- (39) Tugann an Coimisiún dá aire go bhfuil sé curtha in iúl ag roinnt Ballstát go bhfuil sé ar intinn acu ítimí costais a bhaineann le dróin aerfoirt a bhrath a chur san áireamh ina mboinn chostais TT3. Ní rabhtas in ann a shuíomh go beacht, bunaithe ar na gnéithe atá sna dréachtphleananna feidhmíochta, a mhéid a chuir na Ballstáit na costais chinnte sin san áireamh ina mboinn chostais TT3 agus, i gcás inar cuireadh na costais sin san áireamh, a mhéid a thabhaítear iad i ndáil le soláthar seirbhísí aerloingseoireachta agus a mhéid a d'fhéadfaí iad a mheas, ar an gcaoi sin, a bheith incháilithe faoin scéim feidhmíochta agus muirearaithe. Chuir seirbhísí an Choimisiúin iarraidh *ad hoc* ar fhaisnéis chuig gach Ballstát chun faisnéis ábhartha a bhailiú, agus déanfaidh siad scrúdú breise ar na costais thuairiscithe a bhaineann le dróin aerfoirt a bhrath i gcomhthéacs fíorú comhlíontachta ar ráta an aonaid. Tá an Cinneadh seo gan dochar do thorthaí agus do chonclúidí an Choimisiúin maidir le hábhar na gcostas chun dróin a bhrath.
- (40) Mar fhreagairt ar ionsaí míleata na Rúise i gcoinne na hÚcráine, a thosaigh an 24 Feabhra 2022, tá bearta sriantacha glactha ag an Aontas lena gcuirtear cosc ar aeriompróirí na Rúise, ar aon aerárthach atá cláraithe ag an Rúis agus ar aon aerárthach nach aerárthach de chuid na Rúise é atá cláraithe nó atá cairtfhostaithe, nó atá faoi rialú ar shlí eile ag aon duine nádúrtha nó dlítheanach Rúiseach, eintiteas nó comhlacht Rúiseach tuirlingt i gcríoch an Aontais, éirí de thalamh óna chríoch nó eitilt thar a chríoch. Tá laghdú ar aerthrácht san aerspás ar chríoch an Aontais mar thoradh ar na bearta sin. Níor cheart, áfach, go mbeadh an tionchar ar fud an Aontais inchomparáide leis an laghdú ar aerthrácht a bhí mar thoradh ar phaindéim COVID-19 a bhris amach i mí an Mhárta 2020. Dá bhrí sin, is iomchuí na bearta agus na próisis atá ann cheana a choinneáil ar bun chun an scéim feidhmíochta agus muirearaithe a chur chun feidhme in TT3. Nuair a bheidh athbhreithniú á dhéanamh ar na spriocanna feidhmíochta áitiúla atá i ndréachtphlean feidhmíochta FABEC, ba cheart don Eilvéis agus do Bhallstáit FABEC aird chúí a thabhairt ar na héifeachtaí oibríochtúla agus airgeadais a bhíonn ag athruithe ábhartha ar thrácht.

- (41) Chuaigh an Coimisiún i gcomhairle leis an Eilvéis maidir leis na moltaí a leagtar amach sa Chinneadh seo, i gcomhréir le hAirteagal 19(2) den Chomhaontú,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Níl na spriocanna feidhmíochta atá i ndrúachtphlean feidhmíochta FABEC a chuir an Bheilg, an Ghearmáin, an Fhrainc, Lucsamburg, an Ísiltír agus an Eilvéis isteach de bhun Rialachán (CE) Uimh. 549/2004, a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2022) 2283, ar neamhréir leis na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais le haghaidh an trúú tréimhse thagartha a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/891.

*Airteagal 2*

Is chuig Cónaidhm na hEilvéise a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 13 Aibreán 2022.

*Thar ceann an Choimisiúin*  
Adina VĂLEAN  
*Comhalta den Choimisiún*

---



ISSN 1977-0839 (leagan leictreonach)  
ISSN 1725-2571 (leagan páipéir)